Gramadach na Gaeilge
AN CAIGHDEÁN OIFIGIÚIL

An treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge

Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

Gramadach na Gaeilge
AN CAIGHDEÁN OIFIGIÚIL
- AN DARA CLÓ -

An treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge

2017

Baile Átha Cliath
Arna Fhoilsiú ag Seirbhís Thithe an Oireachtais

Le ceannach díreach ó:
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01 – 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 – 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

CLÁR AN ÁBHAIR

An Réamhrá	xvii
An Réamhrá leis an gCéad Eagrán	xxi
Noda agus Mínithe Gramadaí	xxv

Caibidil 1	An tAlt	1
1.1	Ginearálta	1
1.2	An Tuiseal Ainmneach agus an Tuiseal Cuspóireach Uatha	6
1.3	An Tuiseal Tabharthach Uatha	7
1.4	An Tuiseal Tabharthach Uatha – An Córas Lárnach	8
1.5	An Tuiseal Ginideach Uatha	11
1.6	An tIolra	13
1.7	An Tuiseal Tabharthach Uatha – Córas an tSéimhithe	15

Caibidil 2	An tAinmfhocal	19
2.1	Ginearálta	19
2.2	An Chéad Díochlaonadh	25
2.3	An Dara Díochlaonadh	27
2.4	An Tríú Díochlaonadh	30
2.5	An Ceathrú Díochlaonadh	32
2.6	An Cúigiú Díochlaonadh	34
2.7	Ainmfhocail Neamhrialta	36

Caibidil 3	Ainmfhocail Chinnte agus Éiginnte, Giorrúcháin agus Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh	37
3.1	Ainmfhocail Chinnte agus Éiginnte	37
3.2	Giorrúcháin agus Acrainmneacha	41
3.3	Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh	44
3.3.1	An tAinmfhocal Cinnte	44
3.3.2	Ainmfhocal Cinnte nó Éiginnte	45
3.3.3	An tAinmfhocal Éiginnte – An tAinm Briathartha	46

3.3.4	An tAinmfhocal Éiginnte – Ainmfhocail Éiginnte a úsáidtear mar Ainmneacha Briathartha	47
3.3.5	An tAinmfhocal Éiginnte – Clásail Ainm Bhriathartha nach Abairtí Neamhspleácha	48
3.3.6	An tAinmfhocal Éiginnte – Téarmaí ar leith	49
3.3.7	Cainníocht Chinnte i Liosta	49
3.3.8	An tAinmfhocal Éiginnte – Cáilitheoirí	50
3.3.9	Ainmfhocal Éiginnte Cáilithe atá faoi réir ag Ainm Briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* as *do*) roimhe	51
3.3.10	Ainmfhocal Éiginnte Cáilithe atá faoi réir ag Réamhfhocal Comhshuite	52
3.3.11	Ainmfhocal Éiginnte Cáilithe atá faoi réir ag Cainníocht Éiginnte	53
3.3.12	Foirm an Ghinidigh	53
3.3.13	Achoimre ar Fhoirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh	54

Caibidil 4	An Aidiacht	57
4.1	An Aidiacht Cháilíochta	57
4.2	Inscne, Tuiseal agus Uimhir na hAidiachta Cáilíochta	57
4.3	Díochlaonadh na hAidiachta	59
4.4	An Chéad Díochlaonadh	60
4.5	An Dara Díochlaonadh	63
4.6	An Tríú Díochlaonadh	63
4.7	Achoimre ar Dhíochlaontaí na nAidiachtaí	64
4.8	Céimeanna Comparáide na hAidiachta	66
4.9	An Aidiacht Shealbhach	67
4.10	An Aidiacht Thaispeántach	67
4.11	An Aidiacht Fhaisnéiseach	67
4.12	An Aidiacht Bhriathartha	67

Caibidil 5	An Briathar	69
5.1	Na Briathra Rialta	69
5.2	An Chéad Réimniú	71
5.3	An Dara Réimniú	83
5.4	Na Briathra Neamhrialta	88
5.5	An tAinm Briathartha	100
5.6	Díochlaonadh an Ainm Bhriathartha	102
5.7	An Aidiacht Bhriathartha	106

Caibidil 6	An Dobhriathar	107
6.1	Príomhchineálacha Dobhriathra	107
6.2	Dobhriathra Modha agus Dobhriathra Ama agus Minicíochta	109
6.3	Dobhriathra Áite agus Treo	110
6.4	Airde an Chompáis	111

Caibidil 7	An Chopail	113
7.1	Ginearálta	113
7.2	Foirmeacha Simplí na Copaile agus Athruithe Tosaigh	115
7.3	Foirmeacha Cumaisc na Copaile	125
7.4	An Modh Foshuiteach	130

Caibidil 8	An Forainmneach	131
8.1	Ginearálta	131
8.2	Na Forainmnigh Phearsanta	131
8.3	Na hAidiachtaí Sealbhacha	133
8.4	Na Forainmnigh Réamhfhoclacha	138
8.5	Na Forainmnigh Cheisteacha	139
8.6	Na Forainmnigh Thaispeántacha	140

Caibidil 9	An Uimhir	141
9.1	Ginearálta	141
9.2	An Mhaoluimhir	142
9.3	An Bhunuimhir	144
9.4	An Uimhir Phearsanta	154
9.5	An Orduimhir	160
9.6	An Codán	163
9.7	An Uimhir Dheachúlach	168
9.8	Achoimre ar na hUimhreacha	169

Caibidil 10	Na hAthruithe Tosaigh	171
10.1	Ginearálta	171
10.2	Séimhiú ar an Ainmfhocal	171
10.2.7	I ndiaidh Ainmfhocal Baininscneach	175
10.2.8	I ndiaidh Ainmfhocal san Iolra a chríochnaíonn ar Chonsan Caol	179
10.3	Séimhiú ar an Aidiacht	182
10.4	Séimhiú ar an mBriathar	186
10.5	Séimhiú ar an bhForainmneach	187
10.6	Urú ar an Ainmfhocal	188
10.7	Urú ar an Aidiacht	190
10.8	Urú ar an mBriathar	190
10.9	*t* roimh Ghuta i ndiaidh an Ailt	192
10.10	*t* roimh *s* i ndiaidh an Ailt	192
10.11	*h* roimh Ghuta – An tAinmfhocal	193
10.12	*h* roimh Ghuta – An Aidiacht agus an Dobhriathar	195
10.13	*h* roimh Ghuta – An Forainmneach	196
10.14	*h* roimh Ghuta – An Briathar	196
10.15	*d'* roimh Ghuta nó roimh *fh* – An Briathar	196
10.16	Achoimre ar na hAthruithe Tosaigh	197

Caibidil 11	An Clásal Coibhneasta	203
11.1	Ginearálta	203
11.2	An Clásal Coibhneasta Díreach	203
11.3	An Clásal Coibhneasta Indíreach	205
11.4	An Clásal Idiraisnéiseach	208
11.5	An Clásal Breischéime	209
11.6	An Mhír Choibhneasta – Foirmeacha	210
11.7	An Briathar i gClásail Choibhneasta	213
11.8	An Chopail agus an Clásal Coibhneasta	215
11.9	An Clásal Coibhneasta – Samplaí Breise	217

Tábla na Roghanna	219
An tInnéacs	221

CLÁR NA dTÁBLAÍ

Caibidil 1	An tAlt	
An Tagairt	An Teideal	lch
1A	An Tuiseal Ainmneach agus an Tuiseal Cuspóireach Uatha	6
1B	An Tuiseal Tabharthach Uatha – An Córas Lárnach – Ainmfhocail dar tús Consan seachas *d*, *t* agus *s*	8
1C	An Tuiseal Tabharthach Uatha – An Córas Lárnach – Ainmfhocail dar tús *s*	9
1D	An Tuiseal Tabharthach Uatha – An Córas Lárnach – Ainmfhocail dar tús Guta	10
1E	An Tuiseal Tabharthach Uatha – An Córas Lárnach – Ainmfhocail dar tús *d* agus *t*	10
1F	An Tuiseal Ginideach Uatha	12
1G	An Tuiseal Ainmneach Iolra agus an Tuiseal Cuspóireach Iolra	13
1H	An Tuiseal Tabharthach Iolra	14
1I	An Tuiseal Ginideach Uatha	15
1J	An Tuiseal Tabharthach Uatha – Córas an tSéimhithe – Ainmfhocail dar tús Consan seachas *d*, *t* agus *s*	16
1K	An Tuiseal Tabharthach Uatha – Córas an tSéimhithe – Ainmfhocail dar tús *s*	17
1L	An Tuiseal Tabharthach Uatha – Córas an tSéimhithe – Ainmfhocail dar tús Guta	18
1M	An Tuiseal Tabharthach Uatha – Córas an tSéimhithe – Ainmfhocail dar tús *d* agus *t*	18

Caibidil 2	An tAinmfhocal	
An Tagairt	An Teideal	lch
2A	Samplaí de Thréaniolraí	20
2B	An Chéad Díochlaonadh – Lagiolraí	21
2C	An Dara Díochlaonadh – Lagiolraí	21
2D	Lagiolraí Eile – Samplaí	22
2E	Gearrléiriú ar na Díochlaontaí	24
2F	Tréaniolraí sa Chéad Díochlaonadh – Samplaí	26
2G	Lagiolraí sa Chéad Díochlaonadh – Samplaí	27
2H	Tréaniolraí sa Dara Díochlaonadh – Samplaí	28

2I	Lagiolraí sa Dara Díochlaonadh – Samplaí	29
2J	Tréaniolraí sa Tríú Díochlaonadh – Samplaí	31
2K	Lagiolraí sa Tríú Díochlaonadh – Samplaí	32
2L	Tréaniolraí sa Cheathrú Díochlaonadh – Samplaí	33
2M	Tréaniolraí sa Chúigiú Díochlaonadh – Samplaí	35
2N	Ainmfhocail Neamhrialta – Samplaí	36

Caibidil 3	Ainmfhocail Chinnte agus Éiginnte, Giorrúcháin agus Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh	
An Tagairt	An Teideal	Ich
3A	Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh – Ainmfhocal nó Abairtín Cinnte nó Éiginnte á cheangal ag an Réamhfhocal *a* le hAinm Briathartha	45
3B	Cáilitheoirí – Ainmfhocal Éiginnte atá faoi réir ag Ainm Briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* as *do*) roimhe	51
3C	Cáilitheoirí – Ainmfhocal Éiginnte atá faoi réir ag Réamhfhocal Comhshuite	52
3D	Cáilitheoirí – Ainmfhocal Éiginnte atá faoi réir ag Cainníocht Éiginnte	53
3E	Foirm an Ghinidigh – Ainmfhocal + Ainmfhocal Éiginnte + Cáilitheoir	53
3F	Foirm an Ghinidigh – Ainmfhocal Éiginnte atá faoi réir ag Réamhfhocal Comhshuite	54
3G	Achoimre ar na Cásanna ina n-úsáidtear Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh	54

Caibidil 4	An Aidiacht	
An Tagairt	An Teideal	Ich
4A	Séimhiú ar Aidiacht Cháilíochta san Uimhir Uatha	58
4B	Séimhiú ar Aidiacht Cháilíochta san Uimhir Iolra	58
4C	Coimriú san Uatha agus san Iolra	62
4D	Achoimre ar Dhíochlaontaí na hAidiachta – Firinscneach Uatha	64
4E	Achoimre ar Dhíochlaontaí na hAidiachta – Baininscneach Uatha	64
4F	Achoimre ar Dhíochlaontaí na hAidiachta – Firinscneach Iolra	65
4G	Achoimre ar Dhíochlaontaí na hAidiachta – Baininscneach Iolra	65

Caibidil 5	An Briathar	
An Tagairt	**An Teideal**	**Ich**
5A	An Fhoirm Scartha *muid*	70
5B	An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *mol*	71
5C	An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *bris*	72
5D	An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *sábháil*	74
5E	An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *tíolaic*	75
5F	An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *cráigh*	77
5G	An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *dóigh*	78
5H	An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *léigh*	80
5I	An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *nigh*	81
5J	An Dara Réimniú – Réimniú an Bhriathair *beannaigh*	83
5K	An Dara Réimniú – Réimniú an Bhriathair *cruinnigh*	84
5L	An Dara Réimniú – Réimniú an Bhriathair *ceangail*	85
5M	An Dara Réimniú – Réimniú an Bhriathair *díbir*	86
5N	Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *abair*	89
5O	Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *beir*	90
5P	Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *bí*	91
5Q	Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *clois/cluin*	92
5R	Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *déan*	93
5S	Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *faigh*	94
5T	Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *feic*	95
5U	Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *ith*	96
5V	Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *tabhair*	97
5W	Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *tar*	98
5X	Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *téigh*	99
5Y	Ainmneacha Briathartha – An Chéad Réimniú	100
5Z	Ainmneacha Briathartha – An Dara Réimniú	101
5AA	Díochlaonadh an Ainm Bhriathartha – Ginideach an Ainm Bhriathartha ar Aon Fhoirm leis an Aidiacht Bhriathartha	102
5BB	Díochlaonadh an Ainm Bhriathartha – Ainmneacha Briathartha Áirithe	103
5CC	Díochlaonadh an Ainm Bhriathartha – Gnáth-Ainmfhocail a úsáidtear chun Feidhmeanna de chuid Ainm Briathartha a dhéanamh	103
5DD	Díochlaonadh an Ainm Bhriathartha – Athleaganacha ar Ainmneacha Briathartha	104

5EE	Díochlaonadh Ainmneacha Briathartha a bhfuil Dhá Fhoirm orthu sa Ghinideach – Foirm de réir Ceann de na Díochlaontaí	104
5FF	Díochlaonadh Ainmneacha Briathartha a bhfuil Dhá Fhoirm orthu sa Ghinideach – Foirm na hAidiachta Briathartha agus Foirm de réir Ceann de na Díochlaontaí	105

Caibidil 6	An Dobhriathar	
An Tagairt	An Teideal	lch
6A	Dobhriathra Áite	110
6B	Dobhriathra Treo	110
6C	Airde an Chompáis	111

Caibidil 7	An Chopail	
An Tagairt	An Teideal	lch
7A	Foirmeacha Simplí i bPríomhchlásal – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach	116
7B	Foirmeacha Simplí i bPríomhchlásal – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach – An Fhoirm Dheimhneach	117
7C	Foirmeacha Simplí i bPríomhchlásal – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach – An Fhoirm Dhiúltach agus an Fhoirm Cheisteach	117
7D	Foirmeacha Simplí i dtús Fochlásail, seachas Clásal Coibhneasta – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach	119
7E	Foirmeacha Simplí i dtús Fochlásail, seachas Clásal Coibhneasta – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach – *gur* agus *gurbh*	120
7F	Foirmeacha Simplí i dtús Fochlásail, seachas Clásal Coibhneasta – An Aimsir Chaite, An Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach – *go mba* agus *go mb'*	121
7G	Foirmeacha Simplí i dtús Fochlásail, seachas Clásal Coibhneasta – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach – *nár* agus *nárbh*	121
7H	Foirmeacha Simplí i gClásal Coibhneasta Díreach – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach	122
7I	Foirmeacha Simplí i gClásal Coibhneasta Díreach – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach	122
7J	Foirmeacha Simplí i gClásal Coibhneasta Indíreach – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach	123
7K	Foirmeacha Simplí i gClásal Coibhneasta Indíreach – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach	123

7L	Athruithe Tosaigh i ndiaidh an Leagain Dhiúltaigh den Chopail *ní*	125
7M	Forainmnigh Cheisteacha i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach	125
7N	Forainmnigh Cheisteacha i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach	126
7O	Réamhfhocail i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach	126
7P	Réamhfhocail i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach	127
7Q	Cónaisc i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach	127
7R	Cónaisc i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach	128
7S	*má* i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach	128
7T	*má* i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Chaite agus an Aimsir Ghnáthchaite	129
7U	*dá* agus an Chopail – An Modh Coinníollach	129
7V	An Modh Foshuiteach – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach	130

Caibidil 8	An Forainmneach	
An Tagairt	An Teideal	Ich
8A	Na Forainmnigh Phearsanta	131
8B	Na hAidiachtaí Sealbhacha	133
8C	An Aidiacht Shealbhach agus *dhá*	134
8D	An Aidiacht Shealbhach agus *ceann* nó *cuid*	134
8E	An Aidiacht Shealbhach mar Chuspóir Ainm Bhriathartha	135
8F	Na Forainmnigh Réamhfhoclacha	138

Caibidil 9	An Uimhir	
An Tagairt	An Teideal	Ich
9A	Na Maoluimhreacha 0–19	142
9B	Na Maoluimhreacha 20–99	142
9C	Na Maoluimhreacha – Na Deicheanna	143
9D	Na Maoluimhreacha 100–9,999	143
9E	Na Maoluimhreacha 10,000+	144
9F	Na Bunuimhreacha 1–19	145

9G	Na Bunuimhreacha – Foirmeacha na nAinmfhocal a bhfuil Leagan Iolra ar leith acu	**146**
9H	Na Bunuimhreacha – Samplaí d'Fhoirmeacha na nAinmfhocal a bhfuil Leagan Iolra ar leith acu	**147**
9I	Na Bunuimhreacha 1–19 – Foirm na hAidiachta	**147**
9J	Na Bunuimhreacha 1–19 – Foirm na hAidiachta leis na hAinmfhocail a bhfuil Leagan Iolra ar leith acu	**148**
9K	Na Bunuimhreacha 1–19 – An tAlt	**149**
9L	Na Bunuimhreacha 1–19 – An Tuiseal Ginideach leis an Alt	**150**
9M	Na Bunuimhreacha – Tuiseal Ainmneach agus Tuiseal Ginideach na nDeicheanna	**151**
9N	Na Bunuimhreacha 21–99 – An Córas Seanbhunaithe agus an Córas Simplithe	**152**
9O	Na Bunuimhreacha 100+ – An Córas Seanbhunaithe agus an Córas Simplithe	**153**
9P	Na Bunuimhreacha 20+ ina bhFigiúirí – An Córas Seanbhunaithe agus an Córas Simplithe	**153**
9Q	Na hUimhreacha Pearsanta	**154**
9R	Na hUimhreacha Pearsanta Loma – An Tuiseal Ainmneach agus an Tuiseal Ginideach leis an Alt	**155**
9S	Na hUimhreacha Pearsanta – Foirm an Ainmfhocail ar lorg Uimhir Phearsanta	**157**
9T	Na hUimhreacha Pearsanta – An tAlt roimh Uimhir Phearsanta a bhfuil Ainmfhocal ar a lorg	**158**
9U	Na hUimhreacha Pearsanta – An Aidiacht le hAinmfhocal atá ar lorg Uimhir Phearsanta	**159**
9V	Na hOrduimhreacha 1–100	**161**
9W	Na hOrduimhreacha 100+	**162**
9X	Na hOrduimhreacha sa Tuiseal Ginideach	**163**
9Y	Na Codáin – An tAinmneoir 2–19	**165**
9Z	Na Codáin – An tAinmneoir 20+	**166**
9AA	Na Codáin – An tUimhreoir 2–10	**166**
9BB	Na Codáin – An tUimhreoir 2–10 – An Leagan le *ceann/cinn* agus an Réamhfhocal *de*	**167**
9CC	Na Codáin – An tUimhreoir 11+	**167**
9DD	Na Codáin – Uimhreoirí agus Ainmneoirí Móra	**168**
9EE	Achoimre ar na hUimhreacha 1–19	**169**
9FF	Achoimre ar na hUimhreacha 20+	**170**

Caibidil 10	Na hAthruithe Tosaigh	
An Tagairt	An Teideal	lch
10A	Achoimre ar an Séimhiú	197
10B	Achoimre ar an Urú	199
10C	Achoimre ar *t* roimh Ghuta	200
10D	Achoimre ar *t* roimh *s*	200
10E	Achoimre ar *h* roimh Ghuta	200
10F	Achoimre ar *d'* roimh Ghuta nó *fh*	202

Caibidil 11	An Clásal Coibhneasta	
An Tagairt	An Teideal	lch
11A	An Clásal Idiraisnéiseach	209
11B	An Clásal Breischéime	209
11C	Foirmeacha Cumaisc – Réamhfhocail leis na Míreanna Coibhneasta *a* agus *ar*	211
11D	Foirmeacha na Copaile i gClásal Coibhneasta	215
11E	Foirmeacha Cumaisc – Réamhfhocail leis na Míreanna *ar*, *arb* agus *arbh*	216
11F	Focail agus Nathanna a leanann Clásal Coibhneasta Díreach iad	217
11G	Focail agus Nathanna a leanann Clásal Coibhneasta Indíreach iad	218

AN RÉAMHRÁ

An Cúlra

Beart ceannródaíoch ab ea foilsiú an Chaighdeáin Oifigiúil sa bhliain 1958. Bhí Rannóg an Aistriúcháin tar éis *Litriú na Gaeilge*: *Lámhleabhar an Chaighdeáin Oifigiúil* a fhoilsiú sa bhliain 1947 agus *Gramadach na Gaeilge – Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin* a chur ar fáil sa bhliain 1953 ach, le foilsiú *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil* sa bhliain 1958, bhí acmhainn chuimsitheach teanga curtha ar fáil ag an Rannóg don Stát agus don phobal le haghaidh na scríbhneoireachta oifigiúla, acmhainn de shaghas a bhí ar fáil le haghaidh teangacha oifigiúla eile san Eoraip cheana féin.

Dúradh i Réamhrá Chaighdeán Oifigiúil 1958 go raibh "múinteoirí, scríbhneoirí agus daoine eile á iarraidh, os ard agus os íseal, go gcuirfí leabhrán ar fáil a sholáthródh caighdeán do ghramadach na Gaeilge, go háirithe i gcúrsaí deilbhíochta" agus léirigh an chaoi ar glacadh go forleathan leis an gCaighdeán Oifigiúil i ndiaidh a fhoilsithe gur chruinn an méid sin a dúradh.

Athbhreithniú Reachtúil

Sa bhliain 2012, chuir Rannóg an Aistriúcháin leagan athbhreithnithe den Chaighdeán Oifigiúil ar fáil. Rinneadh é sin toisc go raibh sé tráthúil athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh agus breis is leathchéad bliain caite ó foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil ar dtús. Go gairid ina dhiaidh sin, tugadh seasamh reachtúil don Chaighdeán Oifigiúil leis an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2013. Tá foráil san Acht sin chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil agus, ar mhaithe leis an riachtanas reachtúil sin a urramú agus a chomhlíonadh, cinneadh an chéad athbhreithniú reachtúil a dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil de réir an Achta gan aon mhoill.

Foráiltear san Acht go rachaidh Coimisiún Thithe an Oireachtais i gcomhairle leis na hAirí seo a leanas agus athbhreithniú reachtúil á sheoladh: an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; an tAire Oideachais agus Scileanna; agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá foráil ann freisin go rachfar i gcomhairle le cibé daoine a bhfuil spéis acu sa Chaighdeán Oifigiúil agus is cuí leis an gCoimisiún, agus le daoine den phobal i gcoitinne. Foráiltear le halt 4(2) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún coiste a bhunú chun cuidiú leis athbhreithniú reachtúil a chur i gcrích. De dhroim fhorálacha an Achta, mar sin, beartaíodh dhá chuid a bheith san athbhreithniú – céim an chomhairliúcháin agus céim an Choiste Chomhairligh.

An Próiseas

Cuireadh céim an chomhairliúcháin ar bun Meán Fómhair 2014 agus lorgaíodh aighneachtaí ar an bpobal agus ar na páirtithe éagsúla dá dtagraítear san Acht. An tráth céanna leis sin, cuireadh an Coiste Comhairleach ar bun chun na pointí a fuarthas sna haighneachtaí a scrúdú agus moltaí a sholáthar. Mí Dheireadh Fómhair 2014, tháinig an Coiste Comhairleach le chéile chun tús a chur leis an mbreithniú. Bhí tuarascáil a fuarthas ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus a d'eascair as athbhreithniú a d'eagraigh an Roinn sin sa bhliain 2010 san áireamh sa bhreithniú sin. Bhí an Coiste Comhairleach a cuireadh ar bun saineolach ar raon leathan réimsí ina n-úsáidtear an Ghaeilge oifigiúil agus bhí taithí mhór ag gach duine de na comhaltaí ar an teanga oifigiúil a úsáid i réimsí éagsúla. D'oibrigh an Coiste Comhairleach go dian ar feadh bliain go leith chun na saincheisteanna agus na pointí le haghaidh an athbhreithnithe a aithint agus chun moltaí a cheapadh ina leith.

Bunaíodh foireann tacaíochta i Rannóg an Aistriúcháin chun cabhrú leis an gCoiste Comhairleach a chuid oibre a dhéanamh agus d'éascaigh an fhoireann sin an próiseas ó thaobh próiseáil a dhéanamh ar na haighneachtaí a tháinig isteach agus ar mholtaí an Choiste Chomhairligh. Go comhthreomhar leis an obair sin, rinne an fhoireann tacaíochta na caibidlí éagsúla a athdhréachtú – próiseas a bhí bunaithe ar mholtaí an Choiste Chomhairligh.

Cuspóir an Athbhreithnithe

Ba é an cuspóir a bhí leis an athbhreithniú rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil a scrúdú d'fhonn iad a fheabhsú ó thaobh feidhme agus soiléireachta de. Chuimsigh an scrúdú sin an tuairisc ar na rialacha agus na samplaí léiritheacha a bhí ag gabháil leo a mheasúnú, féachaint an bhféadfaí iad a chur i láthair ar shlí ba shoiléire. Ina theannta sin, iarradh ar an gCoiste Comhairleach moltaí a sholáthar maidir le saincheisteanna nach raibh sa Chaighdeán Oifigiúil roimhe sin. Is é a bhí i gceist ansin réimsí a aithint a gcabhródh sé le lucht úsáidte an Chaighdeáin Oifigiúil treoracha a bheith ar fáil ina leith sa Chaighdeán Oifigiúil. Bhí fáilte freisin roimh mholtaí ón gCoiste Comhairleach maidir le leagan amach agus cur i láthair na rialacha.

Feidhm an Chaighdeáin Oifigiúil

Deirtear san Acht gurb é atá sa Chaighdeán Oifigiúil "caighdeán oifigiúil na Gaeilge, arna ullmhú ag Tithe an Oireachtais agus arna fhoilsiú faoi chóipcheart Rialtais, atá le húsáid sa reachtaíocht phríomha agus sa reachtaíocht thánaisteach agus mar an treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge" agus is beag duine nach n-aithníonn go bhfuil gá le caighdeán oifigiúil le haghaidh na scríbhneoireachta má tá teanga chun feidhmiú go soiléir beacht i réimsí oifigiúla an Stáit nó na sochaí a úsáideann í chun críoch oifigiúil. Áis bhunriachtanach is ea é sin maidir le cruinneas brí a bhaint amach i ndoiciméid oifigiúla – sa reachtaíocht, i gcáipéisí stáit, i dtéacsleabhair, i bpáipéir scrúdaithe, etc. – agus comhthuiscint oifigiúil a bhunú ar mhaithe le cumarsáid bheacht idir aonaid oifigiúla stáit agus an pobal. Ní caighdeán oifigiúil le haghaidh na cainte atá i gceist ná ní séanadh ar an saibhreas teanga sna canúintí éagsúla é. Deirtear an méid seo a leanas i Réamhrá Chaighdeán Oifigiúil 1958: "Tugann an caighdeán seo aitheantas ar leith d'fhoirmeacha agus do rialacha áirithe ach ní chuireann sé ceartfhoirmeacha eile ó bhail ná teir ná toirmeasc ar a n-úsáid". Ní hionann, mar sin, foirm nó leagan gan bheith san áireamh sa Chaighdeán Oifigiúil agus gan ceart na Gaeilge a bheith ag an bhfoirm nó ag an leagan sin.

An Roghnachas

Úsáideadh an roghnachas sa Chaighdeán Oifigiúil sa bhliain 1958 agus arís sa bhliain 2012 chun níos mó ná leagan nó foirm nó córas amháin a aithint. Is é atá i gceist leis sin roghanna a thabhairt do lucht úsáidte an Chaighdeáin Oifigiúil i gcásanna áirithe. Cé nach bhfuil an oiread céanna roghnachais san eagrán seo, de thoradh ar an mian shoiléir a léiríodh i gcuid mhór aighneachtaí, leantar leis an roghnachas i gcásanna áirithe san eagrán seo, go háirithe i gCaibidil 1 (An tAlt), áit a dtugtar rogha idir dhá chóras agus, ina theannta sin, rogha laistigh de chóras amháin de na córais sin. Is iad lucht úsáidte an Chaighdeáin Oifigiúil – an duine nó an eagraíocht – a roghnóidh idir na córais agus na leaganacha a thugtar.

Buíochas

Is mian linn ár mbuíochas a chur in iúl do na daoine agus do na heagraíochtaí go léir a chuir aighneachtaí isteach mar chuid den athbhreithniú. Is mian linn freisin ár mbuíochas a chur in iúl do chomhaltaí an Choiste Chomhairligh. Rinne gach duine acu obair éachtach chun a chinntiú go n-éireodh leis an bpróiseas athbhreithnithe an toradh ab fhearr a sholáthar. Ba ag feidhmiú go deonach a bhí formhór mór na gcomhaltaí ach thug gach duine díobh a gcuid ama agus a gcuid saineolais go fial chun cabhrú linn athbhreithniú cuimsitheach ar an gCaighdeán Oifigiúil a bhaint amach.

Táimid buíoch de na comhlachtaí oifigiúla agus de na cuideachtaí príobháideacha a chuir a gcuid saineolaithe ar fáil le haghaidh an phróisis.

Is ceart aitheantas ar leith a thabhairt do Chathaoirleach an Choiste Chomhairligh, an Dr Éamonn Ó hÓgáin, as an gcathaoirleacht stuama a rinne sé ar chruinnithe an Choiste Chomhairligh chun cuidiú leis na comhaltaí an gnó a chur i gcrích. Go deimhin, ní don chúram sin amháin a bhí obair an Chathaoirligh teoranta agus bhí an Dr Ó hÓgáin ar fáil i rith an phróisis chun comhairle agus cúnamh a thabhairt don fhoireann tacaíochta. Táimid go léir faoi chomaoin aige agus ag comhaltaí uile an Choiste Chomhairligh as an obair mhór a rinne siad agus as na moltaí cuimsitheacha a chuir siad ar fáil.

Tá ár mbuíochas tuillte freisin ag an bhfoireann tacaíochta. Chinntigh siad gur lean obair an athbhreithnithe ar aghaidh go héifeachtach i rith na tréimhse ar fad agus d'oibrigh siad go dian dícheallach chun a dheimhniú go raibh obair an athdhréachtaithe ar siúl go comhthreomhar le plé agus cruinnithe an Choiste Chomhairligh. Rinne siad gaisce.

Gabhaimid buíochas le foireann uile Rannóg an Aistriúcháin. Is mian linn ár mbuíochas a ghabháil leis an gCeann Comhairle, Seán Ó Fearghaíl TD, agus le Cléireach Dháil Éireann, Peadar Ó Fionnagáin, freisin.

Vivian Uíbh Eachach,
An Príomh-Aistritheoir,
Rannóg an Aistriúcháin,
Aibreán 2016.

COMHALTAÍ AN CHOISTE CHOMHAIRLIGH

An Dr Éamonn Ó hÓgáin (Cathaoirleach),
iarEagarthóir ar Fhoclóir Stairiúil na Nua-Ghaeilge,
Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Máirín de Brún,
iarStiúrthóir, Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí,
An Roinn Airgeadais.

An Dr Deirbhile Nic Craith,
Stiúrthóir Oideachais agus Taighde,
Cumann Múinteoirí Éireann.

An Dr Malachy Ó Néill,
Ceann Scoile, Scoil Theanga agus Litríocht na Gaeilge,
Ollscoil Uladh.

Éamonn Ó Dónaill,
Stiúrthóir Oideachais,
Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr.

Séamas de Barra,
iarEagarthóir Cúnta sa Ghúm (1974–2007);
ar Fhoireann an Fhoclóra Gaeilge-Béarla (1975–1978).

Colmcille Ó Monacháin,
Ceann Aonad na Gaeilge, Ard-Stiúrthóireacht
an Aistriúcháin, An Coimisiún Eorpach.

Gráinne Ní Lúbaigh,
Saoraistritheoir agus Múinteoir Gaeilge,
Meánscoil San Nioclás, Rinn Ua gCuanach,
Co. Phort Láirge.

Maeve Eason,
Aistritheoir, Rannóg an Aistriúcháin.

Tadhg Ó hÚrdail,
iarOifigeach Cáilíochta, Aonad na Gaeilge,
Ard-Rúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Eoin Ó Droighneáin,
Riarthóir an Aonaid Aistriúcháin agus Ateangaireachta,
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Bríd de Staic,
Príomh-Aistritheoir Cúnta, Rannóg an Aistriúcháin.

Oilibhéar de Búrca,
Cigire Sinsearach,
An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Labhrás Ó Finneadha,
Seirbhís Aistriúcháin na Gaeilge,
Parlaimint na hEorpa.

Colm Breathnach,
Saoraistritheoir agus iarPhríomh-Aistritheoir Cúnta,
Rannóg an Aistriúcháin.

An Dr Ciarán Mac Murchaidh,
Ceann Scoile, Fiontar agus Scoil na Gaeilge,
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Áine Ní Chonghaile,
Stiúrthóir Europus, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

An Fhoireann Tacaíochta

Breda Ní Mhaoláin,
Aistritheoir, Rannóg an Aistriúcháin.

Julie O'Farrell,
Aistritheoir, Rannóg an Aistriúcháin.

AN RÉAMHRÁ LEIS AN gCÉAD EAGRÁN

Ón uair a foilsíodh *Litriú na Gaeilge — Lámhleabhar an Chaighdeáin Oifigiúil* tá múinteoirí, scríbhneoirí agus daoine eile á iarraidh, os ard agus os íseal, go gcuirfí leabhrán ar fáil a sholáthródh caighdeán do ghramadach na Gaeilge, go háirithe i gcúrsaí deilbhíochta. Is deimhin leo de bharr a dtaithí ar a saothrú go bhfuil riachtanas mór le cleachtas comhionann i múnlaí bunúsacha ar nós díochlaonadh ainmfhocal agus aidiachtaí, réimniú briathra, agus na rialacha a bhaineann le hathruithe tosaigh ar fhocail, agus gur mór a rachadh sé chun leasa na teanga na nithe sin a thabhairt chun rialtachta oiread agus ab fhéidir.

Le fada siar táthar ag tabhairt cúl le foirmeacha agus rialacha a bhí á gcleachtadh tráth i scríobh na teanga. Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis sin ársantacht nó anspiantacht áirithe a bheith ag baint leo nó iad a bheith imithe, nó ionann is imithe, as beo-chaint na Gaeltachta. Cheal comhaontú ar na foirmeacha agus na leaganacha a nglacfaí leo ina n-ionad bhí daoine ag déanamh rogha dóibh féin, agus bhí an neamhionannas, agus an neamhchinnteacht a ghabhann leis, ag dul i dtreise sa teanga.

Aithnítear coitianta go dteastaíonn caighdeán gramadaí chun gan ligean do na nósanna iomadúla sin dul ó smacht, chun an comhaontas a bhunú in ionad an easaontais, chun deimhniú a thabhairt ar nithe a bhfuil éideimhne ann ina dtaobh faoi láthair, agus chun cruinneas agus slacht a chur in ionad an neamhchruinnis agus an neamhshlachta a thagann den easaontas agus den éideimhne. Is follas gur saoráid don oide scoile é na foirmeacha agus na leaganacha bunaidh céanna a bheith á dteagasc ag a chomhoidí, agus go laghdódh sé dua na foghlama ar an dalta scoile gan malairt foirmeacha agus leaganacha bunaidh a bheith le gabháil chuige aige de réir mar a thiocfadh sé faoi chúram oide nua. Ba áis dóibh araon, idir dhaltaí agus oidí, na leabhair scoile a bheith ag réiteach lena chéile an méid ab fhéidir ar feadh a dtéann bunghréasán na gramadaí.

Ba léir riamh gur ghá caighdeán de chineál éigin le haghaidh gnóthaí oifigiúla, agus tá formhór Gaeilgeoirí suite de um an dtaca seo nach féidir forás mar is ceart a theacht faoin drámaíocht, faoin iriseoireacht, faoin scríbhneoireacht, ná faoi fhorbairt na Gaeilge le haghaidh an Raidió agus na scannán, gan comheagrú agus comhardú áirithe a dhéanamh ar ghramadach agus foclóir na Gaeilge ionas go mbeadh sí inniúil ar dhul i gcoimhlint leis an mBéarla agus le go gcuirfí í ar comhrian le teangacha na bpobal cultúrtha eile.

Sa bhliain 1953 foilsíodh *Gramadach na Gaeilge — Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin* d'fhonn go bhfaighfí tuairimí agus moltaí ón bpobal a chuideodh leis an Rannóg córas deilbhíochta a leagan amach a bheadh oiriúnach lena ghlacadh mar chaighdeán comhchoiteann. Tar éis na tuairimí agus na moltaí go léir a fuarthas a bhreithniú chuathas i gceann an córas sin a leasú agus ullmhaíodh dréacht de leagan leasaithe a cuireadh faoi bhráid daoine arbh eol suim ar leith a bheith acu i ngramadach na Gaeilge agus saineolas acu uirthi.

I dtús na bliana 1957 cinneadh ar an leabhrán bunaidh agus an leagan leasaithe sin, agus na tuairimí agus na moltaí go léir a fuarthas orthu, a athbhreithniú. Rinneadh cíoradh agus scagadh agus scrúdú ó bhonn ar an scéal agus dá thoradh sin ullmhaíodh nuadhréacht. Fuarthas comhairle chúntach ó chainteoirí dúchais as gach ceann de na Gaeltachtaí, ó mhúinteoirí, agus ó dhaoine eile a raibh eolas ar leith acu ar an teanga, agus comhaontaíodh leis an Roinn Oideachais an leabhrán seo a fhoilsiú mar chaighdeán le haghaidh gnóthaí oifigiúla agus mar threoir do mhúinteoirí agus don phobal i gcoitinne. Tugann an caighdeán seo aitheantas ar leith d'fhoirmeacha agus do rialacha áirithe ach ní chuireann sé ceartfhoirmeacha eile ó bhail ná teir ná toirmeasc ar a n-úsáid.

An té a chloífidh leis na foirmeacha agus na rialacha a léirítear sa leabhrán seo féadfaidh sé bheith deimhin de go bhfuil formhór na bhfoirmeacha agus na rialacha sin ag réiteach le gnás na teanga beo agus go bhfuil gach uile fhoirm agus riail díobh (ach cúpla leagan sna huimhreacha) ag freagairt do ghnás Gaeilgeoirí maithe i gceantar éigin den Ghaeltacht.

Seo iad na buntreoracha a ndearnadh an caighdeánú dá réir:—

1. Chomh fada agus ab fhéidir sin gan glacadh le foirm ná riail nach bhfuil údarás maith di i mbeotheanga na Gaeltachta;
2. Rogha a dhéanamh de na leaganacha is forleithne atá in úsáid sa Ghaeltacht;
3. An tábhacht is dual a thabhairt do stair agus litríocht na Gaeilge;
4. An rialtacht agus an tsimplíocht a lorg.

B'éigean go minic comhréiteach a dhéanamh idir na buntreoracha sin. Seo léiriú achomair ar an modh inar cuireadh i bhfeidhm iad:

Na hAinmfhocail

Gabhadh leis an gcóras díochlaontaí a bhfuil taithí air ó foilsíodh gramadach Sheáin Uí Dhonnabháin breis is céad bliain ó shin.

Sa Chéad Díochlaonadh bhí rogha le déanamh idir an t-iolra caolaithe agus an tréaniolra a fhaightear in áiteanna ag roinnt ainmfhocal, e.g., *boinn, bonnaí, bonnachaí, bonnúchaí*; *capaill, caiple, capaillí*; *cuntais, cuntaisí*; *páipéir, páipéirí*; *tairbh, taraí*. De ghrá na rialtachta agus ós é an nós is forleithne é, agus is fearr a réitíonn le gnás na litríochta, socraíodh ar an iolra caol.

Bhí réiteach le déanamh freisin i dtaobh ainmfhocal ar nós *dochtúr, dochtúir*; *nádúr, nádúir*, a chuirtear sa Chéad agus sa Tríú Díochlaonadh, agus i dtaobh ainmfhocal ar nós *rásúr* atá baininscneach, agus *rásúrach* sa ghinideach aige, in áiteanna. Beartaíodh ar na hainmfhocail a bhain le daoine, e.g., *dochtúir*, *táilliúir*, a chur sa Tríú Díochlaonadh agus na cinn eile a chur sa Chéad Díochlaonadh. I gcás ainmfhocal ar nós *siúinéir*, *siúinéar*(*a*); *lintéir*, *lintéar*, rinneadh socrú mar sin freisin, is é sin, *-éir* (Tríú Díochlaonadh) do na cinn a bhaineann le daoine, agus *-éar* (Céad Díochlaonadh) do na cinn eile.

Sa Dara Díochlaonadh ba í fadhb ba mhó a bhí ann teacht ar réiteach i dtaobh an tabharthaigh uatha. Tá an t-idirdhealú idir ainmneach agus tabharthach ag dul as feidhm le fada agus is annamh an dá fhoirm á n-úsáid go cruinn taobh le taobh sa Ghaeltacht. Cinneadh ar fhoirm an ainmnigh a choinneáil sa tabharthach i gcás ainmfhocal ilsiollach. I gcás na n-ainmfhocal aonsiollach scrúdaíodh liostaí ainmfhocal agus nuair a fuarthas go raibh foirm an tabharthaigh tagtha i dtreis chomh mór sin san ainmneach go raibh iolra dá réir bunaithe dó gabhadh leis an bhfoirm sin don dá thuiseal.

Sa Tríú agus sa Cheathrú Díochlaonadh glacadh leis na hiolraí tréana chomh fada agus ab fhéidir i dtreo, taobh amuigh den Chéad agus den Dara Díochlaonadh, nach bhfuil fágtha ach fíorbheagán ainmfhocal nach ionann foirm dóibh i dtuisil uile an iolra.

Tá mórán ainmfhocal ann a bhíonn anonn is anall sna canúintí idir an Dara, an Tríú, an Ceathrú agus an Cúigiú Díochlaonadh. Rinneadh iarracht iad a roinnt ar na díochlaontaí ab oiriúnaí dóibh, de réir na mbuntreoracha atá luaite thuas.

An Aidiacht

Rinneadh aon díochlaonadh amháin den Chéad agus den Dara Díochlaonadh ba ghnáth ann roimhe seo. Tugadh neamhaird ar an bhfoirm ar leith don tuiseal tabharthach, foirm atá imithe i léig ar fad sa chaint beagnach. Glacadh leis an nós is treise agus is simplí i dtaobh foirm na haidiachta agus an ainmfhocail a bheith ag comhtheacht le chéile sa ghinideach iolra.

Na hUimhreacha

I gcúrsaí na n-uimhreacha níorbh fhéidir cloí le nós na cainte i gcónaí. Teastaíonn córas a bheadh soláimhsithe ag daoine a bheadh ag gabháil don uimhríocht agus don mhatamaitic. Chun sin a cheapadh b'éigean dul i muinín na litríochta, agus i gcás na gcodán b'éigean glacadh le roinnt leaganacha saorga.

Tá taithí choitianta ar na maoluimhreacha mar atá siad sa leabhrán seo agus údarás maith leo. Briseadh leis an nós is gnáth sna leabhair ghramadaí, foirm iolra an ainmfhocail a chur leis na huimhreacha, ar an ábhar go bhfuarthas, tar éis an scéal a scrúdú, gur minice go mór a *chaitear* an t-uatha a úsáid leo agus gur mar sin is fusa don fhoghlaimeoir. Tá samplaí le fáil i seanscríbhinní don nós a cheadaítear, ar mhaithe leis an éascaíocht, do na huimhreacha móra. *Ní bhfuarthas údarás ar bith do leaganacha ar nós "fiche a dó fear" ná ní mheastar gá ná riachtanas a bheith leo.*

Na Briathra

Tugadh comhrogha ar an bhfoirm don Mhodh Foshuiteach Caite ó tá cúrsaí comhréire i gceist, agus, cé nach bhfuiltear á ligean isteach mar chaighdeán, ceadaíodh an fhoirm choibhneasta toisc bá mhór a bheith leis fós in dhá chanúint.

Bhíothas sásta tríd is tríd leis an rogha a moladh cheana idir na foirmeacha táite agus na foirmeacha scartha den bhriathar agus measadh gurbh fhearr iad a fhágáil mar sin. Géilleadh i gcás an tsaorbhriathair don nós is treise sa Ghaeltacht, is é sin, séimhiú mar a théann ar fhoirmeacha eile a dhul air ach amháin san Aimsir Chaite.

Tá claonadh láidir i gceann de na príomhchanúintí na briathra coimrithe a chur sa Chéad Réimniú ach is é claonadh atá go tréan sa dá phríomhchanúint eile iad a chur sa Dara Réimniú. Ós é an dara ceann is fearr a théann chun rialtachta bhí dhá chúis mhaithe lena gcur sa Dara Réimniú.

I gcomórtas le teangacha eile tá an Ghaeilge saor go maith ó bhriathra neamhrialta, ach toisc a mhinice a bhíonn gnó díobh tá éileamh láidir ar iad a shimpliú. Ba é ba rialta *deirim* a fhágáil saor ó shéimhiú i gcónaí, agus na foirmeacha spleácha *abraim* (nó *abraím*), etc., a ligean ar lár. Réitíonn sé leis an gcaint sa chuid is mó den Ghaeltacht cuid de na foirmeacha neamhspleácha atá ag *faighim* a fhágáil ar lár. I gcás *feicim* bhí rogha le déanamh idir (*a*) *cím*, etc. san fhoirm neamhspleách agus *ní chím*, etc., san fhoirm spleách, (*b*) *chím* nó *tím*, etc., san fhoirm neamhspleách agus *ní fheicim*, etc., san fhoirm spleách, agus (*c*) *feicim*, *ní fheicim*, etc., sna foirmeacha sin. Ba é socrú ba shimplí agus ba rialta *feicim* a thoghadh mar chaighdeán. Níorbh fhéidir neamhaird a thabhairt ar na leaganacha ar leith atá ag *déanaim*, *téim*, san fhoirm spleách toisc go mbeadh sin ag neamhréiteach an iomad le dhá phríomhchanúint.

Sna hainmneacha briathartha féachadh leis na foircinn iomadúla a thabhairt chun rialtachta. De ghrá na simplíochta, agus ar iarratas múinteoirí agus daoine eile, cuireadh ar ceal an mhalairt litrithe don aidiacht bhriathartha agus do ghinideach an ainm bhriathartha i gcás ainmneacha briathartha den Dara Réimniú a chríochnaíonn ar *-ú*. Coinníodh *-uithe*, áfach, in iolra na n-ainmneacha briathartha.

Séimhiú agus Urú

Measadh nach bhfuil an t-ionú ann fós chun an choimhlint idir séimhiú agus urú ar lorg réamhfhocail lena ngabhann an t-alt a shocrú go cinnte. Má tá fairsinge ag nós acu de bhreis ar an nós eile tá sé ródheoranta faoi láthair ag an líon mór Gaeilgeoirí arb é an nós eile is dúchas dóibh, nó is cleachtadh leo, chun go mbeifí ag súil go ngéillfidís dó. Níorbh fhéidir dul níos faide le comhréiteach eatarthu ná *d* agus *t* a fhágáil lom, gan *t* a chur roimh *s* ná aidiacht a shéimhiú mura mbeadh sin le déanamh san ainmneach, agus glacadh le séimhiú i ndiaidh *den*, *don*, *san*.

Ina lán cásanna ina mbeadh súil le séimhiú ar ainmfhocal ar lorg ainmfhocail eile tá an neamhshéimhiú coitianta sa Ghaeltacht. Rinneadh iarracht ar rialacha a leagan amach a mhíneodh an neamhshéimhiú sin ach níl sé le tuiscint go bhfuil míniú tugtha iontu ar gach aon chás díobh. Níor mhór chuige sin gramadach thuarascálach do gach ceann de na canúintí.

Faightear séimhiú, neamhshéimhiú, agus *t* roimh *s*, sa dara cuid de chomhfhocail nuair a thagann *d*, *n*, *t*, *l*, *s* le chéile. Is é is rialta agus is simplí an neamhshéimhiú a bheith mar chaighdeán.

Féachadh le simplíocht agus slacht a lorg sna rialacha i dtaobh *h* a chur roimh fhocail. Socraíodh gan *h* a scríobh i ndiaidh *ní* ach amháin roimh na forainmneacha *é*, *í*, *iad*, *ea*.

San aimsir chaite den Saorbhriathar tá, e.g., *Hardaíodh*, (nó *hArdaíodh*), *Do hardaíodh* agus *ardaíodh* le fáil sa chaint. Measadh gurb é an ceann deiridh is slachtmhaire sa scríobh.

Rinneadh tagairt do chúrsaí comhréire i gcásanna áirithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis an deilbhíocht.

Rannóg an Aistriúcháin,

Oifig Thithe an Oireachtais,

Teach Laighean,

Iúil, 1958.

NODA AGUS MÍNITHE GRAMADAÍ

Noda	
ar lean.	ar leanúint
bain.	baininscneach
fir.	firinscneach
gin.	tuiseal ginideach
gin. iol.	tuiseal ginideach iolra
iol.	iolra
sb.	saorbhriathar
tabh.	tuiseal tabharthach
u.	uatha
()	féadtar focail faoi lúibíní cruinne i lár sampla a úsáid nó a fhágáil ar lár

Mínithe Gramadaí	
a* as *do	tagairt don mhír *a* a dhíorthaítear as *do*, e.g., *rud a dhéanamh*
abairt chopaileach	abairt ina gceanglaítear an t-ainmní leis an bhfaisnéis, e.g., *ba cheoltóir é*; *is fada liom uaim í*
abairtín dobhriathartha	abairtín a bhfuil feidhm dhobhriathair aige, e.g., *chríochnaigh siad* ***ar deireadh***; *níl sé* ***ar fáil***
aidiacht	focal a cháilíonn ainmfhocal nó forainmneach, e.g., *an carr* ***dearg***; *an bosca* ***mór***; *tá sé* ***fliuch***
ainm briathartha	focal a bhfuil feidhm ainmfhocail agus feidhm bhriathair araon aige, e.g., *deireadh* ***na heitilte***, *ag* ***eitilt***; ***foghlaim*** *a fháil*, *ag* ***foghlaim***
ainm dílis	ainm duine nó áite áirithe, e.g., *Liam*; *Éire*
ainmfhocal	focal a úsáidtear chun tagairt do dhuine nó d'áit nó do rud nó d'idé, e.g., *bean*; *bóthar*; *camán*; *díograis*
ainmní	an príomh-ainmfhocal (nó a chothrom) in abairt, e.g., *cheannaigh* ***Nuala*** *mála nua, tá* ***páipéar*** *ar an mbord; canfaidh* ***sé*** *amhrán*
clásal	frása atá nasctha le frása eile, e.g., *chuaigh sí chun na hoifige* [*agus thosaigh sí ag obair*]; [*tá an lá tirim*] *ach níl sé te*
clásal coibhneasta	clásal ina bhfuil mír choibhneasta nó ina bhfuil foirm choibhneasta den bhriathar, e.g., *sin í an cailín* ***a dhún an doras ar maidin***; *cá bhfuil an bhróg* ***nár ghlan tú inné***?
consan caol	consan ar *e* nó *i* an guta is cóngaraí dó

consan inséimhithe	consan ar féidir séimhiú a chur air – *b, c, d, f, g, m, p, s* (ach amháin i gcás *sc-, sf-, sm-, sp-, st-* agus *sv-*) agus *t*
consan inuraithe	consan ar féidir urú a chur air – *b, c, d, f, g, p* agus *t*
consan leathan	consan ar *a, o* nó *u* an guta is cóngaraí dó
cuspóir	ainmfhocal (nó a chothrom) a sheasann do dhuine (nó rud) ar a ndéantar gníomhú, e.g., *léigh mé* ***leabhar****; tá an* ***leabhar*** *léite agam; léigh mé* ***é****;*
díspeagadh	iarmhír a dhéanann athrú beag ar ainmfhocal, e.g., *-ín*; ainmfhocal a bhfuil iarmhír den saghas sin curtha leis, e.g., *buachaillín*
dobhriathar	focal nó grúpa focal a cháilíonn focal eile nach ainmfhocal ná forainmneach é, e.g., *rith sé go* ***tapa****; bhí sé mall* ***go leor****; bhí sí thuas* ***beagnach*** *nuair a thit sí*
dobhriathar aidiachtach	dobhriathar a bhfuil foirm aidiachta aige (ar lorg *go* nó gan *go*), e.g., *ní thagann sí* ***minic*** *go leor; bhí sé* ***díreach*** *ag éirí; d'iarr sí air labhairt* ***go cruinn***
fochlásal	clásal atá spleách ar an bpríomhchlásal lena mbaineann, e.g., *chuala mé scéal* ***nuair a bhí mé óg***
fochlásal réamhfhoclach	fochlásal a thosaíonn ar réamhfhocal, e.g., *chun na bainise; ó dhaltaí scoile; leis an Roinn*
forainmneach réamhthagrach	forainmneach a thagann roimh an ní dá bhfuil sé ag tagairt, e.g., *tá* ***a*** *fhios agam gurb ise a rinne é; ba mhaith liom* ***a*** *rá go bhfuilim an-bhuíoch díbh*
feidhm aidiachtach	feidhm arb ionann é agus feidhm aidiachta, is é sin le rá, ainmfhocal nó forainmneach a cháiliú, e.g., *pingin* ***ar bith****; turas* ***ar an Afraic***
frása réamhfhoclach	frása beag (ina bhfuil dhá fhocal, de ghnáth) a thosaíonn ar réamhfhocal, e.g., *ar bith; ar leith; den scoth; in aisce*
ginideach rannaíoch	ginideach a cháilíonn ainmfhocal cainníochta nó páirte, e.g., *roinnt* ***aráin****; mo chuid* ***eolais****; tuilleadh* ***siúcra***
iartheachtaí	forainmneach, lena n-áirítear aidiacht shealbhach, lena dtagraítear siar don réamhtheachtaí i gclásal coibhneasta indíreach, e.g., *sin é an fear a bhfuil an carr* ***aige***
infhilleadh	foirceann focail a athrú chun feidhmeanna éagsúla an fhocail a thaispeáint, e.g., *amhrán, amhráin; beag, bige; can, canaigí*
lom	sna huimhreacha pearsanta, gan ainmfhocal ar a lorg
príomhchlásal	clásal nach bhfuil spleách ar aon chlásal eile, e.g., ***chuala mé scéal*** *nuair a bhí mé óg*
réamhfhocal comhshuite	frása réamhfhoclach ar leith a bhfuil brí mar aonad leis agus arb é *réamhfhocal + ainmfhocal* is múnla dó de ghnáth, e.g., *ar nós; d'ainneoin; thar ceann.* Is réamhfhocal comhshuite é frása réamhfhoclach den mhúnla sin má tá brí eile leis an ainmfhocal i gcomhthéacs eile, mar shampla, is réamhfhocal comhshuite é *i gcás* sa bhrí *más rud é*; ní réamhfhocal comhshuite *i gcás* sa bhrí *i mála, in imeachtaí dlí*
réamhfhocal simplí	focal a chuirtear roimh ainmfhocal nó roimh fhorainmneach chun an bhaint atá aige le focal eile san abairt a léiriú, e.g., *bhuail mé* ***le*** *hÁine; chuir sé fáilte* ***roimh*** *na haíonna*

réamhtheachtaí	focal nó frása i bpríomhchlásal a thagann go díreach roimh an mír choibhneasta, e.g., ***na mná*** *a bhí ag caint*
réimír threise	mír a thagann roimh fhocal chun béim a leagan air, e.g., *tá sé* ***an****-chairdiúil*; ***an****-pheileadóir is ea í*
tabharthach rannaíoch	an múnla *réamhfhocal + tabharthach*, a úsáidtear in ionad an ghinidigh rannaíoch, e.g., *roinnt den arán*; *beirt de na páistí*; *cuid d'airgead Thomáis*

CAIBIDIL 1 | AN tALT

1.1 Ginearálta

1.1.1 Alt amháin atá sa Ghaeilge – an t-alt cinnte. Deirtear gur *ainmfhocal cinnte* ainmfhocal atá faoi réir ag an alt. Tá dhá fhoirm den alt ann: *an* agus *na*. Is roimh an ainmfhocal a chuirtear an t-alt, e.g., *an baile*; *an mhír*; *na caoirigh*; *teach na cúirte*; nó roimh cibé focal a chuirtear roimh an ainmfhocal lena cháiliú, e.g., *an uile dhuine*; *scéal mhadra na n-ocht gcos*; *tús na chéad seachtaine*. Is féidir an t-alt a chur in ionad na haidiachta sealbhaí, e.g., *Tá an croí ag cur air*; *Bhí an ghrian ag baint na súl asam*.

1.1.2 Is litir bheag a bhíonn ar an alt i lár abairte, e.g., *Nach raibh tú ag an Oireachtas i mbliana?*; *Bhí aithne mhaith agam ar an Seabhac*; ach amháin i gcásanna áirithe amhail teidil foilseachán, e.g., *Cé a scríobh* An tOileánach*?*

1.1.3 Má tá teideal a bhfuil an t-alt ann (féach1.1.5(a), (b) agus (c)) á scríobh ina aonar, mar shampla ar fhógra poiblí nó ar cheannpháipéar, cuirtear an t-alt leis i gcónaí agus is ceannlitir a bhíonn air, e.g., *An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh*; *Na Coimisinéirí Ioncaim*; *An Ceoláras Náisiúnta*.

1.1.4 Cuirtear fleiscín idir an réamhlitir *t* agus guta, ach amháin nuair is ceannlitir an guta, e.g., *an t-ospidéal*, *an tAlbanach*. Ní chuirtear fleiscín idir an réamhlitir *t* agus *s*, e.g., *an tsaoirse*; *an tSionainn*; *tús an tsaoil*; ná idir an réamhlitir *h* agus guta, e.g., *na hainmneacha*; *lár na habairte*; *stair na hUachtaránachta*.

1.1.5 Úsáidtear an t-alt sna cásanna seo a leanas.

(a) **Teidil oifige**, e.g., *an tAire Airgeadais, an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, an Taoiseach, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe*.

> Beidh **an tAire Airgeadais** ag freastal ar an gcruinniú.
> Cá bhfuil **an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin**?
> Tá **an Taoiseach** ag labhairt leis na daltaí.
> An é sin **Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe**?

(b) **Teidil ranna rialtais agus comhlachtaí stáit**, e.g., *an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Oifig um Rialú Tobac, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Phríomh-Oifig Staidrimh*.

> Is san fhoirgneamh sin thall atá **an Roinn Oideachais agus Scileanna**.
> Chuaigh Seán go dtí **an Oifig um Rialú Tobac**.
> Tá **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** an-ghnóthach.
> Seo **an Phríomh-Oifig Staidrimh**.

(c) **Teideal duine roimh ainm dílis**, e.g., *an tAthair Peadar Ua Laoghaire, an Captaen Ó Murchú, an tUachtarán Mhic Róibín, an Teachta de Barra, an Múinteoir Ailbhe, an Pápa Eoin Pól II, an Rí Anraí VIII.*

Ba é **an tAthair Peadar Ua Laoghaire** a scríobh an dráma *An Sprid.*
Labhair **an Captaen Ó Murchú** leis na himreoirí.
Bhí **an tUachtarán Mhic Róibín** le feiceáil sa ghrianghraf.
Beidh **an Dochtúir de Barra** ar saoire ar feadh seachtaine.
Tá **an Múinteoir Ailbhe** i bhfeighil ar rang a sé i mbliana.
Is í **an Bhanríon Elsa a Dó** atá sa scannán.

(d) **Féilte**, e.g., *an Nollaig, an Cháisc, an Carghas.*

Tá **an Nollaig** ag teannadh linn.
Is i mí an Mhárta a bheidh **an Cháisc** i mbliana.
Rinne mé **an Carghas** ar an ól.

Tabhair faoi deara nach n-úsáidtear an t-alt i leaganacha dobhriathartha áirithe, e.g., *faoi Cháisc, um Nollaig, faoi Bhealtaine.*

(e) **Laethanta na seachtaine**, e.g., *an Luan, an Mháirt, an Chéadaoin.*

Is é **an Luan** an lá is ansa liom.
Téim ag snámh ar **an Máirt**.
Inniu **an Chéadaoin**.

Tabhair faoi deara go n-úsáidtear an dobhriathar ama *Dé* in ionad an ailt nuair atáthar ag tagairt do lá áirithe, e.g., *Bhí mé ag caint leis Dé Céadaoin seo caite.*

Má tá réamhfhocal á úsáid roimh lá áirithe, déantar an t-alt a chumasc leis an réamhfhocal, e.g., *Ní mór na hiarratais a bheith faighte faoin Aoine, an 16 Bealtaine.*

(f) **Míonna na bliana**

Úsáidtear an t-alt leis na míonna *Márta, Bealtaine, Meitheamh, Samhain* agus *Nollaig.* Ní úsáidtear an t-alt leis na míonna eile, ach amháin sa leagan calctha *san Aibreán.*

Is minic a bhíonn mí **Eanáir** níos fuaire ná mí **na Nollag**.
Tá an Cháisc i mí **an Mhárta** seachas mí **Aibreáin** i mbliana.

(g) **Dátaí**

Is cóir an t-alt a úsáid nuair a dhéantar tagairt do dhátaí in abairt.

> Ba chóir é a dhéanamh tráth nach déanaí ná **an 30 Meán Fómhair** gach bliain.
> Beidh an chóisir ar siúl ar **an 12 Aibreán**.
> Baineann na ráitis airgeadais leis an mbliain dar chríoch **an 31 Nollaig 2014**.
> Pósfaidh siad **an 26 Feabhra**.
> Ní ghlacfar le haon iarratas a gheofar tar éis **an 7 Márta 2016**.

Nuair atá an dáta leis féin – ar bharr litreach, nó mar dháta le sonrasc nó le hAcht, etc.– fágtar an t-alt ar lár, e.g., *26 Feabhra 2014*.

(h) **Ainmneacha bailte, sléibhte agus aibhneacha**

(i) Roinnt cathracha agus bailte, e.g., *an Aithin, na Cealla Beaga, na Gleannta, an tSnaidhm, an Spidéal*.

(ii) Cnoic agus sléibhte áirithe, e.g., *na hAindéis, na hAlpa, an Bhograch, an Chearc, na Comaraigh, an Earagail, na Himiléithe, an Mhucais*.

(iii) Formhór na n-aibhneacha, e.g., *an Bhóinn, an Danóib, an Life, an Phó, an Réin, an Róin, an tSéin, an tSionainn, an Tibir*.

> Rinne mé **an Mhucais** a shiúl inné.
> Ar bhuaigh **an Spidéal** an cluiche?
> Bhí **an tSionainn** le feiceáil ón eitleán.

(i) **Ainmneacha tíortha agus réigiún**

A Gabhann an t-alt le hainmneacha tíortha agus réigiún más rud é go bhfuil an t-ainmfhocal baininscneach agus:

(i) má chríochnaíonn sé ar chonsan caol, e.g., *an Airgintín, an Albáin, an Bhaváir, an Chatalóin, an Eastóin, an Eoraip, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Mhacadóin, an Namaib, an Phacastáin, an tSeineagáil, an Spáinn, an tSúdáin*;

(ii) má chríochnaíonn sé ar *-ia*, e.g., *an India, an Laitvia, an tSiria*;

(iii) má chríochnaíonn sé ar *-e, -é*, e.g., *an Chóiré, an Chrimé, an Ghuine, an tSile*.

Tá roinnt ainmneacha tíortha agus réigiún ann a chríochnaíonn ar chonsan caol ach nach ngabhann an t-alt leo, e.g., *Bairéin, Beinin, Cuáit, Éimin, Guadalúip, Lichtinstéin, Mósaimbíc*, nó atá san uimhir uatha agus a chríochnaíonn ar *-í* agus nach ngabhann an t-alt leo, e.g., *Geansaí, Geirsí, Háití, Haváí, Mailí, Taihítí*. Ní úsáidtear an t-alt ach amháin sa ghinideach i gcás *Albain, Éire* (féach 3.1.4).

> Is tír álainn í **an Fhrainc**.
> Luaitear **Mósaimbíc** sa leabhar.

B Ní ghabhann an t-alt le hainmneacha tíortha agus réigiún más rud é go bhfuil an t-ainmfhocal firinscneach agus:

(i) má chríochnaíonn sé ar chonsan leathan, e.g., *Barbadós, Eacuadór, Guam, Hondúras, Natal, Óman, Sead, Siam, Suranam*;

(ii) má chríochnaíonn sé ar *-eo, -ó*, e.g., *Boirneo, Maracó, Meicsiceo, Monacó, Samó* (eisceacht: *an Congó*);

(iii) má chríochnaíonn sé ar *-a, -á, -iú, -ua*, e.g., *Alasca, Ceanada, Cúba, Gána, Meiriceá, Nicearagua, Panama, Papua, Paragua, Peiriú, Sasana*.

(iv) má chríochnaíonn sé ar *-ael*, e.g., *Iosrael*.

C Gabhann an t-alt le hainmneacha tíortha agus réigiún is ainmfhocail san uimhir iolra, e.g., *na hAsóir, na Bahámaí, na Garbhchríocha, na Scigirí*.

I Muir Chairib atá **na Bahámaí**.
Rinneadh an scannán a thaifeadadh **sna Garbhchríocha**.

(j) **Paidreacha agus roisc chatha áirithe**, e.g., *an Choróin Mhuire, an Ghlóir, an Dord Fiann*.

Dúradh **an Ghlóir** i lár an Aifrinn.
Ní minic a chloistear **an Dord Fiann**.
Dúirt sé **an Choróin Mhuire** os ard.

(k) **Úsáid dháileach**

Úsáidtear an t-alt chun ráta a chur in iúl nuair a bhíonn an bhrí *gach ceann ar leithligh* nó *in aghaidh* i gceist.

Dhíol sé na leabhair ar euro **an ceann**.
Eagraítear comóradh uair **sa bhliain**.
Bhí mála **an duine** ag na páistí scoile.

(l) **Brí theibí nó brí choincheapúil a bheith leis an ainmfhocal**

Nuair a bhíonn **an t-ól** istigh, bíonn **an chiall** amuigh.
Ní maith í **an fhearg**.
Tugadh isteach **an colscaradh** in Éirinn roinnt blianta ó shin.
Is rud nua í **an taiscéalaíocht sa spás**.
Ní féidir taisteal **san am**.
Inseoidh **an aimsir**.
Is maith **an t-anlann an t-ocras**.

Tabhair faoi deara nach nós an t-alt a úsáid i nathanna áirithe, e.g., *Tá ciall cheannaithe aige*; ná nuair nach bhfuil brí ghinearálta leis an ainmfhocal, e.g., *Bhí ocras orm*; *Tá siad i ngrá*.

(m) **Tinnis áirithe**, e.g., *an ailse*, *an déideadh*, *an titimeas*, *an bhruitíneach*.

Bhí **an bhruitíneach** fairsing in Éirinn go dtí na 1960idí.
An bhfuil leigheas ar **an titimeas**?

(n) **Teangacha**, e.g., *an Ghaeilge*, *an Ghearmáinis*, *an Béarla*.

Is í **an Ghaeilge** teanga ár sinsear.
Labhraítear **an Ghearmáinis** san Ostair.
Bhí **an Béarla** go maith aici.

Tabhair faoi deara go ligtear an t-alt ar lár mura bhfuil an bhrí forleathan, e.g., *Tá Fraincis aici*; *Cuir i nGaeilge é*; *rang Iodáilise*.

Na Tuisil

Cúig thuiseal atá sa Ghaeilge: an tuiseal ainmneach, an tuiseal cuspóireach, an tuiseal tabharthach, an tuiseal ginideach agus an tuiseal gairmeach (féach 2.1.2). Sna táblaí a leanas, taispeántar na hathruithe a dhéantar ar an alt agus ar thúslitir an ainmfhocail bunaithe ar cheithre ní — inscne, tuiseal, uimhir agus túslitir an ainmfhocail. Féach freisin Caibidil 10 le haghaidh eolas breise ar na hathruithe tosaigh.

1.2 An Tuiseal Ainmneach agus an Tuiseal Cuspóireach Uatha

Is ionann foirm an ainmfhocail sa tuiseal ainmneach agus sa tuiseal cuspóireach uatha. Féach an tábla thíos ina léirítear an tionchar a bhíonn ag an alt ar an ainmfhocal sna tuisil sin.

FIRINSCNEACH				
Túslitir an Ainmfhocail		Foirm an Ailt	An Tionchar ar an Túslitir	Samplaí
Consan	gach consan	an	gan aon athrú	an cnoc an diabhal an fear an saol an Seapánach an teach
Guta	gach guta	an	*t* roimhe	an t-íochtar an t-uisce an t-alt an tAcht an tUltach

BAININSCNEACH				
Túslitir an Ainmfhocail		Foirm an Ailt	An Tionchar ar an Túslitir	Samplaí
Consan	consan inséimhithe* (seachas *d*, *t* nó *s*)	an	séimhiú	an fhuinneog an chaibidil
	d nó *t*	an	gan aon athrú	an deoch an teanga
	s (seachas *sc-*, *sf-*, *sm-*, *sp-*, *st-*, *sv-*)	an	*t* roimhe	an tsráid an tSeapáin
Guta	gach guta	an	gan aon athrú	an áit an Astráil an Iodáil an obair

Tábla 1A An Tuiseal Ainmneach agus an Tuiseal Cuspóireach Uatha

*Is iad seo na consain inséimhithe: *b*, *c*, *d*, *f*, *g*, *m*, *p*, *s* agus *t*

1.3 An Tuiseal Tabharthach Uatha

1.3.1 Tugtar an tuiseal tabharthach ar an tuiseal a thagann i ndiaidh na réamhfhocal *a, ag, ar, as, chuig, dar, de, do, faoi, fara, go, i, ionsar, le, ó, roimh, trí* agus *um*. Is de réir mar atá leagtha amach sna táblaí ina dhiaidh seo a phléitear le hainmfhocail ar lorg an ailt sa tuiseal tabharthach uatha.

1.3.2 Is é an tuiseal ainmneach a leanann na focail *ach, amhail, gan, go dtí, idir, mar, murach, ná* agus *seachas* agus an t-alt, e.g., *gan an t-uisce*; *idir an t-am sin agus an t-am seo*; *mar an t-aistriúchán*. Úsáidtear an tuiseal tabharthach sa leagan calctha *mar an gcéanna*.

1.3.3 Cuirtear gnáthrialacha an tabharthaigh i bhfeidhm ar mhúnlaí den saghas seo: *réamhfhocal + ainmfhocal + a + ainm briathartha*, e.g., *leis an ngnó a dhéanamh*; *as an árasán a dhíol*.

1.3.4 I gcás na réamhfhocal *de, do, faoi, i* agus *ó*, déantar cumasc idir an réamhfhocal agus an t-alt san uimhir uatha, mar a léirítear thíos.

de + an	→	**den**
do + an	→	**don**
faoi + an	→	**faoin**
i + an	→	**sa, san**
ó + an	→	**ón**

1.3.5 Bíonn foirmeacha ar leith ar na réamhfhocail sa tábla thíos nuair a thagann siad roimh an alt san uimhir uatha.

fara + an	→	**fairis an**
le + an	→	**leis an**
trí + an	→	**tríd an**

1.4 An Tuiseal Tabharthach Uatha – An Córas Lárnach

1.4.1 Maidir le hainmfhocail fhirinscneacha agus bhaininscneacha dar tús consan (seachas *d*, *t* agus *s*), cuirtear séimhiú orthu i ndiaidh *den*, *don*, *sa/san* agus urú i ngach cás eile, mar a léirítear sa tábla thíos.

AN CÓRAS LÁRNACH – AINMFHOCAIL DAR TÚS CONSAN SEACHAS *d*, *t* AGUS *s*	
Firinscneach	**Baininscneach**
ag an bhfear maith	ag an gcuideachta bheag
ar an mbosca dearg	ar an mbean shaibhir
as an ngleann mór	as an bpáirc chéanna
chuig an gCoimisinéir coinsiasach	chuig an mbean ghairmiúil
den chrann caol	den bhean fhlaithiúil
don fhear trom	don chuideachta ghnóthach
fairis an ngarda béasach	fairis an mbean chairdiúil
faoin bhfógra práinneach	faoin ngrian bhreá
sa bhosca buí sa fhraoch bán *ACH i gcás* f *roimh ghuta*: san fhéar fliuch	sa chomhairle shóisialta sa fhrithréabhlóid fhíochmhar *ACH i gcás* f *roimh ghuta*: san fharraige ghlan
leis an bhfasach cruinn	leis an mbáisteach throm
ón gcaisleán fuar	ón gcathair mhór
roimh an gcruinniú tábhachtach	roimh an mbainis bheag
thar an gcnoc bán	thar an bhfarraige chiúin
tríd an ngairdín breá	tríd an bhfuinneog ghorm
um an mBille fada	um an ngníomhaireacht reachtúil

Tábla 1B An Tuiseal Tabharthach Uatha – An Córas Lárnach – Ainmfhocail dar tús Consan seachas *d*, *t* agus *s*

1.4.2 Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail fhirinscneacha dar tús *s* sa tuiseal tabharthach. Cuirtear *t* roimh *s* ar ainmfhocail bhaininscneacha (seachas i gcás ainmfhocail dar tús *sc-*, *sf-*, *sm-*, *sp-*, *st-* nó *sv-* a fhágtar lom) mar a léirítear sa tábla thíos.

AN CÓRAS LÁRNACH – AINMFHOCAIL DAR TÚS *s*	
Firinscneach	**Baininscneach**
Gan athrú	**Cuirtear *t* roimh an *s*, seachas i gcás *sc-, sf-, sm-, sp-, st-* nó *sv-***
ag an Seapánach cliste	ag an tseanmháthair bhocht
ar an suíochán fliuch	ar an tsráid ghlan
as an sailéad blasta	as an tsaoire bhliantúil
chuig an Seanadóir nuacheaptha	chuig an tsatailít mhór
den saighdiúir sásúil	den tslándáil shóisialach
don Seanad nua	don tsaoirse cheart
fairis an saineolaí lách	fairis an tseanbhean shaibhir
faoin sonrasc déanach	faoin tslí dhíreach
sa soitheach gorm	sa tseacláid mhilis
leis an salann bán	leis an tslat fhada
ón suirbhé pearsanta	ón scoil bheag
roimh an samhradh fada	roimh an tseachtain mhór
thar an seol mór	thar an tSionainn fhada
tríd an sorcas mór	tríd an tseift chliste
um an sainchomhairleoir cruinn	um an tseirbhís mhaith

Tábla 1C An Tuiseal Tabharthach Uatha – An Córas Lárnach – Ainmfhocail dar tús *s*

1.4.3 Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail fhirinscneacha ná ar ainmfhocail bhaininscneacha dar tús guta.

AN CÓRAS LÁRNACH – AINMFHOCAIL DAR TÚS GUTA	
Firinscneach	**Baininscneach**
ag an Albanach ciallmhar	ag an aeráid ghaofar
ar an eitleán dubh	ar an olann bhán
as an uisce glan	as an iris cháiliúil
chuig an Aire ilteangach	chuig an Ostair shléibhtiúil
den alt fada	den uimhir chruinn
don údarás céanna	don obair chrua
fairis an oifigeach múinte	fairis an ógbhean chliste

Tábla 1D An Tuiseal Tabharthach Uatha – An Córas Lárnach – Ainmfhocail dar tús Guta

1.4.4 Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail fhirinscneacha ná ar ainmfhocail bhaininscneacha dar tús *d* agus *t*.

AN CÓRAS LÁRNACH – AINMFHOCAIL DAR TÚS *d* AGUS *t*	
Firinscneach	**Baininscneach**
faoin dréimire briste	faoin deacracht bhreise
sa teas mór	sa deoch fhuar
leis an duine ciúin	leis an taithí mhaith
ón dearthár cineálta	ón teanga líofa
roimh an tarbh fiáin	roimh an deighilt mhór
thar an teach gorm	thar an diallait nua
tríd an talamh crua	tríd an drochaimsir ghránna
um an dlí coiriúil	um an tagairt chuí

Tábla 1E An Tuiseal Tabharthach Uatha – An Córas Lárnach – Ainmfhocail dar tús *d* agus *t*

N.B. I dteannta an Chórais Lárnaigh a thugtar sa chaibidil seo, ceadaítear na roghanna seo a leanas:

(a) urú ar an ainmfhocal (in ionad séimhiú) i ndiaidh *den* agus *don*, e.g., *den gcrann*, *don bhfear*; nó

(b) urú ar an ainmfhocal (in ionad séimhiú) i ndiaidh *sa*, e.g., *sa bpáirc*, *sa gcarr*.

1.5 An Tuiseal Ginideach Uatha

1.5.1 Is gnách foirm an ghinidigh a úsáid i gcás go bhfuil an t-ainmfhocal faoi réir ag ceann de na nithe seo a leanas–

(a) ainmfhocal eile:

> Cár fhág tú **eochair an chairr**?
> Tá muintir na háite sásta le **foireann na leabharlainne**.

(b) ainm briathartha:

> Is maith leis na gasúir a bheith **ag réiteach an dinnéir**.
> Is í Síle atá **ag déanamh na hArdteiste** i mbliana.

(c) réamhfhocal comhshuite, e.g., *faoi chomhair*, *i gcás*, *le haghaidh*:

> Bíonn an cat ina shuí ansin **os comhair na tine** gach uile oíche.
> Ba iad na hailtirí a bhí **i mbun an scrúdaithe**.

(d) ceann de na focail *cois*, *dála*, *fearacht*, *timpeall*, *trasna*:

> Chuala mé go ndeachaigh sibh ar thuras **timpeall an domhain**.
> Shiúlamar **cois na habhann**.

(e) an réamhfhocal *chun*:

> Tá an grúpa uile ag dul **chun na Spáinne** i mí Iúil.
> Rinne siad achomharc **chun na cúirte**.

Féach 3.3 le haghaidh cásanna ina n-úsáidtear foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh.

1.5.2 Sa tábla thíos, léirítear an tionchar a bhíonn ag an alt ar an ainmfhocal sa tuiseal ginideach uatha.

FIRINSCNEACH				
Túslitir an Ainmfhocail		**Foirm an Ailt**	**An Tionchar ar an Túslitir**	**Samplaí**
Consan	**consan inséimhithe*** **(seachas *d*, *t* agus *s*)**	**an**	**séimhiú**	barr an chnoic hata an fhir
	d* agus *t	**an**	**gan aon athrú**	chun an diabhail doras an tí
	s **(seachas *sc-*, *sf-*, *sm-*, *sp-*, *st-* nó *sv-*)**	**an**	***t* roimhe**	tús an tsaoil pas an tSeapánaigh
Guta	**gach guta**	**an**	**gan aon athrú**	de réir an ailt faoi réir an Achta pas an Albanaigh

BAININSCNEACH				
Túslitir an Ainmfhocail		**Foirm an Ailt**	**An Tionchar ar an Túslitir**	**Samplaí**
Consan	**gach consan**	**na**	**gan aon athrú**	leac na fuinneoige deireadh na caibidle bun na sráide muintir na Téalainne
Guta	**gach guta**	**na**	***h* roimhe**	timpeall na háite foireann na hÍsiltíre

Tábla 1F An Tuiseal Ginideach Uatha

*Is iad seo na consain inséimhithe: *b*, *c*, *d*, *f*, *g*, *m*, *p*, *s* agus *t*

1.6 An tIolra

Is é *na* foirm iolra an ailt. Is ionann foirm an ailt don dá inscne agus sna tuisil go léir san uimhir iolra.

1.6.1 An Tuiseal Ainmneach Iolra agus an Tuiseal Cuspóireach Iolra

Sa tábla thíos, léirítear an tionchar a bhíonn ag an alt ar an ainmfhocal sa tuiseal ainmneach iolra agus sa tuiseal cuspóireach iolra.

FIRINSCNEACH AGUS BAININSCNEACH			
Túslitir an Ainmfhocail	**Foirm an Ailt**	**An Tionchar ar an Túslitir**	**Samplaí**
Consan	**na**	**gan aon athrú**	na capaill ghlasa na cnoic arda na fuinneoga móra na Seapánaigh na sráideanna
Guta	**na**	***h* roimhe**	na hAchtanna tábhachtacha na háiteanna na hAlbanaigh bhródúla na hÉireannaigh na híomhánna

Tábla 1G An Tuiseal Ainmneach Iolra agus an Tuiseal Cuspóireach Iolra

1.6.2 An Tuiseal Tabharthach Iolra

Leanann an tuiseal tabharthach na réamhfhocail *a, ag, ar, as, chuig, dar, de, do, faoi, fara, go, i, ionsar, le, ó, roimh, trí* agus *um*. Déantar cumasc idir an réamhfhocal *i* agus an t-alt san uimhir iolra: *i + na = sna*. Tá foirm ar leith ar *fara* agus *le* roimh an alt san uimhir iolra: *fara, fairis*; *le, leis*. Léirítear sa tábla thíos an tionchar a bhíonn ag an alt ar an ainmfhocal sa tuiseal tabharthach iolra.

FIRINSCNEACH AGUS BAININSCNEACH			
Túslitir an Ainmfhocail	**Foirm an Ailt**	**An Tionchar ar an Túslitir**	**Samplaí**
Consan	**na**	**gan aon athrú**	ag na fir mhóra ar na mná cliste as na seirbhísí poiblí chuig na mic léinn ghlóracha de na crainn do na Teachtaí faoi na daoine fairis na gardaí leis na fasaigh ó na múinteoirí roimh na cait sna boscaí thar na farraigí trí na gairdíní um na coillte
Guta	**na**	***h* roimhe**	ag na hiníonacha fásta ar na hoileáin ghaofara as na hirisí acadúla chuig na hoifigigh dheasa de na huimhreacha do na hoibreacha faoi na heachtraí fairis na hógmhná leis na heochracha ó na hÉireannaigh roimh na héin sna heitleáin thar na háiteanna trí na haistriúcháin um na hAchtanna

Tábla 1H An Tuiseal Tabharthach Iolra

1.6.3 An Tuiseal Ginideach Iolra

Sa tábla thíos, léirítear an tionchar a bhíonn ag an alt ar an ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra.

FIRINSCNEACH AGUS BAININSCNEACH			
Túslitir an Ainmfhocail	**Foirm an Ailt**	**An Tionchar ar an Túslitir**	**Samplaí**
Consan inuraithe*	**na**	**urú**	trasna na gcnoc íseal leaca na bhfuinneog i measc na ndaoine
Guta	**na**	**urú**	líon na n-áiteanna breátha costas na n-oibreacha líon na nAlbanach

Tábla 11 An Tuiseal Ginideach Iolra

*Is iad seo na consain inuraithe: *b, c, d, f, g, p* agus *t*.

1.7 An Tuiseal Tabharthach Uatha – Córas an tSéimhithe

1.7.1 Sa tuiseal tabharthach uatha amháin, tá rogha eile ann ar a dtugtar Córas an tSéimhithe. Moltar cloí le córas amháin – an Córas Lárnach nó Córas an tSéimhithe – agus gan na córais a mheascadh.

1.7.2 Is ionann na rialacha a bhaineann leis an tuiseal tabharthach iolra sa Chóras Lárnach agus i gCóras an tSéimhithe (féach 1.6.2).

1.7.3 I gCóras an tSéimhithe, cuirtear séimhiú ar ainmfhocail dar tús consan (seachas *d*, *t* agus *s*) agus ar na haidiachtaí a ghabhann leo. Féach an tábla thíos.

CÓRAS AN tSÉIMHITHE – AINMFHOCAIL DAR TÚS CONSAN SEACHAS *d*, *t* AGUS *s*	
Firinscneach	**Baininscneach**
ag an fhear mhaith	ag an chuideachta bheag
ar an bhosca dhearg	ar an bhean shaibhir
as an ghleann mhór	as an pháirc chéanna
chuig an Choimisinéir choinsiasach	chuig an bhean ghairmiúil
den chrann chaol	den bhean fhlaithiúil
don fhear throm	don chuideachta ghnóthach
fairis an gharda bhéasach	fairis an bhean chairdiúil
faoin fhógra phráinneach	faoin ghrian bhreá
sa bhosca bhuí sa fhraoch bhán *ACH i gcás* f *roimh ghuta*: san fhéar fhliuch	sa chomhairle shóisialta sa fhrithréabhlóid fhíochmhar *ACH i gcás* f *roimh ghuta*: san fharraige ghlan
leis an fhasach chruinn	leis an bháisteach throm
ón chaisleán fhuar	ón chathair mhór
roimh an chruinniú thábhachtach	roimh an bhainis bheag
thar an chnoc bhán	thar an fharraige chiúin
tríd an ghairdín bhreá	tríd an fhuinneog ghorm
um an Bhille fhada	um an ghníomhaireacht reachtúil

Tábla 1J An Tuiseal Tabharthach Uatha – Córas an tSéimhithe – Ainmfhocail dar tús Consan seachas *d*, *t* agus *s*

1.7.4 Maidir le hainmfhocail fhirinscneacha agus bhaininscneacha dar tús *s*, cuirtear *t* roimh an *s* (seachas i gcás ainmfhocail dar tús *sc-*, *sf-*, *sm-*, *sp-*, *st-* nó *sv-* a fhágtar lom) mar a léirítear sa tábla thíos.

CÓRAS AN tSÉIMHITHE – AINMFHOCAIL DAR TÚS *s*	
Firinscneach	**Baininscneach**
Cuirtear *t* roimh an *s*, seachas i gcás *sc-, sf-, sm-, sp-, st-* nó *sv-*	
ag an tSeapánach chliste	ag an tseanmháthair bhocht
ar an tsuíochán fhliuch	ar an tsráid ghlan
as an tsailéad bhlasta	as an tsaoire bhliantúil
chuig an tSeanadóir nuacheaptha	chuig an tsatailít mhór
den tsaighdiúir shásúil	den tslándáil shóisialach
don tSeanadóir nua	don tsaoirse cheart
fairis an tsaineolaí lách	fairis an tseanbhean shaibhir
faoin tsonrasc dhéanach	faoin tslí dhíreach
sa tsoitheach ghorm	sa tseacláid mhilis
leis an tsalann bhán	leis an tslat fhada
ón tsuirbhé phearsanta	ón scoil bheag
roimh an tsamhradh fhada	roimh an tseachtain mhór
thar an tseol mhór	thar an tSionainn fhada
tríd an tsorcas mhór	tríd an tseift chliste
um an tsainchomhairleoir chruinn	um an tseirbhís mhaith

Tábla 1K An Tuiseal Tabharthach Uatha – Córas an tSéimhithe – Ainmfhocail dar tús *s*

1.7.5 Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail fhirinscneacha ná ar ainmfhocail bhaininscneacha dar tús guta. Féach an tábla thíos.

CÓRAS AN tSÉIMHITHE – AINMFHOCAIL DAR TÚS GUTA	
Firinscneach	**Baininscneach**
ag an Albanach chiallmhar	ag an aeráid ghaofar
ar an eitleán dhubh	ar an olann bhán
as an uisce ghlan	as an iris cháiliúil
chuig an Aire ilteangach	chuig an Ostair shléibhtiúil
den alt fhada	den uimhir chruinn
don údarás chéanna	don obair chrua
fairis an oifigeach mhúinte	fairis an ógbhean chliste

Tábla 1L An Tuiseal Tabharthach Uatha – Córas an tSéimhithe – Ainmfhocail dar tús Guta

1.7.6 Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail fhirinscneacha ná ar ainmfhocail bhaininscneacha dar tús *d* agus *t*. Féach an tábla thíos.

CÓRAS AN tSÉIMHITHE – AINMFHOCAIL DAR TÚS *d* AGUS *t*	
Firinscneach	**Baininscneach**
faoin dréimire bhriste	faoin deacracht bhreise
sa teas mhór	sa deoch fhuar
leis an duine chiúin	leis an taithí mhaith
ón deartháir chineálta	ón teanga líofa
roimh an tarbh fhiáin	roimh an deighilt mhór
thar an teach ghorm	thar an diallait nua
tríd an talamh chrua	tríd an drochaimsir ghránna
um an dlí choiriúil	um an tagairt chuí

Tábla 1M An Tuiseal Tabharthach Uatha – Córas an tSéimhithe – Ainmfhocail dar tús *d* agus *t*

CAIBIDIL 2 | AN tAINMFHOCAL

2.1 Ginearálta

2.1.1 Na Díochlaontaí

Roinntear na hainmfhocail ina gcúig dhíochlaonadh, de réir fhoirm a dtuisil ghinidigh, mar a léirítear i dtábla 2E.

2.1.2 Na Tuisil

(a) **An tAinmneach agus an Cuspóireach**

Is ionann foirm don dá thuiseal seo anois, san uatha agus san iolra, agus áirítear iad araon faoin teideal *Ainmneach* i ndíochlaonadh na n-ainmfhocal.

(b) **An Tabharthach**

Is ionann foirm freisin don tabharthach agus don ainmneach, uatha agus iolra (ach féach 2.3.3), agus áirítear an tuiseal sin freisin faoin teideal *Ainmneach*.

(c) **An Ginideach**

Tugtar foirm an ghinidigh sna díochlaontaí éagsúla sna táblaí sa chaibidil seo agus sa chur síos ar na díochlaontaí ar leithligh.

(d) **An Gairmeach**

Sa tuiseal gairmeach, cuirtear an mhír ghairmeach *a* roimh an ainmfhocal agus séimhítear túschonsan an ainmfhocail ar a lorg. Is ionann foirm don ghairmeach agus don ainmneach ach amháin sa Chéad Díochlaonadh agus ní gá an gairmeach a shonrú ar leithligh taobh amuigh den díochlaonadh sin (féach 2.2.3 agus 2.2.4(c)).

2.1.3 An tIolra

Is féidir iolraí na n-ainmfhocal a roinnt ina dhá bpríomhaicme: tréaniolraí agus lagiolraí. Déantar cur síos ar an dá aicme anseo thíos:

(a) **Tréaniolraí**

Tugtar tréaniolra ar iolra ainmfhocail i gcás gurb ionann foirm iolra an ainmfhocail sna tuisil go léir.

AN DÍOCHLAONADH	UATHA		IOLRA	
	Ainmneach	Ginideach	Ainmneach	Ginideach
An Chéad Díochlaonadh	cás	cáis	cásanna	cásanna
	ceol	ceoil	ceolta	ceolta
An Dara Díochlaonadh	foirm	foirme	foirmeacha	foirmeacha
	sliabh	sléibhe	sléibhte	sléibhte
An Tríú Díochlaonadh	feirmeoir	feirmeora	feirmeoirí	feirmeoirí
	foráil	forála	forálacha	forálacha
An Ceathrú Díochlaonadh	amhránaí	amhránaí	amhránaithe	amhránaithe
	gloine	gloine	gloiní	gloiní
An Cúigiú Díochlaonadh	deartháir	dearthár	deartháireacha	deartháireacha
	lasair	lasrach	lasracha	lasracha
Ainmfhocail Neamhrialta	leaba	leapa	leapacha	leapacha
	teach	tí	tithe	tithe

Tábla 2A Samplaí de Thréaniolraí

(b) **Lagiolraí**

Tugtar lagiolra ar iolra ainmfhocail i gcás nach ionann foirm an ainmfhocail sa ghinideach iolra agus foirm an ainmfhocail sna tuisil eile san iolra. Leis an aicme sin, baineann:

(i) Ainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan leathan agus a gcaolaítear a gconsan deiridh san ainmneach iolra agus sa ghinideach uatha, e.g., *fear, tá na fir ag teacht, hata an fhir; eitleán, feictear na heitleáin sa spéir, athraíodh roth an eitleáin*. Is sa Chéad Díochlaonadh amháin atá na hainmfhocail sin. Léirítear sampla sa tábla thíos:

AN CHÉAD DÍOCHLAONADH		
	Ainmneach	**Ginideach**
UATHA	fear	fir
IOLRA	fir	fear

Tábla 2B An Chéad Díochlaonadh – Lagiolraí

(ii) Ainmfhocail a ghabhann *-a* san ainmneach iolra gan coimriú ná malartú guta nó gutaí ná leathnú ar an ainmneach uatha – cailleann siad an guta deiridh *-a* sa ghinideach iolra. Is sa Dara Díochlaonadh is mó atá na hiolraí sin, e.g., *géag crainn, do ghéaga a shíneadh, laige na ngéag*. Léirítear sampla sa tábla thíos:

AN DARA DÍOCHLAONADH		
	Ainmneach	**Ginideach**
UATHA	fuinneog	fuinneoige
IOLRA	fuinneoga	fuinneog

Tábla 2C An Dara Díochlaonadh – Lagiolraí

Tabhair faoi deara go bhfuil roinnt ainmfhocal a leanann an patrún céanna sa Chéad Díochlaonadh, e.g., *úll, itheadh na húlla, blas na n-úll*; sa Tríú Díochlaonadh, e.g., *tréad caorach, tréada is comhaltas, seoladh na dtréad*; agus sa Cheathrú Díochlaonadh, e.g., *gach aon neach, na neacha daonna, teacht na neach neamhshaolta*.

(iii) Dornán ainmfhocal sa Dara Díochlaonadh, e.g., *súil, leath na súile uirthi, radharc na súl*; dornán sa Tríú Díochlaonadh, e.g., *mionn, na mionnaí marbha, dar bhrí na mionn*; dornán sa Cheathrú Díochlaonadh, e.g., *bó, tá na ba sa gharraí, cró na mbó*; dornán sa Chúigiú Díochlaonadh, e.g., *caora, tá na caoirigh ann, líon na gcaorach*; agus corr-ainmfhocal neamhrialta, e.g., *bean, tá na mná ag teacht, hataí na mban*; a bhfuil foirm leithleach orthu sa ghinideach iolra. Léirítear samplaí sa tábla thíos:

AN DÍOCHLAONADH	UATHA		IOLRA	
	Ainmneach	**Ginideach**	**Ainmneach**	**Ginideach**
An Dara Díochlaonadh	ealaín	ealaíne	ealaíona	ealaíon
	súil	súile	súile	súl
An Tríú Díochlaonadh	mionn	mionna	mionnaí	mionn
An Ceathrú Díochlaonadh	bó	bó	ba	bó
	grásta	grásta	grásta	grást
An Cúigiú Díochlaonadh	caora	caorach	caoirigh	caorach
	lacha	lachan	lachain	lachan
Ainmfhocail Neamhrialta	bean	mná	mná	ban
	olann	olla	olanna	olann

Tábla 2D Lagiolraí Eile – Samplaí

2.1.4 Caolú

Is é is caolú ann consan leathan a dhéanamh caol. Cuirtear *-i-* roimh an gconsan deiridh chun caolú a chur in iúl, e.g., *cnoc, cnoic*. Déantar an caolú céanna i gcás consan deiridh a bhfuil *ae* roimhe, e.g., *aer, aeir*.

Is iondúil go n-athraítear gutaí áirithe nuair a chaolaítear an consan ina ndiaidh:

(a) *-ea-* agus *-io-* go *-i-*, e.g., *ceann, cinn*; *fionn, finn* (ach in ainmfhocail aonsiollacha áirithe *ea-* go *ei-*, e.g., *each, eich*);

(b) *-éa-* agus *-ia-* go *-éi-*, e.g., *béal, béil; iasc, éisc;*

(c) *-ío-* go *-í-*, e.g., *síol, síl;*

(d) in ainmfhocail ilsiollacha, *-ach* go *-aigh*, *-each* go *-igh*, *-íoch* go *-ígh*, e.g., *bithiúnach, bithiúnaigh; cléireach, cléirigh; gaiscíoch, gaiscígh.* Baineann an t-athrú sin leis na hainmfhocail aonsiollacha seo a leanas a scríobhtaí tráth mar fhocail dhéshiollacha, e.g., *dúch, dúigh; fiach, fiaigh;* agus le corr-ainmfhocal aonsiollach eile, e.g., *fraoch, fraoigh.*

2.1.5 Leathnú

Is é is leathnú ann consan caol a dhéanamh leathan. Déantar an *-i-* roimh an gconsan deiridh a ligean ar lár chun ainmfhocal a leathnú, e.g., *athair, athar; droim, droma.*

Is iondúil go n-athraítear gutaí áirithe mar a leanas nuair a leathnaítear iad:

(a) *-ei-* agus *-i-* go *-ea-*, e.g., *greim, greama; mil, meala;*

(b) *-éi-* go *-éa-*, e.g., *úinéir, úinéara;*

(c) *-oi-* agus *-ui-* go *-o-*, e.g., *fuil, fola*; *toil, tola*.

2.1.6 Coimriú

Is é is coimriú ann guta nó gutaí atá gairid neamhaiceanta a ligean ar lár as focal nuair a dhéantar infhilleadh air, e.g., *cathair, cathrach*; *obair, oibre*.

2.1.7 An Comhfhocal

Déantar comhfhocal nuair a cheanglaítear dhá fhocal nó níos mó le chéile, e.g., *bunscoil*; *príomhoifigeach*; *ríomheolaíocht*. Séimhítear an dara focal i gcomhfhocal, e.g., *deargbhuile*; *rósghairdín*, ach amháin nuair a thagann *d, n, t, l* nó *s* le chéile, e.g., *antráth*; *catsúil*. Úsáidtear an fleiscín i gcomhfhocal:

(a) idir dhá ghuta, e.g., *fo-aicme*; *mí-ádh*; *mí-iompar*; *ró-olc*;

(b) idir comhchonsain, e.g., *droch-chaint*; *gearr-rás*; *gnáth-thuarastal*;

(c) idir dhá réimír, e.g., *comh-cheolfhoireann*; *mór-cheoldráma*; *sin-seanathair*;

(d) i gcásanna inar bhaol go mbeadh an comhfhocal do-aitheanta d'éagmais an fhleiscín, mar shampla idir na réimíreanna *do-*, *fo-*, *so-* agus focail dar tús *bha-*, *bhla-*, *bhra-*, *dha-*, *gha-*, *ghla-*, *ghra-*, *mha-*, e.g., *do-ghlanta*; *fo-bhaile*; *so-mharaithe*;

(e) i dteidil shainiúla agus ceannlitreacha orthu, e.g., *an Ard-Chúirt*; *an tArd-Aighne*; *an Príomh-Aire*; *an Príomh-Bhreitheamh*;

(f) i ndiaidh *an-* (réimír threise) agus i ndiaidh *dea-*, e.g., *an-aimsir*; *dea-bhéas*. Tabhair faoi deara nach séimhítear an dara focal i gcomhfhocal i ndiaidh *an-* nuair a thagann *d, t* nó *s* ar a lorg, e.g., *an-duine is ea é*; *an-drochaimsir* (féach 10.2.12).

Nóta:
- Cuirtear dhá fhleiscín i gcomhfhocal nuair is gá ar mhaithe leis an tsoiléireacht, e.g., *an-dea-aimsir*; *an-droch-chaint*; *iar-nua-aimseartha*; *an Leas-Phríomh-Aire*.
- Ní gá fleiscín a chur i dtéarma riaracháin ina bhfuil níos mó ná réimír amháin má tá brí an téarma soiléir gan é, e.g., *comhfhochoiste*; *roghfhochoiste*.
- Tabhair faoi deara, má tá *iar* ag teacht roimh theideal a thosaíonn ar cheannlitir, nach gá fleiscín a chur idir *iar* agus an teideal, e.g., *an t-iarArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.*

2.1.8 Gearrléiriú ar na Díochlaontaí

AN CHÉAD DÍOCHLAONADH

Inscne	Ainmneach Uatha	Ginideach Uatha	Ainmneach Iolra	Ginideach Iolra
Firinscneach	Críochnaíonn ar chonsan leathan, e.g., *bád, cás, ceol, marcach.*	Caolaítear an consan deiridh, e.g., *báid, cáis, ceoil, marcaigh.*	Bíonn ar aon fhoirm de ghnáth leis an nginideach uatha, e.g., *báid, marcaigh.*	Bíonn ar aon fhoirm de ghnáth leis an ainmneach uatha, e.g., *bád, marcach.*
			Is ionann an fhoirm sna tuisil go léir, e.g., *cásanna, ceolta.*	

AN DARA DÍOCHLAONADH

Inscne	Ainmneach Uatha	Ginideach Uatha	Ainmneach Iolra	Ginideach Iolra
Baininscneach, ach *im, sliabh.*	Críochnaíonn ar chonsan (leathan nó caol), e.g., *aisling, áit, baintreach, bróg, coill, foirm, muinín, pian, scornach, tír.*	Críochnaíonn ar *-e*, e.g., *aislinge, áite, bróige, coille, foirme, muiníne, péine, tíre*; nó ar *-(a)í*, e.g., *baintrí, scornaí.*	Críochnaíonn ar *-a*, e.g., *baintreacha, bróga, scornacha.*	Caillteann an *-a*, e.g., *baintreach, bróg, scornach.*
			Críochnaíonn ar *-a, -e, -(e)acha, -(e)anna, -í, -t(h)a, -te* agus is ionann an fhoirm sna tuisil go léir, e.g., *aislingí, áiteanna, coillte, foirmeacha, pianta, tíortha.*	

AN TRÍÚ DÍOCHLAONADH

Inscne	Ainmneach Uatha	Ginideach Uatha	Ainmneach Iolra	Ginideach Iolra
Firinscneach agus Baininscneach	Críochnaíonn ar chonsan (leathan nó caol), e.g., *bádóir, éacht, foráil, gleann, lus, táin.*	Críochnaíonn ar *-a*, e.g., *bádóra, éachta, forála, gleanna, lusa, tána.*	Críochnaíonn ar *-a, -acha, -(a)í, -(e)anna, -ta, -te* agus is ionann an fhoirm sna tuisil go léir, e.g., *bádóirí, éachtaí, forálacha, gleannta, lusanna, táinte.*	

AN CEATHRÚ DÍOCHLAONADH

Inscne	Ainmneach Uatha	Ginideach Uatha	Gach Tuiseal – Iolra
Firinscneach agus Baininscneach	Críochnaíonn ar ghuta nó ar *-ín* (seachas *muinín* agus *muirín* (sa bhrí *clann*) atá sa dara díochlaonadh), e.g., *acra, cailín, oibrí, trá.* Ní athraíonn sa ghinideach.		Críochnaíonn ar *-(a)í, -(e)anna, -(i)te, -(i)the, -nna, -nna* agus is ionann an fhoirm sna tuisil go léir, e.g., *acraí, cailíní, oibrithe, tránna.*

AN CÚIGIÚ DÍOCHLAONADH

Inscne	Ainmneach Uatha	Ginideach Uatha	Gach Tuiseal – Iolra
Baininscneach, ach roinnt bheag Firinscneach	Críochnaíonn ar *-il, -in, -ir* nó ar ghuta, e.g., *athair, cabhail, cáin, fiche.*	Críochnaíonn ar chonsan leathan, e.g., *athar, cabhlach, cánach, fichead.*	Críochnaíonn ar *-(e)acha, -idí, -na, -ne* agus is ionann an fhoirm sna tuisil go léir, e.g., *aithreacha, cabhlacha, cánacha, fichidí.*

Tábla 2E Gearrléiriú ar na Díochlaontaí

Nóta: Mar a luadh in 2.1.2, is ionann foirm don Tuiseal Ainmneach, don Tuiseal Cuspóireach agus don Tuiseal Tabharthach agus áirítear iad uile faoin teideal Ainmneach.

2.2 An Chéad Díochlaonadh

2.2.1 An tUatha

Is leis an díochlaonadh seo a bhaineann formhór na n-ainmfhocal firinscneach a chríochnaíonn ar chonsan leathan san ainmneach uatha. Is firinscneach do na hainmfhocail go léir sa chéad díochlaonadh.

2.2.2 An Ginideach Uatha

(a) Sa ghinideach uatha, caolaítear an consan deiridh, e.g., *bord, boird; nuachtán, nuachtáin.*

(b) Gabhann na hathruithe a luaitear faoi 2.1.4 leis an gcaolú ach ní athraítear *-ia-* go *-éi-* sna hainmfhocail seo: *Brian, Briain; cliant, cliaint; fiar, fiair; giar, giair; rian, riain; srian, sriain;* agus *trian, triain.*

(c) Athraítear *mac* go *mic* sa ghinideach uatha agus san ainmneach iolra.

(d) Sa ghinideach uatha, athraítear *-ea-* go *-i-*, e.g., *breac, bric*; *cuireadh, cuiridh*; *leiceann, leicinn*; seachas i gcás ainmfhocail aonsiollacha áirithe, e.g., *each, eich*.

2.2.3 An Gairmeach Uatha

(a) Is ionann foirm de ghnáth don ghairmeach uatha agus don ghinideach uatha, e.g., *a Chorcaígh, a mhic, a Sheáin.*

(b) Ní gnách, áfach, infhilleadh sa ghairmeach uatha:

(i) ar shlua-ainmneacha, e.g., *a chomhthionól*; *a phobal;*

(ii) ar ainmfhocail a úsáidtear le brí mheafarach nó mar ainmneacha ceana, e.g., *a cheann cipín*; *a chumann*; *a ghrá geal*; *a rós geal*; *a rún*; *a stór*;

(iii) ar ainmfhocal a bhfuil ginideach cinnte faoi réir aige, e.g., *a Chléireach na Dála*; *a fhear an tí*; *a scáthán an chirt*; *a shólás na ndobrónach*;

(iv) ar theideal oifige ilfhoclach, e.g., *a Cheann Comhairle*; *a Oifigeach Ealaíon*; *a Cheann Scoile.*

2.2.4 An tIolra

Tá idir lagiolraí agus tréaniolraí sa díochlaonadh seo. Is lagiolraí iad na hainmfhocail a gcaolaítear a ndeireadh, e.g., *amhrán, amhráin*; nó a gcuirtear *-a* leo gan aon athrú eile, e.g., *nod, noda*; *úll, úlla*; san ainmneach iolra. Tréaniolraí is ea na hainmfhocail eile.

Tabhair faoi deara go bhfuil patrún an Chéad Díochlaonta le feiceáil i gcolún an ghinidigh uatha sna táblaí ina dhiaidh seo, is é sin, go gcaolaítear an consan deiridh agus go n-athraítear *-(e)ach* go *-(a)igh*.

(a) **Tréaniolraí**

AICMÍ TRÉANIOLRAÍ	UATHA		IOLRA
	Ainmneach	**Ginideach**	**Gach Tuiseal**
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-ta, -tha* san iolra Formhór na n-ainmfhocal aonsiollach ina bhfuil guta fada (nó défhoghar) agus a chríochnaíonn ar *-l, -n* (ach ní ar *-ll, -nn*) san ainmneach uatha. Cuirtear *-tha* san iolra le corr-ainmfhocal a chríochnaíonn ar *-r* (ach ní ar *-rr*) san ainmneach uatha.	braon fál glór líon pór tuar	braoin fáil glóir lín póir tuair	braonta fálta glórtha líonta pórtha tuartha
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-aí, -í* san iolra Ainmfhocail ilsiollacha áirithe a chríochnaíonn ar *-ch*, agus roinnt ar *-dh*, san ainmneach uatha, mar aon le roinnt ainmfhocail eile.	árthach cladach cúram daichead margadh	árthaigh cladaigh cúraim daichid margaidh	árthaí cladaí (*gin. iol.* cladach) cúraimí daichidí margaí
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-taí, -thaí* san iolra	aonach dearcadh toradh	aonaigh dearcaidh toraidh	aontaí dearcthaí torthaí
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-anna* san iolra	cás praghas saghas	cáis praghais saghais	cásanna praghsanna saghsanna
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-e* san iolra agus a dhéantar a choimriú	bóthar doras uasal	bóthair dorais uasail	bóithre doirse uaisle
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-(e)acha* san iolra	cineál coinníoll tobar	cineáil coinníll tobair	cineálacha coinníollacha toibreacha
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-te* san iolra	claíomh muileann smaoineamh	claímh muilinn smaoinimh	claimhte muilte smaointe
Ainmfhocail ilghnéitheacha	breitheamh briathar gníomh scaitheamh	breithimh briathair gnímh scaithimh	breithiúna briathra gníomhartha scaití

Tábla 2F Tréaniolraí sa Chéad Díochlaonadh – Samplaí

(b) **Lagiolraí**

AICMÍ LAGIOLRAÍ	UATHA		IOLRA	
	Ainmneach	**Ginideach**	**Ainmneach**	**Ginideach**
Ainmfhocail a chaolaítear san ainmneach iolra	amhrán beithíoch foirgneamh iasc	amhráin beithígh foirgnimh éisc	amhráin beithígh foirgnimh éisc	amhrán beithíoch foirgneamh iasc
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-a* san ainmneach iolra	bruach ceap giall úll	bruaigh cip géill úill	bruacha ceapa gialla úlla	bruach ceap giall úll

Tábla 2G Lagiolraí sa Chéad Díochlaonadh – Samplaí

(c) **An Gairmeach Iolra**

Is ionann foirm don ghairmeach iolra agus don ainmneach iolra ach amháin i gcás na lagiolraí. Is gnách *-a* a chur le foirm an ainmnigh uatha de na hainmfhocail sin chun an gairmeach iolra a dhéanamh, e.g., *Corcaíoch, a Chorcaíocha*; *fear, a fheara*; *Gael, a Ghaela*.

2.3 An Dara Díochlaonadh

2.3.1 An tUatha

Críochnaíonn ainmfhocail an díochlaonta seo ar chonsan, leathan nó caol, san ainmneach uatha. Is baininscneach dóibh uile seachas *im* agus *sliabh*.

2.3.2 An Ginideach Uatha

(a) Cuirtear *-e* leis an ainmneach uatha agus más consan leathan is críoch dó caolaítear é, e.g., *bróg, bróige; coill, coille*; *earr, eirre*; ach amháin i gcás ainmfhocail ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-(e)ach*.

(b) I gcás ainmfhocail ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-(e)ach*, déantar *-(a)í* den *-(e)ach*, e.g., *scornach, scornaí; cailleach, caillí.*

(c) Gabhann na hathruithe a luaitear faoi 2.1.4 leis an gcaolú faoi réir na n-ainmfhocal seo a leanas:

(i) *-ea-* go *-ei-*, e.g., *beach, beiche* (athraítear *-ea-* go *-i-* san ainmfhocal aonsiollach, e.g., *beann, binne*; *cearc, circe*; agus sa siolla neamhaiceanta d'ainmfhocail ilsiollacha, e.g., *bruinneall, bruinnille; ficheall, fichille*); agus

(ii) *-ia-* go *-i-* san fhocal *scian, scine.*

2.3.3 An Tabharthach Uatha

Tá dhá fhoirm den tabharthach uatha ann i gcás ainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan leathan:

(a) foirm is ionann agus foirm an ainmnigh uatha;

(b) seanfhoirm leithleach nach n-úsáidtear ach in abairtíní seanbhunaithe, e.g., *cur i gcéill*; *cur dá chois*; *airgead ar láimh*; *bolg le gréin*; *imithe le gealaigh*; *cur de láimh*; *faoi bhois an chait*; *bíonn a chroí ar a bhois i gcónaí aige*; *ar éill*; etc.

2.3.4 An tIolra

Tá idir lagiolraí agus tréaniolraí sa díochlaonadh seo.

Tabhair faoi deara go bhfuil patrún an Dara Díochlaonadh le feiceáil i gcolún an ghinidigh uatha sna táblaí ina dhiaidh seo, is é sin, go gcríochnaíonn an ginideach uatha ar *-e* agus go gcaolaítear an consan deiridh más consan leathan é, agus i gcás ainmfhocail ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-(e)ach*, go n-athraítear *-(e)ach* go *-(a)í*.

(a) **Tréaniolraí**

AICMÍ TRÉANIOLRAÍ	UATHA		IOLRA
	Ainmneach	**Ginideach**	**Gach Tuiseal**
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-a* san iolra agus a ndéantar coimriú, leathnú nó malartú ar a ngutaí	dabhach roinn scian	daibhche roinne scine	dabhcha ranna sceana
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-(e)anna* san iolra	áit blaosc im	áite blaoisce ime	áiteanna blaoscanna imeanna
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-í* san iolra Ainmfhocail ilsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan caol san ainmneach uatha.	abairt cáipéis earráid	abairte cáipéise earráide	abairtí cáipéisí earráidí
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-(e)acha* san iolra Ainmfhocail aonsiollacha, agus ainmfhocail ilsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan caol san ainmneach uatha (seachas *iníon* a chríochnaíonn ar chonsan leathan).	bainis iall iníon maidin	bainise éille iníne maidine	bainiseacha iallacha iníonacha maidineacha
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-ta* san iolra Roinnt ainmfhocail aonsiollacha a chríochnaíonn ar *-l* nó *-n* leathan san ainmneach uatha.	buíon grian steall	buíne gréine steille	buíonta grianta steallta

Tábla 2H Tréaniolraí sa Dara Díochlaonadh – Samplaí

AICMÍ TRÉANIOLRAÍ	UATHA		IOLRA
	Ainmneach	**Ginideach**	**Gach Tuiseal**
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-te* san iolra Corr-ainmfhocal a chríochnaíonn ar *-l* nó *-n* caol san ainmneach uatha.	aill bléin linn	aille bléine linne	aillte bléinte linnte
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-e* san iolra agus a dhéantar a choimriú	caingean coinneal foireann maighean	caingne coinnle foirne maighne	caingne coinnle foirne maighne
Ainmfhocail ilghnéitheacha	culaith gualainn sliabh uair	culaithe gualainne sléibhe uaire	cultacha guaillí sléibhte uaireanta

Tábla 2H Tréaniolraí sa Dara Díochlaonadh – Samplaí (ar lean.)

(b) **Lagiolraí**

AICMÍ LAGIOLRAÍ	UATHA		IOLRA	
	Ainmneach	**Ginideach**	**Ainmneach**	**Ginideach**
Ainmfhocail aonsiollacha agus ilsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan san ainmneach uatha agus a gcuirtear *-a* leo san ainmneach iolra gan aon athrú eile	amharclann beach dallóg gealach girseach maighdean	amharclainne beiche dallóige gealaí girsí maighdine	amharclanna beacha dallóga gealacha girseacha maighdeana	amharclann beach dallóg gealach girseach maighdean
Ainmfhocail a leathnaítear agus a chríochnaíonn ar *-a* san ainmneach iolra	cill deoir ealaín rinn	cille deoire ealaíne rinne	cealla deora ealaíona reanna	ceall deor ealaíon reann
Corr-ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan caol san ainmneach uatha agus a chríochnaíonn ar *-e* san ainmneach iolra	ainimh dúil glúin súil	ainimhe dúile glúine súile	ainimhe dúile glúine súile	aineamh dúl glún súl

Tábla 2I Lagiolraí sa Dara Díochlaonadh – Samplaí

2.4 An Tríú Díochlaonadh

2.4.1 An tUatha

(a) Is leis an díochlaonadh seo a bhaineann ainmfhocail ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-áil*, *-aíl*, *-cht*, *-éir*, *-eoir*, *-irt*, *-óir*, *-úil*, *-úint*, *-úir* (seachas i gcás ainmneacha tíortha atá sa Dara Díochlaonadh, e.g., *an Ailgéir*, *an Bhrasaíl*, *an Iodáil*).

(b) Is leis an díochlaonadh seo freisin a bhaineann roinnt ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan, leathan nó caol, san ainmneach uatha. I gcás na n-ainmfhocal sin, críochnaíonn an ginideach uatha ar *-a* agus leathnaítear an consan deiridh más gá, e.g., *buachaill*, *buachalla*; *gleann*, *gleanna* (féach 2.1.5).

2.4.2 An Ginideach Uatha

(a) Mar a luadh in (b) thuas, críochnaíonn an ginideach uatha ar *-a*.

(b) Is iondúil go n-athraítear *-io-* go *-ea-* sa ghinideach uatha i gcás ainmfhocail aonsiollacha, e.g., *crios, creasa; lios, leasa*; ach *cion* (sa bhrí *coir*), *ciona.*

(c) Ligtear an *-t* ar lár sa ghinideach uatha as ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-int,* e.g., *oiliúint, oiliúna* (ach amháin sna heisceachtaí *cogaint*, *coganta*; *cosaint*, *cosanta*; *seachaint*, *seachanta*). Déantar *-th-* den *-t* i gcás ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-irt,* e.g., *imirt, imeartha.*

2.4.3 An tIolra

Tá idir lagiolraí agus tréaniolraí sa díochlaonadh seo.

Tabhair faoi deara go bhfuil patrún an Tríú Díochlaonadh le feiceáil i gcolún an ghinidigh uatha sna táblaí ina dhiaidh seo, is é sin, go gcríochnaíonn an ginideach uatha ar *-a* agus go leathnaítear an consan deiridh más consan caol é.

(a) **Tréaniolraí**

AICMÍ TRÉANIOLRAÍ	UATHA		IOLRA
	Ainmneach	**Ginideach**	**Gach Tuiseal**
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-(a)í* san iolra Ainmfhocail ilsiollacha (firinscneach seachas corrcheann, e.g., *altóir, seanmóir*) a chríochnaíonn ar *-éir, -eoir, -óir, -úir*, agus ainmfhocail ilsiollacha (baininscneach seachas corrcheann, e.g., *bunreacht, comhlacht, complacht, gnólacht*) a chríochnaíonn ar *-cht, -irt, -úint* san ainmneach uatha.	athnuachan bagairt báicéir beannacht dlíodóir dochtúir eisiúint múinteoir	athnuachana bagartha báicéara beannachta dlíodóra dochtúra eisiúna múinteora	athnuachaintí bagairtí báicéirí beannachtaí dlíodóirí dochtúirí eisiúintí múinteoirí
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-(e)anna* san iolra Ainmfhocail fhirinscneacha ilsiollacha (seachas roinnt ainmfhocal atá baininscneach, e.g., *cuid, dleacht, troid, uaim*).	droim rang troid	droma ranga troda	dromanna ranganna troideanna
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-a* san iolra agus a ndéantar coimriú, leathnú nó malartú ar a ngutaí	feadhain gamhain slios	feadhna gamhna sleasa	feadhna gamhna sleasa
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-acha* san iolra Ainmfhocail ilsiollacha bhaininscneacha a chríochnaíonn ar *-l*, *-n* nó *-r* caol (eisceachtaí: *anam, anama, anamacha*; *úim, úma, úmacha*) san ainmneach uatha. Tabhair faoi deara gur mar sin a chumtar ginideach uatha ainmfhocal a chríochnaíonn ar *-aíl* freisin, e.g., *feadaíl, feadaíola*; *sceamhaíl, sceamhaíola*.	admháil barúil fíniúin onóir	admhála barúla fíniúna onóra	admhálacha barúlacha fíniúnacha onóracha
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-ta* san iolra Ainmfhocail aonsiollacha a chríochnaíonn ar *-l* nó *-n* leathan (firinscneach) nó caol (baininscneach) san ainmneach uatha.	cion (*sa bhrí* coir) feoil gleann	ciona feola gleanna	cionta feolta gleannta
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-te* san iolra	cluain móin táin	cluana móna tána	cluainte móinte táinte
Ainmfhocail ilghnéitheacha	anacair buachaill conradh maitheas roth	anacra buachalla conartha maitheasa rotha	anacraí buachaillí conarthaí maitheasaí rothaí

Tábla 2J Tréaniolraí sa Tríú Díochlaonadh – Samplaí

(b) **Lagiolraí**

AICMÍ LAGIOLRAÍ	UATHA		IOLRA	
	Ainmneach	**Ginideach**	**Ainmneach**	**Ginideach**
Ainmfhocail ilghnéitheacha	béas dreas mionn tréad treas	béasa dreasa mionna tréada treasa	béasa dreasa mionnaí tréada treasa	béas dreas mionn tréad treas

Tábla 2K Lagiolraí sa Tríú Díochlaonadh – Samplaí

2.5 An Ceathrú Díochlaonadh

2.5.1 An tUatha

(a) Is leis an díochlaonadh seo a bhaineann ainmfhocail fhirinscneacha a chríochnaíonn ar *-ín*, díspeagthaí a chríochnaíonn ar *-ín,* formhór na n-ainmfhocal a chríochnaíonn ar ghuta, agus líon beag ainmfhocail eile.

(b) Is firinscneach freisin d'ainmneacha ceirde a chríochnaíonn ar *-(a)í* nó *-aire,* e.g., *ceannaí, cócaire.*

(c) Is baininscneach d'ainmfhocail theibí a chríochnaíonn ar *-e* agus a chumtar ó aidiachtaí, e.g., *airde, gile, saoirse.*

2.5.2 An Ginideach Uatha

(a) Ní théann aon athrú foirme ar ainmfhocail an díochlaonta seo sa ghinideach uatha.

(b) Is baininscneach de ghnáth don díspeagadh *-ín,* más focal baininscneach coitianta an bunfhocal. Tá eisceachtaí ann, e.g., *paidir* (bain.), *paidrín* (fir.); *toit* (bain.), *toitín* (fir.). Is mar ainmfhocal firinscneach, áfach, a dhíochlaontar gach díspeagadh sa ghinideach agus sa ghairmeach uatha, e.g., *an bheainín bheag, teach an bheainín bhig, a bheainín bhig.*

(c) Tá roinnt ainmfhocal sa Díochlaonadh seo nach bhfuil aon uimhir iolra acu, e.g., *cruach* (sa bhrí *miotal*), *dóthain, gorta, lucht* (sa bhrí *daoine*), *oiread, tobac.*

2.5.3 An tIolra

Tréaniolraí atá ag formhór mór na n-ainmfhocal sa díochlaonadh seo.

Tabhair faoi deara go bhfuil patrún an Cheathrú Díochlaonadh le feiceáil i gcolún an uatha sa tábla ina dhiaidh seo, is é sin, gurb ionann foirm an ghinidigh uatha agus foirm an ainmnigh uatha.

(a) **Tréaniolraí**

AICMÍ TRÉANIOLRAÍ	UATHA	IOLRA
	Gach Tuiseal	**Gach Tuiseal**
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-(a)í* san iolra Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-a, -e, -ín* san uatha.	altra báidín fáinne	altraí báidíní fáinní
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-te* san iolra Corr-ainmfhocal a chríochnaíonn ar *-le, -ne* san uatha.	baile sloinne tine	bailte sloinnte tinte
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-(i)the* san iolra Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-(a)í, -aoi, -é* san uatha (ní ghiorraítear *-í-* sna hainmfhocail aonsiollacha, seachas *ní, nithe*).	ainmhí draoi giúiré rí	ainmhithe draoithe giúiréithe ríthe
Ainmfhocail a gcuirtear *-nna* leo san iolra gan aon athrú eile Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-á, -ao, -eá, -eo, -ia, -ó, -ogha, -ú, -ua* san uatha.	bogha ceo cnó cú grua íomhá lao meá nia	boghanna ceonna cnónna cúnna gruanna íomhánna laonna meánna nianna
Roinnt ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan san uatha agus a gcuirtear *-(e)anna* leo san iolra gan aon athrú eile	bus seic téacs	busanna seiceanna téacsanna
Corr-ainmfhocal a chríochnaíonn ar *-ite* san iolra	comhrá cró crú rá slua	comhráite cróite crúite ráite sluaite

Tábla 2L Tréaniolraí sa Cheathrú Díochlaonadh – Samplaí

AICMÍ TRÉANIOLRAÍ	UATHA	IOLRA
	Gach Tuiseal	Gach Tuiseal
Ainmfhocail ilghnéitheacha	achainí	achainíocha
	airí	airíonna
	aithne	aitheanta
	aturnae	aturnaetha
	bó	ba (*gin. iol.* bó)
	cine	ciníocha
	claí	claíocha
	duine	daoine
	gabha	gaibhne
	gnó	gnóthaí
	oíche	oícheanta
	slí	slite
	teanga	teangacha

Tábla 2L Tréaniolraí sa Cheathrú Díochlaonadh – Samplaí (ar lean.)

Nóta: Tabhair faoi deara go mbaineann na hainmfhocail seo a leanas, nach dual dóibh foirm iolra a bheith orthu, leis an díochlaonadh seo freisin: *cruach* (sa bhrí *miotal*), *dóthain*, *gorta*, *iomad*, *lucht* (sa bhrí *daoine*), *oiread*, *tobac*; mar aon le hainmneacha pearsanta áirithe, e.g., *Cáit*, *Liam*, *Pilib*, *Siobhán*, *Uileag*.

2.6 An Cúigiú Díochlaonadh

2.6.1 An tUatha

(a) Is baininscneach d'fhormhór na n-ainmfhocal sa díochlaonadh seo.

(b) Is leis an díochlaonadh seo freisin a bhaineann roinnt ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan caol nó ar ghuta san ainmneach uatha agus ar chonsan leathan *(-ch, -d, -(n)n, -r)* sa ghinideach uatha.

2.6.2 An tIolra

Tréaniolraí atá ag formhór mór na n-ainmfhocal atá sa díochlaonadh seo.

Tabhair faoi deara go bhfuil patrún an Chúigiú Díochlaonadh le feiceáil i gcolún an ghinidigh uatha sa tábla ina dhiaidh seo, is é sin, críochnaíonn an ginideach uatha ar na consain leathana *-ch, -d, -(n)n, -r* (seachas correisceacht, e.g., *Nollaig, Nollag*).

(a) **Tréaniolraí**

AICMÍ TRÉANIOLRAÍ	UATHA		IOLRA
	Ainmneach	**Ginideach**	**Gach Tuiseal**
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-(e)acha* san iolra Ainmfhocail bhaininscneacha a chríochnaíonn ar *-il, -in, -ir* san ainmneach uatha (eisceacht: *siúr, siúrach*). Sa ghinideach uatha, leathnaítear consan deiridh ainmfhocal aonsiollach, agus ainmfhocal eile nach ndéantar coimriú orthu, agus cuirtear *-ach* leo (eisceacht: *cathaoir, cathaoireach*). Coimrítear ainmfhocail ilsiollacha más guta gearr atá sa siolla deiridh acu agus cuirtear *-(e)ach* leo.	cathair draein litir riail traein treoir triail uimhir	cathrach draenach litreach rialach traenach treorach trialach uimhreach	cathracha draenacha litreacha rialacha traenacha treoracha trialacha uimhreacha
Corr-ainmfhocal a chríochnaíonn ar *-inn, -ir* san ainmneach uatha, a leathnaítear sa ghinideach uatha agus a chríochnaíonn ar *-(e)acha* san iolra. (Eisceacht: *bráthair, bráthar, bráithre.*)	abhainn máthair teorainn	abhann máthar teorann	aibhneacha máithreacha teorainneacha
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-na, -ne* san iolra Ainmfhocail bhaininscneacha a chríochnaíonn ar ghuta san ainmneach uatha agus ar *-n* sa ghinideach uatha (eisceachtaí: *díle, díleann, dílí*; *lacha, lachan, lachain* (gin. iol. *lachan*)).	ceathrú comharsa ionga leite monarcha pearsa	ceathrún comharsan iongan leitean monarchan pearsan	ceathrúna comharsana (*gin. iol.* comharsan) ingne – monarchana pearsana (*gin. iol.* pearsan)
Ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-idí* san iolra Corr-ainmfhocal firinscneach a chríochnaíonn ar *-d* sa ghinideach uatha. Tabhair faoi deara go mbaineann *daichead* (*daichid, daichidí*) leis an gcéad díochlaonadh.	fiche (*tabh. uatha* fichid) tríocha ceathracha caoga seasca seachtó ochtó nócha	fichead tríochad ceathrachad caogad seascad seachtód ochtód nóchad	fichidí tríochaidí ceathrachaidí caogaidí seascaidí seachtóidí ochtóidí nóchaidí
Ainmfhocail ilghnéitheacha	bráid cara caora Éire (*tabh. uatha* Éirinn) namhaid Nollaig	brád carad caorach Éireann namhad Nollag	bráide cairde caoirigh (*gin. iol.* caorach) – naimhde Nollaigí

Tábla 2M Tréaniolraí sa Chúigiú Díochlaonadh – Samplaí

2.7 Ainmfhocail Neamhrialta

Ní fhreagraíonn infhilleadh na n-ainmfhocal seo a leanas d'aon cheann de na díochlaontaí:

UATHA		IOLRA
Ainmneach	**Ginideach**	**Gach Tuiseal**
bean	mná	mná (*gin. iol.* ban)
deirfiúr	deirféar	deirfiúracha
deoch	dí	deochanna
dia	dé	déithe
lá	lae	laethanta
leaba	leapa	leapacha
mí	míosa	míonna
olann	olla	olanna (*gin. iol.* olann)
talamh (*fir.*)	talaimh (*fir.*) talún (*bain.*)	tailte
teach	tí	tithe

Tábla 2N Ainmfhocail Neamhrialta – Samplaí

Nóta: Tabhair faoi deara go n-úsáidtear seanfhoirm leithleach den fhocal *lá* sa fhrása seanbhunaithe *ar athló*, e.g., *Tá an Dáil ar athló*.

CAIBIDIL 3 | AINMFHOCAIL CHINNTE AGUS ÉIGINNTE, GIORRÚCHÁIN AGUS FOIRM AN AINMNIGH IN IONAD AN GHINIDIGH

3.1 Ainmfhocail Chinnte agus Éiginnte

3.1.1 Bíonn ainmfhocal cinnte nó éiginnte. Is ainmfhocal cinnte ainmfhocal a thagraíonn do dhuine nó do rud cinnte. Is ar cheann de na slite a léirítear in 3.1.2 thíos a dhéantar tagairt do dhuine nó do rud cinnte. Is ainmfhocal éiginnte ainmfhocal in aon chás eile.

3.1.2 Is ainmfhocal cinnte–

(a) ainm dílis (ainm duine nó áite áirithe), e.g., *Fionnán, Gráinne, Leamhcán*:

Caoimhe is ainm di.
Tá cónaí orthu i **Meiriceá**.

(b) ainmfhocal a bhfuil an t-alt roimhe, e.g., *an tAcht, an obair, an fhadhb*:

An bhfaca tú **an t-eitleán** mór sin?
Tá **an ghealach** lán anocht.
An raibh **an tiománaí** tacsaí ag an gcruinniú?

(c) ainmfhocal a bhfuil aidiacht shealbhach roimhe, e.g., *mo mhac, a hathair, a ngluaisteán*:

Ar bhuail tú le **mo dheartháir**?
A hathair a d'inis an scéal di.
Bhí sí ag glanadh **a bróg** peile. (*iol.*)
Chuaigh sé i gcomhair **a chupáin** tae. (*u.*)

(d) ainmfhocal a bhfuil *gach, gach aon* nó *gach uile* roimhe:

Bhí **gach duine** den teaghlach i láthair.
Buaileann sé isteach ag an am céanna **gach aon lá**.
Baineann an t-acht leasaithe le **gach uile fheithicil** inneallghluaiste.

(e) ainmfhocal a bhfuil uimhir nó litir ar a lorg, e.g., *Cuid III, riail a sé, Bus 16, mír (b)*:

Bain triail as **ceist a ceathair**.
Ar sheiceáil tú **Aguisín A**?

(f) ainmfhocal a bhfuil ainmfhocal cinnte ar a lorg, e.g., *oifig Áine, óráid an Aire, teach mo mhic, tús gach bliana, sonraí mhír* (*b*):

Tá an fhéile á heagrú i gcomhar le **muintir Thamhlachta**.
An é **leabhar an mhúinteora** é?
Ar labhair tú le **bainisteoir an óstáin**?
Thug sé cuairt ar **theach a iníne**.
Tá **ainm gach imreora** ar eolas aige.
Tugadh ardmholadh **d'fhoireann Bhus 16**.

(g) ainmfhocal sa tuiseal gairmeach, e.g., *a bhean, a dhuine uasail*:

Céard atá á dhéanamh agat ansin, **a mhic**?
Ní chreidfeá é, **a thaisce**.

3.1.3 Is minic an t-alt ina chuid d'ainm dílis (go háirithe i gcás logainmneacha) agus ní mór an t-alt a úsáid sna cásanna sin, e.g., *an Ísiltír, an tSionainn, an Longfort, an Streoillín, an Earagail, An tOileánach* (nuair is é an leabhar atá i gceist), *na Cruacha Dubha*.

Bhí mé ar **an Earagail** inné.
Cé a scríobh ***An Grá agus an Ghruaim***?

Tabhair faoi deara, i gcásanna inar gnách an t-alt a úsáid le hainm dílis, nach gcuirtear an t-alt isteach má tá an t-ainm dílis sin ag feidhmiú i gcáil aidiachta, e.g., *an Nollaig* ach *cárta Nollag*; *an Ardteist* ach *scrúdú Ardteiste*; *an Cháisc* ach *ubh Chásca*.

3.1.4 Úsáidtear an t-alt roimh ghinideach *Éire, Albain, Gaillimh*, e.g., *oileán na hÉireann, foireann na hAlban, cathair na Gaillimhe* (féach 1.1.5(i)A).

Tá an-eolas aici ar litríocht **na hÉireann**.
Blas **na Gaillimhe** atá ar a cuid cainte.

Fágtar an t-alt ar lár roimh *Éireann* i roinnt leaganacha oifigiúla, áfach, e.g., *Dáil Éireann, Seanad Éireann, Iarnród Éireann, Bus Éireann*, agus i roinnt seanleaganacha agus leaganacha fileata, e.g., *plúr ban Éireann, bánchnoic Éireann*.

Is clár de chuid **Raidió Teilifís Éireann** é.
Is í **rogha ban Éireann** í.

3.1.5 Is féidir an t-alt a úsáid le hainmneacha trádála nuair atá feidhm aidiachtach acu, e.g., *an buidéal Coca Cola*; *sa mhála Supervalu*; *laistigh den doiciméad Word*; *ar an ríomhaire Apple*.

> Is é sin **an t-inneall fuála Singer** a cheannaigh mo sheanmháthair.
> Shábháil mé sa **scarbhileog Excel** chéanna é.

3.1.6 Ní chuirtear an t-alt roimh ainmfhocal má tá sé cáilithe le hainmfhocal cinnte sa ghinideach, e.g., *tiománaí an tacsaí*, *ceadúnas thiománaí an tacsaí*; *dáta éaga cheadúnas thiománaí an tacsaí* (nuair atá tacsaí áirithe i gceist).

> An raibh **úinéir an tsiopa** in ann cabhrú leat?
> Fágadh na heochracha in oifig chuntasóir **úinéir an tsiopa**.

Cuirtear an t-alt roimh an gcéad ainmfhocal má tá sé cáilithe le hainmfhocal éiginnte, e.g., *an tiománaí tacsaí*, *an tiománaí leoraí* (cineál áirithe tiománaí); *an freastalaí beáir*, *an freastalaí bialainne* (cineál áirithe freastalaí); *an t-oifigeach feidhmiúcháin*, *an t-oifigeach riaracháin* (cineál áirithe oifigigh) (féach 3.1.9).

> Is é **an t-úinéir talún** is fearr sa cheantar é.
> Is í **an t-imreoir sacair** is gasta dá bhfaca mé riamh í.

3.1.7 Tá roinnt frásaí ainmfhoclacha ann a bhfuil ainmfhocal iontu a bheadh cinnte de réir 3.1.2 ach atá éiginnte toisc go bhfuil an frása iomlán á úsáid ina aonad amháin brí mar ainmfhocal éiginnte. Uaireanta, sna cásanna sin, úsáidtear an t-alt nuair atá an frása iomlán ag feidhmiú mar ainmfhocal cinnte, e.g., *an Leabhar Eoin*; *an Choróin Mhuire*; *ba mhór an grá Dia é*; *an fear sin na n-uibheacha*.

> D'imigh siad leo nuair a bhí **an uair an chloig** caite.
> Nach é **an trua Mhuire** é!

Tabhair faoi deara go gcoinnítear an t-alt freisin i gcás go dtagann uimhir nó litir i ndiaidh ainmfhocal atá á cháiliú le forainmneach taispeántach, e.g., *an t-alt sin 5*; *an mhír sin (f)*.

3.1.8 Maidir le teidil a mbíonn blianta ag gabháil leo – teidil féilte agus tuarascálacha bliantúla, mar shampla – níor cheart an t-alt a úsáid ach amháin más aonaid bhrí ar leithligh iad an dáta agus an chuid eile den teideal. Ní hionann brí *An tOireachtas, 2010* agus *Oireachtas 2010* ná *An Tuarascáil Bhliantúil, 2009* agus *Tuarascáil Bhliantúil 2009*.

> An bhfuil **Tuarascáil Bhliantúil 2015** réidh?
> Foilseofar **Tuarascáil Bhliantúil an Choimisinéara Faisnéise, 2014** go luath.
> Eisíodh **an tAcht Oideachais, 2015** inné.

3.1.9 Úsáidtear an tuiseal ginideach sna cásanna seo a leanas (féach na cásanna eile in 1.5.1)–

(a) nuair atá ainmfhocal cinnte á cháiliú le hainmfhocal cinnte eile:

an cóta + an bhean	→	Is é sin **cóta na mná**.
an t-údar + na leabhair	→	Is í **údar na leabhar** í.

(b) nuair atá ainmfhocal éiginnte á cháiliú le hainmfhocal éiginnte eile:

cóta + bean	→	Is **cóta mná** é.
údar + leabhair	→	Is **údar leabhar** í.

(c) nuair atá ainmfhocal cinnte á cháiliú le hainmfhocal éiginnte:

an cóta + bean	→	An bhfaca tú **an cóta mná** sin?
an t-údar + leabhair	→	Is í **an t-údar leabhar** is cáiliúla in Éirinn í.

3.1.10 A thúisce a cháilítear ainmfhocal éiginnte le hainmfhocal cinnte, ní ainmfhocal éiginnte é a thuilleadh ach ainmfhocal cinnte. Dá réir sin, más brí éiginnte atá i gceist, ní foláir fochlásal réamhfhoclach nó réamhfhocal a úsáid chun an nasc idir na hainmfhocail a léiriú.

(a) Úsáidtear *de* más cuid nó páirt atá i gceist, e.g., *Ballstát den Aontas Eorpach*; *gloine den bheoir gheal*:

An bhfuair tú cuid **den** airgead?
Tháinig na ceisteanna ó dhaoine **den** phobal.

(b) Úsáidtear *de chuid* i gcás gur ní as measc grúpa de nithe iomadúla den saghas céanna atá i gceist, e.g., *iománaí de chuid na Gaillimhe*; *feidhmeanna áirithe de chuid an choiste*:

Briseadh ríomhaire **de chuid** na hoifige.
Is deontas **de chuid** na Roinne é.

(c) Úsáidtear réamhfhocal eile (*le*, etc.) i gcásanna eile chun éiginnteacht a chur in iúl, e.g., *deartháir le Bríd*; *úrscéal le Máire*:

Ba **bhréagán le Caoimhe** an bréagán a bhris sé.
Ar léigh sibh **tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa**?

3.1.11 Is minic i gcás 3.1.10(b) thuas, áfach, gur feiliúnaí ceann de na focail ionadacha *ceann*, *cuid* nó *duine* a chur in ionad an chéad ainmfhocail, e.g., *ceann de ríomhairí na hoifige*; *duine d'iománaithe na Gaillimhe*. Is féidir, freisin, an t-ainmfhocal a úsáid faoi dhó, e.g., *dán de dhánta Uí Bhruadair*.

Bhris sé **ceann** de na cupáin sa chistin.
Rachaidh **cuid** den aos óg thar sáile i gcónaí.
Is **duine** d'fhoireann na hoifige é.
Nach **amhrán** d'amhráin Kíla é?

Nóta: Úsáidtear na struchtúir chéanna uaireanta i gcás ainmfhocail chinnte, e.g., *an ghloine dheireanach den fhíon dearg*; *an chuid is fearr den leabhar*.

Bhí **gach ríomhaire de chuid** na cuideachta briste.
Ba é **an ceann** ba mheasa **de** na scannáin uile a chonaiceamar é.

3.2 Giorrúcháin agus Acrainmneacha

3.2.1 Ginearálta

(a) Ní dhéantar infhilleadh ná athrú tosaigh ar ghiorrúchán nó ar acrainm riamh. (*SAM – Stáit Aontaithe Mheiriceá*; *OÉ – Ollscoil na hÉireann*.)

Scríobh sé leabhar **faoi SAM**.
Tá agallamh aige **le OÉ** Gaillimh.

(b) Is é *in* (seachas *i*) an fhoirm den réamhfhocal *i* a úsáidtear roimh ghiorrúchán nó acrainm. (*RTÉ – Raidió Teilifís Éireann*; *CSE – Ciste Sóisialta na hEorpa*.)

Tá sí ag obair **in RTÉ**.
Tá na milliúin euro **in CSE**.

(c) Ní chiorraítear na réamhfhocail *de* agus *do* go *d'* roimh ghiorrúchán nó acrainm a thosaíonn ar ghuta. (*OLAF – an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise*; *ÍMAT – Íoc mar a Thuillir*.)

Is ag cruinnithe **de OLAF** a pléadh an cheist.
Tugadh aitheantas **do ÍMAT** mar chóras cánach a bhfuil ag éirí go maith leis.

Tabhair faoi deara go mbíonn sé de rogha ag an scríbhneoir na focail ar a bhfuil an giorrúchán nó an t-acrainm bunaithe a scríobh amach i gcónaí.

An bhfuil an cur chuige bunaithe ar an **Ionstraim Eorpach Aonair**?
Tá súil ag na **Náisiúin Aontaithe** go mbeidh dea-thoradh ar an bpróiseas.

3.2.2 Nithe Aonaracha

Tá dhá chóras is féidir a úsáid chun plé le giorrúcháin agus le hacrainmneacha ar teidil iad ar eagraíochtaí, foilseacháin, conarthaí, comhaontuithe, scéimeanna, córais nó nithe eile dá samhail nach ann ach do cheann amháin acu – an córas gan an t-alt agus an córas leis an alt. Cé is moite de théacsanna reachtúla ina n-úsáidtear an córas gan an t-alt i gcónaí, is faoin scríbhneoir atá sé an córas a úsáidfear a roghnú. Moltar gan an dá chóras a mheascadh.

A Nithe aonaracha – an córas gan an t-alt

(a) Sa chóras gan an t-alt, is mar ainmfhocail chinnte a phléitear le giorrúcháin agus le hacrainmneacha agus ní chuirtear an t-alt rompu (ach féach 3.2.3(b)). (*CTT – an Clár Tacaíochta Teaghlaigh*; *NA – na Náisiúin Aontaithe*; *OÉ – Ollscoil na hÉireann*)

Tá **SAM** ina bhall den Chomhairle Slándála.
Tá beartais **OÉ** dírithe ar an oideachas a fhorbairt.
Tagann Airí Bhallstáit **AE** le chéile sa Chomhairle.
Tá obair ar bun le haghaidh dhíscaoileadh **CTT**.
Tá sí ag obair i gcomhar le Gasra Imscrúdaithe de chuid **NA**.

(b) Is mar ainmfhocal firinscneach uatha a dhéantar tagairt do ghiorrúchán nó d'acrainm gan beann ar uimhir ná inscne na bhfocal ar a bhfuil sé bunaithe. (*FSS – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.*)

An **é** FSS a bhfuil freagracht **air** as cúrsaí sláinte?
Maidir le NA, is é 193 líon **a** bhall.

B Nithe aonaracha – an córas leis an alt

Sa chóras leis an alt, úsáidtear an t-alt roimh ghiorrúcháin nó roimh acrainmneacha de réir mar is cuí. Bíonn úsáid an ailt faoi réir ag struchtúr na bhfocal ar a bhfuil na giorrúcháin nó na hacrainmneacha bunaithe, mar seo a leanas–

(a) ní chuirtear an t-alt roimh ghiorrúcháin nó roimh acrainmneacha má tá siad bunaithe ar ainmfhocail chinnte nach gcuirtear an t-alt leo, e.g., *Stáit Aontaithe Mheiriceá*, *Raidió Teilifís Éireann*, nó má tá an t-alt i lár na bhfocal ar a bhfuil na giorrúcháin nó na hacrainmneacha bunaithe, e.g., *Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*, *Ollscoil na hÉireann*:

Tá **SAM** ina bhall den Chomhairle Slándála.
Tá beartais **OÉ** dírithe ar an oideachas a fhorbairt.

(b) cuirtear an t-alt roimh ghiorrúcháin nó roimh acrainmneacha má tá siad bunaithe ar ainmfhocail a gcuirtear an t-alt rompu chun iad a dhéanamh cinnte. Úsáidtear foirm uatha nó iolra an ailt ag brath ar uimhir na bhfocal ar a bhfuil na giorrúcháin nó na hacrainmneacha bunaithe:

Tagann Airí Bhallstáit **an AE** le chéile sa Chomhairle.
Cé atá i dteideal maoiniú **faoin CTT**?
Tá sí ag obair i gcomhar le Gasra Imscrúdaithe de chuid **na NA**.

(c) is mar ainmfhocal firinscneach uatha a dhéantar tagairt do ghiorrúchán nó d'acrainm gan beann ar uimhir ná inscne na bhfocal ar a bhfuil sé bunaithe. (*an IEA – an Ionstraim Eorpach Aonair.*)

Maidir leis **na NA**, is é 193 líon **a** bhall.
Síníodh **an IEA** sa bhliain 1986 agus tá feidhm reachtach **aige**.

3.2.3 Nithe Iomadúla

(a) Má bhaineann giorrúchán nó acrainm le nithe iomadúla (nithe a bhfuil níos mó ná ceann amháin acu ann), is féidir an t-alt a chur roimhe ar mhaithe lena idirdhealú ó nithe eile den chineál céanna. (*CIN – Corparáid Ilnáisiúnta*; *PO – Príomhoifigeach.*)

Is fostaí de chuid **CIN** rannpháirteach í.
ach Is fostaí de chuid **an CIN rannpháirtigh sin** í.
Úsáidtear an seomra mar oifig **PO**.
ach Úsáidtear an seomra mar oifig **an PO sin**.

(b) Is féidir an t-alt a úsáid le hainmfhocal atá á cháiliú le giorrúchán nó le hacrainm a bhfuil feidhm aidiachtach leis ar mhaithe le rud sonrach as measc nithe iomadúla a aithint. (*uimhir PSP – uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí*; *CBL – Cáin Bhreisluacha*; *DART – Dublin Area Rapid Transit.*)

Tabharfar **uimhir PSP** duit.
ach Cá bhfuil **an uimhir PSP** a tugadh duit?

Tá **ráta ard CBL** i bhfeidhm.
ach Tá **an ráta céanna CBL** i bhfeidhm le fada.

Tá **stáisiún DART** sa cheantar seo.
ach An é **an stáisiún DART sin** atá i gceist?

(c) Cruthaítear leagan iolra de ghiorrúchán nó d'acrainm a bhaineann le nithe iomadúla trí *-anna* a chur leis má chríochnaíonn sé ar chonsan agus trí *-nna* a chur leis má chríochnaíonn sé ar ghuta. Is mar ainmfhocal firinscneach iolra a dhéantar tagairt do ghiorrúchán nó d'acrainm atá san iolra.

Nach **iad** sin **na CINanna** a bhfuil dea-cháil **orthu**?
Is **POnna** ar fad **iad** sin.

3.3 Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh

3.3.1 An tAinmfhocal Cinnte

(a) Má thagann ainmfhocal cinnte sa ghinideach i ndiaidh ainmfhocal eile, is gnách an t-ainmfhocal eile sin a fhágáil gan infhilleadh agus a thúschonsan a shéimhiú nuair atá sé faoi réir ag focal nó ag leagan a leanann an ginideach é (féach freisin 10.2.6). Fágtar ainmfhocal a bhfuil uimhir nó litir ar a lorg gan infhilleadh agus séimhítear a thúschonsan freisin–

(i) ainm dílis (ainm duine nó áite áirithe):

Sin é **teach Ghráinne**.	→	Sin í **eochair theach Ghráinne**.
An raibh **foireann Chorcaí** ann?	→	Bhí **bus fhoireann Chorcaí** ann.

(ii) ainmfhocal a bhfuil an t-alt roimhe:

Pléadh **forais chreidmheasa an Stáit**.	→	Dúradh go bhfuil **cobhsaíocht fhorais chreidmheasa an Stáit** ríthábhachtach.
Ar labhair tú le **bainisteoir na hoifige**?	→	D'fhág mé nóta **le haghaidh bhainisteoir na hoifige**.

(iii) ainmfhocal a bhfuil aidiacht shealbhach roimhe:

Cad atá á dhéanamh le **doras a ghluaisteáin**?	→	Tá an meicneoir **ag deisiú dhoras a ghluaisteáin**.
An le **toil a dtuismitheoirí** a rinne siad é?	→	Ní hea, ach **in éadan thoil a dtuismitheoirí**.

(iv) ainmfhocal a bhfuil *gach*, *gach aon* nó *gach uile* roimhe:

Cheartaigh sé **ceacht gach linbh**.	→	Chuir sé réalta órga **ag bun cheacht gach linbh**.
Tá **cearta gach aon saoránaigh** tábhachtach.	→	Tá siad ag gníomhú **ar son chearta gach aon saoránaigh**.

(v) ainmfhocal a bhfuil uimhir nó litir ar a lorg:

Sin é **Traein 20**.	→	Cá bhfuil **tiománaí Thraein 20**?
Ar luaigh tú **fomhír (i)**?	→	Luaigh, tá an fhaisnéis **i lár fhomhír (i)**.

(vi) ainmfhocal a bhfuil ainmfhocal cinnte ar a lorg:

Tá **téarmaí an Achta** soiléir.	→	Tá na ceapacháin **faoi réir théarmaí an Achta**.
Cá bhfuil **bainisteoir an óstáin**?	→	Tá **oifigí bhainisteoir an óstáin** san fhoirgneamh sin.

Ach, más ainm briathartha an t-ainmfhocal a bhfuil ainmfhocal cinnte ar a lorg, déantar athrú an ghinidigh air má thagann ainmfhocal eile roimhe, e.g., *cosaint, madra cosanta na monarchan*; *fuascailt, bean fuascailte na ceiste*; *cealgadh, beach cealgtha an pháiste*; *bualadh, innill buailte an arbhair*; *bailiú, seachtain bailithe na rátaí*.

(b) I gcás ainm briathartha a bheith ina dhlúthchuid d'aonad áirithe, e.g., *cur chun cinn*; *cur chuige*; *teacht i bhfeidhm*; atá faoi réir ag ainmfhocal eile nó ag leagan a leanann an ginideach é:

(i) má tá an t-alt roimh an ainm briathartha sin, is é an t-alt firinscneach uatha a bhíonn roimhe i ngach tuiseal agus ní dhéantar an t-ainm briathartha a infhilleadh, e.g., *luas an dul chun cinn*; *ag moladh an teacht i bhfeidhm*; *le linn an tabhairt amach*; *i bhfianaise an tabhairt suas*; *faoi réir an leagan amach*. Imríonn an t-alt ar thúslitir an ainm bhriathartha, áfach, mar a d'imreodh ar ainmfhocal firinscneach uatha sa ghinideach, e.g., *fad an chur síos*; *castacht an chur chuige*; *ag cáineadh an éirí in airde*; *ag comóradh an éirí amach*; *de dheasca an tsracfhéachaint ar gcúl*; *d'ainneoin an chéim ar gcúl* (féach 3.3.3(c)):

Tá an t-iniúchóir **ag fiosrú an chur i gcéill** sin faoi láthair.
Bhí sí **i mbun an chur i láthair** nuair a theip ar an ríomhaire.

(ii) má tá aidiacht shealbhach roimh an ainm briathartha, déantar a thúschonsan a shéimhiú nó a urú, de réir mar is cuí, ach fágtar é gan infhilleadh, e.g., *i bhfianaise mo chur chuige*; *luas ár ndul chun cinn*; *ag moladh a gcur chuige* (iol.):

Tá siad **ag moladh a chur chuige** ó mhínigh sé dóibh é.
Dúirt sí go raibh an t-eolas ag teastáil **le haghaidh a cur i láthair**.

3.3.2 Ainmfhocal Cinnte nó Éiginnte

(a) Nuair atá ainmfhocal nó abairtín ainmfhoclach á cheangal ag an réamhfhocal *a* (as *do*) le hainm briathartha, fágtar an t-ainmfhocal san ainmneach ar lorg focal nó leagan a leanann an ginideach é.

An Ginideach	Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh
Chuir sé **chun an rialtais** é.	Tá sé ann **chun an obair a dhéanamh**.
Ní fhanann sé i bhfad **tar éis dinnéir**.	Tá na leanaí **tar éis dinnéar a réiteach** duit.
Tharla sé **le linn na tréimhse** sin.	Is **le linn na hoibrithe a fhostú** a tháinig an cheist sin chun cinn.
Tá an lánúin óg **ar tí a bpósta**.	Bhí na fir shlándála **ar tí na doirse a dhúnadh**.
Cuideachta áitiúil atá **i mbun na hoibre**.	Cuideachta áitiúil atá **i mbun an teach a thógáil**.
An bhfuil siad **ag geallúint an airgid** dúinn?	Níl aon duine **ag bagairt an t-airgead a thógáil** ar ais.

Tábla 3A Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh – Ainmfhocal nó Abairtín Cinnte nó Éiginnte á cheangal ag an Réamhfhocal *a* le hAinm Briathartha

(b) Ní dhéantar athrú an ghinidigh ar na focail *ceann* agus *cuid* nuair atá ginideach rannaíoch nó tabharthach rannaíoch faoina réir.

Gortaíodh í **le linn ceann de na cluichí áitiúla**.
Tá laghdú tagtha ar **mhéid mo chuid oibre**.
Bhí siad **ag díbirt cuid mhór acu**.
Ritheadh é **d'ainneoin an chuid eile den alt**.

Ach, infhilltear iad nuair is gnáth-ainmfhocail iad.

D'ainneoin **na Coda** sin, ritheadh an Bille.
Thit sí ar mhullach **a cinn**.

(c) Nuair a úsáidtear aon ainmfhocal coiteann amháin gan an t-alt leis mar ainm comhlachta, cumainn nó cláir, ní dhéantar infhilleadh ná athrú tosaigh ar an ainmfhocal, e.g., *buaicphointe Múscailt*, *ceannáras Muintearas*, *ceardlanna Síolta*, *gníomhairí Bóthar*.

Bhuail mé le **Príomhfheidhmeannach Trócaire** ann.
Cá bhfuil **príomhoifig Bóthar**?

3.3.3 An tAinmfhocal Éiginnte – An tAinm Briathartha

Is é is ainm briathartha ann focal a bhfuil feidhm ainmfhocail agus feidhm bhriathair araon aige. Is féidir focail amhail *eitilt*, *foghlaim*, *snámh*, etc. a úsáid mar ainmfhocal, e.g., *deireadh na heitilte*; *foghlaim a fháil*; *snámh féileacáin*, agus mar ainm briathartha, e.g., *ag eitilt sa spéir*; *ag foghlaim teanga*; *ag snámh in aghaidh easa*. Déantar cur síos anseo ar chásanna ina n-úsáidtear foirm an ainmnigh den ainm briathartha in ionad fhoirm an ghinidigh de.

(a) Ní dhéantar athrú an ghinidigh ar ainm briathartha nuair atá an forainmneach réamhthagrach *a* roimhe.

Tá sé **tar éis a rá** go ndéanfaidh sé é.
Tá sé **ag iarraidh a dheimhniú** go mbeidh gach ní ina cheart.

(b) Má tá ainm briathartha sa struchtúr *chun* + *ainm briathartha* á úsáid chun gníomh atá le teacht a chur in iúl, ní dhéantar athrú an ghinidigh air.

An bhfuil sé **chun iomáint** le Corcaigh?
Níl an eagraíocht **chun snámh** in aghaidh easa.
Tá na páistí **chun dul abhaile**.
Tá an ghaoth **chun séideadh** níos measa.
Níl siad **chun seasamh** siar.
Tá sí **chun pósadh** go luath.
Tá sé **chun imirt**.

Ach, más í an bhrí *le haghaidh* atá ag *chun*, úsáidtear an ginideach.

Is fear maith **chun iomána** é.
Nach cailín iontach **chun snámha** í?
Is an-fhear **chun cainte** é!

(c) I gcás ainm briathartha a bheith ina dhlúthchuid d'aonad áirithe, e.g., *cur chun cinn*; *cur chuige*; atá faoi réir ag ainmfhocal eile nó ag leagan a leanann an ginideach é, má tá sé éiginnte fágtar an t-ainm briathartha gan infhilleadh agus ní dhéantar a thúschonsan a shéimhiú, e.g., *fad cur síos*; *i gcás cur i gcéill*; *ag ullmhú cur i láthair*; *i bhfianaise teacht i bhfeidhm* (féach 3.3.1(b)):

Cén **cineál cur chuige** a d'úsáid siad?
Bhí sí **i mbun cur i láthair** nuair a theip ar an teilgeoir.
Tá an **plean dul chun cinn** sa tuarascáil bhliantúil.

3.3.4 An tAinmfhocal Éiginnte – Ainmfhocail Éiginnte a úsáidtear mar Ainmneacha Briathartha

(a) Má tá gnáthghinideach de réir ceann de na díochlaontaí (féach 5.6.1) ar ainmfhocal éiginnte a úsáidtear mar ainm briathartha freisin, ní dhéantar athrú an ghinidigh air nuair a úsáidtear mar ainm briathartha é.

Bhí na léirsitheoirí **ag diúltú imeacht**.
Níl na déagóirí **ag iarraidh troid** (*sa bhrí* ag iarraidh troid a dhéanamh).
Tá sé **tar éis siúl** abhaile.

Ach, déantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal nuair a úsáidtear mar ainmfhocal éiginnte é.

Tá sé **ag tabhairt léime**.
Bíonn an fhoireann **ag imirt iomána** gach deireadh seachtaine.
Bíonn siad amuigh istoíche **ag iarraidh troda** (*sa bhrí* ag lorg troda).

(b) Mura bhfuil gnáthghinideach de réir ceann de na díochlaontaí (féach 5.6.1(a)) ar ainmfhocal éiginnte a úsáidtear mar ainm briathartha freisin, agus má tá sé ina chuspóir go díreach ag ainm briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* as *do*) roimhe, ní dhéantar athrú an ghinidigh air.

Tá siad **ag déanamh leasú** (athrú, marú, coigeartú).
Is minic é **a thabhairt moladh** (bualadh, ordú, ardú).
Acht **do dhéanamh leasú** (iniúchadh, scrúdú) de réir moladh ón Aire.
An bhfuil tú **ag iarraidh suí** (éirí, pósadh)?
Tá sí **ag fáil ardú** (cáiliú, breisiú, greadadh).
Cé a bhí **a dhéanamh cáineadh** (múineadh, díscaoileadh, fuirseadh)?

Ach, nuair atá an t-ainmfhocal cinnte, déantar athrú an ghinidigh air.

Cé atá **ag déanamh an athraithe**?
An bhfuil an tArd-Rúnaí **ag dréachtú an ordaithe**?
Bhí a gcairde **ag beannú a bpósta**.
Is **ag léamh gach leasaithe** roimh an gcruinniú atá sí.

(c) Mura bhfuil gnáthghinideach de réir ceann de na díochlaontaí (féach 5.6.1(a)) ar ainmfhocal éiginnte a úsáidtear mar ainm briathartha freisin, agus má tá sé faoi réir ag réamhfhocal comhshuite nó i ndiaidh *chun*, ní dhéantar athrú an ghinidigh air.

Tá an lánúin sin **ar tí pósadh**.
Nílim ach **tar éis éirí**.
Nach deas dul ag siúl **i ndiaidh suí**?
Tá an lá ag dul **chun síneadh**.

Ach, nuair atá an t-ainmfhocal cinnte, déantar athrú an ghinidigh air.

Níl siad ar son **an cholscartha**.
Tá sé ar tí **a phósta**.
Ní mór staidéar a dhéanamh i gcomhair **gach scrúdaithe**.

3.3.5 An tAinmfhocal Éiginnte – Clásail Ainm Bhriathartha nach Abairtí Neamhspleácha

Ní dhéantar athrú an ghinidigh ar ainmfhocal éiginnte i gclásal ina bhfuil an t-ainmfhocal éiginnte faoi réir ag ainm briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* as *do*) roimhe más rud é nach féidir leis an gclásal ainm bhriathartha sin feidhmiú go neamhspleách gan réamhfhocal simplí nó clásal réamhfhoclach a bheith ina dhiaidh. Na focail a bhfuil cló trom orthu anseo thíos, ní féidir leo feidhmiú go neamhspleách astu féin.

Tá siad ag tabhairt aghaidh ar an bhfoireann eile anois.
Is ag baint leas as an gcóras atá siad.
Tá an scoil ag cur deireadh leis an scéim.
Is léir go bhfuil na mic léinn ag baint taitneamh as an oíche.
Tá sé ag fágáil slán leis.
Stiúrthóirí do thabhairt aird ar leasanna fostaithe.
Tá siad ag baint triail as roghchlár nua.
Bhí an eagraíocht ag cur tionscadail chun cinn. (*iol.*)
Tá an Roinn ag cur beartais i bhfeidhm. (*iol.*)

Ach, d'ainneoin sin, más rud é gur dlúthchuid den chlásal ainm bhriathartha an t-ainmfhocal éiginnte agus gur féidir leis an gclásal ainm bhriathartha sin feidhmiú go neamhspleách, déantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal éiginnte sin. Na focail a bhfuil cló trom orthu anseo thíos, is féidir leo feidhmiú go neamhspleách astu féin agus déantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal éiginnte dá réir sin.

Bhí sé ag cur báistí (i gCorcaigh).
Tá sí ag déanamh oibre (san oifig).
Bíonn siad ag bailiú airgid (ann).
Beidh sé ag tabhairt cabhrach (in am an ghátair).
Tá sí ag fáil bháis (san ospidéal).
An bhfuil sí ag imirt peile (leis na comharsana)?
Bhí siad ag gabháil fhoinn (sa teach).

3.3.6 An tAinmfhocal Éiginnte – Téarmaí ar Leith

(a) Má tá frásaí ilfhoclacha áirithe a bhfuil brí ar leith leo, e.g., *bolg le gréin*; *buail isteach*; *buaileam sciath*; *cos ar bolg*; *cúl le rath*; *uisce faoi thalamh*; etc. faoi réir ag focal nó ag leagan a leanann an ginideach é, ní infhilltear an chéad ainmfhocal sa fhrása ilfhoclach ná ní chuirtear séimhiú air.

Gheobhaidh mé bia **beir leat** ar mo shlí abhaile dom.
Tá sé ag déanamh **bolg le gréin** sa Fhrainc faoi láthair.
Tá ionad **buail isteach** acu i lár na cathrach.

(b) I gcás aonad dhá ainmfhocal éiginnte arb é *tús*, *lár* nó *deireadh* (san uatha) an chéad ainmfhocal den aonad sin, fágtar an chéad ainmfhocal sa tuiseal ainmneach nuair atá sé faoi réir ag focal nó ag leagan a leanann an ginideach é.

Tá gach rud eagraithe don chruinniú **tús** bliana.
Bain taitneamh as an sos **lár** téarma!
Déantar ócáid **deireadh** seachtaine a eagrú gach bliain.

3.3.7 Cainníocht Chinnte i Liosta

Má tá ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal lena gcuirtear cainníocht chinnte in iúl á chur i láthair in oideas nó i bhfoirm liosta, ní dhéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal ná ar aidiacht atá á cháiliú.

500g **plúr**
1lb **plúr bán**
250g **siúcra mín**
150ml **uachtar**
1/2 taesp. **púdar bácála**
2 spúnóg bhoird **mil**

Is é an tabharthach rannaíoch a úsáidtear sa phrós.

> Déan **500g de phlúr bán** agus **250g de shiúcra mín** a mheascadh i mbabhla.
> Cuir **150ml de bhainne** agus **150ml d'uachtar** leis an meascán.

3.3.8 An tAinmfhocal Éiginnte – Cáilitheoirí

(a) Ní dhéantar athrú an ghinidigh ar ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainm briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* as *do*) roimhe, faoi réir ag réamhfhocal comhshuite nó faoi réir ag cainníocht éiginnte má tá an t-ainmfhocal éiginnte cáilithe le ceann de na cáilitheoirí a liostaítear i dtáblaí 3B, 3C agus 3D ina dhiaidh seo.

(b) Ní foláir an t-ainmfhocal éiginnte féin a bheith cáilithe leis an gcáilitheoir chun an ginideach a chur ar ceal. Má tá feidhm seachas feidhm aidiachtach ag an gcáilitheoir (feidhm dhobhriathair, mar shampla), déantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal éiginnte (féach 3.3.12(b)).

3.3.9 AINMFHOCAL ÉIGINNTE CÁILITHE ATÁ FAOI RÉIR AG AINM BRIATHARTHA A BHFUIL *AG* NÓ *DO* (NÓ *A* AS *DO*) ROIMHE

Nuair atá ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainm briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* as *do*) roimhe cáilithe leis na cáilitheoirí a liostaítear anseo thíos, ní dhéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal éiginnte (ná ar an aidiacht a ghabhann leis).

CÁILITHEOIR	UATHA	IOLRA
Aidiacht cháilíochta, nó ainmfhocal i gcáil aidiachta	Thosaigh sé **ag imirt peil Mheiriceánach** sna Stáit Aontaithe anuraidh.	Chaith sé tamall **ag glacadh grianghraif áille** i nGarraithe Náisiúnta na Lus.
	Tá siad **ag coinneáil súil ghéar** ar na himeachtaí.	Bímse **ag ullmhú lóin shláintiúla** dom féin.
	Táim **ag réiteach cupán tae**.	Níl siad ach **ag éileamh pinsin stáit**.
	Bíonn siad **ag casadh ceol tíre** ar an Aoine.	An mbíonn sé **ag scríobh leabhair staire**?
Frása réamhfhoclach amhail *ar bith, ar leith, den scoth*, etc. má tá feidhm aidiachtach aige	Níl siad **ag fáil pingin ar bith**.	Bíonn an chuideachta sin **ag tógáil foirgnimh den scoth**.
	Tá an Chomhairle Contae **ag ullmhú scéim den sórt sin**.	Tá na fostaithe **ag iarraidh tuarastail as an ngnáth**.
	Ritheadh ionstraim **do leasú riail ar leith**.	Ritheadh ordú **d'fhionraí liúntais den sórt sin**.
Clásal coibhneasta	Tá sé **ag cuardach scéal a scríobh sé** anuraidh.	Tá an coiste **ag athbhreithniú cláir ar cuireadh tús leo fadó**.
	Tá an Rialtas **ag leasú Acht a ritheadh san ochtú haois déag**.	Bhí sé **ag moladh scannáin a mbeadh spéis agam iontu**.
	Ní fiú bheith **ag ordú trealamh atá daor**.	Thosaigh siad **ag díol milseáin a bhí an-bhlasta**.
An aidiacht éiginnte *aon* nó an réimír threise *an-*	An bhfuil sí **ag réiteach aon straitéis** chun déileáil leis?	An bhfuil siad **ag tógáil aon fhoirgnimh** faoi láthair?
	Ní léir dom go bhfuil siad **ag déanamh aon iarracht**.	Nílim **ag ceannach aon dearbháin** uait i mbliana.
	Tá na mic léinn **ag déanamh an-obair** ar an tionscadal sin.	

Tábla 3B Cáilitheoirí – Ainmfhocal Éiginnte atá faoi réir ag Ainm Briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* as *do*) roimhe

3.3.10 Ainmfhocal Éiginnte Cáilithe atá faoi réir ag Réamhfhocal Comhshuite

Nuair atá ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag réamhfhocal comhshuite (nó *cois, dála, fearacht, timpeall, trasna*) cáilithe leis na cáilitheoirí a liostaítear anseo thíos, ní dhéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal éiginnte (ná ar an aidiacht a ghabhann leis).

CÁILITHEOIR	UATHA	IOLRA
Aidiacht cháilíochta, nó ainmfhocal i gcáil aidiachta	Tá an dlíodóir ag gníomhú **thar ceann eagraíocht áitiúil**.	Cheannaigh mé leabhair dóibh **in ionad bréagáin úra**.
	Shuigh siad **cois abhainn chiúin**.	Is éasca léim **trasna srutháin bheaga**.
	Chuaigh sé **i gcomhair cupán tae**.	Chuaigh sí **ar thóir buidéil uisce**.
	Ní mór an páipéarachas cuí a chomhlánú **le haghaidh scéim pinsin ceirde**.	Is suíomh gréasáin **le haghaidh mic léinn** é.
Frása réamhfhoclach amhail *ar bith, ar leith, den scoth*, etc. má tá feidhm aidiachtach aige	Ní foláir leanúint ar aghaidh **d'ainneoin moill den sórt sin**.	Teastaíonn uathu cláir nua-aimseartha a chur **in ionad seanchláir gan mhaith**.
	Ní fiú a bheith **i mbun obair in aisce**.	Cuireadh na bailiúcháin **faoi chúram leabharlanna ar leith**.
Fochlásal réamhfhoclach, e.g., *ar an mBille, faoin mbord, sa phóstaer*, etc., nó forainmneach réamhfhoclach, e.g., *air, fúithi, uainn*, etc., má tá feidhm aidiachtach aige	Bhuaigh siad ticéid **i gcomhair turas chun na Fraince**.	Fuarthas an admháil **i measc iarratais ó dhaltaí** scoile.
	Tá sí ag obair ann **de bhun conradh leis an Roinn**.	Bunaíodh scéim ar leith **le haghaidh amharclanna i lár na cathrach**.
	Fuair siad maoiniú **le haghaidh scéim i dtaca le cúram** leanaí.	Scríobh sé alt **i dtaobh amhráin faoin imirce**.
	An ndúirt sé go raibh sé **i mbun eagarthóireacht air**?	Is ábhar é seo ar thagair mé dó **le linn cainteanna leis**.
Clásal coibhneasta	Fágadh gan mhaoiniú iad **de bharr scéim ar tháinig deireadh léi**.	Tá sé **ar thóir leabhair a ndearnadh scannáin díobh**.
	Bhí sé i mbéal an phobail **de thoradh amhrán dar teideal *An Dreoilín***.	Tá an scéal á fhiosrú arís **i bhfianaise páipéir a aimsíodh**.
	Nach iontach a bheith ag siúl **trasna sráid a tógadh sa 14ú haois**!	Rith siad **trasna páirceanna a bhí lán de bhláthanna beaga**.
An aidiacht éiginnte *aon*	Bíonn an obair sin le déanamh **i gcás aon chonradh**.	Socraítear téarmaí ar leith **i gcomhair aon tionscail**.
	Ní dhearnadh gearán **i gcoinne aon mhúinteoir** sa scoil seo.	An bhfuil an fhoráil sin **faoi réir aon chomhaontuithe fostaíochta**?
	Ní foláir dúinn airgead a thuilleamh **fearacht aon eagras**.	**Dála aon údair**, chaith siad go leor ama ag déanamh taighde.

Tábla 3C Cáilitheoirí – Ainmfhocal Éiginnte atá faoi réir ag Réamhfhocal Comhshuite

Tabhair faoi deara gur frása réamhfhoclach a bhfuil brí faoi leith aige é réamhfhocal comhshuite, e.g., *i gcás* sa bhrí *más rud é*. *Réamhfhocal simplí + ainmfhocal* is múnla dó. Níl feidhm ag tábla 3C má tá ainmfhocal éiginnte faoi réir ag réamhfhocal agus ainmfhocal nach réamhfhocal comhshuite, e.g., *i gcás* sa bhrí *in imeachtaí dlí*, *i mála*.

3.3.11 Ainmfhocal Éiginnte Cáilithe atá faoi réir ag Cainníocht Éiginnte

Nuair atá ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag focal nó frása lena gcuirtear cainníocht éiginnte in iúl, e.g., *barraíocht, breis, easpa, go leor, iomarca, níos mó, roinnt*, cáilithe leis na cáilitheoirí a liostaítear anseo thíos, ní dhéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal éiginnte (ná ar an aidiacht a ghabhann leis).

CÁILITHEOIR	UATHA	IOLRA
Aidiacht cháilíochta, nó ainmfhocal i gcáil aidiachta	Thit **go leor báisteach throm** an tseachtain seo caite.	Tá **an-chuid foirgnimh cháiliúla** i mBaile Átha Cliath.
	An dteastaíonn **roinnt arán cruithneachta** uait?	Bhí **scata báid iascaigh** sa chuan.

Tábla 3D Cáilitheoirí – Ainmfhocal Éiginnte atá faoi réir ag Cainníocht Éiginnte

Tabhair faoi deara go mbreathnaítear ar chainníocht éiginnte mar chainníocht chinnte nuair a chuirtear aidiacht shealbhach roimpi agus sa chás sin go ndéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal a thagann ina dhiaidh (agus ar an aidiacht a ghabhann leis), e.g., *a chuid gruaige fada*; *a dóthain bia the*; *a ndóthain saineolais theicniúil*; *ár gcuid oibre baile*.

3.3.12 Foirm an Ghinidigh

(a) Lasmuigh de na cásanna atá sonraithe i dtáblaí 3B, 3C agus 3D, déantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal éiginnte sa struchtúr *ainmfhocal + ainmfhocal éiginnte + cáilitheoir*.

UATHA	IOLRA
An **leabhar múinteora scoile** é seo?	Is **calafort bád iascaigh** é.
Cé a thosaigh **an togra oideachais Gaeltachta** sin?	Cá huair a tionscnaíodh **an scéim ealaíon pobail**?
Bhain mé úsáid as **an tSeirbhís Eolais Gnó**.	Tá **monarcha scáileán ríomhaire** sa pháirc ghnó.
Is **fear tí solais** é.	Ní mór **an plean bóithre náisiúnta** a athbhreithniú.
An **cathaoirleach boird stáit** í?	Tionóladh cruinniú **d'eagarthóirí nuachtán áitiúil**.
Scríobh sé **amhrán ceoil tíre**.	An ball de **chumann óstán idirnáisiúnta** é?
Cá bhfuil **an tIonad Nuálaíochta Gnó**?	Cá bhfuil **an t-ionad diúscartha crann Nollag**?
Ní mór páirt a ghlacadh **i bpróiseas réitigh díospóidí tionscail**.	Cén cineál taithí a bhíonn ag **láithreoirí clár cúrsaí reatha**?

Tábla 3E Foirm an Ghinidigh – Ainmfhocal + Ainmfhocal Éiginnte + Cáilitheoir

(b) Déantar athrú an ghinidigh ar ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag réamhfhocal comhshuite agus a dtagann frása réamhfhoclach, fochlásal réamhfhoclach nó forainmneach réamhfhoclach ina dhiaidh mura bhfuil an t-ainmfhocal éiginnte cáilithe leis an bhfrása réamhfhoclach, leis an bhfochlásal réamhfhoclach nó leis an bhforainmneach réamhfhoclach sin (mar shampla, más é an briathar seachas an t-ainmfhocal éiginnte atá cáilithe) ná le haon cheann de na cáilitheoirí eile a luaitear i dtábla 3C.

UATHA	IOLRA
Bhí siad **i mbun ceoil ar an tsráid**.	Bhí an madra **ar thóir éan sa pháirc**.
Chuaigh siad **le haghaidh dinnéir ar an 14 Samhain**.	Dúirt siad go raibh siad chun tithe a thógáil **in ionad árasán i mbliana**.
Bhí sí ann **ar feadh tamaill le cailíní eile ón gceantar**.	Fuair sé brioscaí **in áit bonnóg sa siopa**.

Tábla 3F Foirm an Ghinidigh – Ainmfhocal Éiginnte atá faoi réir ag Réamhfhocal Comhshuite

3.3.13 Achoimre ar Fhoirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh

Mar áis tagartha, tugtar achoimre anseo ar na cásanna ina n-úsáidtear foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh.

Má tá:	Faoi réir ag:	Úsáidtear foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh:
Ainmfhocal a thagann roimh ainmfhocal cinnte sa ghinideach (3.3.1(a))	Focal nó leagan a leanann an ginideach é	Bhí bus **fhoireann** Chorcaí ann.
Aonad cinnte áirithe a bhfuil ainm briathartha ina dhlúthchuid de (3.3.1(b))	Focal nó leagan a leanann an ginideach é	Tá an t-iniúchóir ag fiosrú **an chur i gcéill** sin faoi láthair.
Ainmfhocal nó abairtín ainmfhoclach, cinnte nó éiginnte, atá á cheangal ag an réamhfhocal *a* (as *do*) le hainm briathartha (3.3.2(a))	Focal nó leagan a leanann an ginideach é	Bhí na fir shlándála ar tí **na doirse** a dhúnadh.
cuid agus *ceann*, agus ginideach rannaíoch nó tabharthach rannaíoch faoina réir (3.3.2(b))	Focal nó leagan a leanann an ginideach é	Gortaíodh í le linn **ceann** de na cluichí áitiúla. Tá laghdú tagtha ar mhéid **mo chuid** oibre.
Ainmfhocal coiteann amháin gan an t-alt leis atá á úsáid mar ainm comhlachta, cumainn nó cláir (3.3.2(c))	Focal nó leagan a leanann an ginideach é	Cá bhfuil príomhoifig **Bóthar**?

Tábla 3G Achoimre ar na Cásanna ina n-úsáidtear Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh

Má tá:	**Faoi réir ag:**	**Úsáidtear foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh:**
Ainm briathartha a bhfuil an forainmneach réamhthagrach *a* roimhe (3.3.3(a))	Focal nó leagan a leanann an ginideach é	Tá sé tar éis **a rá** go ndéanfaidh sé é.
Ainm briathartha (3.3.3(b))	*chun*, sa struchtúr *chun* + *ainm briathartha* a úsáidtear chun gníomh atá le teacht a chur in iúl	An bhfuil sé chun **iomáint** le Corcaigh?
Aonad éiginnte áirithe a bhfuil ainm briathartha ina dhlúthchuid de (3.3.3(c))	Focal nó leagan a leanann an ginideach é	Cén cineál **cur chuige** a d'úsáid siad?
Ainmfhocal éiginnte a úsáidtear mar ainm briathartha freisin, agus a bhfuil gnáthghinideach aige de réir ceann de na díochlaontaí, atá á úsáid mar ainm briathartha (3.3.4(a))	Ainm briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* as *do*) roimhe nó réamhfhocal comhshuite	Tá na páistí ag iarraidh **léim**. Tá sé tar éis **siúl** abhaile.
Ainmfhocal éiginnte a úsáidtear mar ainm briathartha freisin, agus nach bhfuil gnáthghinideach aige de réir ceann de na díochlaontaí, atá mar chuspóir díreach ainm bhriathartha (3.3.4(b))	Ainm briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* as *do*) roimhe	An bhfuil tú ag iarraidh **éirí**?
Ainmfhocal éiginnte a úsáidtear mar ainm briathartha freisin, agus nach bhfuil gnáthghinideach aige de réir ceann de na díochlaontaí (3.3.4(c))	Réamhfhocal comhshuite nó *chun* sa bhrí *i dtreo*	Tá an lánúin sin ar tí **pósadh**. Tá an lá ag dul chun **síneadh**.
Ainmfhocal éiginnte i gclásal ainm bhriathartha nach féidir feidhmiú go neamhspleách gan réamhfhocal simplí nó clásal réamhfhoclach ina dhiaidh (3.3.5)	Ainm briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* as *do*) roimhe	Tá siad ag tabhairt **aghaidh** ar an bhfoireann eile anois.
An chéad ainmfhocal éiginnte i bhfrása ilfhoclach a bhfuil brí ar leith leis (3.3.6(a))	Focal nó leagan a leanann an ginideach é	Tá sé ag déanamh **bolg le gréin** sa Fhrainc faoi láthair.
tús, *lár* nó *deireadh*, más an chéad ainmfhocal in aonad dhá ainmfhocal éiginnte é (3.3.6(b))	Focal nó leagan a leanann an ginideach é	Déantar ócáid **deireadh** seachtaine a eagrú gach bliain.

Tábla 3G Achoimre ar na Cásanna ina n-úsáidtear Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh (ar lean.)

Má tá:	**Faoi réir ag:**	**Úsáidtear foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh:**
Ainmfhocal i liosta (3.3.7)	Focal nó frása lena gcuirtear cainníocht chinnte in iúl	1lb **plúr** 250g **siúcra mín**
Ainmfhocal éiginnte atá cáilithe le cáilitheoirí áirithe (3.3.9)	Ainm briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* as *do*) roimhe	Bímse ag ullmhú **lóin shláintiúla** dom féin. (*iol.*) Táim ag réiteach **cupán tae**. (*u.*) Níl siad ag fáil **pingin ar bith**. (*u.*) Ní fiú bheith ag ordú **trealamh atá daor**. (*u.*) Nílim ag ceannach **aon dearbháin** i mbliana. (*iol.*) Tá na mic léinn ag déanamh **an-obair** ar an tionscadal sin. (*u.*)
Ainmfhocal éiginnte atá cáilithe le cáilitheoirí áirithe (3.3.10)	Réamhfhocal comhshuite	Chuaigh sé i gcomhair **cupán tae**. (*u.*) D'fhéadfaí a leithéid a rá i gcás **cláir ar bith**. (*iol.*) Fuarthas an admháil i measc **iarratais ó dhaltaí scoile**. (*iol.*) Fágadh gan mhaoiniú iad de bharr **scéim ar tháinig deireadh léi**. (*u.*) Bíonn an obair sin le déanamh i gcás **aon chonradh**. (*u.*)
Ainmfhocal éiginnte atá cáilithe le cáilitheoirí áirithe (3.3.11)	Focal nó frása lena gcuirtear cainníocht éiginnte in iúl	Thit go leor **báisteach throm** an tseachtain seo caite. (*u.*)

Tábla 3G Achoimre ar na Cásanna ina n-úsáidtear Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh (ar lean.)

CAIBIDIL 4 | AN AIDIACHT

4.1 An Aidiacht Cháilíochta

4.1.1 Roinntear na haidiachtaí ina dtrí dhíochlaonadh.

4.1.2 Ní dhíochlaontar an aidiacht ach amháin nuair a úsáidtear mar aidiacht cháilíochta í.

4.1.3 Braitheann foirm aidiachta cáilíochta ar inscne, tuiseal agus uimhir an ainmfhocail atá á cháiliú léi agus ar dhíochlaonadh na haidiachta féin. Féach Caibidil 9 le haghaidh rialacha maidir le haidiachtaí a úsáid le huimhreacha.

4.2 Inscne, Tuiseal agus Uimhir na hAidiachta Cáilíochta

4.2.1 Réitíonn an aidiacht cháilíochta leis an ainmfhocal ó thaobh inscne, tuisil agus uimhreach. I gcás sraith ainmfhocal, réitíonn an aidiacht leis an ainmfhocal deiridh, e.g., *mná agus fir ghnaíúla*; *peann, páipéar agus bileog ghorm*. I gcás sraith aidiachtaí i ndiaidh ainmfhocal amháin, réitíonn gach aidiacht leis an ainmfhocal, e.g., *ailt shuimiúla thábhachtacha fhada*.

> Tháinig na mná agus na fir **ghnaíúla** isteach.
> Tháinig na fir agus na mná **gnaíúla** isteach.
> Bhí sciorta, cóta agus scaif **ghorm** uirthi.
> Tá cait **mhóra fhiáine** i ngairdín na n-ainmhithe.

4.2.2 (a) San uimhir uatha–

(i) i gcás ainmfhocal firinscneach, ní shéimhítear an aidiacht atá á cháiliú, e.g., *an fear beag*; *ag an bhfear beag*; ach amháin sa tuiseal gairmeach agus sa tuiseal ginideach e.g., *a fhir bhig*; *hata an fhir bhig*;

(ii) má tá Córas an tSéimhithe (féach 1.7) in úsáid, séimhítear an aidiacht a cháilíonn ainmfhocal firinscneach sa tuiseal tabharthach má ghabhann an t-alt leis an ainmfhocal sin, e.g., *ag an fhear bheag*.

(b) San uimhir uatha, i gcás ainmfhocal baininscneach, séimhítear an aidiacht atá á cháiliú sna tuisil go léir, e.g., *an bhean bheag*; *a bhean bheag*; *ag an mbean bheag*; ach amháin sa tuiseal ginideach, e.g., *hata na mná bige*.

4.2.3 Tugtar léiriú i gCaibidil 9 ar an aidiacht cháilíochta nuair atá uimhir roimh an ainmfhocal atá á cháiliú.

4.2.4 Séimhiú ar Aidiacht Cháilíochta san Uimhir Uatha

Fágtar aidiacht lom nó cuirtear séimhiú uirthi bunaithe ar inscne agus tuiseal an ainmfhocail atá á cháiliú léi. Léirítear na cásanna sa tábla thíos. Féach an plé ar dhíochlaonadh na haidiachta (4.3) chun eolas a fháil ar athrú foirme (seachas séimhiú) ar an aidiacht féin.

AN TUISEAL	AINMFHOCAL FIRINSCNEACH UATHA	AINMFHOCAL BAININSCNEACH UATHA
Ainmneach agus Cuspóireach	*gan séimhiú* an fear **beag**	*séimhiú* an bhean **bheag**
Gairmeach	*séimhiú* a fhir **bhig**	*séimhiú* a bhean **bheag**
Tabharthach*	*gan séimhiú* ar an bhfear **beag**	*séimhiú* ar an mbean **bheag**
Ginideach	*séimhiú* clann an fhir **bhig**	*gan séimhiú* clann na mná **bige**

Tábla 4A Séimhiú ar Aidiacht Cháilíochta san Uimhir Uatha *Ach féach 1.7 Córas an tSéimhithe

4.2.5 Séimhiú ar Aidiacht Cháilíochta san Uimhir Iolra

San uimhir iolra, séimhítear túschonsan aidiachta má chríochnaíonn an t-ainmfhocal iolra ar chonsan caol, mar atá sa tábla thíos (féach freisin 10.3.1).

SÉIMHIÚ	GAN SÉIMHIÚ
Ainmfhocal dar críoch consan caol san iolra	**Ainmfhocal dar críoch consan leathan nó guta san iolra**
na báid **fhada**	na cailíní **cliste**
na costais **shonracha**	na doirse **móra**
na foirgnimh **bhreátha**	na páirceanna **móra**
na fir **bheaga**	na táilliúirí **costasacha**
na goirt **mhóra**	clanna na mban **cáiliúil**
na héisc **gheala**	clanna na bhfear **beag**
na húdair **cháiliúla**	éifeacht na bhforálacha **forlíontacha**
na nóiméid **dheireanacha**	méid na bhfuinneog **cearnach**
na pinn **ghorma**	obair na ngaibhne **dubha**
na sparáin **theanna**	seirbhísí na leabharlann **poiblí**

Tábla 4B Séimhiú ar Aidiacht Cháilíochta san Uimhir Iolra

4.3 Díochlaonadh na hAidiachta

4.3.1 Is ionann foirm don aidiacht sa tuiseal ainmneach, sa tuiseal cuspóireach agus sa tuiseal tabharthach uatha, agus is ionann foirm don aidiacht sa tuiseal ainmneach, sa tuiseal cuspóireach agus sa tuiseal tabharthach iolra.

4.3.2 Sa tuiseal ginideach iolra–

(a) más tréaniolra atá ag an ainmfhocal, úsáidtear an fhoirm chéanna den aidiacht a úsáidtear sa tuiseal ainmneach iolra:

Ainmneach iolra	Is maith liom na filí **móra**.
Ginideach iolra	Is maith liom dánta na bhfilí **móra**.

(b) más lagiolra atá ag an ainmfhocal, úsáidtear an fhoirm chéanna den aidiacht a úsáidtear sa tuiseal ainmneach uatha:

Ainmneach uatha	Foilsíonn an t-údarás **áitiúil** tuarascáil gach bliain.
Ginideach iolra	Foilsíodh tuarascálacha na n-údarás **áitiúil**.

4.3.3 (a) Ní shéimhítear ná ní infhilltear aidiacht sa ghairmeach firinscneach más ainm ceana nó brí mheafarach atá i gceist.

Cén chaoi a bhfuil tú, **a athair beag**?
A dheartháir dílis, bhí a fhios agam go maith gur tú a bhí ann.
A bhéal cumhra, nach muid a bheidh sásta le chéile.
Conas atá tú, **a mhac bán**?

(b) Séimhítear túslitir na haidiachta, áfach, más ainmfhocal baininscneach atá roimpi.

Cad é mar atá tú inniu, a thaisce **mhilis**?
A mháthair **bheag**, ní bheidh deireadh go deo le do chuid oibre.

4.3.4 Ní infhilltear an aidiacht i ndiaidh ainmneacha baiste ban, e.g., *Máire Mhór*, *teach Mháire Mhór*.

4.3.5 Ní infhilltear an aidiacht ná ní dhéantar athrú tosaigh uirthi ar lorg dobhriathra nó aidiachtaí a úsáidtear mar dhobhriathra amhail *cuibheasach*, *sách*, *measartha*, *réasúnta*, etc.

Is bean **measartha saibhir** í.
Mná **measartha saibhir** is ea iad.
Fir **sách ard** is ea iad.
Páistí **réasúnta ciúin** is ea iad.
Maidin **sách fuar** a bhí ann.
Bliain **cuibheasach tirim** atá uainn.

4.3.6 Ní infhilltear an aidiacht ar lorg na míre treise *an-*.

> Is daoine **an-bhreá** iad.
> Déanfar na gnéithe **an-tábhachtach** sin a mheas.
> Ní páistí **an-chiúin** iad.

4.3.7 Ní infhilltear an aidiacht ná ní chuirtear séimhiú uirthi más cuid de fhrása aidiachtach ilfhoclach í, e.g., *athnuachan saor in aisce*; *tuarascáil cothrom le dáta*.

> Is bean **mór le rá** í i réimse na heolaíochta.
> Ba é údar na tuarascála **cothrom le dáta** a thug an cur i láthair.

4.3.8 Is faoi gach díochlaonadh ar leithligh a thugtar cur síos ar fhoirm an ghinidigh uatha.

4.4 An Chéad Díochlaonadh

Cuimsítear sa díochlaonadh seo aidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan, leathan nó caol, seachas aidiachtaí a chríochnaíonn ar *-úil* agus roinnt aidiachtaí a chríochnaíonn ar *-ir* (féach 4.5).

4.4.1 Foirm an Ghinidigh Uatha

(a) **Firinscneach**

(i) Más consan leathan is críoch don aidiacht, caolaítear an consan mar a dhéantar le hainmfhocail sa Chéad Díochlaonadh (féach 2.2.2).

> Cár fhág sé hata an fhir **mhóir**?
> Caithfear coinníollacha an chonartha **bhuain** a léamh go cúramach.
> Léigh sé leabhar an imreora **chlúitigh** nuair a foilsíodh é.

(ii) Ní dhéantar infhilleadh sa ghinideach uatha firinscneach ar aidiachtaí aonsiollacha a chríochnaíonn ar *-ch(t)* (ach amháin *bocht*), e.g., *beacht*, *caoch*, *déach*, *fliuch*, *lách*, *moch*, *nocht*.

> Bhí orthu an fhéile a chur ar siúl ag deireadh an tsamhraidh **fhliuch**.
> Tá na páistí i rang an mhúinteora **bheacht** i mbliana.
> Goideadh ba an fheirmeora **bhoicht**.

(iii) Más consan caol nó *-íoch* is críoch don aidiacht, ní dhéantar infhilleadh uirthi.

> Ba mhaith liom labhairt le tuismitheoirí an bhuachalla **chiúin**.
> Bhí gach duine i bhfabhar an fheachtais **thionsclaíoch**.

(iv) Ní dhéantar infhilleadh sa ghinideach uatha firinscneach ar aidiachtaí aonsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan dúbailte (ach amháin *dall*, *donn*, *fionn*), e.g., *cearr*, *corr*, *gann*, *gearr*, *mall*, *teann*, *toll*.

Tá praghas an bhia **ghann** ag ardú gach lá.
Chuir costas an turais **ghearr** iontas orthu.
Bhí boladh an aráin **dhoinn** ar fud an tí.

(v) Ní dhéantar infhilleadh sa ghinideach uatha firinscneach ar na haidiachtaí aonsiollacha seo a leanas: *amh*, *cúng*, *deas* (sa bhrí *cineálta*), *leamh*, *mear*, *seang*, *searbh*, *tearc*, *tiubh*, *trom*, *tur*.

Chuir sí ola ar dhoras an bhealaigh **chúng**.
Labhair mé le húinéir an chapaill **mhear**.

(b) **Baininscneach**

(i) Cuirtear *-e* leis an gconsan deiridh, agus caolaítear é más leathan dó, e.g., *gorm*, *goirme*; *maith*, *maithe* mar a dhéantar le hainmfhocail sa Dara Díochlaonadh (féach 2.3.2).

Féach ar áilleacht na spéire **goirme**.
Cé hé údar na tuarascála **maithe**?

(ii) I gcás aidiachtaí a chríochnaíonn ar *-(e)ach*, cuirtear *-(a)í* in ionad *-(e)ach*, e.g., *aisteach*, *aistí*; *iontach*, *iontaí*; mar a dhéantar le hainmfhocail sa Dara Díochlaonadh (féach 2.3.2).

Tá guth na caillí **aistí** le cloisteáil ar an taifead.
Thaitin téama na haiste **iontaí** liom.

(iii) I gcás aidiachtaí a chríochnaíonn ar *-íoch*, athraítear *-íoch* go *-íche*, e.g., *eacnamaíoch*, *eacnamaíche*.

Cathain a bhraithfimid deireadh na géarchéime **eacnamaíche**?
Is maith an rud é fás na hearnála **tionsclaíche**.

(iv) Féach Caibidil 2 don chur síos cuimsitheach ar athrú gutaí.

4.4.2 Foirm an Ghairmigh Uatha

Is ionann foirm don ghairmeach uatha agus don ainmneach uatha, ach amháin i gcás aidiachtaí a gcaolaítear a gconsan deiridh sa ghinideach uatha firinscneach. I gcás na n-aidiachtaí sin, is gnách gurb ionann foirm an ghairmigh uatha fhirinscnigh agus foirm an ghinidigh uatha fhirinscnigh, e.g., *a fhir mhóir*; *cóta an fhir mhóir*.

4.4.3 Foirm an Iolra – Gach Tuiseal

Cuirtear *-a* leis na haidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan leathan agus *-e* leis na haidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan caol agus coimrítear aidiachtaí áirithe (ach féach lagiolraí sa ghinideach iolra, 4.3.2(b)).

Cá bhfuil na peileadóirí **clúiteacha**?
Foilseofar na haistí **maithe** san iris bhliantúil.
Bhí na daoine **uaisle** i láthair inné.

4.4.4 Coimriú san Uatha agus san Iolra

Déantar coimriú sa tuiseal ginideach uatha baininscneach agus san uimhir iolra i ngach tuiseal ar na haidiachtaí sa tábla seo a leanas, i measc eile, ach ní choimrítear na foirmeacha idir lúibíní.

AINMNEACH UATHA	GINIDEACH UATHA BAININSCNEACH	IOLRA
álainn	áille	áille
aoibhinn	aoibhne	aoibhne
bodhar	(bodhaire)	bodhra
daibhir	daibhre	daibhre
daingean	daingne	daingne
deimhin	deimhne	deimhne
dílis	dílse	dílse
doilbhir	doilbhre	doilbhre
domhain	doimhne	doimhne
folamh	foilmhe	folmha
íseal	ísle	ísle
láidir	láidre	láidre
milis	milse	milse
ramhar	raimhre	ramhra
righin	righne	righne
saibhir	saibhre	saibhre
sleamhain	(sleamhaine)	sleamhna
soilbhir	soilbhre	soilbhre
uasal	uaisle	uaisle

Tábla 4C Coimriú san Uatha agus san Iolra

4.5 An Dara Díochlaonadh

Cuimsítear sa díochlaonadh seo aidiachtaí a chríochnaíonn ar *-úil*, mar aon le roinnt aidiachtaí a chríochnaíonn ar *-ir*, e.g., *cóir*, *deacair*, *socair*.

4.5.1 Foirm an Ghinidigh Uatha

(a) **Firinscneach**
Ní théann aon infhilleadh ar aidiachtaí an díochlaonta seo.

Cá bhfuil athair an fhir **chóir**?
Léigh mé tús an leabhair **shuimiúil**.

(b) **Baininscneach**
Leathnaítear an consan deiridh agus cuirtear *-a* leis.

Cá bhfuil athair na mná **cáiliúla**?
Léigh mé tús na haiste **deacra**.

4.5.2 Foirm an Iolra – Gach Tuiseal

(a) Leathnaítear an consan deiridh agus cuirtear *-a* leis mar a dhéantar sa ghinideach uatha baininscneach (ach féach lagiolraí sa ghinideach iolra, 4.3.2(b)).

Cá bhfuil na fir **cháiliúla** agus na mná **dathúla**?
Léigh mé na dánta **suimiúla** inné.

(b) Coimrítear *deacair*, *deacra*; *socair*, *socra* sa ghinideach uatha agus san uimhir iolra.

4.6 An Tríú Díochlaonadh

4.6.1 Cuimsítear sa díochlaonadh seo aidiachtaí a chríochnaíonn ar ghuta, e.g., *cliste*, *cróga*.

4.6.2 Ní dhéantar infhilleadh ach ar dhá aidiacht sa díochlaonadh seo: *breá* agus *te*. Athraíonn *breá* go *breátha* sa ghinideach uatha baininscneach agus san uimhir iolra agus athraíonn *te* go *teo* san uimhir iolra (ach féach lagiolraí sa ghinideach iolra, 4.3.2(b)).

Ainmneach uatha	Tine **bhreá the** a bhí ann.
Ginideach uatha	Dath na tine **breátha te**.
Ainmneach iolra	Lasadh na tinte **breátha teo**.

4.7 Achoimre ar Dhíochlaontaí na nAidiachtaí

AINMFHOCAL FIRINSCNEACH UATHA			
Tuiseal	**An Chéad Díochlaonadh**	**An Dara Díochlaonadh**	**An Tríú Díochlaonadh**
Ainmneach	an fear **beag** an peileadóir **clúiteach** an buachaill **ciúin**	an fear **misniúil** an duine **cóir** an t-óstóir **flaithiúil**	an cóta **buí** an garda **cróga** an duine **cuí**
Gairmeach	a fhir **bhig** a pheileadóir **chlúitigh** a bhuachaill **chiúin**	a fhir **mhisniúil** a dhuine **chóir** a óstóir **fhlaithiúil**	a gharda **chróga** a dhuine **chuí** a fhir **chliste**
Tabharthach*	ag an bhfear **beag** don pheileadóir **clúiteach** leis an mbuachaill **ciúin**	don fhear **misniúil** chuig an duine **cóir** ón óstóir **flaithiúil**	ar an gcóta **buí** ag an ngarda **cróga** leis an duine **cuí**
Ginideach	caipín an fhir **bhig** ainm an pheileadóra **chlúitigh** rang an bhuachalla **chiúin**	eachtra an fhir **mhisniúil** clann an duine **chóir** comhairle an óstóra **fhlaithiúil**	úinéir an chóta **bhuí** thar ceann an duine **chuí** guth an gharda **chróga**

Tábla 4D Achoimre ar Dhíochlaontaí na hAidiachta – Firinscneach Uatha *Ach féach 1.7 Córas an tSéimhithe

AINMFHOCAL BAININSCNEACH UATHA			
Tuiseal	**An Chéad Díochlaonadh**	**An Dara Díochlaonadh**	**An Tríú Díochlaonadh**
Ainmneach	an bhean **bheag** an bhó **álainn** an mháthair **imníoch**	an bhean **ghairmiúil** an tuairisc **mhíosúil** an aiste **dheacair**	an éide **ghalánta** an aiste **ghonta** an mhí **fhada**
Gairmeach	a bhean **bheag** a aintín **álainn** a mháthair **imníoch**	a bhean **ghairmiúil** a aintín **fhlaithiúil** a mháthair **chóir**	a bhean **chróga** a aintín **ghalánta** a mháthair **chróga**
Tabharthach	don bhean **bheag** ag an aintín **álainn** leis an máthair **imníoch**	don bhean **ghairmiúil** sa tuairisc **mhíosúil** san aiste **dheacair**	ar an éide **ghalánta** san aiste **ghonta** den mhí **fhada**
Ginideach	teach na mná **bige** peata na máthar **imníche** ceol na haintín **áille**	maoin na mná **gairmiúla** fad na tuairisce **míosúla** teideal na haiste **deacra**	luach na héide **galánta** údar na haiste **gonta** deireadh na míosa **fada**

Tábla 4E Achoimre ar Dhíochlaontaí na hAidiachta – Baininscneach Uatha

AINMFHOCAL FIRINSCNEACH IOLRA			
Tuiseal	**An Chéad Díochlaonadh**	**An Dara Díochlaonadh**	**An Tríú Díochlaonadh**
Ainmneach	na fir **bheaga** na peileadóirí **clúiteacha** na buachaillí **ciúine**	na leabhair **shuimiúla** na daoine **córa** na páistí **flaithiúla**	na cótaí **buí** na daoine **cuí** na gardaí **cróga**
Gairmeach	a fheara **beaga** a pheileadóirí **clúiteacha** a bhuachaillí **ciúine**	a fheara **misniúla** a dhaoine **córa** a pháistí **flaithiúla**	a dhaoine **cuí** a fheara **cliste** a ghardaí **cróga**
Tabharthach	ar na fir **bheaga** ag na peileadóirí **clúiteacha** leis na buachaillí **ciúine**	do na fir **mhisniúla** leis na daoine **córa** ó na páistí **flaithiúla**	ar na cótaí **buí** leis na daoine **cuí** do na gardaí **cróga**
Ginideach	caipíní na bhfear **beag** bróga na bpeileadóirí **clúiteacha** rang na mbuachaillí **ciúine**	bás na bhfear **misniúil** clann na ndaoine **córa** airgead na bpáistí **flaithiúla**	úinéirí na gcótaí **buí** ar son na ndaoine **cuí** hataí na ngardaí **cróga**

Tábla 4F Achoimre ar Dhíochlaontaí na hAidiachta – Firinscneach Iolra

AINMFHOCAL BAININSCNEACH IOLRA			
Tuiseal	**An Chéad Díochlaonadh**	**An Dara Díochlaonadh**	**An Tríú Díochlaonadh**
Ainmneach	na mná **beaga** na haintíní **áille** na máithreacha **imníocha**	na mná **gairmiúla** na haintíní **córa** na hiníonacha **flaithiúla**	na héidí **galánta** na haistí **gonta** na míonna **fada**
Gairmeach	a mhná **beaga** a aintíní **áille** a mháithreacha **imníocha**	a mhná **gairmiúla** a aintíní **córa** a iníonacha **flaithiúla**	a mhná **galánta** a iníonacha **cróga** a aintíní **cliste**
Tabharthach	do na mná **beaga** ag na haintíní **áille** leis na máithreacha **imníocha**	do na mná **gairmiúla** leis na haintíní **córa** ó na hiníonacha **flaithiúla**	leis na héidí **galánta** sna haistí **gonta** de na míonna **fada**
Ginideach	teach na mban **beag** ceol na n-aintíní **áille** deifir na máithreacha **imníocha**	pá na mban **gairmiúil** clann na n-aintíní **córa** airgead na n-iníonacha **flaithiúla**	luach na n-éidí **galánta** údair na n-aistí **gonta** tús na míonna **fada**

Tábla 4G Achoimre ar Dhíochlaontaí na hAidiachta – Baininscneach Iolra

4.8 Céimeanna Comparáide na hAidiachta

4.8.1 (a) Is gnách gurb ionann foirm do bhreischéim agus do shárchéim aidiachta agus don ghinideach uatha baininscneach, e.g., *ard, airde*; *breá, breátha*; *cóir, córa*; *dathúil, dathúla*; *deacair, deacra*; *díreach, dírí*.

Faigh an luach is **airde** air.
Is í Ciara an cailín is **dathúla** sa rang.
An rud is **deacra** faoin bhfilíocht, a léamh mar is cóir.

(b) Is ionann freisin foirm do bhreischéim agus do shárchéim aidiachta agus don ghinideach uatha baininscneach i gcás aidiachtaí a chríochnaíonn ar *-íoch*, e.g., *buíoch, buíche*; *débhríoch, débhríche*; *imníoch, imníche*; *impíoch, impíche*; *taithíoch, taithíche*; *uathoibríoch, uathoibríche*.

Is iadsan na daoine is **imníche** sa tír.
Is eisean is **taithíche** ar an obair seo.
Cuirfear an córas is **uathoibríche** i bhfeidhm.

4.8.2 Tá foirmeacha neamhrialta ar roinnt aidiachtaí, e.g., *beag, lú*; *dócha, dóichí*; *fada, faide* (*sia*); *fogas, foisce*; *furasta, fusa*; *gearr, giorra*; *iomaí, lia*; *maith, fearr*; *mór, mó*; *olc, measa*; *te, teo*.

Is é Rónán an duine is **fearr** sa rang.
Is í an chuimhne is **faide** (is **sia**) siar i mo cheann í.
Cé acu ceann is **mó**?

4.8.3 **Foirmeacha ar lorg *dá* agus *a***

(a) I ndiaidh *dá* agus *a*, is cuma feidhm réamhthagrach nó feidhm iarthagrach a bheith acu, is gnách go n-úsáidtear foirm is ionann agus foirm na breischéime den aidiacht nó foirm a dhíorthaíonn ón mbreischéim nó ón mbunchéim agus a chríochnaíonn ar *-cht*.

(b) Ní úsáidtear ach foirm amháin i gcás na n-aidiachtaí seo a leanas: *dócha, dóichí*; *dona, donacht*; *furasta, fusacht*; *gearr, giorracht*; agus i gcás na leaganacha neamhrialta seo: *beag, laghad*; *fada, fad*; *iomaí, liacht*; *maith, feabhas*; *mór, méad/méid*; *olc, olcas*; *tiubh, tiús*.

(c) Úsáidtear *méid* seachas *méad* i gcásanna áirithe, e.g., *dá mhéad airgead a bhí aici* ach *a mhéid is indéanta le réasún*; *a mhéid is gá*.

B'aoibhinn liom **a áille** (a bhinne, a chruinne, a líofa, a réidhe, a shoiléire) a labhair sí.
Ní chreidfeá **a achrannaí** (a dhonacht, a olcas, a shleamhaine, a uaigní) a bhí an áit.
Fuair sé ardmholadh **trína fheabhas** a rinne sé an obair.
Dá chríonna (dá chróga, dá fheabhas, dá ghlice, dá oilte) é, níor éirigh an gnó leis.
Dá dhonacht (dá ghránna, dá leisciúla, dá olcas, dá shuaraí) é, caithfear glacadh leis.
Dá mhéad dúil a bhí aici ann, níor cheannaigh sí sa deireadh é.

4.9 An Aidiacht Shealbhach

De bhrí go bhfeidhmíonn na haidiachtaí sealbhacha, *mo*, *do*, *a* (firinscneach agus baininscneach uatha), *ár*, *bhur* agus *a* (iolra) mar fhorainmneacha sa ghinideach, déantar trácht orthu i gCaibidil 8.

4.10 An Aidiacht Thaispeántach

Is iad *seo*, *sin*, *siúd* agus *úd* na haidiachtaí taispeántacha. (Cé gur forainmnigh thaispeántacha iad *seo*, *sin* agus *siúd*, is minic a dhéantar tagairt dóibh mar aidiachtaí taispeántacha.)

Tá an fear **seo** tinn.
Beidh an buachaill **seo** ag teacht liom.
Is liomsa iad **seo**.
Níl an doras **sin** dúnta.
Síle is ainm don chailín **sin**.
Díoladh a theach **siúd** inné.
Is aige **siúd** a bhí an t-airgead.
An bhfeiceann tú an pháirc **úd** thall?

4.11 An Aidiacht Fhaisnéiseach

Is aidiacht fhaisnéiseach aidiacht atá ag cáiliú an ainmní mar fhaisnéis nó mar chuid den fhaisnéis, e.g., *Nach deas é?*; *Tá an aimsir fuar*. Ní dhéantar an aidiacht fhaisnéiseach a infhilleadh ná ní chuirtear séimhiú uirthi.

Bhí an traein **folamh**.
Bíonn na busanna **déanach**.
An bhfuil an bhean sin **saibhir**?
Beidh an bhainis sin **mór**.

4.12 An Aidiacht Bhriathartha

4.12.1 Feidhmíonn an aidiacht bhriathartha mar ghnáthaidiacht. Úsáidtear an aidiacht bhriathartha–

(a) mar aidiacht cháilíochta, e.g., *Is bean phósta í*;

(b) mar aidiacht fhaisnéiseach ar lorg na copaile, e.g., *Ní briste atá sé*;

(c) mar aidiacht fhaisnéiseach ar lorg an bhriathair *bí* ag léiriú staid an chuspóra tar éis an ghnímh, e.g., *Is í atá tugtha don obair*;

(d) mar aidiacht fhaisnéiseach ar lorg an bhriathair *bí* ag léiriú staid an ghníomhaí tar éis an ghnímh, e.g., *Táimid beirthe go maith leis an socrú sin*.

CAIBIDIL 5 | An Briathar

5.1 Na Briathra Rialta

5.1.1 Tá dhá réimniú ar na briathra rialta.

5.1.2 Baineann leis an gCéad Réimniú:

(a) briathra ó fhréamhacha aonsiollacha, e.g., *bog, bris, caith, mol*, lena n-áirítear briathra a chríochnaíonn ar *-igh*, e.g., *breoigh, clóigh, cráigh, iaigh, luaigh, reoigh, sáigh*;

(b) briathra ó fhréamhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-áil*, e.g., *sábháil, tarrtháil*; agus roinnt briathra ilsiollacha ar leith, e.g., *adhlaic, ceiliúir, gearán, seachaid, taispeáin, tíolaic*.

5.1.3 Baineann leis an Dara Réimniú:

(a) briathra ó fhréamhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-(a)igh*, e.g., *ceannaigh, imigh*;

(b) briathra ó fhréamhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-(a)il, -(a)in, -(a)ir, -(a)is* agus a choimrítear sa réimniú, e.g., *agair, codail, cogain, iompair, tochail*;

(c) líon beag briathra ar leith ar nós *foghlaim, fulaing, tarraing, tuirling*.

5.1.4 Is ionann réimniú de ghnáth do bhriathar comhshuite agus don bhriathar ónar cumadh é:

(a) tá *aisíoc, athdhear* agus *comhlíon* sa chéad réimniú ar aon dul le *íoc, dear* agus *líon*; agus

(b) tá *athchomhairligh, comhdhlúthaigh* agus *comhshínigh* sa dara réimniú ar aon dul le *comhairligh, dlúthaigh* agus *sínigh*.

5.1.5 **An Modh Foshuiteach**

(a) Má tá feidhm ghuítheach ag abairt is sa mhodh foshuiteach a bhíonn sí i gcónaí, e.g., *Go raibh maith agat*; *Go dté tú slán*. Bíonn rogha idir an modh foshuiteach láithreach agus an aimsir fháistineach nuair is aimsir phríomha atá ag briathar an phríomhchlásail sna cásanna seo a leanas:

(i) i ndiaidh na gcónasc ama *ach a, go, nó go, sula*, e.g., *Gheobhaimid an scéal ceart ach a dtaga* (*a dtiocfaidh*) *Pól*; *Ná beannaigh don diabhal go mbeannaí* (*go mbeannóidh*) *sé duit*; *Beidh tú ann nó go bhfása* (*nó go bhfásfaidh*) *coincleach ort*; *Beidh siad ann sula mbuailtear* (*sula mbuailfear*) *clog an aingil*;

(ii) i ndiaidh na gcónasc aidhme *go, nó go*, e.g., *Féach é go bhfeice* (*go bhfeicfidh*) *tú*; *Suigh nó go raibh* (*nó go mbeidh*) *do scíth déanta agat*;

(iii) i gcéadbheart oscailte i ndiaidh *mura*, e.g., *Mura gcuire* (*mura gcuirfidh*) *tú, ní bhainfidh tú*.

(b) (i) Is ionann foirmeacha an mhodha fhoshuitigh chaite agus foirmeacha na haimsire gnáthchaite spleáiche (ach amháin i gcás an bhriathair *bí*) (féach an Fhoirm Spleách, 5.1.8). Is féidir freisin foirm an mhodha choinníollaigh a úsáid thar ceann an fhoshuitigh chaite más san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach atá an príomhchlásal, e.g., *Tháinig* (*thagadh*, *thiocfadh*) *sí isteach sula bhfeictí* (*bhfeicfí*) *í*. I gcás an bhriathair *bí* is ionann foirmeacha don mhodh foshuiteach caite agus don mhodh coinníollach.

(ii) Sna táblaí sa chaibidil seo, léirítear an modh foshuiteach láithreach leis an mír *go*. Bíodh go leanann urú an mhír sin agus roinnt eile, ní hamhlaidh i gcás gach míre a ghabhann leis an modh foshuiteach. Séimhiú a leanann *nár*, e.g., *Nár fhana sé i bhfad*.

5.1.6 An Mhír Dhiúltach

Is í *ní* (*níor*) an mhír dhiúltach agus léirítear í sna táblaí ina dtugtar an fhoirm dhiúltach.

5.1.7 An Fhoirm Neamhspleách

Is í an fhoirm neamhspleách an fhoirm den bhriathar a úsáidtear i bpríomhchlásal ráiteasach dearfach, e.g., *bhí mé*; *ceannóidh sé*; *mholfadh sí*. Mura bhfuil a mhalairt ráite, is í an fhoirm neamhspleách a thugtar sa réimniú sa chuid eile den chaibidil seo, ach amháin sa Mhodh Foshuiteach Láithreach.

5.1.8 An Fhoirm Spleách

Is í an fhoirm spleách a leanann na cónaisc, na forainmneacha coibhneasta agus na míreanna briathartha seo: *a/ar* (= an mhír choibhneasta), *a/ar* (= *an méid a/ar*), *an/ar*, *cá/cár*, *dá/dár* (*de* nó *do+a* (*ar*)) agus *dá* (coinníollach), *go/gur*, *mura/murar*, *nach/nár*, *ní/níor*, *sula/sular* (féach 10.4.2 agus 10.8.2).

Nóta: San aimsir chaite amháin a úsáidtear na leaganacha a chríochnaíonn ar *-r* thuas (ach féach 5.4.5).

5.1.9 Aimsir an Bhriathair i gcás *má* agus *nuair*

Is í an aimsir ghnáthláithreach a leanann *má* chun coinníoll sa todhchaí a chur in iúl, e.g., *Déanfaidh mé um thráthnóna é má bhíonn deis agam*. Is í an aimsir fháistineach a leanann *nuair* má táthar ag trácht ar rud atá le tarlú amach anseo, e.g., *Glan é nuair a thiocfaidh tú isteach amárach*.

5.1.10 *Muid*

Is féidir *muid* a úsáid leis an bhfoirm scartha den bhriathar sa chéad phearsa iolra de rogha ar na foirmeacha táite den bhriathar (a thugtar sna táblaí) i ngach uile mhodh agus aimsir. Tá comhstádas ag an bhfoirm scartha *muid* agus ag na foirmeacha táite den bhriathar sa chéad phearsa iolra.

An Aimsir/Modh	An Fhoirm Scartha + *muid*	An Fhoirm Tháite den Bhriathar
An Aimsir Láithreach	molann muid tá muid	molaimid táimid
An Aimsir Chaite	cheannaigh muid ní fhaca muid	cheannaíomar ní fhacamar
An Aimsir Ghnáthchaite	d'itheadh muid chrádh muid	d'ithimis chráimis
An Aimsir Fháistineach	láimhseoidh muid rachaidh muid	láimhseoimid rachaimid

Tábla 5A An Fhoirm Scartha *muid*

An Aimsir/Modh	An Fhoirm Scartha + *muid*	An Fhoirm Tháite den Bhriathar
An Modh Coinníollach	chloisfeadh muid nífeadh muid	chloisfimis nífimis
An Modh Foshuiteach	go gceanglaí muid go dtaga muid	go gceanglaímid go dtagaimid
An Modh Ordaitheach	déanadh muid fágadh muid	déanaimis fágaimis

Tábla 5A An Fhoirm Scartha *muid* (ar lean.)

5.2 An Chéad Réimniú

5.2.1 Briathra ó fhréamhacha aonsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan seachas *-gh*

MOL			
An Modh Táscach			
An Aimsir Láithreach	**An Aimsir Chaite**	**An Aimsir Ghnáthchaite**	**An Aimsir Fháistineach**
molaim	mhol mé	mholainn	molfaidh mé
molann tú	mhol tú	mholtá	molfaidh tú
molann sé/sí	mhol sé/sí	mholadh sé/sí	molfaidh sé/sí
molaimid	mholamar	mholaimis	molfaimid
molann sibh	mhol sibh	mholadh sibh	molfaidh sibh
molann siad	mhol siad	mholaidís	molfaidh siad
sb. moltar	*sb.* moladh	*sb.* mholtaí	*sb.* molfar
An Modh Coinníollach	**An Modh Foshuiteach Láithreach**	**An Modh Ordaitheach**	
mholfainn	go mola mé	molaim	**An tAinm Briathartha**
mholfá	go mola tú	mol	moladh
mholfadh sé/sí	go mola sé/sí	moladh sé/sí	
mholfaimis	go molaimid	molaimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
mholfadh sibh	go mola sibh	molaigí	molta
mholfaidís	go mola siad	molaidís	
sb. mholfaí	*sb.* go moltar	*sb.* moltar	

Tábla 5B An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *mol*

BRIS			
An Modh Táscach			
An Aimsir Láithreach	**An Aimsir Chaite**	**An Aimsir Ghnáthchaite**	**An Aimsir Fháistineach**
brisim	bhris mé	bhrisinn	brisfidh mé
briseann tú	bhris tú	bhristeá	brisfidh tú
briseann sé/sí	bhris sé/sí	bhriseadh sé/sí	brisfidh sé/sí
brisimid	bhriseamar	bhrisimis	brisfimid
briseann sibh	bhris sibh	bhriseadh sibh	brisfidh sibh
briseann siad	bhris siad	bhrisidís	brisfidh siad
sb. bristear	***sb.*** briseadh	***sb.*** bhristí	***sb.*** brisfear
An Modh Coinníollach	**An Modh Foshuiteach Láithreach**	**An Modh Ordaitheach**	
bhrisfinn	go mbrise mé	brisim	**An tAinm Briathartha**
bhrisfeá	go mbrise tú	bris	briseadh
bhrisfeadh sé/sí	go mbrise sé/sí	briseadh sé/sí	
bhrisfimis	go mbrisimid	brisimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
bhrisfeadh sibh	go mbrise sibh	brisigí	briste
bhrisfidís	go mbrise siad	brisidís	
sb. bhrisfí	***sb.*** go mbristear	***sb.*** bristear	

Tábla 5C An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *bris*

Nóta: Séimhítear an briathar neamhspleách rialta sa mhodh táscach, aimsir chaite (seachas an saorbhriathar) agus aimsir ghnáthchaite, agus sa mhodh coinníollach. Tá tuilleadh eolais in 10.4 faoi na cásanna eile ina séimhítear an briathar spleách agus neamhspleách agus pléitear na cásanna ina n-uraítear an briathar in 10.8.

(a) Is ar an gcuma chéanna le *mol* a réimnítear briathra rialta ó fhréamhacha aonsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan, agus is ar an gcuma chéanna le *bris* a réimnítear briathra rialta ó fhréamhacha aonsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan caol.

(b) Má ghabhann fréamh a chríochnaíonn ar *-t* nó *-th* (e.g., *at, loit, caith, leath*) foirceann dar tús *-t-* (e.g., *-tar/-tear, -taí/-tí, -tá/-teá, -ta/-te*), déantar *-t-* den *-t(h)t-*:

	Críochnaíonn ar *-t(h)* leathan		**Críochnaíonn ar *-t(h)* caol**	
	-t(h) + t-	**-t-**	**-t(h) + t-**	**-t-**
An Aimsir Láithreach	at + tar	atar	loit + tear	loitear
	leath + tar	leatar	caith + tear	caitear
An Aimsir Ghnáthchaite	d'at + taí	d'ataí	loit + tí	loití
	leath + taí	leataí	caith + tí	chaití
An Aidiacht Bhriathartha	at + ta	ata	loit + te	loite
	leath + ta	leata	caith + te	caite

(c) Má ghabhann fréamh a chríochnaíonn ar *-bh* nó *-mh* (e.g., *gabh, ríomh*) foirceann dar tús *-th-* (e.g., *-tha* san aidiacht bhriathartha), déantar *-f-* den *-bhth-* nó den *-mhth-*:

	Críochnaíonn ar *-bh*		**Críochnaíonn ar *-mh***	
	-bh + th-	**-f-**	**-mh + th-**	**-f-**
An Aidiacht Bhriathartha	gabh + tha	gafa	ríomh + tha	ríofa
	scríobh + tha	scríofa	promh + tha	profa

(d) Coinnítear *-bh, -mh* agus *-th* roimh *-f-*, e.g., *scríobhfaí, ríomhfá, chaithfeá*:

	Críochnaíonn ar *-bh*		**Críochnaíonn ar *-mh***		**Críochnaíonn ar *-th***	
	-bh + f-	**-bhf-**	**-mh + f-**	**-mhf-**	**-th + f-**	**-thf-**
An Modh Coinníollach	scríobh + fá	scríobhfá	ríomh + fá	ríomhfá	chaith + fí	chaithfí

5.2.2 Briathra ó Fhréamhacha Ilsiollacha

SÁBHÁIL			
An Modh Táscach			
An Aimsir Láithreach	**An Aimsir Chaite**	**An Aimsir Ghnáthchaite**	**An Aimsir Fháistineach**
sábhálaim	shábháil mé	shábhálainn	sábhálfaidh mé
sábhálann tú	shábháil tú	shábháilteá	sábhálfaidh tú
sábhálann sé/sí	shábháil sé/sí	shábháladh sé/sí	sábhálfaidh sé/sí
sábhálaimid	shábhálamar	shábhálaimis	sábhálfaimid
sábhálann sibh	shábháil sibh	shábháladh sibh	sábhálfaidh sibh
sábhálann siad	shábháil siad	shábhálaidís	sábhálfaidh siad
sb. sábháiltear	***sb.*** sábháladh	***sb.*** shábháiltí	***sb.*** sábhálfar
An Modh Coinníollach	**An Modh Foshuiteach Láithreach**	**An Modh Ordaitheach**	
shábhálfainn	go sábhála mé	sábhálaim	**An tAinm Briathartha**
shábhálfá	go sábhála tú	sábháil	sábháil
shábhálfadh sé/sí	go sábhála sé/sí	sábháladh sé/sí	
shábhálfaimis	go sábhálaimid	sábhálaimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
shábhálfadh sibh	go sábhála sibh	sábhálaigí	sábháilte
shábhálfaidís	go sábhála siad	sábhálaidís	
sb. shábhálfaí	***sb.*** go sábháiltear	***sb.*** sábháiltear	

Tábla 5D An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *sábháil*

Nóta: Maidir le briathra a chríochnaíonn ar *-áil*, tabhair faoi deara go mbíonn na leaganacha le *-t-* caol, e.g., *athchúrsáiltear*, *d'athchúrsáiltí*, *athchúrsáilte*; *sábháiltear*, *shábháiltí*, *sábháilte*, ach go mbíonn na leaganacha le *-f-* leathan, e.g., *athchúrsálfar*, *d'athchúrsálfaí*; *sábhálfar*, *shábhálfaí*.

TÍOLAIC

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
tíolacaim	thíolaic mé	thíolacainn	tíolacfaidh mé
tíolacann tú	thíolaic tú	thíolactá	tíolacfaidh tú
tíolacann sé/sí	thíolaic sé/sí	thíolacadh sé/sí	tíolacfaidh sé/sí
tíolacaimid	thíolacamar	thíolacaimis	tíolacfaimid
tíolacann sibh	thíolaic sibh	thíolacadh sibh	tíolacfaidh sibh
tíolacann siad	thíolaic siad	thíolacaidís	tíolacfaidh siad
sb. tíolactar	***sb.*** tíolacadh	***sb.*** thíolactaí	***sb.*** tíolacfar

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
thíolacfainn	go dtíolaca mé	tíolacaim	**An tAinm Briathartha**
thíolacfá	go dtíolaca tú	tíolaic	tíolacadh
thíolacfadh sé/sí	go dtíolaca sé/sí	tíolacadh sé/sí	
thíolacfaimis	go dtíolacaimid	tíolacaimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
thíolacfadh sibh	go dtíolaca sibh	tíolacaigí	tíolactha
thíolacfaidís	go dtíolaca siad	tíolacaidís	
sb. thíolacfaí	***sb.*** go dtíolactar	***sb.*** tíolactar	

Tábla 5E An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *tíolaic*

(a) Briathra a réimnítear ar nós *sábháil*:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
bácáil	bácálaim	bácáil	bácáilte
cóipeáil	cóipeálaim	cóipeáil	cóipeáilte
nótáil	nótálaim	nótáil	nótáilte
péinteáil	péinteálaim	péinteáil	péinteáilte

(b) Briathra a réimnítear ar nós *tíolaic*:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
adhair	adhraim	adhradh	adhartha
adhlaic	adhlacaim	adhlacadh	adhlactha
ceiliúir	ceiliúraim	ceiliúradh	ceiliúrtha
seachaid	seachadaim	seachadadh	seachadta
tionóil	tionólaim	tionól	tionólta

(c) Briathra a choinnítear caol tríd síos (gan an t-ainm briathartha a áireamh) ina réimniú:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
toirmisc	toirmiscim	toirmeasc	toirmiscthe
tiomáin	tiomáinim	tiomáint	tiomáinte

(d) Briathra a choinnítear leathan tríd síos ina réimniú:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
coimeád	coimeádaim	coimeád	coimeádta
gearán	gearánaim	gearán	gearánta

Nóta: Coimrítear na briathra ó na fréamhacha *adhain, adhair* agus *sleabhac* ina réimniú amhail is dá mba *adhn-, adhr-, sleabhc-*, ba fhréamh dóibh, e.g., *adhnann sé, adhrfaidh sí, sleabhctha*, ach amháin san aimsir chaite scartha, e.g., *d'adhain sé, d'adhair sí, shleabhac siad*, agus in aidiachtaí briathartha *adhain, adhair*, e.g., *adhainte, adhartha*.

5.2.3 Briathra ó fhréamhacha aonsiollacha a chríochnaíonn ar *-gh*

A Cráigh, dóigh

CRÁIGH			
An Modh Táscach			
An Aimsir Láithreach	**An Aimsir Chaite**	**An Aimsir Ghnáthchaite**	**An Aimsir Fháistineach**
cráim	chráigh mé	chráinn	cráfaidh mé
cránn tú	chráigh tú	chráiteá	cráfaidh tú
cránn sé/sí	chráigh sé/sí	chrádh sé/sí	cráfaidh sé/sí
cráimid	chrámar	chráimis	cráfaimid
cránn sibh	chráigh sibh	chrádh sibh	cráfaidh sibh
cránn siad	chráigh siad	chráidís	cráfaidh siad
sb. cráitear	***sb.*** crádh	***sb.*** chráití	***sb.*** cráfar
An Modh Coinníollach	**An Modh Foshuiteach Láithreach**	**An Modh Ordaitheach**	
chráfainn	go gcrá mé	cráim	**An tAinm Briathartha**
chráfá	go gcrá tú	cráigh	crá
chráfadh sé/sí	go gcrá sé/sí	crádh sé/sí	
chráfaimis	go gcráimid	cráimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
chráfadh sibh	go gcrá sibh	cráigí	cráite
chráfaidís	go gcrá siad	cráidís	
sb. chráfaí	***sb.*** go gcráitear	***sb.*** cráitear	

Tábla 5F An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *cráigh*

Nóta: Maidir le briathra a réimnítear ar nós *cráigh* agus *dóigh*, tabhair faoi deara go mbíonn na leaganacha le *-t-* caol, e.g., *chráiteá, cráitear; dhóiteá, dóitear*, ach go mbíonn na leaganacha le *-f-* leathan, e.g., *cráfaidh tú, chráfaí; dófaidh tú, dhófaí.*

DÓIGH

An Modh Táscach			
An Aimsir Láithreach	**An Aimsir Chaite**	**An Aimsir Ghnáthchaite**	**An Aimsir Fháistineach**
dóim	dhóigh mé	dhóinn	dófaidh mé
dónn tú	dhóigh tú	dhóiteá	dófaidh tú
dónn sé/sí	dhóigh sé/sí	dhódh sé/sí	dófaidh sé/sí
dóimid	dhómar	dhóimis	dófaimid
dónn sibh	dhóigh sibh	dhódh sibh	dófaidh sibh
dónn siad	dhóigh siad	dhóidís	dófaidh siad
sb. dóitear	***sb.*** dódh	***sb.*** dhóití	***sb.*** dófar
An Modh Coinníollach	**An Modh Foshuiteach Láithreach**	**An Modh Ordaitheach**	
dhófainn	go ndó mé	dóim	**An tAinm Briathartha**
dhófá	go ndó tú	dóigh	dó
dhófadh sé/sí	go ndó sé/sí	dódh sé/sí	
dhófaimis	go ndóimid	dóimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
dhófadh sibh	go ndó sibh	dóigí	dóite
dhófaidís	go ndó siad	dóidís	
sb. dhófaí	***sb.*** go ndóitear	***sb.*** dóitear	

Tábla 5G An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *dóigh*

(a) Briathra a réimnítear ar nós *cráigh*, *dóigh*:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
báigh	báim	bá	báite
cneáigh	cneáim	cneá	cneáite
meáigh	meáim	meá	meáite
leáigh	leáim	leá	leáite
clóigh	clóim	cló	clóite
breoigh	breoim	breo	breoite
dreoigh	dreoim	dreo	dreoite
feoigh	feoim	feo	feoite
reoigh	reoim	reo	reoite
brúigh	brúim	brú	brúite
crúigh	crúim	crú	crúite
liúigh	liúim	liú	liúite
súigh	súim	sú	súite
luaigh	luaim	lua	luaite

(b) Briathra a bhfuil ainm briathartha ar leith acu:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
beoigh	beoim	beochan	beoite
buaigh	buaim	buachan	buaite
cruaigh	cruaim	cruachan	cruaite
fuaigh	fuaim	fuáil	fuaite
glaoigh	glaoim	glaoch	glaoite
iaigh	iaim	iamh	iata

B Léigh, nigh

I gcás briathra a bhfuil guta gearr sa fhréamh iontu, fágtar an guta gan fadú roimh *-t*, e.g., *nitear*, *niteá*, *nite*, ach *ním*, *níodh*, *nífí*, etc. Is guta fada, áfach, a bhíonn ag *léigh* etc. síos tríd, e.g., *léitear*, *léiteá*, *léite*.

LÉIGH

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
léim	léigh mé	léinn	léifidh mé
léann tú	léigh tú	léiteá	léifidh tú
léann sé/sí	léigh sé/sí	léadh sé/sí	léifidh sé/sí
léimid	léamar	léimis	léifimid
léann sibh	léigh sibh	léadh sibh	léifidh sibh
léann siad	léigh siad	léidís	léifidh siad
sb. léitear	***sb.*** léadh	***sb.*** léití	***sb.*** léifear

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
léifinn	go lé mé	léim	**An tAinm Briathartha**
léifeá	go lé tú	léigh	léamh
léifeadh sé/sí	go lé sé/sí	léadh sé/sí	
léifimis	go léimid	léimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
léifeadh sibh	go lé sibh	léigí	léite
léifidís	go lé siad	léidís	
sb. léifí	***sb.*** go léitear	***sb.*** léitear	

Tábla 5H An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *léigh*

NIGH

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
ním	nigh mé	nínn	nífidh mé
níonn tú	nigh tú	niteá	nífidh tú
níonn sé/sí	nigh sé/sí	níodh sé/sí	nífidh sé/sí
nímid	níomar	nímis	nífimid
níonn sibh	nigh sibh	níodh sibh	nífidh sibh
níonn siad	nigh siad	nídís	nífidh siad
sb. nitear	***sb.*** níodh	***sb.*** nití	***sb.*** nífear

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
nífinn	go ní mé	ním	**An tAinm Briathartha**
nífeá	go ní tú	nigh	ní
nífeadh sé/sí	go ní sé/sí	níodh sé/sí	
nífimis	go nímid	nímis	**An Aidiacht Bhriathartha**
nífeadh sibh	go ní sibh	nígí	nite
nífidís	go ní siad	nídís	
sb. nífí	***sb.*** go nitear	***sb.*** nitear	

Tábla 5I An Chéad Réimniú – Réimniú an Bhriathair *nigh*

(a) Briathra a réimnítear ar nós *léigh*:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
éigh	éim	éamh	éite
téigh (sa bhrí *teas*)	téim	téamh	téite
pléigh	pléim	plé	pléite
spréigh	spréim	spré	spréite
caígh	caím	caí	caíte
cloígh	cloím	cloí	cloíte
cnaígh	cnaím	cnaí	cnaíte

(b) Briathra a réimnítear ar nós *nigh*:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
dligh	dlím	dlí	dlite
figh	fím	fí	fite
guigh	guím	guí	guite
ligh	lím	lí	lite
luigh	luím	luí	luite
snigh	sním	sní	snite
snoigh	snoím	snoí	snoite
suigh	suím	suí	suite

(c) Briathra a bhfuil ainm briathartha ar leith acu:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
bligh	blím	bleán	blite
buígh	buím	buíochan	buíte
righ	rím	ríochan	rite

5.3 An Dara Réimniú

5.3.1 Briathra ó fhréamhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-(a)igh*

BEANNAIGH			
An Modh Táscach			
An Aimsir Láithreach	**An Aimsir Chaite**	**An Aimsir Ghnáthchaite**	**An Aimsir Fháistineach**
beannaím	bheannaigh mé	bheannaínn	beannóidh mé
beannaíonn tú	bheannaigh tú	bheannaíteá	beannóidh tú
beannaíonn sé/sí	bheannaigh sé/sí	bheannaíodh sé/sí	beannóidh sé/sí
beannaímid	bheannaíomar	bheannaímis	beannóimid
beannaíonn sibh	bheannaigh sibh	bheannaíodh sibh	beannóidh sibh
beannaíonn siad	bheannaigh siad	bheannaídís	beannóidh siad
sb. beannaítear	***sb.*** beannaíodh	***sb.*** bheannaití	***sb.*** beannófar
An Modh Coinníollach	**An Modh Foshuiteach Láithreach**	**An Modh Ordaitheach**	
bheannóinn	go mbeannaí mé	beannaím	**An tAinm Briathartha**
bheannófá	go mbeannaí tú	beannaigh	beannú
bheannódh sé/sí	go mbeannaí sé/sí	beannaíodh sé/sí	
bheannóimis	go mbeannaímid	beannaímis	**An Aidiacht Bhriathartha**
bheannódh sibh	go mbeannaí sibh	beannaígí	beannaithe
bheannóidís	go mbeannaí siad	beannaídís	
sb. bheannófaí	***sb.*** go mbeannaítear	***sb.*** beannaítear	

Tábla 5J An Dara Réimniú – Réimniú an Bhriathair *beannaigh*

CRUINNIGH

An Modh Táscach			
An Aimsir Láithreach	**An Aimsir Chaite**	**An Aimsir Ghnáthchaite**	**An Aimsir Fháistineach**
cruinním	chruinnigh mé	chruinnínn	cruinneoidh mé
cruinníonn tú	chruinnigh tú	chruinníteá	cruinneoidh tú
cruinníonn sé/sí	chruinnigh sé/sí	chruinníodh sé/sí	cruinneoidh sé/sí
cruinnímid	chruinníomar	chruinnímis	cruinneoimid
cruinníonn sibh	chruinnigh sibh	chruinníodh sibh	cruinneoidh sibh
cruinníonn siad	chruinnigh siad	chruinnídís	cruinneoidh siad
sb. cruinnítear	***sb.*** cruinníodh	***sb.*** chruinnítí	***sb.*** cruinneofar
An Modh Coinníollach	**An Modh Foshuiteach Láithreach**	**An Modh Ordaitheach**	
chruinneoinn	go gcruinní mé	cruinním	**An tAinm Briathartha**
chruinneofá	go gcruinní tú	cruinnigh	cruinniú
chruinneodh sé/sí	go gcruinní sé/sí	cruinníodh sé/sí	
chruinneoimis	go gcruinnímid	cruinnímis	**An Aidiacht Bhriathartha**
chruinneodh sibh	go gcruinní sibh	cruinnígí	cruinnithe
chruinneoidís	go gcruinní siad	cruinnídís	
sb. chruinneofaí	***sb.*** go gcruinnítear	***sb.*** cruinnítear	

Tábla 5K An Dara Réimniú – Réimniú an Bhriathair *cruinnigh*

Nóta: Tabhair faoi deara gur ar an gcuma chéanna le *beannaigh* a réimnítear briathra ó fhréamhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-aigh*, agus gur ar an gcuma chéanna le *cruinnigh* a réimnítear briathra ó fhréamhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-igh*; ach tá eisceachtaí san ainm briathartha (féach 5.5.2) agus correisceacht san aidiacht bhriathartha, e.g., *dathaigh, daite*; *dlúthaigh, dlúite*; *táthaigh, táite*.

5.3.2 Briathraófhréamhachailsiollachaachríochnaíonnar *-(a)il, -(a)in, -(a)ir, -(a)is* agusachoimrítear sa réimniú

CEANGAIL			
An Modh Táscach			
An Aimsir Láithreach	**An Aimsir Chaite**	**An Aimsir Ghnáthchaite**	**An Aimsir Fháistineach**
ceanglaím	cheangail mé	cheanglainn	ceanglóidh mé
ceanglaíonn tú	cheangail tú	cheanglaíteá	ceanglóidh tú
ceanglaíonn sé/sí	cheangail sé/sí	cheanglaíodh sé/sí	ceanglóidh sé/sí
ceanglaímid	cheanglaíomar	cheanglaímis	ceanglóimid
ceanglaíonn sibh	cheangail sibh	cheanglaíodh sibh	ceanglóidh sibh
ceanglaíonn siad	cheangail siad	cheanglaídís	ceanglóidh siad
sb. ceanglaítear	***sb.*** ceanglaíodh	***sb.*** cheanglaití	***sb.*** ceanglófar
An Modh Coinníollach	**An Modh Foshuiteach Láithreach**	**An Modh Ordaitheach**	
cheanglóinn	go gceanglaí mé	ceanglaím	**An tAinm Briathartha**
cheanglófá	go gceanglaí tú	ceangail	ceangal
cheanglódh sé/sí	go gceanglaí sé/sí	ceanglaíodh sé/sí	
cheanglóimis	go gceanglaímid	ceanglaímis	**An Aidiacht Bhriathartha**
cheanglódh sibh	go gceanglaí sibh	ceanglaígí	ceangailte
cheanglóidís	go gceanglaí siad	ceanglaídís	
sb. cheanglófaí	***sb.*** go gceanglaítear	***sb.*** ceanglaítear	

Tábla 5L An Dara Réimniú – Réimniú an Bhriathair *ceangail*

DÍBIR

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
díbrím	dhíbir mé	dhíbrínn	díbreoidh mé
díbríonn tú	dhíbir tú	dhíbríteá	díbreoidh tú
díbríonn sé/sí	dhíbir sé/sí	dhíbríodh sé/sí	díbreoidh sé/sí
díbrímid	dhíbríomar	dhíbrímis	díbreoimid
díbríonn sibh	dhíbir sibh	dhíbríodh sibh	díbreoidh sibh
díbríonn siad	dhíbir siad	dhíbrídís	díbreoidh siad
sb. díbrítear	***sb.*** díbríodh	***sb.*** dhíbrítí	***sb.*** díbreofar

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
dhíbreoinn	go ndíbrí mé	díbrím	**An tAinm Briathartha**
dhíbreofá	go ndíbrí tú	díbir	díbirt
dhíbreodh sé/sí	go ndíbrí sé/sí	díbríodh sé/sí	
dhíbreoimis	go ndíbrímid	díbrímis	**An Aidiacht Bhriathartha**
dhíbreodh sibh	go ndíbrí sibh	díbrígí	díbeartha
dhíbreoidís	go ndíbrí siad	díbrídís	
sb. dhíbreofaí	***sb.*** go ndíbrítear	***sb.*** díbrítear	

Tábla 5M An Dara Réimniú – Réimniú an Bhriathair *díbir*

(a) Briathra a réimnítear ar nós *ceangail*:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
codail	codlaím	codladh	codalta
fógair	fógraím	fógairt	fógartha
labhair	labhraím	labhairt	labhartha
oscail	osclaím	oscailt	oscailte
tionscain	tionscnaím	tionscnamh	tionscanta

(b) Briathra a réimnítear ar nós *díbir*:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
aithin	aithním	aithint	aitheanta
eitil	eitlím	eitilt	eitilte
imir	imrím	imirt	imeartha
inis	insím	insint	inste

5.3.3 Briathra Eile sa Dara Réimniú

(a) Ní choimrítear briathra ó fhréamhacha a chríochnaíonn ar *-aim, -(a)ing*:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
foghlaim	foghlaimím	foghlaim	foghlamtha
fulaing	fulaingím	fulaingt	fulaingthe
tarraing	tarraingím	tarraingt	tarraingthe
tuirling	tuirlingím	tuirlingt	tuirlingthe

(b) Briathra eile nach gcoimrítear:

An Fhréamh	An Chéad Phearsa Uatha An Aimsir Láithreach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
aithris	aithrisím	aithris	aithriste
freastail	freastalaím	freastal	freastalta
taistil	taistealaím	taisteal	taistealta

5.4 Na Briathra Neamhrialta

5.4.1 Aon bhriathar déag neamhrialta atá ann. Is iad seo a leanas na briathra neamhrialta: *abair*, *beir*, *bí*, *clois/cluin*, *déan*, *faigh*, *feic*, *ith*, *tabhair*, *tar*, *téigh*.

5.4.2 Ní choinníonn na briathra neamhrialta an fhréamh chéanna tríd síos ina réimniú agus tá leaganacha ar leith ar chuid acu san fhoirm spleách.

5.4.3 Is ionann fréamh an bhriathair san aimsir ghnáthláithreach agus san aimsir ghnáthchaite sna briathra neamhrialta go léir, e.g., *cloisimid*, *chloisimis*; *deirim*, *deirinn*; *tugann sí*, *thugadh sí*. Seachas i gcás an bhriathair *bí*, bíonn an fhréamh chéanna leis an modh foshuiteach láithreach freisin, e.g., *go gcloise*; *go ndeire*; *go dtuga*.

5.4.4 Is ionann fréamh an bhriathair san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach sna briathra neamhrialta go léir, e.g., *déarfaidh mé*, *déarfainn*; *déanfaidh tú*, *dhéanfá*; *tabharfaidh siad*, *thabharfaidís*.

5.4.5 **An Fhoirm Spleách**

Is í an fhoirm spleách a leanann na cónaisc, na forainmneacha coibhneasta agus na míreanna briathartha seo: *a/ar* (= an mhír choibhneasta), *a/ar* (= *an méid a/ar*), *an/ar*, *cá/cár*, *dá/dár* (*de* nó *do+a* (*ar*)) agus *dá* (coinníollach), *go/gur*, *mura/murar*, *nach/nár*, *ní/níor*, *sula/sular* (féach 10.4.2 agus 10.8.2). Is le *ní* nó *go* a léirítear an fhoirm spleách sna táblaí.

(a) Úsáidtear na míreanna sin leis na briathra neamhrialta ar an modh céanna ar a n-úsáidtear iad leis na briathra rialta.

An dtabharfadh sí síob chun na scoile duit?
Dúirt siad **go dtagann** sí ar cuairt gach Satharn.
Níor rug siad ar na gadaithe go fóill.
Nár chuala tú faoin gcruinniú?
Ar ith sé a dhóthain?

Ach ní úsáidtear na leaganacha a chríochnaíonn ar *-r* de na míreanna sin san aimsir chaite, modh táscach, leis na briathra *abair*, *bí*, *déan* (i gcás foirmeacha dar tús *dearn-*), *faigh*, *feic*, *téigh*.

Nach ndeachaigh sibh abhaile fós?
Cá bhfacamar cheana é?
An ndúirt sé dada leatsa faoi?
Deir sí **go raibh** siad ann.
Ní bhfuair sé an t-airgead fós.

(b) Ní shéimhítear an briathar *abair* in aon chás, e.g., *ní deirim* (*deirimis*, *dúirt sé*, *déarfainn*), *má deir tú* (*deiridís*), *na rudaí a déarfaidh* (*a déarfadh*) *sé*.

(c) Táthaítear an mhír choibhneasta *a* leis an mbriathar *bí* san aimsir láithreach – *atáim*, *atá*, *atáimid*, *atáthar*. Cuirtear *ná*, in ionad *nár*, roimh fhoirmeacha an mhodha fhoshuitigh de *bí*, e.g., *Ná raibh maith agat*.

ABAIR

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
deirim	dúirt mé	deirinn	déarfaidh mé
deir tú	dúirt tú	deirteá	déarfaidh tú
deir sé/sí	dúirt sé/sí	deireadh sé/sí	déarfaidh sé/sí
deirimid	dúramar	deirimis	déarfaimid
deir sibh	dúirt sibh	deireadh sibh	déarfaidh sibh
deir siad	dúirt siad	deiridís	déarfaidh siad
sb. deirtear	***sb.*** dúradh	***sb.*** deirtí	***sb.*** déarfar

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
déarfainn	go ndeire mé	abraim	**An tAinm Briathartha**
déarfá	go ndeire tú	abair	rá
déarfadh sé/sí	go ndeire sé/sí	abradh sé/sí	
déarfaimis	go ndeirimid	abraimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
déarfadh sibh	go ndeire sibh	abraigí	ráite
déarfaidís	go ndeire siad	abraidís	
sb. déarfaí	***sb.*** go ndeirtear	***sb.*** abraítear	

Tábla 5N Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *abair*

Nóta: Mar a luadh in 5.4.5(b), ní shéimhítear an briathar *abair* in aon chás.

BEIR

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
beirim	rug mé	bheirinn	béarfaidh mé
beireann tú	rug tú	bheirteá	béarfaidh tú
beireann sé/sí	rug sé/sí	bheireadh sé/sí	béarfaidh sé/sí
beirimid	rugamar	bheirimis	béarfaimid
beireann sibh	rug sibh	bheireadh sibh	béarfaidh sibh
beireann siad	rug siad	bheiridís	béarfaidh siad
sb. beirtear	***sb.*** rugadh	***sb.*** bheirtí	***sb.*** béarfar

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
bhéarfainn	go mbeire mé	beirim	**An tAinm Briathartha**
bhéarfá	go mbeire tú	beir	breith
bhéarfadh sé/sí	go mbeire sé/sí	beireadh sé/sí	
bhéarfaimis	go mbeirimid	beirimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
bhéarfadh sibh	go mbeire sibh	beirigí	beirthe
bhéarfaidís	go mbeire siad	beiridís	
sb. bhéarfaí	***sb.*** go mbeirtear	***sb.*** beirtear	

Tábla 5O Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *beir*

BÍ

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach			An Aimsir Ghnáthláithreach
Neamhspleách Dearfach	**Neamhspleách Diúltach**	**Spleách**	
táim/tá mé	nílim/níl mé	go bhfuilim/go bhfuil mé	bím
tá tú	níl tú	go bhfuil tú	bíonn tú
tá sé/sí	níl sé/sí	go bhfuil sé/sí	bíonn sé/sí
táimid	nílimid	go bhfuilimid	bímid
tá sibh	níl sibh	go bhfuil sibh	bíonn sibh
tá siad	níl siad	go bhfuil siad	bíonn siad
sb. táthar	***sb.*** níltear	***sb.*** go bhfuiltear	***sb.*** bítear

An Aimsir Chaite		An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
Neamhspleách	**Spleách**		
bhí mé	ní raibh mé	bhínn	beidh mé
bhí tú	ní raibh tú	bhíteá	beidh tú
bhí sé/sí	ní raibh sé/sí	bhíodh sé/sí	beidh sé/sí
bhíomar	ní rabhamar	bhímis	beimid
bhí sibh	ní raibh sibh	bhíodh sibh	beidh sibh
bhí siad	ní raibh siad	bhídís	beidh siad
sb. bhíothas	***sb.*** ní rabhthas	***sb.*** bhití	***sb.*** beifear

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
bheinn	go raibh mé	bím	**An tAinm Briathartha**
bheifeá	go raibh tú	bí	a bheith*
bheadh sé/sí	go raibh sé/sí	bíodh sé/sí	
bheimis	go rabhaimid	bímis	
bheadh sibh	go raibh sibh	bígí	
bheidís	go raibh siad	bídís	
sb. bheifí	***sb.*** go rabhthar	***sb.*** bítear	

Tábla 5P Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *bí*

**a bheith* a bhíonn ann seachas i ndiaidh *chun* nó réamhfhocail shimplí áirithe, e.g., *chun bheith, as bheith, gan bheith, le bheith.*

CLOIS/CLUIN

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
cloisim/cluinim	chuala mé	chloisinn/chluininn	cloisfidh/cluinfidh mé
cloiseann/cluineann tú	chuala tú	chloisteá/chluinteá	cloisfidh/cluinfidh tú
cloiseann/cluineann sé/sí	chuala sé/sí	chloiseadh/chluineadh sé/sí	cloisfidh/cluinfidh sé/sí
cloisimid/cluinimid	chualamar	chloisimis/chluinimis	cloisfimid/cluinfimid
cloiseann/cluineann sibh	chuala sibh	chloiseadh/chluineadh sibh	cloisfidh/cluinfidh sibh
cloiseann/cluineann siad	chuala siad	chloisidís/chluinidís	cloisfidh/cluinfidh siad
sb. cloistear/cluintear	*sb.* chualathas	*sb.* chloistí/chluintí	*sb.* cloisfear/cluinfear

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
chloisfinn/chluinfinn	go gcloise/ go gcluine mé	cloisim/cluinim	**An tAinm Briathartha**
chloisfeá/chluinfeá	go gcloise/ go gcluine tú	clois/cluin	cloisteáil/cluinstin
chloisfeadh/chluinfeadh sé/sí	go gcloise/ go gcluine sé/sí	cloiseadh/cluineadh sé/sí	
chloisfimis/chluinfimis	go gcloisimid/ go gcluinimid	cloisimis/cluinimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
chloisfeadh/chluinfeadh sibh	go gcloise/ go gcluine sibh	cloisigí/cluinigí	cloiste/cluinte
chloisfidís/chluinfidís	go gcloise/ go gcluine siad	cloisidís/cluinidís	
sb. chloisfí/chluinfí	*sb.* go gcloistear/ go gcluintear	*sb.* cloistear/cluintear	

Tábla 5Q Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *clois/cluin*

DÉAN

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite		An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
	Neamhspleách	Spleách		
déanaim	rinne/dhein mé	ní dhearna/níor dhein mé	dhéanainn	déanfaidh mé
déanann tú	rinne/dhein tú	ní dhearna/níor dhein tú	dhéantá	déanfaidh tú
déanann sé/sí	rinne/dhein sé/sí	ní dhearna/níor dhein sé/sí	dhéanadh sé/sí	déanfaidh sé/sí
déanaimid	rinneamar/dheineamar	ní dhearnamar/níor dheineamar	dhéanaimis	déanfaimid
déanann sibh	rinne/dhein sibh	ní dhearna/níor dhein sibh	dhéanadh sibh	déanfaidh sibh
déanann siad	rinne/dhein siad	ní dhearna/níor dhein siad	dhéanaidís	déanfaidh siad
sb. déantar	*sb.* rinneadh/deineadh	*sb.* ní dhearnadh/níor deineadh	*sb.* dhéantaí	*sb.* déanfar

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
dhéanfainn	go ndéana mé	déanaim	**An tAinm Briathartha**
dhéanfá	go ndéana tú	déan	déanamh
dhéanfadh sé/sí	go ndéana sé/sí	déanadh sé/sí	
dhéanfaimis	go ndéanaimid	déanaimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
dhéanfadh sibh	go ndéana sibh	déanaigí	déanta
dhéanfaidís	go ndéana siad	déanaidís	
sb. dhéanfaí	*sb.* go ndéantar	*sb.* déantar	

Tábla 5R Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *déan*

Nóta: Tabhair faoi deara gur briathar rialta é *déan* ach amháin san aimsir chaite agus go ndéantar an aimsir chaite a réimniú ar dhá bhealach éagsúla, mar a léirítear sa tábla thuas. Sa chéad cheann díobh sin, tá foirmeacha éagsúla spleácha agus neamhspleácha ar an mbriathar.

FAIGH

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach	
			Neamhspleách	Spleách
faighim	fuair mé	d'fhaighinn	gheobhaidh mé	ní bhfaighidh mé
faigheann tú	fuair tú	d'fhaighteá	gheobhaidh tú	ní bhfaighidh tú
faigheann sé/sí	fuair sé/sí	d'fhaigheadh sé/sí	gheobhaidh sé/sí	ní bhfaighidh sé/sí
faighimid	fuaireamar	d'fhaighimis	gheobhaimid	ní bhfaighimid
faigheann sibh	fuair sibh	d'fhaigheadh sibh	gheobhaidh sibh	ní bhfaighidh sibh
faigheann siad	fuair siad	d'fhaighidís	gheobhaidh siad	ní bhfaighidh siad
sb. faightear	***sb.*** fuarthas	***sb.*** d'fhaightí	***sb.*** gheofar	***sb.*** ní bhfaighfear

An Modh Coinníollach		An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
Neamhspleách	Spleách			
gheobhainn	ní bhfaighinn	go bhfaighe mé	faighim	**An tAinm Briathartha**
gheofá	ní bhfaighfeá	go bhfaighe tú	faigh	fáil
gheobhadh sé/sí	ní bhfaigheadh sé/sí	go bhfaighe sé/sí	faigheadh sé/sí	
gheobhaimis	ní bhfaighimis	go bhfaighimid	faighimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
gheobhadh sibh	ní bhfaigheadh sibh	go bhfaighe sibh	faighigí	faighte
gheobhaidís	ní bhfaighidís	go bhfaighe siad	faighidís	
sb. gheofaí	***sb.*** ní bhfaighfí	***sb.*** go bhfaightear	***sb.*** faightear	

Tábla 5S Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *faigh*

FEIC

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite		An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
	Neamhspleách	Spleách		
feicim	chonaic mé	ní fhaca mé	d'fheicinn	feicfidh mé
feiceann tú	chonaic tú	ní fhaca tú	d'fheicteá	feicfidh tú
feiceann sé/sí	chonaic sé/sí	ní fhaca sé/sí	d'fheiceadh sé/sí	feicfidh sé/sí
feicimid	chonaiceamar	ní fhacamar	d'fheicimis	feicfimid
feiceann sibh	chonaic sibh	ní fhaca sibh	d'fheiceadh sibh	feicfidh sibh
feiceann siad	chonaic siad	ní fhaca siad	d'fheicidís	feicfidh siad
sb. feictear	***sb.*** chonacthas	***sb.*** ní fhacthas	***sb.*** d'fheictí	***sb.*** feicfear

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
d'fheicfinn	go bhfeice mé	feicim	**An tAinm Briathartha**
d'fheicfeá	go bhfeice tú	feic	feiceáil
d'fheicfeadh sé/sí	go bhfeice sé/sí	feiceadh sé/sí	
d'fheicfimis	go bhfeicimid	feicimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
d'fheicfeadh sibh	go bhfeice sibh	feicigí	feicthe
d'fheicfidís	go bhfeice siad	feicidís	
sb. d'fheicfí	***sb.*** go bhfeictear	***sb.*** feictear	

Tábla 5T Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *feic*

Nóta: Is briathar rialta é *feic* ach amháin san aimsir chaite.

ITH

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
ithim	d'ith mé	d'ithinn	íosfaidh mé
itheann tú	d'ith tú	d'iteá	íosfaidh tú
itheann sé/sí	d'ith sé/sí	d'itheadh sé/sí	íosfaidh sé/sí
ithimid	d'itheamar	d'ithimis	íosfaimid
itheann sibh	d'ith sibh	d'itheadh sibh	íosfaidh sibh
itheann siad	d'ith siad	d'ithidís	íosfaidh siad
sb. itear	***sb.*** itheadh	***sb.*** d'ití	***sb.*** íosfar

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
d'íosfainn	go n-ithe mé	ithim	**An tAinm Briathartha**
d'íosfá	go n-ithe tú	ith	ithe
d'íosfadh sé/sí	go n-ithe sé/sí	itheadh sé/sí	
d'íosfaimis	go n-ithimid	ithimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
d'íosfadh sibh	go n-ithe sibh	ithigí	ite
d'íosfaidís	go n-ithe siad	ithidís	
sb. d'íosfaí	***sb.*** go n-itear	***sb.*** itear	

Tábla 5U Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *ith*

Nóta: Is briathar rialta é *ith* ach amháin san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach.

TABHAIR

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
tugaim	thug mé	thugainn	tabharfaidh mé
tugann tú	thug tú	thugtá	tabharfaidh tú
tugann sé/sí	thug sé/sí	thugadh sé/sí	tabharfaidh sé/sí
tugaimid	thugamar	thugaimis	tabharfaimid
tugann sibh	thug sibh	thugadh sibh	tabharfaidh sibh
tugann siad	thug siad	thugaidís	tabharfaidh siad
sb. tugtar	***sb.*** tugadh	***sb.*** thugtaí	***sb.*** tabharfar

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
thabharfainn	go dtuga mé	tugaim	**An tAinm Briathartha**
thabharfá	go dtuga tú	tabhair	tabhairt
thabharfadh sé/sí	go dtuga sé/sí	tugadh sé/sí	
thabharfaimis	go dtugaimid	tugaimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
thabharfadh sibh	go dtuga sibh	tugaigí	tugtha
thabharfaidís	go dtuga siad	tugaidís	
sb. thabharfaí	***sb.*** go dtugtar	***sb.*** tugtar	

Tábla 5V Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *tabhair*

TAR

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
tagaim	tháinig mé	thagainn	tiocfaidh mé
tagann tú	tháinig tú	thagtá	tiocfaidh tú
tagann sé/sí	tháinig sé/sí	thagadh sé/sí	tiocfaidh sé/sí
tagaimid	thángamar	thagaimis	tiocfaimid
tagann sibh	tháinig sibh	thagadh sibh	tiocfaidh sibh
tagann siad	tháinig siad	thagaidís	tiocfaidh siad
sb. tagtar	***sb.*** thángthas	***sb.*** thagtaí	***sb.*** tiocfar

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
thiocfainn	go dtaga mé	tagaim	**An tAinm Briathartha**
thiocfá	go dtaga tú	tar	teacht
thiocfadh sé/sí	go dtaga sé/sí	tagadh sé/sí	
thiocfaimis	go dtagaimid	tagaimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
thiocfadh sibh	go dtaga sibh	tagaigí	tagtha
thiocfaidís	go dtaga siad	tagaidís	
sb. thiocfaí	***sb.*** go dtagtar	***sb.*** tagtar	

Tábla 5W Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *tar*

TÉIGH

An Modh Táscach

An Aimsir Láithreach	An Aimsir Chaite		An Aimsir Ghnáthchaite	An Aimsir Fháistineach
	Neamhspleách	Spleách		
téim	chuaigh mé	ní dheachaigh mé	théinn	rachaidh mé
téann tú	chuaigh tú	ní dheachaigh tú	théiteá	rachaidh tú
téann sé/sí	chuaigh sé/sí	ní dheachaigh sé/sí	théadh sé/sí	rachaidh sé/sí
téimid	chuamar	ní dheachamar	théimis	rachaimid
téann sibh	chuaigh sibh	ní dheachaigh sibh	théadh sibh	rachaidh sibh
téann siad	chuaigh siad	ní dheachaigh siad	théidís	rachaidh siad
sb. téitear	***sb.*** chuathas	***sb.*** ní dheachthas	***sb.*** théití	***sb.*** rachfar

An Modh Coinníollach	An Modh Foshuiteach Láithreach	An Modh Ordaitheach	
rachainn	go dté mé	téim	**An tAinm Briathartha**
rachfá	go dté tú	téigh	dul
rachadh sé/sí	go dté sé/sí	téadh sé/sí	
rachaimis	go dtéimid	téimis	**An Aidiacht Bhriathartha**
rachadh sibh	go dté sibh	téigí	dulta
rachaidís	go dté siad	téidís	
sb. rachfaí	***sb.*** go dtéitear	***sb.*** téitear	

Tábla 5X Na Briathra Neamhrialta – Réimniú an Bhriathair *téigh*

5.5 An tAinm Briathartha

5.5.1 Ainmneacha Briathartha sa Chéad Réimniú

Sa tábla thíos, taispeántar na cineálacha éagsúla ainmneacha briathartha atá sa chéad réimniú.

Tréith	Samplaí
An deireadh *-(e)adh*	blaiseadh, briseadh, ceapadh, glanadh, meascadh, pósadh
Leathnú ar an bhfréamh agus an deireadh *-adh*	bualadh, fáscadh, loscadh, rúscadh, troscadh
Leathnú ar an bhfréamh	brath, cumasc, cur, gol, lot, siúl, toirmeasc, tomhas
Ionann is an fhréamh	amharc, crith, díol, fás, íoc, ól, ríomh, scríobh, teagasc, teip
An deireadh *-áil*	fágáil, féadachtáil, gabháil, maireachtáil, tógáil
-t a chur leis an bhfréamh	adhaint, baint, ceilt, deighilt, meilt, roinnt
An deireadh *-(e)amh*	buaireamh, caitheamh, fónamh, léamh, seasamh, téamh
An deireadh *-(e)an*	airleacan, leagan, ligean, teilgean, tionlacan, tréigean
An deireadh *-chan*	athnuachan, beochan, buíochan, buachan, cruachan
An deireadh *-(e)acht*	éisteacht, fanacht, gluaiseacht
An deireadh *-im*	druidim, léim, titim
An deireadh *-úint*	creidiúint, feiliúint, giniúint, leanúint, oiliúint
Guta fada nó défhoghar (fréamh a chríochnaíonn ar *-igh*, *-ígh*)	bá, brú, cloí, dlí, feo, guí, lí, lua, meá, ní, plé, reo, sleá, sní, sú, suí, trá, treá
Ainmneacha briathartha eile	bleán, faire, fóirithint, iarraidh, screadach, seinm, tuiscint

Tábla 5Y Ainmneacha Briathartha – An Chéad Réimniú

5.5.2 Ainmneacha Briathartha sa Dara Réimniú

Sa tábla thíos, taispeántar na cineálacha éagsúla ainmneacha briathartha atá sa dara réimniú.

Tréith	Samplaí
An deireadh *-(i)ú*	achoimriú, bailiú, cabhrú, daingniú, eagrú, fuarú, gríosú, oibriú
An deireadh *-aí*	cónaí, corraí, eachtraí, fiafraí, ionsaí
An deireadh *-í*	achainí, éirí, impí, taithí
-t a chur leis an bhfréamh	aithint, bagairt, cosaint, eitilt, fógairt, imirt, oscailt, seachaint
Leathnú ar an bhfréamh	ceangal, cogar, freastal, iompar, rómhar, soláthar, taisteal
An deireadh *-(e)amh*	áireamh, cúiteamh, éileamh, iomramh, machnamh, smaoineamh
An deireadh *-(e)ach*	ceannach, cnuasach, eiteach, réiteach, taifeach
An deireadh *-(e)acht*	aoireacht, dúiseacht, fortacht, imeacht, tairngreacht
An deireadh *-áil*	admháil, athchúrsáil, teagmháil
An deireadh *-aíocht*	marcaíocht, ráthaíocht, tóraíocht
Ainmneacha briathartha eile	damhsa, dúchan, eisiúint, insint, tiúchan

Tábla 5Z Ainmneacha Briathartha – An Dara Réimniú

5.6 Díochlaonadh an Ainm Bhriathartha

5.6.1 An Ginideach

(a) Is ionann foirm de ghnáth do ghinideach an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha sna cásanna a léirítear sa tábla thíos:

Tréith	Ainm Briathartha	Foirm an Ghinidigh
Ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-(e)adh*	bearradh cáineadh folcadh moladh	scian bhearrtha rún cáinte dabhach folctha dán molta
Ainmneacha briathartha aonsiollacha a chríochnaíonn ar ghuta fada nó ar dhéfhoghar	cló reo sú	leabhar clóite uachtar reoite páipéar súite
Ainmneacha briathartha ilsiollacha a chríochnaíonn ar ghuta fada	cónaí éalú ionsaí	áit chónaithe bealach éalaithe lucht ionsaithe
Ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-ilt, -in(g)t* (ach amháin *-áint, -úint*), *-irt*	cuimilt cosaint labhairt	barr cuimilte gléas cosanta deis labhartha
Roinnt ainmneacha briathartha firinscneacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan	coimeád léamh scríobh	fear coimeádta lucht léite an focal scríofa
Corrainm briathartha eile	bruith druidim	práta bruite dorn druidte

Tábla 5AA Díochlaonadh an Ainm Bhriathartha – Ginideach an Ainm Bhriathartha ar Aon Fhoirm leis an Aidiacht Bhriathartha

Nóta: Níl gnáthghinideach de réir ceann de na díochlaontaí (féach 3.3.4) ag ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-(e)adh* nó a chríochnaíonn ar ghuta fada, e.g., *bearradh, cló, cónaí*.

(b) Is é ginideach an ainmfhocail, de réir an díochlaonta lena mbaineann, a bhíonn–

(i) ar ainmneacha briathartha áirithe:

Tréith	Ainm Briathartha	Foirm an Ghinidigh
Amhail ainmfhocal den Chéad Díochlaonadh (féach 2.2.2)	gol machnamh	fonn goil ag déanamh a machnaimh
Amhail ainmfhocal den Dara Díochlaonadh (féach 2.3.2)	fóirithint	foireann fóirithinte
Amhail ainmfhocal den Tríú Díochlaonadh, i gcás ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-áil*, *-aíl*, *-áint*, *-úint*, *-cht* agus corrainm briathartha eile (féach 2.4.2)	admháil dúiseacht iomáint lúbarnaíl oiliúint díolaim éag tuiscint	páipéar admhála clog dúiseachta foireann iomána le teann lúbarnaíola coláiste oiliúna fear díolama ar chúl éaga bua tuisceana

Tábla 5BB Díochlaonadh an Ainm Bhriathartha – Ainmneacha Briathartha Áirithe

(ii) ar ghnáth-ainmfhocail a úsáidtear chun feidhmeanna de chuid ainm briathartha a dhéanamh ach nach dtéann réimniú briathair thairis sin orthu:

Tréith	Ainm Briathartha	Foirm an Ghinidigh
Amhail ainmfhocal den Chéad Díochlaonadh (féach 2.2.2)	ag magadh ag seanchas	cúis mhagaidh fear seanchais
Amhail ainmfhocal den Dara Díochlaonadh (féach 2.3.2)	ag báisteach ag fearthainn	cuma bháistí fuadar fearthainne
Amhail ainmfhocal den Tríú Díochlaonadh, i gcásanna ina gcuirtear foirceann leis an mbun-ainmfhocal, e.g., *bádóir*, *bádóireacht*; *peata*, *peataireacht* agus i gcás corrainm briathartha eile (féach 2.4.2)	ag bádóireacht ag peataireacht ag bradaíl ag feadaíl	cumann bádóireachta an iomarca peataireachta bó bhradaíola port feadaíola

Tábla 5CC Díochlaonadh an Ainm Bhriathartha – Gnáth-Ainmfhocail a úsáidtear chun Feidhmeanna de chuid Ainm Briathartha a dhéanamh

Nóta: Ainmneacha briathartha de na cineálacha sin atá luaite in (b)(ii) roimhe seo, ní bhíonn foirm don aidiacht bhriathartha orthu. Tá foirm na haidiachta briathartha in easnamh freisin ar ghnáthainmneacha briathartha áirithe, e.g., *achainí*, *uair na hachainí*; *fónamh*, *fear fónaimh*; *gol*, *racht goil*; *guí*, *faoi bhrí na guí*; *maireachtáil*, *slí mhaireachtála*.

(iii) ar na hathleaganacha atá ar mhórán ainmneacha briathartha chun leanúnachas, minicíocht, teibíocht, torann, treise, fochiall nó beart aonair a chur in iúl, e.g., *aistriú* go *aistriúchán*; *liú* go *liúireach*:

Tréith	Athleagan ar Ainm Briathartha	Foirm an Ghinidigh
Amhail ainmfhocal den Chéad Díochlaonadh (féach 2.2.2)	níochán	meaisín níocháin
Amhail ainmfhocal den Dara Díochlaonadh (féach 2.3.2)	preabarnach	rás preabarnaí
Amhail ainmfhocal den Tríú Díochlaonadh (féach 2.4.2)	léitheoireacht	ábhar léitheoireachta

Tábla 5DD Díochlaonadh an Ainm Bhriathartha – Athleaganacha ar Ainmneacha Briathartha

(c) Tá roinnt ainmneacha briathartha ann a bhfuil dhá fhoirm orthu sa ghinideach – foirm na haidiachta briathartha agus foirm de réir ceann de dhíochlaontaí na n-ainmfhocal:

Tréith	Ainm Briathartha	Foirm an Ghinidigh de réir Ceann de na Díochlaontaí
Amhail ainmfhocal den Chéad Díochlaonadh (formhór na n-ainmneacha briathartha firinscneacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan) (féach 2.2.2)	brath ceannach comhrac gearán iompar tochas	lucht braith árthach ceannaigh céile comhraic cúis ghearáin gléas iompair cuaille tochais
Amhail ainmfhocal den Dara Díochlaonadh (beagán ainmneacha briathartha baininscneacha) (féach 2.3.2)	aithris breith insint léim titim úsáid	cóir aithrise lá breithe an sórt insinte ag caitheamh léime fonn titime easpa úsáide

Tábla 5EE Díochlaonadh Ainmneacha Briathartha a bhfuil Dhá Fhoirm orthu sa Ghinideach – Foirm de réir Ceann de na Díochlaontaí

Tréith	Ainm Briathartha	Foirm an Ghinidigh de réir Ceann de na Díochlaontaí
Amhail ainmfhocal den Tríú Díochlaonadh (ainmneacha briathartha baininscneacha a chríochnaíonn ar *-chan* agus *crith, foghlaim, íoc, reic, rith, seinm, slad, snámh, sníomh, tairiscint, tál, trácht, triall, troid, tuiscint*) (féach 2.4.2)	beochan crith foghlaim íoc reic rith seinm sníomh trácht troid	deoch bheochana galar creatha aos foghlama fear íoca stalla reaca ligean reatha lucht seanma fearsaid sníomha brú tráchta babhta troda

Tábla 5EE Díochlaonadh Ainmneacha Briathartha a bhfuil Dhá Fhoirm orthu sa Ghinideach – Foirm de réir Ceann de na Díochlaontaí (ar lean.)

(i) Is í foirm na haidiachta briathartha a úsáidtear nuair atá cuspóir ag gabháil leis an ainm briathartha.

(ii) Is í an fhoirm eile a úsáidtear nuair is feidhm ainmfhocail nó feidhm aidiachta a bhíonn ag an ainm briathartha.

Ainm Briathartha	Ginideach – Foirm na hAidiachta Briathartha	Ginideach – Foirm de réir Ceann de na Díochlaontaí
brath	fear a bhraite	lucht braith
ceannach	fear ceannaithe na mbeithíoch	árthach ceannaigh
déan	fear déanta brící	sórt déanaimh
insint	fear inste scéil	an sórt insinte
íoc	lá íoctha na rátaí	fear íoca
iompar	tar éis a iompartha	gléas iompair
ól	lucht ólta poitín	boladh óil
úsáid	modh a úsáidte	easpa úsáide

Tábla 5FF Díochlaonadh Ainmneacha Briathartha a bhfuil Dhá Fhoirm orthu sa Ghinideach – Foirm na hAidiachta Briathartha agus Foirm de réir Ceann de na Díochlaontaí

5.6.2 An tIolra

Tá roinnt ainmneacha briathartha ann a úsáidtear mar ghnáth-ainmfhocail freisin. Bíonn foirm iolra orthu sin de réir an díochlaonta lena mbaineann siad.

(a) I gcás ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-(e)adh*, is gnách *-taí* (*-tí*) a chur in ionad an *-(e)adh* más *-ch, -d, -l, -ll, -n, -rr -s* nó *-t* is críoch don fhréamh, agus *-thaí* (*-thí*), más consan eile is críoch di, e.g., *baisteadh, baistí*; *casadh, castaí*; *cinneadh, cinntí*; *moladh, moltaí*; *pósadh, póstaí*; *tarscaoileadh, tarscaoiltí*; *bloscadh, bloscthaí*; *colscaradh, colscarthaí*; *crapadh, crapthaí*; *loscadh, loscthaí*; *madhmadh, madhmthaí*; *scríobadh, scríobthaí*; *speireadh, speirthí*; *tíolacadh, tíolacthaí*, nó corruair *-teacha, -thacha*, e.g., *filleadh, fillteacha*; *gearradh, gearrthacha*.

(b) I gcás ainmneacha briathartha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-(i)ú*, cuirtear *-(u)ithe* in ionad an *-(i)ú*, e.g., *athrú, athruithe*; *ceartú, ceartuithe*; *cruinniú, cruinnithe*; *fiosrú, fiosruithe*; *míniú, mínithe*; *ordú, orduithe*; *scrúdú, scrúduithe*; *toiliú, toilithe*.

(c) I gcás ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-áil*, leathnaítear an *l* agus cuirtear *-acha* leis, e.g., *admháil, admhálacha*; *ofráil, ofrálacha*.

(d) I gcás ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-cht*, cuirtear *-aí* leo, e.g., *gluaiseacht, gluaiseachtaí*, agus cuirtear *-í* le hainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-lt, -nt, -rt*, e.g., *bagairt, bagairtí*; *creidiúint, creidiúintí*; *oscailt, oscailtí*; *tairiscint, tairiscintí*.

(e) I gcás ainmneacha briathartha aonsiollacha a chríochnaíonn ar ghuta, cuirtear *-nna* nó, corruair, *-ite* leo, e.g., *breo, breonna*; *brú, brúnna*; *cló, clónna*; *dó, dónna*; *liú, liúnna*; *meá, meánna*; *sú, súnna*; *crú, crúite*; *rá, ráite*; *sá, sáite*.

5.7 An Aidiacht Bhriathartha

5.7.1 Réimíreanna leis an Aidiacht Bhriathartha

Úsáidtear na réimíreanna *do-, in-, so-* le foirm na haidiachta briathartha chun rangabhálacha a dhéanamh, e.g., *dochoiscthe, dofheicthe, doghluaiste, dothuigthe, indéanta, inscrúdaithe, sofheicthe, sofhoghlamtha, sophacáilte*. (Féach 4.12 le haghaidh tuilleadh eolais ar an aidiacht bhriathartha.)

CAIBIDIL 6 | An Dobhriathar

6.1 Príomhchineálacha Dobhriathra

6.1.1 Úsáidtear an dobhriathar mar cháiliú ar bhriathar, ainm briathartha, aidiacht, réamhfhocal, cónasc nó dobhriathar eile.

Seo a leanas na príomhchineálacha dobhriathra de réir feidhme–

(a) **dobhriathar modha**, e.g., *amhlaidh, ar chor ar bith, go breá, go dona, go hard, freisin, os íseal*:

> Shiúil sí **go mall**.
> Tá sí á rá **os íseal**.

(b) **dobhriathar ama agus minicíochta**, e.g., *amárach, anois, arís, arú inné, choíche, Dé Sathairn, go hannamh, go minic, go míosúil, inné, riamh*:

> Beidh sí anseo **amárach**.
> Is **annamh** a fheicim anois iad.

(c) **dobhriathar áite agus treo**, e.g., *abhaile, abhus, amach, amú, amuigh, ann, anseo, ansin, isteach, ó thuaidh, siar, soir*:

> Ní fhaca mé **ann** í.
> D'imigh sé **amach**.

(d) **dobhriathar ceisteach** (cé gur forainmnigh cheisteacha iad na míreanna seo (féach 8.5), is minic a dhéantar tagairt dóibh mar dhobhriathra ceisteacha), e.g., *cá (cá bhfuil, cá háit), cad (cad a…, cad as, cad chuige, cad é, cad é mar), cathain (cathain a…), céard (céard a…, céard é), cén (cén chaoi, cén uair), conas (conas a…)*:

> **Cá** rachaimid?
> **Cén chaoi** a bhfuil tú?

(e) **dobhriathar cainníochta**, e.g., *ar fad, beagnach, sách*:

> Níl sé **sách** te fós.
> Bhí sibh **beagnach** in am.

(f) **dobhriathar breischéime**, e.g., *níos*, *ní ba*:

Tá Seán **níos** airde ná Máire.
Bhí siad **ní ba** ghile ná an sneachta.

Tabhair faoi deara gur féidir *níos* a úsáid sna haimsirí go léir ach nach n-úsáidtear *ní b'/ní ba* ach san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite agus sa mhodh coinníollach. Déantar *ní b'* a úsáid roimh aidiacht dar tús guta nó *fh- + guta*, e.g., *Ba ghá dóibh dréimire níos fearr/ní b'fhearr a fháil anuraidh*; *Dá mbeinn bliain níos óige/ní b'óige, d'imreoinn an cluiche*; agus déantar *ní ba* a úsáid roimh chonsan, e.g., *Bhí na braillíní níos gile/ní ba ghile ná an sneachta*.

(g) **dobhriathar treise**, e.g., *féin*:

Má bhí sé tuirseach **féin**, chuaigh sé chuig an Oireachtas.
Is ócáid thábhachtach í; beidh an tUachtarán **féin** ann.

(h) **ainmfhocal a úsáid go dobhriathartha i gcúrsaí tomhais**, e.g., *ar leithead*; *ar fad*:

Bhí an seomra suite sé mhéadar **ar fad**.
Tá an bóithrín trí mhéadar **ar leithead**.

(i) **aidiacht a úsáid go dobhriathartha**, e.g., *gann*, *gearr*:

Bhí siad duine **gearr**.
Bhí muid **gann** i mbainne.

(j) **dobhriathar a úsáid go haidiachtach**, e.g., *amach*, *aniar*, *anuas*, *isteach*:

An bhfeiceann tú an fear **amach**?
Seo chugainn an bhean **isteach**.
Tá an bhean **aniar** ar an teilifís.
Tá braon **anuas** sa seomra codlata.
Is é Tomás an cliamhain **isteach**.
Tá an ghaoth **anoir** is an fhearthainn **aniar** air.

(k) **ainmfhocal nó ainm briathartha atá bunaithe ar dhobhriathar**, e.g., *ganfhiosaíocht*, *istoícheadóireacht*:

Tá an bleachtaire **ag ganfhiosaíocht** ar gach duine.
Tá an iomarca **istoícheadóireachta** ar siúl san áit seo.

6.2 Dobhriathra Modha agus Dobhriathra Ama agus Minicíochta

Maidir leis na dobhriathra modha agus na dobhriathra ama agus minicíochta atá bunaithe ar aidiacht, sna cásanna seo a leanas ní chuirtear *go* leo–

(a) sa chéim chomparáide:

go cúramach	→	Tiomáin **níos cúramaí** amach anseo.
go hard	→	Labhair **níos airde** feasta.

(b) má tá an dobhriathar á cháiliú le dobhriathar eile:

go minic	→	Níor scrúdaíodh an córas **minic go leor**.
go sciobtha	→	Thiomáin sé **sciobtha go maith**.

(c) má thagann dobhriathar aidiachtach roimh an dobhriathar:

go réidh	→	Déan **go deas réidh** anois é.
go flaithiúil	→	Roinneadh an bia **go fial flaithiúil**.

(d) i ndiaidh na ndobhriathra *cuibheasach* agus *sách*, má tá siad ag cáiliú focal atá díreach ina ndiaidh:

go dian	→	D'oibrigh sé **cuibheasach dian**.
go maith	→	D'imir sí **sách maith**.

6.3 Dobhriathra Áite agus Treo

Gluaiseacht i dtreo an tsuímh	An suíomh	Gluaiseacht ón suíomh
suas Tá sé ag dul **suas** an staighre.	**thuas** Tá sé **thuas** staighre.	**anuas** Tá sé ag teacht **anuas** an staighre.
síos Tá sí ag dul **síos** an staighre.	**thíos** Tá sí **thíos** staighre.	**aníos** Tá sí ag teacht **aníos** an staighre.
amach An bhfuil tú ag dul **amach** don oíche?	**amuigh** Táim **amuigh**.	**amach** Tá sí ag teacht **amach** chomh fada leat.
isteach An bhfuil tú ag dul **isteach** sa teach?	**istigh** Is **istigh** sa teach a tharla an timpiste.	**isteach** Tar **isteach** chugam!

Tábla 6A Dobhriathra Áite

Gluaiseacht i dtreo an tsuímh	An suíomh	Gluaiseacht ón suíomh
ó thuaidh Rachaimid **ó thuaidh** amárach.	**ó thuaidh/thuaidh** Tá an siopa sin ar an taobh **ó thuaidh/thuaidh** den chontae.	**aduaidh** Tháinig siad **aduaidh** inné.
ó dheas D'imigh sé **ó dheas** ar maidin.	**ó dheas/theas** Tá teach acu ar an gcósta **ó dheas/theas**.	**aneas** Tá sí ag teacht **aneas** faoi láthair.
soir An ndeachaigh tú **soir** chucu?	**thoir** Chuaigh, ach ní raibh aon duine **thoir**.	**anoir** Bhí orm teacht **anoir** arís.
siar An bhfuil tú ag dul **siar** anocht?	**thiar** An raibh tú **thiar** aréir?	**aniar** An mbeidh siad ag teacht **aniar** ar cuairt?
anonn/sall An ndeachaigh Áine **sall/anonn** go Sasana inné?	**thall** Chuaigh, tá sí **thall** le seachtain.	**anall** Cén uair a thiocfaidh sí **anall** arís?

Tábla 6B Dobhriathra Treo

6.4 Airde an Chompáis

Ionas gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir na treonna, cuirtear príomhairde an chompáis i láthair sa léaráid thíos le túslitir an fhocail:



T (an tuaisceart) **D (an deisceart)** **O (an t-oirthear)** **I (an t-iarthar)**

Léirítear thíos noda do na fo-airde a bhaineann leis an gceathramhán den chompás atá thuas.

Nod	Gluaiseacht i dtreo an tsuímh	An suíomh simplí	Gluaiseacht ón suíomh
I	siar	an t-iarthar	aniar
ILD	siar lámh ó dheas	thiar lámh theas	aniar lámh aneas
IID	siar siar ó dheas	thiar thiar theas	aniar aniar aneas
IDLI	siar ó dheas lámh siar	thiar theas lámh thiar	aniar aneas lámh aniar
ID	siar ó dheas	thiar theas	aniar aneas
IDLD	siar ó dheas lámh ó dheas	thiar theas lámh theas	aniar aneas lámh aneas
DID	ó dheas siar ó dheas	theas thiar theas	aneas aniar aneas
DLI	ó dheas lámh siar	theas lámh thiar	aneas lámh aniar
D	ó dheas	an deisceart	aneas

Tábla 6C Airde an Chompáis

CAIBIDIL 7 | AN CHOPAIL

7.1 Ginearálta

Úsáidtear an chopail chun dhá fhocal nó dhá abairtín a cheangal le chéile.

Is ionann an leagan den chopail a úsáidtear san aimsir láithreach agus an leagan a úsáidtear san aimsir fháistineach. Ina theannta sin, is ionann an leagan den chopail a úsáidtear san aimsir chaite agus an leagan a úsáidtear san aimsir ghnáthchaite agus sa mhodh coinníollach. Tabhair faoi deara, más san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach atá faisnéis na habairte, nach gá go mbeadh aimsir na copaile agus aimsir fhaisnéis na habairte ag aontú le chéile. Féach 7.2 le haghaidh fhoirmeacha simplí na copaile.

7.1.1 Feidhmeanna na Copaile

Is iad príomhfheidhmeanna na copaile–

(a) an t-ainmní a aicmiú:

Is sáraisteoir í.
Is éan é an faoileán.
Strainséirí **is** ea iad.
Is fear é.

(b) an t-ainmní a ionannú:

Ba í Úna an bainisteoir.
Is é Baile Átha Cliath príomhchathair na hÉireann.

(c) an t-ainmní a cháiliú le faisnéis aidiachtach nó le frása a thosaíonn ar réamhfhocal:

Nach deas é?
Is fíor sin.
Is leor cúig euro.
Is as an Muileann gCearr di.

(d) ainmfhocal nó clásal a cháiliú le haidiacht, nó le hainmfhocal, móide forainmneach réamhfhoclach:

Is maith léi an chispheil.
Ní mór dó imeacht.
An féidir leis é a dhéanamh?
Is leor liom an méid sin.
An cuimhin leat an teach sin?
Is dona linn an briseadh seo.

(e) ainmfhocal a cháiliú le breischéim aidiachta:

Tabhair leat an ceann **is** fearr leat.
Bhí na milseáin **ba** dheise ite sular shroich mé an chóisir.

(f) úinéireacht nó gaol idir daoine a chur in iúl trína húsáid leis an réamhfhocal *le*:

Ba liomsa é.
Ní le Sorcha an ceann sin.
Tóg ceann ar bith **is** leat.
Is iníon le Seán ise.
Is comhghleacaí le Cáit eisean.

(g) clásal a cháiliú le haidiacht:

Is gearr go mbeidh a fhios againn.
Is fada ó bhí sé ann.
Is maith is eol duit é.
Is iomaí duine a thagann an treo seo.
B'fhada ag teacht é.

(h) béim a leagan ar chuid den abairt:

Ní inniu ná inné a saolaíodh eisean.
Is ag ceannach bainne a bhí mé.
Is chun na Spáinne a chuaigh sí.
Ní hí Muireann a chaill an eochair.
Ba í Nóra a d'aistrigh é sin.
Is aici a bhí an ceart.
Níorbh é sin an cineál comórtais a bhí ann in 1998.
Is inné a tháinig siad.
Is é Peadar a dhéanfadh an beart dá mbeadh sé anseo.

(i) í a úsáid in abairtí a chuireann comparáid in iúl:

Is troime bonn dhá phingin ná bonn pingine.
Is gile an ghrian ná an ghealach agus ná na pláinéid.
Ní lia tír ná nós.
Nach treise dúchas ná oiliúint?
Nárbh fhearr gluaisteán ná rothar?

7.2 Foirmeacha Simplí na Copaile agus Athruithe Tosaigh

(a) Is ionann foirm shimplí agus foirm den chopail nach bhfuil i gcumasc le forainmneach ceisteach, réamhfhocal nó cónasc.

(b) Leagtar amach anseo foirmeacha simplí na copaile:

(i) i bpríomhchlásal;

(ii) i dtús fochlásail, seachas clásal coibhneasta;

(iii) i gclásal coibhneasta díreach;

(iv) i gclásal coibhneasta indíreach.

Déantar na foirmeacha a scagadh de réir aimsire. I ngach cás, tugtar an aimsir láithreach agus an aimsir fháistineach ar dtús agus tugtar an aimsir chaite, an aimsir ghnáthchaite agus an modh coinníollach ina dhiaidh sin.

7.2.1 Foirmeacha Simplí i bPríomhchlásal

A An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

Sa tábla ina dhiaidh seo, leagtar amach an fhoirm dheimhneach, an fhoirm dhiúltach, an fhoirm cheisteach dheimhneach agus an fhoirm cheisteach dhiúltach den chopail san aimsir láithreach nó san aimsir fháistineach.

AN AIMSIR LÁITHREACH AGUS AN AIMSIR FHÁISTINEACH		
roimh gach consan agus gach guta		
Deimhneach	**is**	**Is** talamh maith anois é. Ealaíontóir maith **is** ea ise.
Diúltach	**ní**	**Ní** bia bainne is **ní** bainne bláthach. **Ní** hé a d'inis an bhréag sin.
Ceisteach Deimhneach	**an**	**An** í Bríd an múinteoir? **An** fada go dtiocfaidh sé?
Ceisteach Diúltach	**nach**	**Nach** (é) Seán atá ina mhúinteoir? **Nach** (í) Siobhán a bheidh ann amárach?

Tábla 7A Foirmeacha Simplí i bPríomhchlásal – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

B An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

Leanann séimhiú foirmeacha na copaile san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite agus sa mhodh coinníollach. Úsáidtear *ba* nó *b'* san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach mar seo a leanas:

(a) Cuirtear *ba* roimh chonsan nó roimh *fh- + consan* i ngach cás, e.g., *Ba mhúinteoir lách é*; *Ba fhreagra cruinn é*.

(b) Cuirtear *ba* roimh ghuta nó roimh *fh- + guta* sna cásanna seo a leanas:

(i) na forainmnigh *é, í, ea, éard, eisean, ise, iad* agus *iadsan*, e.g., *Ba iad a bhuaigh an corn*;

(ii) réamhfhocail, e.g., *Ba ar theacht i bhfeidhm an Achta a tharla sé*;

(iii) forainmnigh réamhfhoclacha, e.g., *Ba ann a bhí sé*;

(iv) dobhriathra nach dobhriathra aidiachtacha iad, e.g., *Ba arú inné a d'ith siad an cáca*.

(c) Cuirtear *b'* roimh ghuta nó roimh *fh- + guta* sna cásanna seo a leanas:

(i) ainmfhocail, e.g., *B'innealtóir maith í*;

(ii) aidiachtaí, e.g., *B'fhearúil an duine é*;

(iii) na forainmnigh thaispeántacha *eo, in* agus *iúd*, e.g., *B'in é é*; *B'eo amach é.*

(iv) dobhriathra aidiachtacha, e.g., *B'annamh a dhéanadh sé é*.

(d) Ceadaítear na foirmeacha *ba* nó *ab* a úsáid roimh an bhforainmneach neodrach *ea* i lár abairt atá san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach, e.g., *Saighdiúirí ab ea iad* nó *Saighdiúirí ba ea iad*.

Sa tábla thíos, leagtar amach an fhoirm dheimhneach den chopail i bpríomhchlásal atá san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach.

AN AIMSIR CHAITE, AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE AGUS AN MODH COINNÍOLLACH – DEIMHNEACH		
roimh chonsan nó roimh *fh- + consan*	**roimh ghuta nó roimh *fh- + guta***	
ba	**b'**	**ba (ab)**
Ba mhian liomsa labhairt. **Ba** fhlaithiúil go deo a chaith siad liom. **Ba** bheag an chabhair dom é dá bhfaighinn in am é fiú.	**B'**álainn an pictiúr é mura mbeadh an polla sin sa chúlra. **B'**aoibhinn linn a bheith ag éisteacht leis gach oíche. **B'**eol dúinn go dtéadh sí an cóngar nuair a bhíodh sé tirim.	**Ba** é an Rúnaí a cheartódh é sa chás sin. Ceannaire maith **ba/ab** ea í siúd. **Ba** aici a bhí an ceart. **Ba** as Gaillimh é. **Ba** ó Bhaile Átha Cliath í.

Tábla 7B Foirmeacha Simplí i bPríomhchlásal – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach – An Fhoirm Dheimhneach

Sa tábla thíos, leagtar amach an fhoirm dhiúltach, an fhoirm cheisteach dheimhneach agus an fhoirm cheisteach dhiúltach den chopail i bpríomhchlásal atá san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach.

AN AIMSIR CHAITE, AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE AGUS AN MODH COINNÍOLLACH				
	roimh chonsan nó roimh *fh- + consan*		**roimh ghuta nó roimh *fh- + guta***	
Diúltach	**níor**	**Níor** mhaith léi go dtarlódh sé sin.	**níorbh**	**Níorbh** aon dóithín é.
Ceisteach Deimhneach	**ar**	**Ar** dheacair leat é?	**arbh**	**Arbh** fhearr é mar atá sé?
Ceisteach Diúltach	**nár**	**Nár** dhána an mhaise dó é!	**nárbh**	**Nárbh** é an diabhal é?

Tábla 7C Foirmeacha Simplí i bPríomhchlásal – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach – An Fhoirm Dhiúltach agus an Fhoirm Cheisteach

7.2.2 Foirmeacha Simplí i dTús Fochlásail, seachas Clásal Coibhneasta

A An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

Úsáidtear *gur* nó *gurb* san aimsir láithreach nó san aimsir fháistineach mar seo a leanas:

(a) Cuirtear *gur* roimh chonsan i ngach cás, e.g., *Is dóigh leo gur teagascóir gairmiúil é Cian.*

(b) Cuirtear *gur* roimh ghuta sna cásanna seo a leanas:

(i) ainmfhocail (seachas ainmfhocail sna frásaí copaile réamhfhoclacha a luaitear faoi *gurb* thíos), e.g., *Is dóigh liom gur áit dheas an t-óstán sin*; *Síleann an tAire gur acmhainn theoranta an ciste sin*; *Dúirt sí gur oifigeach maith é*;

(ii) réamhfhocail, e.g., *Deir sí gur ag an rince a bheidh sí*;

(iii) forainmnigh réamhfhoclacha, e.g., *Dúradh liom gur uait a tháinig an leabhar sin*;

(iv) dobhriathra (seachas *amhlaidh*) nach dobhriathra aidiachtacha iad, e.g., *Síltear gur amach anseo atá i gceist*; *Tuigtear dom gur amuigh sa ghairdín atá an ceiliúradh ar bun*;

(v) na forainmnigh *é, í, eisean, ise, iad* agus *iadsan* más gníomhaí nó cuspóir ainm bhriathartha an forainmneach, e.g., *Síleann sí gur <u>é a bhailiú</u> is fearr*; *Dar leis gur <u>iad a fhoilsiú</u> is fearr.*

(c) Cuirtear *gurb* roimh ghuta sna cásanna seo a leanas:

(i) aidiachtaí, e.g., *Sílim gurb iontach an deis duit é*; *Ceapaim gurb eolach an bhean í*;

(ii) *amhlaidh (gurb amhlaidh)*, nó dobhriathra aidiachtacha *(go hard, gurb ard*; *go hannamh, gurb annamh)*, e.g., *Measaim gurb amhlaidh atá*; *Sílim gurb annamh a tharlaíonn a leithéid*;

(iii) na forainmnigh *é, í, ea, eisean, ise, iad* agus *iadsan* nuair nach gníomhaí ná cuspóir ainm bhriathartha an forainmneach, e.g., *Deir sí gurb í a hiníon í*; *Dar le hAoife gurb eisean a rinne é*; *Dúirt sise gurb é Sorcha an t-ainm a bhí uirthi féin*; *D'admhaigh sí gurb í féin a rinne é*;

(iv) na forainmnigh thaispeántacha *eo, in* agus *iúd*, e.g., *Deir sí gurb in é an fear*;

(v) na frásaí copaile réamhfhoclacha seo a leanas: *acmhainn do, áil le, aitheanta do, aithnid do, eagal do/le, éadáil le, ealaín do, éigean do, eol do, oircheas do*, e.g., *Dar leo gurb acmhainn dóibh teach a cheannach*;

(vi) na focail ar leith seo: *áibhéil, éard, ionadh, iontas* agus *ualach*, e.g., *Dúirt sé liom gurb ionadh leis an ní a tharla.*

Sa tábla ina dhiaidh seo, leagtar amach an fhoirm dheimhneach agus an fhoirm dhiúltach den chopail i dtús fochlásal (seachas clásal coibhneasta) atá san aimsir láithreach nó san aimsir fháistineach.

AN AIMSIR LÁITHREACH AGUS AN AIMSIR FHÁISTINEACH			
	roimh chonsan	**roimh ghuta**	
	gur	**gur**	**gurb**
Deimhneach	Ceapann siad **gur** múinteoir maith é Seán. Is dóigh liom **gur** tráthnóna amárach a bheidh an cruinniú ann.	Ceapann siad **gur** altra é. Sílim **gur** acu a bheidh an bua.	Is dóigh leis **gurb** álainn an lá é. Ní dóigh liom **gurb** ionann iad. Ní foláir **gurb** acmhainn dóibh. Más rud é **gurb** éigean dóibh.
	nach		
Diúltach	Deir sé **nach** amárach a bheidh an cluiche ar siúl. Tuigimid **nach** é deireadh an domhain é má chaillimid. Síleann siad **nach** taighdeoir maith é. Dar liom **nach** cuan sábháilte é.		

Tábla 7D Foirmeacha Simplí i dtús Fochlásail, seachas Clásal Coibhneasta – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

B An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

Leanann séimhiú foirmeacha na copaile san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite agus sa mhodh coinníollach. Tá rogha ann i gcás na bhfoirmeacha deimhneacha – féach (a) agus (b) ina dhiaidh seo.

(a) *gur* nó *gurbh*

Úsáidtear na foirmeacha deimhneacha *gur* nó *gurbh* san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach mar seo a leanas:

(i) Cuirtear *gur* roimh chonsan nó roimh *fh-* + *consan* i ngach cás, e.g., *D'ainneoin an méid a d'impigh sí air, níor dhóigh leis gur chóir an madra a choinneáil.*

(ii) Cuirtear *gurbh* roimh ghuta nó roimh *fh-* + *guta* i ngach cás, e.g., *Creidtear gurbh ealaíontóir cumasach ab ea é; Dúirt sé gurbh iomaí cleas glic a d'imir Seán air.*

Sa tábla thíos, leagtar amach an fhoirm dheimhneach den chopail i bpríomhchlásal atá san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach.

AN AIMSIR CHAITE, AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE AGUS AN MODH COINNÍOLLACH		
	roimh chonsan nó roimh *fh-* + *consan*	**roimh ghuta nó roimh *fh-* + *guta***
	gur	**gurbh**
Deimhneach	Dúirt Eoin **gur** cheart é a dhíol. Cheapamar **gur** fhlaithiúil an duine ab ea é.	Dhearbhaigh sé **gurbh** fhéimheach é. Dúirt sí **gurbh** é leas an phobail é.

Tábla 7E Foirmeacha Simplí i dtús Fochlásail, seachas Clásal Coibhneasta – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach – *gur* agus *gurbh*

(b) *go mba* nó *go mb'*

Tá sé de rogha freisin na foirmeacha deimhneacha *go mba* nó *go mb'* a úsáid san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach mar seo a leanas:

(i) Cuirtear *go mba* roimh chonsan nó roimh *fh- + consan* i ngach cás, e.g., *Cé gur impigh sí air, níor dhóigh leis go mba chóir an madra a choinneáil.*

(ii) Cuirtear *go mba* roimh ghuta nó roimh *fh- + guta* sna cásanna seo a leanas:

- na forainmnigh *é, í, ea, eisean, ise, iad* agus *iadsan*, e.g., *Ba dhóigh liomsa go mba iad an fhoireann ab fhearr ar an lá*;
- réamhfhocail, e.g., *Mheas mé go mba ar an mbád a tháinig siad*;
- forainmnigh réamhfhoclacha, e.g., *Shíl mé go mba ann dó*;
- dobhriathra nach dobhriathra aidiachtacha iad, e.g., *Dúirt sé go mba arú inné a réitigh sí an dinnéar.*

(iii) Cuirtear *go mb'* roimh ghuta nó roimh *fh- + guta* sna cásanna seo a leanas:

- ainmfhocail, e.g., *Bronnadh teastas uirthi á rá go mb'altra cáilithe in Éirinn í*;
- aidiachtaí, e.g., *Dúirt na gasúir go mb'aoibhinn leo an cáca milis*;
- na forainmnigh thaispeántacha *eo, in* agus *úd*, e.g., *Dúirt sé go mb'in a raibh aige*;
- dobhriathra aidiachtacha, e.g., *Dúirt sé go mb'annamh a théadh sé ann.*

Sa tábla thíos, leagtar amach an fhoirm dheimhneach den chopail i bpríomhchlásal atá san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach.

AN AIMSIR CHAITE, AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE AGUS AN MODH COINNÍOLLACH		
	roimh chonsan nó roimh *fh-* + *consan*	**roimh ghuta nó roimh *fh-* + *guta***
	go mba	**go mba** nó **go mb'**
Deimhneach	Dúirt Eoin **go mba** cheart é a dhíol. Sílim **go mba** fhliúit dhaor a cheannaigh sé.	Dhearbhaigh sé **go mb'**fhéimheach é. Dúirt sí **go mba** é leas an phobail é.

Tábla 7F Foirmeacha Simplí i dtús Fochlásail, seachas Clásal Coibhneasta – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach – *go mba* agus *go mb'*

(c) *nár* nó *nárbh*

Úsáidtear na foirmeacha diúltacha *nár* agus *nárbh* san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach mar seo a leanas:

(i) Cuirtear *nár* roimh chonsan nó roimh *fh-* + *consan* i ngach cás, e.g., *Bhí mise den tuairim nár mhiste leis cabhrú leat.*

(ii) Cuirtear *nárbh* roimh ghuta nó roimh *fh-* + *guta* i ngach cás, e.g., *Ba léir nárbh ionann an dá stoca ar chor ar bith.*

Sa tábla thíos, leagtar amach an fhoirm dhiúltach den chopail i bpríomhchlásal atá san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach.

AN AIMSIR CHAITE, AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE AGUS AN MODH COINNÍOLLACH		
	roimh chonsan nó roimh *fh-* + *consan*	**roimh ghuta nó roimh *fh-* + *guta***
	nár	**nárbh**
Diúltach	Ba léir **nár** dhochtúir cáilithe é. Dúirt sí **nár** fhlichshneachta ceart é.	Dúirt sé **nárbh** fhéidir é a dhéanamh. **Nárbh** iontach an clár faisnéise é sin?

Tábla 7G Foirmeacha Simplí i dtús Fochlásail, seachas Clásal Coibhneasta – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach – *nár* agus *nárbh*

7.2.3 Foirmeacha Simplí i gClásal Coibhneasta Díreach

A An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

Sa tábla thíos, leagtar amach an fhoirm dheimhneach agus an fhoirm dhiúltach den chopail i gclásal coibhneasta díreach atá san aimsir láithreach nó san aimsir fháistineach.

AN AIMSIR LÁITHREACH AGUS AN AIMSIR FHÁISTINEACH		
	roimh gach consan agus gach guta	
Deimhneach	**is**	Labhair leis an bhfear sin **is** uncail leat. An bhean **is** cara leat a d'eagraigh é.
Diúltach	**nach**	Ní cheadófar d'aon duine **nach** ball é nó í fanacht sa seomra. Céard faoi na daoine **nach** comhaltaí iad?

Tábla 7H Foirmeacha Simplí i gClásal Coibhneasta Díreach – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

B An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

Sa tábla thíos, leagtar amach an fhoirm dheimhneach agus an fhoirm dhiúltach den chopail i gclásal coibhneasta díreach atá san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach.

AN AIMSIR CHAITE, AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE AGUS AN MODH COINNÍOLLACH				
	roimh chonsan nó roimh *fh- + consan*		roimh ghuta nó roimh *fh- + guta*	
Deimhneach	**ba**	Cad é **ba** mhaith leat? Sin an carr **ba** cheart duit a cheannach.	**ab**	Sin rud **ab** éasca a rá. Má bhí leabhar ann riamh **ab** fhiú a léamh, seo é.
Diúltach	**nár**	Níor dhóigh siad aon bhreosla **nár** ghual (é). Níor ceannaíodh bó **nár** bhó mhaith (í).	**nárbh**	Is é sin an Teachta **nárbh** Aire riamh (é). Níor cheannaigh siad úlla **nárbh** úlla dearga (iad).

Tábla 7I Foirmeacha Simplí i gClásal Coibhneasta Díreach – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

7.2.4 Foirmeacha Simplí i gClásal Coibhneasta Indíreach

A An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

Sa tábla thíos, leagtar amach an fhoirm dheimhneach agus an fhoirm dhiúltach den chopail i gclásal coibhneasta indíreach atá san aimsir láithreach nó san aimsir fháistineach.

AN AIMSIR LÁITHREACH AGUS AN AIMSIR FHÁISTINEACH				
	roimh chonsan		roimh ghuta	
Deimhneach	**ar**	Ná bac leis sin; sin eolas **ar** cuma faoi. Is é sin an té **ar** dó an leabhar.	**arb**	Is í sin an bhean **arb** iriseoir a dearthár. An bhfuil an té **arb** eol dó an freagra sa seomra?
Diúltach	**nach**	Cár imigh an duine **nach** féidir labhairt leis? Is iad sin na daoine **nach** mian leo leanúint ar aghaidh.	**nach**	Is í sin an bhean **nach** iriseoir a dearthár. Sin é an t-aisteoir **nach** eol dó a chuid línte.

Tábla 7J Foirmeacha Simplí i gClásal Coibhneasta Indíreach – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

B An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

Sa tábla thíos, leagtar amach an fhoirm dheimhneach agus an fhoirm dhiúltach den chopail i gclásal coibhneasta indíreach atá san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach.

AN AIMSIR CHAITE, AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE AGUS AN MODH COINNÍOLLACH				
	roimh chonsan nó roimh *fh- + consan*		roimh ghuta nó roimh *fh- + guta*	
Deimhneach	**ar**	Sin í an bhean **ar** mhór aici do chabhair.	**arbh**	Léigh sí gach leabhar **arbh** fhiú trácht air.
Diúltach	**nár**	Cá bhfuil na daoine **nár** mhaith leo labhairt?	**nárbh**	Ba dhána iad na páistí **nárbh** áil leo dul ar scoil.

Tábla 7K Foirmeacha Simplí i gClásal Coibhneasta Indíreach – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

7.2.5 Athruithe Tosaigh i nDiaidh na Copaile

A An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

(a) Ní dhéantar aon athrú tosaigh i ndiaidh na bhfoirmeacha seo a leanas den chopail:

(i) an fhoirm dheimhneach den chopail *is*, e.g., *Is bréag é*;

(ii) an fhoirm cheisteach dheimhneach *an*, e.g., *An cuimhin leat an cluiche sin*?;

(iii) an fhoirm cheisteach dhiúltach *nach*, e.g., *Nach buachaill atá ann*?

(b) Cuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh an leagain dhiúltaigh den chopail *ní*:

(i) ar na forainmnigh *é, í, ea, iad, eo, in* agus *iúd*, e.g., *Ní hiad a ghoid do mhála*; *Ní hin é mo theachsa*;

(ii) ar na haidiachtaí seo: *amháin, aon, ionann, iondúil*, e.g., *Ní hionann an dá chás*;

(iii) ar na dobhriathra seo: *amhlaidh, annamh*, e.g., *Ní hannamh dó a bheith luath*;

(iv) ar na frásaí copaile réamhfhoclacha seo: *acmhainn do, áil le, aitheanta do, aithnid do, eagal do/le, éadáil le, ealaín do, éigean do, eol do, oircheas do*, e.g., *Ní hacmhainn dó bille eile a íoc*;

(v) ar na focail ar leith seo: *áibhéil, éard, ionadh, iontas* agus *ualach*, e.g., *Ní hionadh ar bith é go gcuireann siad fáilte roimh chách*;

(vi) i gcorr-sheanfhocal, e.g., *Ní heolas go haontíos*; *Ní haithne go haontíos*.

(c) Ní chuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh an leagain dhiúltaigh den chopail *ní*:

(i) ar ainmfhocail i gcoitinne, e.g., *Ní eagrán nua den pháipéar atá á léamh agat*;

(ii) ar aidiachtaí i gcoitinne, e.g., *Ní uaigneach fear i gcomhluadar*;

(iii) ar dhobhriathra ach amháin *amhlaidh, annamh*, e.g., *Ní inné a tharla an timpiste*; *Ní ansin a thit mé*.

Sa tábla thíos, leagtar amach na hathruithe tosaigh a dhéantar ar ghuta i ndiaidh an leagain dhiúltaigh den chopail *ní*.

ATHRUITHE TOSAIGH AR GHUTA I nDIAIDH AN LEAGAIN DHIÚLTAIGH DEN CHOPAIL *ní*	
Cuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *ní*	**Ní chuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *ní***
ar na forainmnigh seo: *é, í, ea, iad, eo, in, iúd*	ar ainmfhocail i gcoitinne
ar na haidiachtaí seo: *amháin, aon, ionann, iondúil*	ar aidiachtaí i gcoitinne
ar na dobhriathra seo: *amhlaidh, annamh*	ar dhobhriathra (ach amháin *amhlaidh, annamh*)
ar na frásaí copaile réamhfhoclacha seo: *acmhainn do, áil le, aitheanta do, aithnid do, éadáil le, eagal do/le, ealaín do, éigean do, eol do, oircheas do*	
ar na focail ar leith seo: *áibhéil, éard, ionadh, iontas, ualach*	
i gcorr-sheanfhocal	

Tábla 7L Athruithe Tosaigh i ndiaidh an Leagain Dhiúltaigh den Chopail *ní*

B An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

Leanann séimhiú foirmeacha na copaile san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite agus sa mhodh coinníollach, e.g., *Ba dheas liom an seans a bheith faighte againn*; *Níor bheag an méid a bhí le scrúdú.*

7.3 Foirmeacha Cumaisc na Copaile

7.3.1 Forainmnigh Cheisteacha i gcumasc leis an gCopail

A An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

Sa tábla thíos, leagtar amach samplaí d'fhorainmnigh cheisteacha i gcumasc leis an gcopail san aimsir láithreach nó san aimsir fháistineach (féach 8.5.4).

AN AIMSIR LÁITHREACH AGUS AN AIMSIR FHÁISTINEACH		
	roimh chonsan	**roimh ghuta**
cá	**Cá** miste duit?	**Cárb** as é?/**Cárb** as duit?
cé	**Cé** dó a dtabharfaidh sé é?	**Cérb** iad?

Tábla 7M Forainmnigh Cheisteacha i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

B An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

Sa tábla thíos, leagtar amach samplaí d'fhorainmnigh cheisteacha i gcumasc leis an gcopail san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach.

AN AIMSIR CHAITE, AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE AGUS AN MODH COINNÍOLLACH		
	roimh chonsan nó roimh *fh- + consan*	roimh ghuta nó roimh *fh- + guta*
cá	**Cár** thairbhe duit é?	**Cárbh** aois é?
cé	**Cér** díobh í?	**Cérbh** é an fear sin?

Tábla 7N Forainmnigh Cheisteacha i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

Tabhair faoi deara nach n-úsáidtear an cumasc *cérbh* ach roimh *é, í, eisean, ise, iad* agus *iadsan*. Ní dhéantar cumasc idir *cé* agus na foirmeacha *ab* nó *ba* den chopail nuair nach forainmneach pearsanta a leanann *cé*: *cérbh é*; ach *cé ab fhearr*?; *cé ba chaptaen oraibh*?

7.3.2 Réamhfhocail i gcumasc leis an gCopail

A An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

Sa tábla thíos, leagtar amach samplaí de réamhfhocail i gcumasc leis an gcopail san aimsir láithreach nó san aimsir fháistineach.

AN AIMSIR LÁITHREACH AGUS AN AIMSIR FHÁISTINEACH		
	roimh chonsan	roimh ghuta
de/do	Cuirfear deireadh leis an imscrúdú an tréimhse **dar** críoch an 1ú lá de mhí Iúil.	Tá aithne agam ar bhean **darb** ainm Máire Ní Chiarragáin.
faoi	Cé acu dlí an dlí **faoinar** féidir í a chúiseamh?	Is ábhar é sin **faoinarb** éasca labhairt.
i	Is í sin an oifig **inar** mian léi a bheith ag obair.	Is foirgneamh é sin **inarb** annamh ar cuairt é.
le	Is iomaí córas atá ar fáil **lenar** féidir rialú a dhéanamh.	Dúirt sí a rogha rud, ar neamhchead don té **lenarb** olc.
ó	Beidh siad i scríbhinn nó i bhfoirm **ónar** féidir taifead scríofa a tháirgeadh.	Bhí sé i dteannta an dreama **ónarb** áil leis teitheadh.
trí	Faightear réidh le gach meán eile **trínar** féidir aon ní den sórt sin a scriosadh.	Cén fhoirmle atá agat **trínarb** éasca an cheist a fhreagairt?

Tábla 7O Réamhfhocail i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

B An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

Sa tábla thíos, leagtar amach samplaí de réamhfhocail i gcumasc leis an gcopail san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach.

AN AIMSIR CHAITE, AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE AGUS AN MODH COINNÍOLLACH		
	roimh chonsan nó roimh *fh- + consan*	roimh ghuta nó roimh *fh- + guta*
de/do	Cuireadh iniúchadh i gcrích don bhliain **dar** chríoch an 8 Márta 1998.	Is buachaill **darbh** ainm Gearóid a bhí i láthair.
faoi	Liostaíodh na coinníollacha **faoinar** chomhaltaí iad na daoine sin.	Luadh an dáta **faoinarbh** fhéidir litir a chur faoi bhráid an Aire.
i	D'fhéadfaí an cás a éisteacht i gcás **inar** fhreagróir an duine sin.	Is cás é sin **inarbh** fhostaí d'úinéir na feithicle a cúisíodh.
le	Is í sin an eagraíocht **lenar** ghníomhaire é.	Sin í an fhoireann **lenarbh** áil liom imirt.
ó	Chuaigh sé ar ais go dtí an tír **ónar** dhíbeartach é.	Tabhair faisnéis dom faoin iasacht agus faoin dáta **ónarbh** iníoctha í.
trí	Bhí fóram ann **trínar** ghnách leis an bhfoireann ceisteanna a ardú.	Dúnadh an tollán **trínarbh** fhéidir tiomáint.

Tábla 7P Réamhfhocail i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

7.3.3 Cónaisc i gcumasc leis an gCopail

A An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

Sa tábla thíos, leagtar amach samplaí de chónaisc i gcumasc leis an gcopail san aimsir láithreach nó san aimsir fháistineach.

AN AIMSIR LÁITHREACH AGUS AN AIMSIR FHÁISTINEACH		
	roimh chonsan	roimh ghuta
sula	**Sular** féidir leis carr a cheannach, caithfidh sé airgead a shábháil.	**Sularb** eol di é a bheith ann, beidh an cat imithe.
ó	**Ós** rud é gur agat atá eochracha an chairr, is tú a rachaidh chuig an siopa.	**Ós** aici a bheidh an seomra, caithfidh sí féin é a réiteach.

Tábla 7Q Cónaisc i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

B An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

Sa tábla thíos, leagtar amach samplaí de chónaisc i gcumasc leis an gcopail san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite nó sa mhodh coinníollach.

AN AIMSIR CHAITE, AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE AGUS AN MODH COINNÍOLLACH		
	roimh chonsan nó roimh *fh- + consan*	roimh ghuta nó roimh *fh- + guta*
sula	Ba ghá dó síniú a bhainisteora a fháil **sular** cheadmhach dó saoire a ghlacadh.	**Sularbh** fhéidir liom imeacht, dúnadh an geata.
ó	Tháinig ann don choigilteas **ó ba** lú an caiteachas ná mar a bhíothas ag súil.	**Ó ba** ann dó, níorbh fhéidir é a shéanadh.

Tábla 7R Cónaisc i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach

7.3.4 *Má* i gcumasc leis an gCopail

Úsáidtear *má* san aimsir láithreach, san aimsir fháistineach, san aimsir chaite agus san aimsir ghnáthchaite.

A An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

Sa tábla thíos, leagtar amach samplaí de *má* i gcumasc leis an gcopail san aimsir láithreach nó san aimsir fháistineach.

AN AIMSIR LÁITHREACH AGUS AN AIMSIR FHÁISTINEACH				
	roimh chonsan		roimh ghuta	
Deimhneach	**más**	**Más** mian leat imeacht, is féidir leat. **Más** mall, is mithid.	**más**	Fan sa bhaile, **más** amhlaidh is fearr leat é. **Más** é Séamas atá ann, abair leis teacht anseo.
Diúltach	**mura**	**Mura** mian léi fanacht, ní gá di. Tabhair sampla eile dom, **mura** miste leat.	**murab**	Bean ard ab ea í, **murab** ionann agus Cáit. **Murab** áil leis éisteacht, ní gá dó.

Tábla 7S *má* i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

B An Aimsir Chaite agus an Aimsir Ghnáthchaite

Sa tábla thíos, leagtar amach samplaí de *má* i gcumasc leis an gcopail san aimsir chaite nó san aimsir ghnáthchaite. Is iad na rialacha atá i bhfeidhm maidir le húsáid *ba* agus *b'* atá i bhfeidhm anseo freisin (féach 7.2.1B).

AN AIMSIR CHAITE AGUS AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE			
	roimh chonsan nó roimh *fh- + consan*	roimh ghuta nó roimh *fh- + guta*	
	má ba	**má b'**	**má ba**
Deimhneach	**Má ba** dhuine macánta é, b'ait an gnó a bhí ar siúl aige.	**Má b'**fhear aitheanta é, ní raibh a fhios agam é.	**Má ba** í a bhí ann, níor aithin sí mé.
	murar	**murarbh**	
Diúltach	**Murar** chomhalta cláraithe é, ní raibh aon seans aige. **Murar** shíntiúsóir cláraithe í, ní bhfaigheadh sí an iris sa phost.	**Murarbh** éan é, b'ialtóg a bhí ann. Ní bhíodh sí ag imirt **murarbh** áil léi féin é.	

Tábla 7T *má* i gcumasc leis an gCopail – An Aimsir Chaite agus an Aimsir Ghnáthchaite

7.3.5 *Dá* agus an Chopail

Sa tábla thíos, leagtar amach samplaí de *dá* leis an gcopail. Is sa mhodh coinníollach amháin a úsáidtear *dá*. Is iad na rialacha atá i bhfeidhm maidir le húsáid *ba* agus *b'* atá i bhfeidhm anseo freisin (féach 7.2.1B).

AN MODH COINNÍOLLACH	
roimh gach consan agus gach guta	
Dá + ba → **Dá mba** nó **Dá mb'**	**Dá mba** mhaith leat é, d'fhéadfainn é a fháil duit. **Dá mba** é d'athair a déarfadh sin, chreidfinn é. **Dá mb'**fhear saibhir é, thabharfadh sé síntiús fial uaidh. **Dá mba** fhreastalaí í, bheadh sí ag obair ar an deireadh seachtaine.

Tábla 7U *dá* agus an Chopail – An Modh Coinníollach

7.4 An Modh Foshuiteach

Sa tábla thíos, leagtar amach foirmeacha na copaile sa mhodh foshuiteach, aimsir láithreach nó aimsir fháistineach. Ní gnách an chopail a úsáid sa mhodh foshuiteach caite.

AN MODH FOSHUITEACH				
	roimh chonsan		roimh ghuta	
Deimhneach	**gura**	**Gura** fada buan tú. **Gura** maith an mhaise dó é. **Gura** slán an scéal é.	**gurab**	**Gurab** ann romhainn a bheidh sé. **Gurab** amhlaidh duit. **Gurab** é barr do leasa é.
Diúltach	**nára**	**Nára** fíor é. **Nára** fearrde sibh é. **Nára** fada go bhfeicfimid a chéile arís.	**nárab**	**Nárab** am amú é. **Nárab** é a leas é. **Nárab** é duit.

Tábla 7V An Modh Foshuiteach – An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach

CAIBIDIL 8 | AN FORAINMNEACH

8.1 Ginearálta

8.1.1 Ar na forainmnigh, áirítear na forainmnigh phearsanta, na haidiachtaí sealbhacha (a fheidhmíonn mar aidiachtaí agus mar fhorainmnigh), na forainmnigh réamhfhoclacha, na forainmnigh cheisteacha agus na forainmnigh thaispeántacha.

8.2 Na Forainmnigh Phearsanta

8.2.1 Is iad seo a leanas foirmeacha na bhforainmneach pearsanta.

	Na Bunfhoirmeacha		Na Foirmeacha Treise	
	An Uimhir Uatha	**An Uimhir Iolra**	**An Uimhir Uatha**	**An Uimhir Iolra**
An Chéad Phearsa	mé	sinn, muid	mise	sinne, muidne
An Dara Pearsa	tú, thú	sibh	tusa, thusa	sibhse
An Tríú Pearsa (*fir.*)	sé, é	siad, iad	seisean, eisean	siadsan, iadsan
An Tríú Pearsa (*bain.*)	sí, í		sise, ise	

Tábla 8A Na Forainmnigh Phearsanta

8.2.2 Úsáidtear *thú* (*thusa*) mar chuspóir briathair, e.g., *aithním thú*; *molaim thú*; agus nuair is ainmní é ar lorg na faisnéise in abairt chopaileach, e.g., *Mo náire thú*; *Is oibrí díograiseach thú*.

Níor dhearmad sé **thú** riamh.
An é sin an áit ar rugadh **thú**?
Thréig sí **thú** ar fhear eile.
Ní aithnímse **thusa**.
Chugam aniar **thú**!
Is fearrde **thú** an sos.

8.2.3 Úsáidtear *tú* (*tusa*) i ngach cás eile.

An bhfaca **tú** clár na dtorthaí aréir?
Ní bheadh an bua againn gan **tú**.
Is **tusa** an captaen.
Tá **tusa** níos láidre ná eisean.
Nach **tusa** an maor dóiteáin?

8.2.4 Sa tríú pearsa uatha agus iolra, is iad na foirmeacha *sé* (*seisean*), *sí* (*sise*) agus *siad* (*siadsan*) a úsáidtear mar ainmní an bhriathair (seachas an chopail).

Tháinig **sé** (sí, siad) isteach.
Bíonn **seisean** (sise, siadsan) déanach go minic.
An ndearna **sé** (sí, siad) an dinnéar?

8.2.5 Úsáidtear *é* (*eisean*), *í* (*ise*) agus *iad* (*iadsan*) i ngach cás eile.

Leag an ghaoth **é**.
Is mar sin is fearr **é**.
An **é** Micheál a chaill an t-airgead?
Níl san oifig inniu ach **eisean**.
Chuaigh Tomás agus **í** ar saoire inné.
Í a phógadh is ea a rinne sé.
Cé **hí** féin?
Bhí buaite agam murach **ise**.
An ndeachaigh sé amach chun **iad** a cheannach?
Ar deireadh thiar thall, fuair sé **iad**.
Is cuimhin liom **iadsan** ag caint air.
Iadsan a rinne **é**.

8.2.6 Is é an forainmneach firinscneach uatha *é* a úsáidtear in abairtí mar seo a leanas d'ainneoin ainmfhocal baininscneach a bheith iontu: *is é mo thuairim*; *is é an aidhm*; *is é an bhrí*; *is é mo bharúil*. Is ag tagairt don tuairim, don aidhm, don bhrí, etc. seachas don ainmfhocal féin atá an forainmneach.

Is **é** mo thuairimse gur fiú imeacht anois.
Is **é** an aidhm atá leis líon na mac léinn a mhéadú.
Is **é** an bhrí atá le "Coimisiún" an Coimisiún Eorpach.
Is **é** mo bharúilse nár chóir dó éirí as.
Is **é** an fhadhb go bhfuil sé ró-leisciúil.

8.2.7 Ní shéimhítear na forainmnigh phearsanta i ndiaidh réamhfhocal a dtagann séimhiú ar a lorg.

Ar imigh sé gan **sinn**?
Níor bhuail mé riamh le daoine mar **sibh**.

8.3 Na hAidiachtaí Sealbhacha

8.3.1 Sa tábla thíos, léirítear na haidiachtaí sealbhacha agus na hathruithe tosaigh a leanann iad. Is iad na leaganacha treise, agus ainmfhocail ag gabháil leo, atá leagtha amach sa tábla. Cuirtear fleiscín idir dhá *s*, e.g., *mo phas-sa*, agus idir dhá *n*, e.g., *ár n-arán-na*. Mura mbíonn treise i gceist, fágtar na hiarmhíreanna *-sa* (*-se*), *-san* (*-sean*), *-na* (*-ne*) ar lár.

	An tUatha	An tIolra
An Chéad Phearsa	mo chapallsa mo phas-sa mo bhailese m'athairse	ár mbádna ár n-arán-na ár bpáircne ár n-earraíne
An Dara Pearsa	do chapallsa do phas-sa do bhailese d'athairse	bhur mbádsa bhur n-aránsa bhur bpáircse bhur n-earraíse
An Tríú Pearsa (*fir.*)	a chapallsan a phas-san a bhailesean a athairsean	a mbádsan a n-aránsan a bpáircsean a n-earraísean
An Tríú Pearsa (*bain.*)	a capallsa a pas-sa a bailese a hathairse	

Tábla 8B Na hAidiachtaí Sealbhacha

An bhfaca tú **mo mhálasa**?
Cad a tharla **dár mbronntanaisne**?
Chaill siad **a gcluichesean**.

8.3.2 Is féidir na foirmeacha treise den fhorainmneach pearsanta *(seisean, sise, siadsan)* a úsáid freisin chun treise a chur in iúl, e.g., *a gheansaí seisean*; *a cóta sise*; *a dteach siadsan*.

Ní raibh mórán i gceist **lena mhodúil seisean**.
An bhfaca tú **a carr sise**?
Tá neart le déanamh ar **a bhfeirm siadsan**.

8.3.3 I gcás ina bhfuil an bhunuimhir *dhá* idir an aidiacht shealbhach agus an t-ainmfhocal, ní ar an mbunuimhir ach ar an ainmfhocal a dhéantar na hathruithe tosaigh.

	An tUatha (i ndiaidh *dhá*)	An tIolra (i ndiaidh *dhá*)
An Chéad Phearsa	mo dhá charr mo dhá úll mo dhá fheirm	ár dhá gcarr ár dhá n-úll ár dhá bhfeirm
An Dara Pearsa	do dhá charr do dhá úll do dhá fheirm	bhur dhá gcarr bhur dhá n-úll bhur dhá bhfeirm
An Tríú Pearsa (*fir.*)	a dhá charr a dhá úll a dhá fheirm	a dhá gcarr a dhá n-úll a dhá bhfeirm
An Tríú Pearsa (*bain.*)	a dhá carr a dhá húll a dhá feirm	

Tábla 8C An Aidiacht Shealbhach agus *dhá*

Buail **do dhá bhos** ar a chéile.
Thit sí ar **a dhá glúin**. (*bain.*)
Ar dhíol siad **a dhá n-árasán**? (*iol.*)

8.3.4 Chun feidhm forainmnigh shealbhaigh a chomhlíonadh–

(a) úsáidtear aidiacht shealbhach móide *ceann* nó *cuid* arna threisiú le hiarmhír, e.g., *mo cheannsa*; *a gcuidsean*; nó

(b) úsáidtear aidiacht shealbhach móide *cuid* arna threisiú le hiarmhír agus leis an ainmfhocal, e.g., *ár gcuidne airgid*; *bhur gcuidse iarrachtaí*.

	An tUatha	An tIolra	An tUatha	An tIolra
An Chéad Phearsa	mo cheannsa	ár gceann-na	mo chuidse	ár gcuidne
An Dara Pearsa	do cheannsa	bhur gceannsa	do chuidse	bhur gcuidse
An Tríú Pearsa (*fir.*)	a cheannsan	a gceannsan	a chuidsean	a gcuidsean
An Tríú Pearsa (*bain.*)	a ceannsa		a cuidse	

Tábla 8D An Aidiacht Shealbhach agus *ceann* nó *cuid*

Is é sin **mo cheannsa**.
Cé acu ceann **a ceannsa**?
Cá bhfuil **bhur gcuidse**?
Ní bhfuair siad **a gcuidsean**.
Déan **do chuidse oibre**.
Mhill sé **a chuidsean gruaige**.
Is é **ár gcuidne airgid** é.
An bhfaca tú **mo chinnse**?

8.3.5 Chun aidiacht shealbhach a úsáid mar chuspóir ainm bhriathartha, cuirtear an réamhfhocal *do* roimh an aidiacht shealbhach sa chéad agus sa dara pearsa, uatha agus iolra, agus cuirtear *á* roimh an tríú pearsa, uatha agus iolra, mar seo a leanas:

	An tUatha	An tIolra	An tUatha	An tIolra
An Chéad Phearsa	do m'ainmniú	dár n-ainmniú	do mo thástáil	dár dtástáil
An Dara Pearsa	do d'ainmniú	do bhur n-ainmniú	do do thástáil	do bhur dtástáil
An Tríú Pearsa (*fir.*)	á ainmniú	á n-ainmniú	á thástáil	á dtástáil
An Tríú Pearsa (*bain.*)	á hainmniú		á tástáil	

Tábla 8E An Aidiacht Shealbhach mar Chuspóir Ainm Bhriathartha

Ná bí **do mo chéasadh**!
An bhfuil an **obair á déanamh** agaibh?
Bhí sé **dár gcuardach**.

8.3.6 Má tá aidiacht shealbhach ar lorg réamhfhocail, ní dhéantar cumasc idir an réamhfhocal agus an aidiacht shealbhach i gcásanna den sórt seo a leanas.

Bhí carr **ag mo** mháthair nuair a bhí sí óg.
Ar thug tú bronntanas **do do** mháthair?
Cad a thug tú **do d'**athair?
Bhí hata **ar a** cheann. (*fir.*)
Bhí caipín **ar a** ceann. (*bain.*)
Tugadh an t-uisce **as ár** dtobarna.
An grianghraf **de bhur** dteach é?
Tá siad géar **as a** mbarr.

8.3.7 I gcás na réamhfhocal *de* agus *do*, déantar cumasc idir an réamhfhocal agus an aidiacht shealbhach sa tríú pearsa, uatha agus iolra, agus sa chéad phearsa iolra mar a leanas:

de + a	→	**dá**
do + a	→	**dá**
de + ár	→	**dár**
do + ár	→	**dár**

Bhain sé an hata **dá cheann**. (*fir.*)
Bhain sí an hata **dá ceann**. (*bain.*)
Bhain siad na hataí **dá gceann**. (*iol.*)
Thug sé **dá athair** é. (*fir.*)
Thug sí **dá hathair** é. (*bain.*)
Thug siad **dá n-athair** é. (*iol.*)
Scaoileamar **dár ngreim**.
Thugamar **dár n-aintíní** iad.

8.3.8 Cuirtear *n* idir na réamhfhocail *faoi, i, le, ó* agus *trí* agus an aidiacht shealbhach nó an mhír *a* sna cásanna seo a leanas:

(a) an aidiacht shealbhach;

Fuair sé **inár** gcarr é.
Labhair sé **faoina** mhac.

(b) an mhír uimhriúil *a*;

Beidh mé ann **faoina** sé a chlog.
Beidh an scannán ar siúl **óna** ceathair a chlog.

(c) an mhír theibí *a*;

Fuair sé ardmholadh **trína** fheabhas a rinne sé an obair.
Ní raibh mé sásta **lena** fhad a thóg sé.

(d) i bhfrásaí amhail *a lán*; *a leithéid*; *a thuilleadh*;

Ceadófar post lánaimseartha **ina leithéid** de chás.
Fuair sí billí **óna lán** siopadóirí.

(e) an mhír choibhneasta *a*;

Sin an t-áras **ina** seolfar an leabhar.
Cuir ríomhphost chugam **faoina** bhfuil socraithe agat.

Nóta: Ní chuirtear *n* idir *go dtí* agus an aidiacht shealbhach nó an mhír *a* in aon chás.

Chuaigh sí **go dtí a** teach tar éis na hoibre.
Ní dheachamar **go dtí ár** gcóisir féin.
Níor thosaigh an léacht **go dtí a** cúig a chlog.
Bhíomar ann **go dtí a** dó dhéag.

8.3.9 Cuirtear *n* idir an réamhfhocal *ar* agus an aidiacht shealbhach *a* chun *arna* a chruthú. Réitíonn an t-ainm briathartha le hinscne agus le huimhir an ainmfhocail a thagann roimhe, e.g., *leabhar arna eisiúint*; *tuarascáil arna seoladh*; *doiciméid arna bhfoilsiú*.

Measfar é a bheith **arna thoghadh** faoin Acht seo. (*fir.*)
Ciallaíonn "Cúirt Chuarda" an Chúirt Chuarda **arna bunú** le dlí. (*bain.*)
Déanfar é faoi réir rialacháin **arna ndéanamh** faoi fho-alt 7. (*iol.*)

8.4 Na Forainmnigh Réamhfhoclacha

	An tUatha				An tIolra		
	An Chéad Phearsa	An Dara Pearsa	An Tríú Pearsa (*fir.*)	An Tríú Pearsa (*bain.*)	An Chéad Phearsa	An Dara Pearsa	An Tríú Pearsa
ag	agam	agat	aige	aici	againn	agaibh	acu
ar	orm	ort	air	uirthi	orainn	oraibh	orthu
as	asam	asat	as	aisti	asainn	asaibh	astu
chuig	chugam	chugat	chuige	chuici	chugainn	chugaibh	chucu
de	díom	díot	de	di	dínn	díbh	díobh
do	dom	duit	dó	di	dúinn	daoibh	dóibh
faoi	fúm	fút	faoi	fúithi	fúinn	fúibh	fúthu
fara	faram	farat	fairis	farae	farainn	faraibh	faru
i	ionam	ionat	ann	inti	ionainn	ionaibh	iontu
idir	-	-	-	-	eadrainn	eadraibh	eatarthu
ionsar	ionsorm	ionsort	ionsair	ionsuirthi	ionsorainn	ionsoraibh	ionsorthu
le	liom	leat	leis	léi	linn	libh	leo
ó	uaim	uait	uaidh	uaithi	uainn	uaibh	uathu
roimh	romham	romhat	roimhe	roimpi	romhainn	romhaibh	rompu
thar	tharam	tharat	thairis	thairsti	tharainn	tharaibh	tharstu
trí	tríom	tríot	tríd	tríthi	trínn	tríbh	tríothu
um	umam	umat	uime	uimpi	umainn	umaibh	umpu

Tábla 8F Na Forainmnigh Réamhfhoclacha

Tabhair faoi deara:

(a) Chun treise a léiriú leis na forainmnigh réamhfhoclacha, déantar cumasc idir na forainmneacha réamhfhoclacha agus na hiarmhíreanna *-sa* (*-se*), *-san* (*-sean*), *-ne* , e.g., *agamsa, agatsa, aigesean, aicise, againne, agaibhse, acusan.*

(b) Déantar *-nne* de *-nn* + *-ne*, e.g., *againne, orainne,* etc., agus cuirtear fleiscín idir dhá *s*, e.g., *as-san, leis-sean, thairis-sean.*

8.5 Na Forainmnigh Cheisteacha

8.5.1 Is iad *cá*, *cad*, *cé* agus *céard* na forainmnigh cheisteacha.

Cá bhfuil tú ag dul?
Cá ndeachaigh sé ar maidin?
Cad as duit?
Cad mar gheall ar an gceann seo?
Cé atá ag teacht?
Cé na ceisteanna atá agat?
Céard a tharla aréir?
Céard a rinne siad tar éis na hoibre?

8.5.2 Cuirtear *h* roimh fhocal dar tús guta ar lorg *cá* (féach 10.11.4).

Cá háit a ndeachaigh siad?
Cá huair a bheidh tú ag filleadh?
Cá hiontas?
Cá haois é?

8.5.3 Cuirtear *h* roimh na forainmnigh *é* (*eisean*), *í* (*ise*) agus *iad* (*iadsan*) ar lorg *cé* (féach 10.13.1).

Cé hé an fear sin?
Cé hí féin?
Cé hiad na saineolaithe?
Cé hiadsan?

8.5.4 Ní shéimhítear na forainmnigh cheisteacha (féach 10.5.2), ach déantar cumasc idir *cá*, *cé* agus an chopail chun na foirmeacha *cár*, *cárb*, *cárbh*, *cér*, *cérb* agus *cérbh* a chruthú (féach 7.3.1). Déantar cumasc idir *cé* agus an t-alt uatha *an* chun *cén* a chruthú.

Cár chuir tú é?
Cárb as thú?
Cárbh ard é?
Cér de/díobh é?
Cérb é sin?
Cérbh iad na cuairteoirí?
Cén t-achar anseo tú?
Cén dochar é?

8.5.5 Úsáidtear an leagan firinscneach uatha den fhorainmneach réamhfhoclach nó den aidiacht shealbhach *a* in abairtí ceisteacha, beag beann ar uimhir nó inscne an ní nó na nithe dá bhfuiltear ag tagairt, e.g., *Cé leis a raibh tú ag caint?* (is ag tagairt d'fhear, do bhean nó do ghrúpa atá *leis*); *Cé ina aghaidh a raibh siad ag imirt?* (is ag tagairt d'fhear, do bhean nó do ghrúpa atá an aidiacht shealbhach *a*).

Cad **é** a chuir tú ann?
Cé **aige** a bhfuil na ticéid?
Céard **faoi** a bhfuil sibh ag caint?

8.6 Na Forainmnigh Thaispeántacha

8.6.1 Is forainmnigh thaispeántacha iad *seo*, *sin* agus *siúd*. Úsáidtear na forainmnigh thaispeántacha ar cheithre bhealach:

(a) go comhaisnéiseach le forainmneach atá roimhe, e.g., *Is bronntanas é sin; Tabhair cabhair dóibh seo; Cá bhfuil a cóipleabhar siúd?; dá rachaidís siúd;*

(b) go comhaisnéiseach roimh an bhforainmneach pearsanta, e.g., *Sin é an bronntanas; Seo é an cóipleabhar; Siúd iad na múinteoirí; Siúd í an traein chugainn;*

(c) thar ceann an fhorainmnigh phearsanta, e.g., *Tá sin álainn; Ith seo; An bhfuil siúd amhlaidh?; D'imigh siúd leis an mbus; Sin madra; Seo an mála; Siúd an fhírinne; Cad seo?; Cé sin?; Sin sin; mar seo; go dtí sin; gan siúd a ól;*

(d) le feidhm dhobhriathair, e.g., *chomh híseal seo* (*sin*, *siúd*); *chomh mór seo* (*sin, siúd*).

8.6.2 Is minic a úsáidtear na foirmeacha *eo*, *in* agus *iúd* in ionad *seo*, *sin* agus *siúd* ar lorg na copaile. Tabhair faoi deara nach n-úsáidtear na leaganacha *eo*, *in* ná *iúd* tar éis *is*.

B'**eo** an áit.
Ní **heo** é an leabhar.
Nach **eo** é mo chótasa?
B'**in** é é.
Ní **hin** mar a bheadh an cás.
Dúirt sí gurb **in** é an fear.
B'**iúd** iad ag imeacht ar cosa in airde.
Is dócha gurbh **iúd** é é.
An **iúd** iad na comharsana?

8.6.3 Is cumasc idir *é* agus *rud* é an forainmneach taispeántach *éard* a úsáidtear ar lorg na copaile.

Is **éard** is cúram dúinne airgead a thabhairt ar iasacht.
Ba **éard** a bhí mé a rá go mbeidh sé críochnaithe go luath.
Shílfeadh duine gurb **éard** atá á chur i gcéill agat ná go ndearnadh d'aon ghnó é.
An **éard** atá beartaithe foirgneamh nua a thógáil ann?

CAIBIDIL 9 | AN UIMHIR

9.1 Ginearálta

9.1.1 Is iad na príomhleaganacha den uimhir sa Ghaeilge an Mhaoluimhir, an Bhunuimhir, an Uimhir Phearsanta, an Orduimhir, an Codán agus an Uimhir Dheachúlach.

(a) **An Mhaoluimhir**

Tugtar maoluimhir ar uimhir nach dtagann ainmfhocal go díreach ar a lorg. Úsáidtear an mhaoluimhir i gcomhaireamh lom, e.g., *a haon*; *a cúig*; *a deich* (féach 9.2).

(b) **An Bhunuimhir**

Tugtar bunuimhir ar uimhir a chuirtear roimh ainmfhocal chun líon rudaí a chur in iúl, e.g., *trí leabhar*; *seacht gcupán*; *naoi mbád* (féach 9.3).

(c) **An Uimhir Phearsanta**

Tugtar uimhir phearsanta ar uimhir a úsáidtear chun daoine a chomhaireamh, e.g., *beirt bhan*; *ceathrar daltaí*; *ochtar feirmeoirí* (féach 9.4).

(d) **An Orduimhir**

Tugtar orduimhir ar uimhir lena gcuirtear ionad ruda i sraith rudaí in iúl, e.g., *an chéad teach*; *an dara bean*; *an fichiú haois* (féach 9.5).

(e) **An Codán**

Cainníocht uimhriúil nach slánuimhir (uimhir iomlán) is ea an codán, e.g., *ceathrú (1/4)*; *ceithre chúigiú (4/5)*; *cúig shéú (5/6)* (féach 9.6).

(f) **An Uimhir Dheachúlach**

Bealach eile chun cainníocht uimhriúil nach slánuimhir a chur in iúl, agus úsáid á baint as an bpointe deachúlach, is ea an uimhir dheachúlach, e.g., *3.1*; *7.5*; *18.49*; *34.023* (féach 9.7).

9.1.2 Tugtar rogha idir dhá chóras chun déileáil le bunuimhreacha agus le huimhreacha pearsanta sa scríbhneoireacht: an Córas Seanbhunaithe agus an Córas Simplithe. Úsáidtear an Córas Seanbhunaithe le huimhreacha ó 1–19 i gcónaí. Is féidir an Córas Seanbhunaithe nó an Córas Simplithe a úsáid le huimhreacha ó 20 ar aghaidh.

9.2 An Mhaoluimhir

Tugtar maoluimhir ar uimhir a úsáidtear i gcomhaireamh lom nuair nach gcuirtear líon nó ord rudaí nó daoine in iúl, e.g., *a haon*; *a trí déag*; *a tríocha trí*; *céad nócha a cúig*; *míle, ceithre chéad seachtó a naoi*.

9.2.1 Na Maoluimhreacha 0–99

(a) Cuirtear an mhír *a* roimh uimhreacha ó 1–19, e.g., *a haon*; *a dó*; *a trí*; *bus a ceathair*; *a hocht déag*; agus i gcás 20–99 (seachas na deicheanna), cuirtear í roimh an uimhir dheiridh, e.g., *fiche a haon*; *daichead a sé*; *seachtó a hocht.*

(b) Tá comhstádas ag na focail *ceathracha* agus *daichead*.

Seo mar a scríobhtar na maoluimhreacha ó 0–19.

NA MAOLUIMHREACHA 0–19	
0–10	náid/neamhní, a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé, a seacht, a hocht, a naoi, a deich
11–19	a haon déag, a dó dhéag, a trí déag, a ceathair déag, a cúig déag, a sé déag, a seacht déag, a hocht déag, a naoi déag

Tábla 9A Na Maoluimhreacha 0–19

Tabhair faoi deara go n-úsáidtear an mhaoluimhir i gcúrsaí ama, e.g., *a haon a chlog*; *a seacht a chlog*; *a fiche tar éis a cúig*. Seo mar a scríobhtar an t-am i bhfoirm figiúirí: *5.30 p.m.*; *4.26 p.m.*; *13:00*; *16:47*.

Seo mar a scríobhtar na maoluimhreacha ó 20–99. Tugtar an córas iomlán idir 20 agus 29 sa tábla agus tugtar samplaí i gcás na ndeicheanna eile.

NA MAOLUIMHREACHA 20–99			
20–29	fiche, fiche a haon, fiche a dó, fiche a trí, fiche a ceathair, fiche a cúig, fiche a sé, fiche a seacht, fiche a hocht, fiche a naoi	60–69	seasca, seasca a ceathair, seasca a cúig, seasca a sé
30–39	tríocha, tríocha a ceathair, tríocha a cúig, tríocha a sé	70–79	seachtó, seachtó a seacht, seachtó a hocht, seachtó a naoi
40–49	daichead/ceathracha, daichead a seacht/ ceathracha a seacht, daichead a hocht/ ceathracha a hocht, daichead a naoi/ ceathracha a naoi	80–89	ochtó, ochtó a haon, ochtó a dó, ochtó a trí
50–59	caoga, caoga a haon, caoga a dó, caoga a trí	90–99	nócha, nócha a ceathair, nócha a cúig, nócha a sé

Tábla 9B Na Maoluimhreacha 20–99

9.2.2 Na Maoluimhreacha 100+

(a) Is ainmfhocail iad na huimhreacha *céad*, *míle*, *milliún*, *billiún*, etc. Dá bhrí sin, is é córas na mbunuimhreacha a úsáidtear má tá na huimhreacha 2–19 roimh shraith náideanna a fhreagraíonn do *céad*, *míle*, *milliún*, *billiún*, etc., e.g., *ceithre chéad*; *dhá chéad míle*; *naoi milliún déag*; *dhá bhilliún*; *ocht mbilliún* (féach 9.3 An Bhunuimhir).

(b) Ní dhéantar athrú tosaigh ar an ainmfhocal i ndiaidh na ndeicheanna, e.g., *fiche míle*; *tríocha milliún*; etc.

NA MAOLUIMHREACHA – NA DEICHEANNA			
100	céad	200	dhá chéad
1,000	míle	4,000	ceithre mhíle
1,000,000	milliún	5,000,000	cúig mhilliún
1,000,000,000	billiún	17,000,000,000	seacht mbilliún déag

Tábla 9C Na Maoluimhreacha – Na Deicheanna

NA MAOLUIMHREACHA 100–9,999			
103	céad a trí	1,001	míle a haon
115	céad a cúig déag	1,126	míle, céad fiche a sé
120	céad fiche	1,230	míle, dhá chéad tríocha
181	céad ochtó a haon	2,915	dhá mhíle, naoi gcéad a cúig déag
273	dhá chéad seachtó a trí	3,824	trí mhíle, ocht gcéad fiche a ceathair
355	trí chéad caoga a cúig	4,733	ceithre mhíle, seacht gcéad tríocha a trí
446	ceithre chéad daichead a sé	5,642	cúig mhíle, sé chéad daichead a dó
519	cúig chéad a naoi déag	6,551	sé mhíle, cúig chéad caoga a haon
657	sé chéad caoga a seacht	7,460	seacht míle, ceithre chéad seasca
734	seacht gcéad tríocha a ceathair	8,379	ocht míle, trí chéad seachtó a naoi
818	ocht gcéad a hocht déag	9,288	naoi míle, dhá chéad ochtó a hocht
999	naoi gcéad nócha a naoi	9,999	naoi míle, naoi gcéad nócha a naoi

Tábla 9D Na Maoluimhreacha 100–9,999

9.2.3 Na Maoluimhreacha 10,000+

(a) Tá dhá chóras ann chun na maoluimhreacha os cionn 10,000 a chur in iúl – córas na mbunuimhreacha agus córas na maoluimhreacha.

(b) I gcóras na mbunuimhreacha leanann ord na bhfocal rialacha na mbunuimhreacha, e.g., *24,000 – ceithre mhíle is fiche* (féach tábla 9N). Faoi chóras na maoluimhreacha, úsáidtear an mhaoluimhir móide an t-ainmfhocal lom (*céad*, *míle*, etc.) gan chlaochlú, e.g., *24,000 – fiche a ceathair míle*.

Tabhair faoi deara go n-úsáidtear *is* i gcóras na mbunuimhreacha os cionn 10,000 ach nach n-úsáidtear é sna maoluimhreacha eile.

Seo mar a scríobhtar na maoluimhreacha os cionn 10,000.

NA MAOLUIMHREACHA 10,000+		
	Córas na mBunuimhreacha	**Córas na Maoluimhreacha**
13,452	trí mhíle dhéag, ceithre chéad caoga a dó	trí déag míle, ceithre chéad caoga a dó
18,901	ocht míle dhéag, naoi gcéad a haon	ocht déag míle, naoi gcéad a haon
38,482	ocht míle is tríocha, ceithre chéad ochtó a dó	tríocha a hocht míle, ceithre chéad ochtó a dó
65,155	cúig mhíle is seasca, céad caoga a cúig	seasca a cúig míle, céad caoga a cúig
74,048	ceithre mhíle is seachtó, daichead a hocht	seachtó a ceathair míle, daichead a hocht
92,827	dhá mhíle is nócha, ocht gcéad fiche a seacht	nócha a dó míle, ocht gcéad fiche a seacht
116,104	céad is sé mhíle dhéag, céad a ceathair	céad a sé déag míle, céad a ceathair
520,712	cúig chéad is fiche míle, seacht gcéad a dó dhéag	cúig chéad fiche míle, seacht gcéad a dó dhéag
974,345	naoi gcéad seachtó is ceithre mhíle, trí chéad daichead a cúig	naoi gcéad seachtó a ceathair míle, trí chéad daichead a cúig

Tábla 9E Na Maoluimhreacha 10,000+

9.3 An Bhunuimhir

9.3.1 Na Bunuimhreacha 1–19

(a) Tugtar *bunuimhir* ar an uimhir a chuirtear le hainmfhocal chun líon rudaí a chur in iúl.

(b) Tagann an t-ainmfhocal ar lorg *aon*, *dhá*, *trí*, *ceithre*, *cúig*, *sé*, *seacht*, *ocht*, *naoi*, *deich*.

(c) Tabhair faoi deara go n-úsáidtear na bunuimhreacha *dhá* agus *ceithre* seachas na foirmeacha maoluimhreach *dó* agus *ceathair*.

(d) Ní mór an focal *amháin* a lua tar éis na bunuimhreach *aon* agus an ainmfhocail. Ní gá, áfach, *aon* a lua i gcónaí, e.g., *aon chapall amháin*; *capall amháin*.

(e) Ní chuirtear séimhiú ar *d*, *t* nó *s* tar éis *aon*, e.g., *aon doras amháin*; *aon teach amháin*.

(f) I ndiaidh an ainmfhocail a thagann an focal *déag*, e.g., *ceithre leabhar déag*. Séimhítear an focal *déag* má chríochnaíonn an focal díreach roimhe ar ghuta (ach féach 9.3.2(e)), seachas i ndiaidh *euro*.

Tabhair faoi deara, más aonad brí ar leith an t-ainmfhocal agus an cáilitheoir, e.g., *madra rua*; *cat crainn*; *teach tábhairne*; *láthair champála* (seachas gnáth-ainmfhocal agus cáilitheoir, e.g., *leabhar dearg*) is i ndiaidh an ainmfhocail agus an cháilitheora a chuirtear *déag*, e.g., *ceithre mhadra rua dhéag*; *cúig theach tábhairne dhéag*; *sé chat crainn déag*; *seacht n-iora ghlasa dhéag*. Cuirtear aon cháilitheoir eile i ndiaidh *déag*, e.g., *sé chat crainn déag mhóra*; *seacht n-iora ghlasa dhéag fhiáine*.

(g) Ní shéimhítear *dhá* i ndiaidh an ailt, *aon* ná *céad*, e.g., *an dá leabhar*; *an chéad dá leabhar*; *aon dá leabhar*.

(h) Cuireann na bunuimhreacha *aon*, *dhá* (ach féach 8.3.3), *trí*, *ceithre*, *cúig* agus *sé* séimhiú ar an ainmfhocal uatha a thagann ina ndiaidh, e.g., *trí bhád*; ach ní shéimhítear an focal cent, e.g., *trí cent*.

(i) Cuireann na bunuimhreacha *seacht*, *ocht*, *naoi* agus *deich* urú ar an ainmfhocal uatha agus iolra a thagann ina ndiaidh, e.g., *seacht gcnámh*; *deich gcinn*; ach ní uraítear an focal *euro*, e.g., *ocht euro*; *naoi euro*, ná *cent*, e.g., *ocht cent*; *deich cent*.

NA BUNUIMHREACHA 1–19			
1	bád/bád amháin/aon bhád amháin ábhar/ábhar amháin/aon ábhar amháin	11	aon bhád déag aon ábhar déag
2	dhá bhád dhá ábhar	12	dhá bhád déag dhá oíche dhéag
3	trí bhád trí ábhar	13	trí bhád déag trí ábhar déag
4	ceithre bhád ceithre ábhar	14	ceithre bhád déag ceithre ábhar déag
5	cúig bhád cúig ábhar	15	cúig bhád déag cúig oíche dhéag
6	sé bhairille sé oíche	16	sé bhairille dhéag sé ábhar déag
7	seacht mbairille seacht n-oíche	17	seacht mbairille dhéag seacht n-oíche dhéag
8	ocht mbairille ocht n-oíche	18	ocht mbád déag ocht n-oíche dhéag
9	naoi mbairille naoi n-oíche	19	naoi mbairille dhéag naoi n-oíche dhéag
10	deich mbairille deich n-oíche		

Tábla 9F Na Bunuimhreacha 1–19

9.3.2 Ainmfhocail a bhfuil Leagan Iolra ar leith acu i nDiaidh na mBunuimhreacha

Tá roinnt ainmfhocal ann arb í foirm an ainmnigh iolra díobh, nó leagan iolra ar leith díobh, a úsáidtear i ndiaidh na mbunuimhreacha 3–10 agus i ndiaidh uimhreacha a chríochnaíonn ar 3–9. Léirítear na hainmfhocail sin sa tábla thíos. Cé nach leagan iolra é *fichid*, áirítear an leagan sin san aicme seo.

	2	3–6	7–10
bliain	bhliain	bliana	mbliana
seachtain	sheachtain	seachtaine	seachtaine
ceann (*seachas sa bhrí* ball beatha)	cheann	cinn	gcinn
cloigeann (*seachas sa bhrí* ball beatha)	chloigeann	cloigne	gcloigne
fiche	fhichead	fichid	bhfichid
pingin	phingin	pingine	bpingine
trian	thrian	treana	dtreana
troigh	throigh	troithe	dtroithe
uair (*sa bhrí* babhta)	uair	huaire	n-uaire

Tábla 9G Na Bunuimhreacha – Foirmeacha na nAinmfhocal a bhfuil Leagan Iolra ar leith acu

(a) Foirm an ainmnigh uatha de na hainmfhocail a úsáidtear leis na bunuimhreacha 1–2 agus i ndiaidh uimhreacha a chríochnaíonn ar 1–2, e.g., *aon phingin amháin*; *dhá bhliain*; *aon uair déag*; *dhá cheann is tríocha*.

(b) Ní chuirtear séimhiú ar an leagan iolra i ndiaidh 3–6 ná i ndiaidh uimhreacha a chríochnaíonn ar 3–6, e.g., *trí seachtaine*; *ceithre cinn déag*.

(c) I ndiaidh 3–6 agus i ndiaidh uimhreacha a chríochnaíonn ar 3–6 cuirtear *h* roimh an leagan iolra *uaire*, e.g., *cúig huaire*.

(d) Cuireann na huimhreacha 7–10 agus uimhreacha a chríochnaíonn ar 7–9 urú ar an leagan iolra, e.g., *seacht mbliana*; *ocht bpingine déag*.

(e) Ní chuirtear séimhiú ar *déag* i ndiaidh an leagain iolra, fiú amháin sa chás go gcríochnaíonn sé ar ghuta, e.g., *trí bliana déag*; *ocht n-uaire déag*.

(f) Is í foirm an ainmnigh uatha a úsáidtear i ndiaidh na ndeicheanna (seachas *deich*), e.g., *fiche bliain*; *tríocha pingin*; *ochtó troigh*.

NA BUNUIMHREACHA – LEAGANACHA IOLRA AR LEITH			
1	aon bhliain amháin	11	aon uair déag
2	dhá cheann	12	dhá phingin déag
3	trí cinn	13	trí bliana déag
4	ceithre cloigne	14	ceithre cinn déag
5	cúig fichid	15	cúig seachtaine déag
6	sé huaire	16	sé cloigne déag
7	seacht bpingine	17	seacht bhfichid déag
8	ocht seachtaine	18	ocht dtroithe déag
9	naoi mbliana	19	naoi bpingine déag
10	deich dtroithe		

Tábla 9H Na Bunuimhreacha – Samplaí d'Fhoirmeacha na nAinmfhocal a bhfuil Leagan Iolra ar leith acu

9.3.3 An Aidiacht leis na Bunuimhreacha 1–19

(a) Ar lorg na bunuimhreach 1, is san uimhir uatha a bhíonn an aidiacht a ghabhann leis an ainmfhocal agus í ar aon inscne leis an ainmfhocal.

(b) Ar lorg na n-uimhreacha eile (2–19), bíonn an aidiacht san uimhir iolra agus séimhítear í.

(c) Cuirtear an focal *déag* roimh aidiacht nó aidiachtaí atá ag gabháil leis an ainmfhocal (ach féach 9.3.1(f)).

AN AIDIACHT LEIS NA BUNUIMHREACHA			
1	aon leabhar mór amháin aon fhuinneog mhór amháin	11	aon leabhar déag mhóra aon fhuinneog déag mhóra
2	dhá leabhar mhóra	12	dhá oíche dhéag fhuara
3	trí fhuinneog mhóra	13	trí leabhar déag mhóra
4	ceithre oíche fhuara	14	ceithre fhuinneog déag mhóra
5	cúig fhuinneog mhóra	15	cúig leabhar déag mhóra
6	sé leabhar mhóra	16	sé fhuinneog déag mhóra
7	seacht bhfuinneog mhóra	17	seacht leabhar déag mhóra
8	ocht leabhar mhóra	18	ocht bhfuinneog déag mhóra
9	naoi bhfuinneog mhóra	19	naoi n-oíche dhéag fhuara
10	deich leabhar mhóra		

Tábla 9I Na Bunuimhreacha 1–19 – Foirm na hAidiachta

9.3.4 Foirm na hAidiachta leis na hAinmfhocail a bhfuil Leagan Iolra ar leith acu

(a) Ar lorg na bunuimhreach 1, is san uimhir uatha a bhíonn an aidiacht a ghabhann leis an ainmfhocal, agus í ar aon inscne leis an ainmfhocal.

(b) Cuirtear an aidiacht san uimhir iolra i ndiaidh an leagain iolra ach ní chuirtear séimhiú ar an aidiacht sa chás go gcríochnaíonn an leagan iolra sin ar ghuta. Séimhítear an aidiacht i ndiaidh *cinn* agus *fichid*.

AN AIDIACHT LEIS NA hAINMFHOCAIL A BHFUIL LEAGAN IOLRA AR LEITH ACU			
1	aon bhliain mhaith amháin/bliain mhaith amháin	11	aon uair déag chiúine
2	dhá cheann bhána	12	dhá chloigeann déag mhaola
3	trí cinn dhubha	13	trí bliana déag maithe
4	ceithre cloigne maola	14	ceithre cinn déag bhána
5	cúig cinn mhóra	15	cúig pingine déag salacha
6	sé troithe dearga	16	sé cloigne déag maola
7	seacht bpingine beaga	17	seacht gcinn déag mhóra
8	ocht seachtaine fada	18	ocht dtroithe déag cearnacha
9	naoi mbliana fada	19	naoi bpingine déag beaga
10	deich dtroithe cearnacha		

Tábla 9J Na Bunuimhreacha 1–19 – Foirm na hAidiachta leis na hAinmfhocail a bhfuil Leagan Iolra ar leith acu

9.3.5 An tAlt leis na Bunuimhreacha 1–19

(a) **Foirm uatha an ailt**

(i) Cuirtear foirm uatha an ailt roimh an mbunuimhir 1, roimh uimhreacha a chríochnaíonn ar 1, agus roimh iolraithe ar 10 ó 20 ar aghaidh.

(ii) Cuirtear *t-* roimh an mbunuimhir *aon* ar lorg an ailt, e.g., *an t-aon leabhar amháin*; *an t-aon bhileog amháin*. Baintear an *t-* i ndiaidh réamhfhocal, e.g., *san aon leabhar amháin*; *tríd an aon fhuinneog amháin*.

(iii) Foirm uatha an ailt a chuirtear roimh an mbunuimhir *dhá* freisin ach déantar *dá* den bhunuimhir, e.g., *an dá chapall*.

(b) **Foirm iolra an ailt**

(i) Is í foirm iolra an ailt a chuirtear roimh na bunuimhreacha 3–9 agus 13–19.

(ii) Cuirtear *h* roimh bhunuimhir dar tús guta i ndiaidh fhoirm iolra an ailt, e.g., *na hocht gcapall*.

(c) Ní dhéanann an t-alt aon difear d'aidiacht ar lorg bunuimhreacha agus ainmfhocal, e.g., *an dá chapall mhóra*.

AN tALT LEIS NA BUNUIMHREACHA			
1	an t-aon chapall amháin an t-aon fhuinneog amháin	11	an t-aon chapall déag an t-aon fhuinneog déag
2	an dá chapall	12	an dá chapall déag
3	na trí chapall	13	na trí chapall déag
4	na ceithre chapall	14	na ceithre chapall déag
5	na cúig chapall	15	na cúig chapall déag
6	na sé fhuinneog	16	na sé fhuinneog déag
7	na seacht bhfuinneog	17	na seacht bhfuinneog déag
8	na hocht bhfuinneog	18	na hocht bhfuinneog déag
9	na naoi bhfuinneog	19	na naoi bhfuinneog déag
10	na deich bhfuinneog		

Tábla 9K Na Bunuimhreacha 1–19 – An tAlt

Nóta: Tabhair faoi deara, i gcás na n-ainmfhocal a n-úsáidtear leagan iolra ar leith díobh i ndiaidh na mbunuimhreacha, go leantar an patrún céanna, e.g., *an t-aon bhliain amháin*; *an dá cheann mhóra*; *na hocht dtroithe déag*; etc.

9.3.6 Na Bunuimhreacha 1–19 – An Tuiseal Ginideach gan an tAlt

(a) Téann athrú foirme ar ainmfhocal agus ar aidiacht sa ghinideach i ndiaidh *aon*, e.g., *ualach aon chapaill mhóir amháin*; *fráma aon fhuinneoige báine amháin*; ach amháin nuair atá *déag* ag gabháil leis, e.g., *ualach aon chapall déag mhóra*; *fráma aon fhuinneog déag bhána*.

(b) I gcás 2–19 , ní théann aon athrú foirme sa ghinideach ar an ainmfhocal ná ar an mbunuimhir, e.g., *fad dhá mhéadar*; *costas trí fhuinneog*; *úinéir seacht ngabhar*; *tréimhse naoi n-oíche*; *tiománaithe trí thacsaí dhéag*; ach cuirtear an aidiacht san uimhir iolra agus séimhítear í, e.g., *costas trí fhuinneog dheasa*; *úinéir seacht ngabhar chrosta*; *tiománaithe trí thacsaí dhéag chostasacha*; ach amháin más leagan iolra ar leith é a chríochnaíonn ar ghuta nó ar chonsan leathan, e.g., *trí bliana crua*.

9.3.7 Na Bunuimhreacha 1–19 – An Tuiseal Ginideach leis an Alt

(a) **aon**

Téann athrú foirme ar ainmfhocal agus ar aidiacht sa ghinideach i ndiaidh *aon* nuair atá an t-alt ann faoi réir na bpointí seo a leanas.

(i) De réir inscne an ainmfhocail, úsáidtear *an* nó *na* sa tuiseal ginideach roimh an mbunuimhir *aon* nuair nach bhfuil *déag* ag gabháil leis, e.g., *ualach an aon chapaill amháin*; *costas na haon fhuinneoige amháin*; ach *ábhar an aon chuntas déag amháin*; *ag ceartú an aon aiste dhéag shuimiúla*.

(ii) Más ainmfhocal baininscneach atá i gceist, ní foláir *h* a chur roimh an mbunuimhir *aon*, e.g., *i gcaitheamh na haon oíche amháin sin*.

(iii) Más ainmfhocal firinscneach atá i gceist, baintear an *t-* roimh an mbunuimhir *aon*, e.g., *ar feadh an aon lae amháin sin*.

(b) Déantar *dá* de *dhá* i ndiaidh an ailt uatha (*an*, *don*, *sa*, *etc.*).

(c) I gcás na mbunuimhreacha *trí* go *deich*, uraítear na bunuimhreacha inuraithe (*trí*, *ceithre*, *cúig*, *ocht*, *deich*) sa tuiseal ginideach i ndiaidh an ailt (*na*).

(d) Tá na rialacha céanna le cur i bhfeidhm ar na hainmfhocail a bhfuil leagan iolra ar leith acu agus ar na haidiachtaí a ghabhann leo (féach 9.3.4) agus a chuirtear i bhfeidhm sa tuiseal ainmneach, e.g., *tréimhse na sé bliana fada; deireadh na naoi seachtaine déag fada; Cogadh na Naoi mBliana; costas na dtrí troithe cearnacha eile*; *úinéir an dá cheann bhána; praghas na dtrí cinn mhóra*.

TUISEAL GINIDEACH NA mBUNUIMHREACHA LEIS AN ALT			
1	ualach an aon chapaill mhóir amháin tréimhse na haon bhliana fada amháin	11	stábla an aon chapall déag mhóra ag oscailt an aon fhuinneog déag throma
2	luach an dá theach bheaga	12	tréimhse an dá bhliain déag fhada
3	meáchan na dtrí bhó éagsúla	13	innill na dtrí ghluaisteán déag chumhachtacha
4	gaois na gceithre cloigne móra	14	leathanaigh na gceithre leabhar déag ghearra
5	ag dúnadh na gcúig fhuinneog ghlasa	15	fad na gcúig oíche dhéag ghaofara
6	fad na sé bliana fada	16	gaois na sé cloigne déag maola
7	ualach na seacht gcapall mhóra	17	géaga na seacht gcrann déag dhuilleacha
8	seolta na n-ocht mbád bheaga	18	achar na n-ocht bpáirc déag mhóra
9	leithead na naoi gcinn dheasa	19	deireadh na naoi seachtaine déag fada
10	achar na ndeich ngairdín chlocharacha		

Tábla 9L Na Bunuimhreacha 1–19 – An Tuiseal Ginideach leis an Alt

9.3.8 Na Bunuimhreacha a scríobh ina bhFigiúirí 1–19

Is ionann na rialacha a bhaineann leis na bunuimhreacha 1–19 a scríobh ina bhfigiúirí agus iad a scríobh ina bhfocail, e.g., *1 chapall mór*; *3 bhád bheaga*; *7 n-oíche dhorcha*; *13 seachtaine fuara*; *17 ngluaisteán shaora*; *19 mbliana fada*.

9.3.9 Na Bunuimhreacha 20+ – Na Deicheanna

(a) Is í foirm an ainmnigh uatha den ainmfhocal a chuirtear i ndiaidh na ndeicheanna. Ní dhéantar aon athrú tosaigh ar an ainmfhocal.

(b) Má tá aidiacht leis, réitíonn an aidiacht le hinscne an ainmfhocail.

(c) Cuirtear foirm uatha an ailt roimh na deicheanna, e.g., *an fiche teach nua*; *an seasca duine cáiliúil*.

(d) Sa tuiseal ginideach, mura bhfuil an t-alt ann, ní théann aon athrú foirme ar an ainmfhocal ná ar an mbunuimhir.

(e) Má tá an t-alt ann sa tuiseal ginideach, imríonn an t-alt ar thúslitir na huimhreach mar a d'imreodh ar ainmfhocal firinscneach ach ní dhéantar aon athrú tosaigh ar *f* ná *s*.

	AN TUISEAL AINMNEACH	AN TUISEAL GINIDEACH GAN AN tALT	AN TUISEAL GINIDEACH LEIS AN ALT
20	fiche leabhar mór	meáchan fiche leabhar mór	meáchan an fiche leabhar mór
30	tríocha méadar glas	achar tríocha méadar glas	achar an tríocha méadar glas
40	daichead bád beag	lastas daichead bád beag	lastas an daichead bád beag
50	caoga císte milis	costas caoga císte milis	costas an chaoga císte milis
60	seasca bó bhán	bainne seasca bó bhán	bainne an seasca bó bhán
70	seachtó bliain fhada	tréimhse seachtó bliain fhada	tréimhse an seachtó bliain fhada
80	ochtó cloigeann maol	gaois ochtó cloigeann maol	gaois an ochtó cloigeann maol
90	nócha pingin bheag	luach nócha pingin bheag	luach an nócha pingin bheag

Tábla 9M Na Bunuimhreacha – Tuiseal Ainmneach agus Tuiseal Ginideach na nDeicheanna

Nóta:
- Nuair a úsáidtear leagan iolra na ndeicheanna is sa ghinideach iolra a bhíonn an t-ainmfhocal ina dhiaidh, e.g., *na céadta daoine*; *na mílte dathanna*.
- Leanann an ginideach iolra na hainmfhocail uatha *dosaen* agus *scór* freisin, e.g., *dosaen amhrán*; *scór daoine*.

9.3.10 Na Bunuimhreacha eile 20+

(a) Tá dhá chóras ann maidir leis na bunuimhreacha os cionn 20 (seachas na deicheanna roimhe seo, féach 9.3.9): an Córas Seanbhunaithe agus an Córas Simplithe. Baineann an dá chóras seo leis na bunuimhreacha agus iad scríofa ina bhfocail agus ina bhfigiúirí. Tá an dá chóras seo ar comhstádas agus inghlactha.

(b) **An Córas Seanbhunaithe**

(i) Bíonn an t-ainmfhocal sa leagan uatha nó sa leagan iolra ar leith atá aige agus déantar an t-athrú tosaigh cuí ar an ainmfhocal.

(ii) Tar éis uimhreacha a chríochnaíonn ar 1, réitíonn an aidiacht le hinscne an ainmfhocail. I gcás uimhreacha a chríochnaíonn ar 2–9, bíonn an aidiacht san uimhir iolra agus séimhítear í (ach féach 9.3.4).

(c) **An Córas Simplithe**

(i) Bíonn an t-ainmfhocal san uimhir uatha i gcónaí, fiú más ainmfhocal é a bhfuil leagan iolra ar leith aige, agus ní dhéantar aon athrú tosaigh air. Bíonn an aidiacht san uimhir uatha i gcónaí agus séimhítear í de réir inscne an ainmfhocail.

(ii) I gcás uimhreacha a chríochnaíonn ar 2 nó 4, úsáidtear na foirmeacha maoluimhreach *dó* agus *ceathair* in ionad *dhá* agus *ceithre*.

(d) Más iolraí ar 10 atá i gceist, níl ann ach leagan amháin, e.g., *céad is fiche bád*.

(e) Maidir leis an alt, leantar an patrún a úsáidtear leis na bunuimhreacha 1–19 leis na bunuimhreacha os cionn 20, e.g., *an t-aon leabhar is fiche*; *an dá bhord is tríocha*; *na cúig pheann is seasca* (féach 9.3.5).

	AN CÓRAS SEANBHUNAITHE	AN CÓRAS SIMPLITHE
21	aon chapall mór amháin is fiche capall mór is fiche	fiche a haon capall mór
33	trí oíche dhorcha is tríocha	tríocha a trí oíche dhorcha
42	dhá chapall mhóra is daichead	daichead a dó capall mór
55	cúig fhuinneog dhúnta is caoga	caoga a cúig fuinneog dhúnta
67	seacht leabhar shuimiúla is seasca	seasca a seacht leabhar suimiúil
74	ceithre pingine beaga is seachtó	seachtó a ceathair pingin bheag
86	sé bhó mhóra is ochtó	ochtó a sé bó mhór
99	naoi mbád chostasacha is nócha	nócha a naoi bád costasach

Tábla 9N Na Bunuimhreacha 21–99 – An Córas Seanbhunaithe agus an Córas Simplithe

Nóta:
- Nuair atá aidiacht ag gabháil le bunuimhir, is féidir úsáid a bhaint as leagan iolra an ainmfhocail *ceann* (*cinn*) i dteannta an réamhfhocail *de*, e.g., *seacht gcinn déag d'oícheanta ciúine*; *trí cinn is tríocha de bháid mhóra*.
- Rogha eile atá ann ná an mhaoluimhir móide an réamhfhocal *de* móide leagan iolra an ainmfhocail agus na haidiachta a ghabhann leis, e.g., *a haon déag de bhlianta fada*; *tríocha a trí de bháid mhóra*.

9.3.11 Na Bunuimhreacha 100+

Sa Chóras Seanbhunaithe, is é malairt na comhréire a úsáidtear faoi bhun 100 a úsáidtear le huimhreacha os cionn 100, e.g., *céad fiche is aon chapall amháin*; *dhá mhíle, trí chéad is ceithre chapall*; etc.

Is ionann na rialacha eile agus na rialacha maidir leis na bunuimhreacha a luaitear in 9.3.10.

	AN CÓRAS SEANBHUNAITHE	AN CÓRAS SIMPLITHE
191	céad nócha is aon mhéadar amháin	céad nócha a haon méadar
282	dhá chéad ochtó is dhá chat fhiáine	dhá chéad ochtó a dó cat fiáin
364	trí chéad seasca is ceithre chapall mhóra	trí chéad seasca a ceathair capall mór
1,446	míle, ceithre chéad daichead is sé bhó chrosta	míle, ceithre chéad daichead a sé bó chrosta
18,437	ocht míle dhéag, ceithre chéad tríocha is seacht gcás chasta	ocht déag míle, ceithre chéad tríocha a seacht cás casta
25,528	cúig mhíle is fiche, cúig chéad fiche is ocht leabhar shuimiúla	fiche a cúig míle, cúig chéad fiche a hocht leabhar suimiúil
100,513	céad míle, cúig chéad is trí mhilseán déag dhearga	céad míle, cúig chéad a trí déag milseán dearg

Tábla 9O Na Bunuimhreacha 100+ – An Córas Seanbhunaithe agus an Córas Simplithe

9.3.12 Na Bunuimhreacha a scríobh ina bhFigiúirí 20+

Cuirtear rialacha an Chórais Sheanbhunaithe agus an Chórais Shimplithe, faoi seach, (féach 9.3.10) i bhfeidhm nuair a scríobhtar na bunuimhreacha os cionn 20 ina bhfigiúirí.

	AN CÓRAS SEANBHUNAITHE	AN CÓRAS SIMPLITHE
21	21 bhád costasach	21 bád costasach
22	22 bhád mhóra	22 bád mór
37	37 n-ábhar shuimiúla	37 ábhar suimiúil
44	44 fhuinneog dhúnta	44 fuinneog dhúnta
53	53 bhó mhóra	53 bó mhór
68	68 n-oíche ghaofara	68 oíche ghaofar
76	76 dhuine ghnóthacha	76 duine gnóthach
89	89 dtroithe cearnacha	89 troigh chearnach
95	95 mhéadar chearnacha	95 méadar cearnach
191	191 bhád costasach	191 bád costasach

Tábla 9P Na Bunuimhreacha 20+ ina bhFigiúirí – An Córas Seanbhunaithe agus an Córas Simplithe

9.4 An Uimhir Phearsanta

Tugtar uimhir phearsanta ar uimhir a chuireann líon daoine in iúl.

9.4.1 Úsáid na nUimhreacha Pearsanta

(a) Úsáidtear na huimhreacha pearsanta (2–10 agus 12) chun daoine a chomhaireamh.

(b) Is é gnáthchóras na mbunuimhreacha a úsáidtear chun *aon duine dhéag* nó líon daoine is mó ná *dháréag* a chomhaireamh, e.g., *aon duine dhéag; trí dhuine dhéag; ceithre dhuine is daichead.*

NA hUIMHREACHA PEARSANTA			
1	duine/aon duine amháin	7	seachtar
2	beirt	8	ochtar
3	triúr	9	naonúr
4	ceathrar	10	deichniúr
5	cúigear	11	aon duine dhéag
6	seisear	12	dháréag

Tábla 9Q Na hUimhreacha Pearsanta

9.4.2 Úsáid Lom na nUimhreacha Pearsanta

(a) **An uimhir phearsanta lom**

(i) Is féidir uimhir phearsanta a úsáid lom (gan ainmfhocal ar a lorg) chun líon daoine a chomhaireamh, e.g., *An bhfaca tú an bheirt?*; *Gabhadh seachtar.*

(ii) Is mar ghnáth-ainmfhocal a chaitear leis an uimhir phearsanta lom sa ghinideach, e.g., *cor beirte*; *col ceathrair*; *col seisir*..

(b) **An t-alt roimh an uimhir phearsanta lom**

(i) Ainmfhocail fhirinscneacha is ea na huimhreacha pearsanta go léir seachas *beirt*, e.g., *an bheirt*; *an ceathrar*; *an t-ochtar.*

(ii) Ní shéimhítear *dháréag* i ndiaidh an ailt, *aon* ná *céad*, e.g., *bhí an dáréag ann*; *gach aon dáréag acu*; *an chéad dáréag a cháiligh.*

(iii) Is mar ghnáth-ainmfhocal a chaitear leis an uimhir phearsanta lom sa ghinideach nuair atá an t-alt roimhe, e.g., *cótaí an tseisir*; *ticéid an ochtair*; *gluaisteán na beirte.*

AN UIMHIR	AN TUISEAL AINMNEACH	AN TUISEAL GINIDEACH
1	an t-aon duine amháin	ainm an aon duine amháin
2	an bheirt	tuairimí na beirte
3	an triúr	éadaí an triúir
4	an ceathrar	táillí an cheathrair
5	an cúigear	bád an chúigir
6	an seisear	teach an tseisir
7	an seachtar	scoil an tseachtair
8	an t-ochtar	meitheal an ochtair
9	an naonúr	foireann an naonúir
10	an deichniúr	tithe an deichniúir
11	an t-aon duine dhéag	foireann an aon duine dhéag
12	an dáréag	airgead an dáréag

Tábla 9R Na hUimhreacha Pearsanta Loma – An Tuiseal Ainmneach agus an Tuiseal Ginideach leis an Alt

(c) **An aidiacht leis an uimhir phearsanta lom – *Beirt***

(i) Má cháilíonn aidiacht an focal *beirt* agus é san ainmneach*, is san ainmneach iolra a bhíonn an aidiacht agus í séimhithe, e.g., *an bheirt cháiliúla*; *beirt mhisniúla*; *don bheirt óga*.

(ii) Má tá an focal *beirt*, agus é ar lorg an ailt agus é sa ghinideach, á cháiliú le haidiacht a thagann ina dhiaidh, is sa ghinideach baininscneach uatha a bhíonn an aidiacht, e.g., *tuairimí na beirte díograisí*; *nótaí na beirte misniúla*; *iarrachtaí na beirte cróga*.

(iii) Má tá an focal *beirt*, agus é sa ghinideach ach gan an t-alt a bheith roimhe, á cháiliú le haidiacht a thagann ina dhiaidh, agus é ar lorg agus faoi réir ag ainmfhocal eile, bíonn an aidiacht san iolra ar lorg *beirt* agus í séimhithe (agus ní théann athrú an ghinidigh ar an bhfocal *beirt* ach cuirtear séimhiú air), e.g., *moltaí bheirt mhisniúla*; *tuairimí bheirt cháiliúla*; *obair bheirt acadúla*.

(iv) Má tá an focal *beirt*, agus é sa ghinideach ach gan an t-alt a bheith roimhe, á cháiliú le haidiacht a thagann ina dhiaidh, agus é faoi réir ag réamhfhocal comhshuite nó ainm briathartha, bíonn an aidiacht san iolra ar lorg *beirt* agus í séimhithe (agus ní dhéantar aon athrú ar an bhfocal *beirt* ach an oiread), e.g., *le haghaidh beirt inniúla*; *ag moladh beirt mhaithe*.

(d) **An aidiacht leis an uimhir phearsanta lom – *Triúr* go *dháréag***

(i) Má tá na huimhreacha pearsanta *triúr* go *dháréag* (ach féach 9.4.1(b)), agus iad san ainmneach*, á gcáiliú le haidiacht a thagann ina ndiaidh, is san ainmneach uatha a bhíonn an aidiacht gan aon séimhiú uirthi, e.g., *triúr mór*; *ceathrar ard*; *an cúigear saibhir*; *don dáréag clúiteach*.

*Nó sa ghairmeach, sa chuspóireach nó sa tabharthach.

(ii) Má tá na huimhreacha pearsanta *triúr* go *dháréag* (ach féach 9.4.1(b)), agus iad sa ghinideach, á gcáiliú le haidiacht a thagann ina ndiaidh, cuirtear na gnáthrialacha maidir le haidiacht atá ar lorg ainmfhocal sa ghinideach i bhfeidhm ar na haidiachtaí a ghabhann leo, e.g., *éadaí an cheathrair bhig*; *meitheal ochtair dhíograisigh*; *airgead an dáréag chlúitigh* (féach Caibidil 4).

9.4.3 Ainmfhocail leis na hUimhreacha Pearsanta

(a) **Foirm na huimhreach pearsanta agus foirm an ainmfhocail ar a lorg**

(i) Má tá an focal *beirt*, agus é san ainmneach*, á cháiliú le hainmfhocal a thagann ina dhiaidh, is sa ghinideach iolra a bhíonn an t-ainmfhocal agus é séimhithe (seachas ainmfhocal a thosaíonn ar *d*, *t* nó *s*), e.g., *beirt chaptaen*; *beirt chumadóirí*; *beirt drumadóirí*; *ag beirt bhan*.

(ii) Má tá an focal *beirt*, agus é sa ghinideach gan an t-alt, á cháiliú le hainmfhocal a thagann ina dhiaidh, agus é ar lorg agus faoi réir ag ainmfhocal eile, ní théann athrú an ghinidigh ar an bhfocal *beirt* ach cuirtear séimhiú air agus bíonn an t-ainmfhocal sa ghinideach iolra agus cuirtear séimhiú air (seachas ainmfhocal a thosaíonn ar *d*, *t* nó *s*), e.g., *moltaí bheirt chumadóirí*; *tuairimí bheirt chaptaen*; *obair bheirt saineolaithe*.

(iii) Má tá an focal *beirt*, agus é sa ghinideach ach gan an t-alt a bheith roimhe, á cháiliú le hainmfhocal a thagann ina dhiaidh, agus é ar lorg agus faoi réir ag réamhfhocal comhshuite nó ainm briathartha, ní dhéantar aon athrú ar an bhfocal *beirt* agus bíonn an t-ainmfhocal sa ghinideach iolra agus cuirtear séimhiú air (seachas ainmfhocal a thosaíonn ar *d*, *t* nó *s*), e.g., *le haghaidh beirt mholtóirí*; *ag moladh beirt saighdiúirí*.

(iv) Is é ginideach iolra an ainmfhocail a leanann na huimhreacha pearsanta ó *triúr* go *dháréag* (ach féach 9.4.1(b)) nuair atá daoine á gcomhaireamh, e.g., *triúr bádóirí*; *ceathrar múinteoirí*.

(v) Ní théann athrú an ghinidigh ar uimhreacha pearsanta ó *triúr* go *dháréag* (ach féach 9.4.1(b)) má tá ainmfhocal ar a lorg, e.g., *athair ceathrar mac*; *máthair cúigear iníonacha*; *geansaithe dháréag peileadóirí*.

*Nó sa ghairmeach, sa chuspóireach nó sa tabharthach.

AN UIMHIR	AN TUISEAL AINMNEACH	AN TUISEAL GINIDEACH
1	fear amháin/aon fhear amháin bean amháin/aon bhean amháin	hata aon fhir amháin hata aon mhná amháin
2	beirt bhan	páistí bheirt bhan
3	triúr bádóirí	báid triúr bádóirí
4	ceathrar scoláirí	torthaí ceathrar scoláirí
5	cúigear fear	gaolta cúigear fear
6	seisear ban	páistí seisear ban
7	seachtar bádóirí	long seachtar bádóirí
8	ochtar báicéirí	cístí ochtar báicéirí
9	naonúr fear	talamh naonúr fear
10	deichniúr girseach	airgead deichniúr girseach
11*	aon imreoir déag	cultacha aon imreoir déag
12	dháréag bádóirí	soitheach dháréag bádóirí

Tábla 9S Na hUimhreacha Pearsanta – Foirm an Ainmfhocail ar lorg Uimhir Phearsanta

*Tabhair faoi deara go gcaitear le 11 mar a chaitear leis i gcóras na mbunuimhreacha, agus nach gcuirtear an t-ainmfhocal sa ghinideach (féach 9.3.6(a)).

(b) **An t-alt roimh uimhir phearsanta a bhfuil ainmfhocal ar a lorg**

(i) Is é foirm uatha an ailt a úsáidtear roimh na huimhreacha pearsanta. Is firinscneach dóibh go léir ach amháin *beirt*.

(ii) Ní shéimhítear *dháréag* i ndiaidh an ailt, *aon* ná *céad*, e.g., *an Dáréag Aspal*; *gach aon dáréag scoláirí*; *an chéad dáréag múinteoirí a cháiligh*.

(iii) Má tá an focal *beirt*, agus é sa ghinideach ar lorg an ailt, á cháiliú le hainmfhocal a thagann ina dhiaidh, is sa ghinideach iolra a bhíonn an t-ainmfhocal agus ní shéimhítear é (ach téann athrú an ghinidigh ar an bhfocal *beirt*), e.g., *tuairimí na beirte múinteoirí*; *nótaí na beirte saineolaithe*; *tuairiscí na beirte comhfhreagraithe*; *tithe na beirte deartháireacha*.

(iv) Ní théann athrú foirme sa ghinideach ar na huimhreacha pearsanta ó *triúr* go *dháréag* ná ar an ainmfhocal ar a lorg, ach imríonn an t-alt ar thúslitir na n-uimhreacha pearsanta mar a d'imreodh ar ghinideach aon ainmfhocail uatha eile, e.g., *cótaí an cheathrar daltaí*; *oifig an tseachtar tréidlianna*; *Scoil an tSeachtar Laoch*.

AN UIMHIR	AN TUISEAL AINMNEACH	AN TUISEAL GINIDEACH
1	an t-aon fhear amháin an t-aon bhean amháin	hata an aon fhir amháin hata na haon mhná amháin
2	an bheirt bhan	páistí na beirte ban
3	an triúr bádóirí	báid an triúr bádóirí
4	an ceathrar scoláirí	torthaí an cheathrar scoláirí
5	an cúigear fear	gaolta an chúigear fear
6	an seisear ban	páistí an tseisear ban
7	an seachtar bádóirí	long an tseachtar bádóirí
8	an t-ochtar báicéirí	cístí an ochtar báicéirí
9	an naonúr fear	talamh an naonúr fear
10	an deichniúr girseach	airgead an deichniúr girseach
11*	an t-aon imreoir déag	cluiche an aon imreoir déag
12	an dáréag bádóirí	soitheach an dáréag bádóirí

Tábla 9T Na hUimhreacha Pearsanta – An tAlt roimh Uimhir Phearsanta a bhfuil Ainmfhocal ar a lorg

*Tabhair faoi deara go gcaitear le 11 mar a chaitear leis i gcóras na mbunuimhreacha, agus nach gcuirtear an t-ainmfhocal sa ghinideach (féach 9.3.7(a)(i)).

(c) **An aidiacht le hainmfhocal atá ar lorg uimhir phearsanta**

(i) Ar lorg na huimhreach pearsanta *beirt*, is san ainmneach iolra a bhíonn an aidiacht agus séimhítear í, e.g., *beirt bhan cháiliúla*; *beirt ghirseach chruthaitheacha*; *beirt amhránaithe cháiliúla*; *beirt mhúinteoirí shealadacha*.

(ii) Má tá an focal *beirt*, agus é sa ghinideach ach gan an t-alt a bheith roimhe, á cháiliú le *hainmfhocal + aidiacht* a thagann ina dhiaidh, agus é ar lorg agus faoi réir ag ainmfhocal eile, bíonn an aidiacht atá á cháiliú san iolra agus í séimhithe, e.g., *moltaí bheirt léachtóirí acadúla*; *tuairimí bheirt iriseoirí sheanbhunaithe*; *saothar bheirt ghramadóirí chliste*.

(iii) Má tá an focal *beirt*, agus é sa ghinideach ach gan an t-alt a bheith roimhe, á cháiliú le *hainmfhocal + aidiacht* a thagann ina dhiaidh, agus é ar lorg agus faoi réir ag réamhfhocal comhshuite nó ainm briathartha, bíonn an aidiacht atá á cháiliú san iolra agus í séimhithe, e.g., *le haghaidh beirt mholtóirí dheasa*; *ag moladh beirt chumadóirí shamhlaíocha*.

(iv) Ar lorg na n-uimhreacha pearsanta *triúr* go *dháréag* (ach féach 9.4.1(b)), is sa ghinideach iolra a bhíonn an aidiacht a ghabhann leis an ainmfhocal, e.g., *triúr scoláirí díograiseacha*; *ceathrar girseach éirimiúil*; *bád an triúr bádóirí tuirseacha*; *airgead an deichniúr ban bríomhar*. Léirítear samplaí leis an alt agus gan an t-alt sa tábla ina dhiaidh seo.

AN UIMHIR	AN tAINMNEACH	AN GINIDEACH
1	fear ciallmhar amháin bean shaibhir amháin an t-aon fhear cineálta amháin an t-aon bhean dheas amháin	cóta aon fhir chiallmhair amháin geansaí aon mhná saibhre amháin cóta an aon fhir chineálta amháin geansaí na haon mhná deise amháin
2	beirt bhan mhisniúla beirt fhear chróga beirt scoláirí chumasacha an bheirt bhan mhisniúla an bheirt fhear chróga an bheirt scoláirí chumasacha	oifig bheirt bhan mhisniúla páistí bheirt fhear chróga cóipleabhair bheirt scoláirí chumasacha oifig na beirte ban mhisniúla páistí na beirte fear chróga cóipleabhair na beirte scoláirí chumasacha
3	triúr fear mór triúr girseach galánta an triúr bádóirí tuirseacha	hataí triúr fear mór gúnaí triúr girseach galánta báid an triúr bádóirí tuirseacha
4	ceathrar (an ceathrar) scoláirí maithe	scrúduithe ceathrar (an cheathrar) scoláirí maithe
5	cúigear (an cúigear) fear inniúil	gaolta cúigear (an chúigear) fear inniúil
6	seisear (an seisear) ban cumasach	páistí seisear (an tseisear) ban cumasach
7	seachtar (an seachtar) bádóirí óga	long seachtar (an tseachtar) bádóirí óga
8	ochtar (an t-ochtar) báicéirí díograiseacha	cístí ochtar (an ochtar) báicéirí díograiseacha
9	naonúr (an naonúr) fear ocrach	talamh naonúr (an naonúr) fear ocrach
10	deichniúr (an deichniúr) girseach bríomhar	airgead deichniúr (an deichniúr) girseach bríomhar
11*	aon (an t-aon) imreoir déag thapa	cultacha aon (an aon) imreoir déag thapa
12	dháréag (an dáréag) scoláirí borba	leabhair dháréag (an dáréag) scoláirí borba

Tábla 9U Na hUimhreacha Pearsanta – An Aidiacht le hAinmfhocal atá ar lorg Uimhir Phearsanta

*Tabhair faoi deara go gcaitear le 11 mar a chaitear leis i gcóras na mbunuimhreacha, agus nach gcuirtear an t-ainmfhocal sa ghinideach (féach 9.3.6(a) agus 9.3.7(a)(i)).

9.4.4 Na hUimhreacha Pearsanta a Scríobh ina bhFigiúirí

(a) Moltar na huimhreacha pearsanta ó 1–12 a scríobh ina bhfocail seachas ina bhfigiúirí. Má dhéantar iad a scríobh ina bhfigiúirí, is mar bhunuimhreacha a chaitear leo, e.g., *2 bhean bheaga*, *4 bhádóir cháiliúla*, *7 bhfeirmeoir shaibhre* (féach 9.3.8).

(b) Úsáidtear córas na mbunuimhreacha chun líon daoine os cionn *dháréag* a chomhaireamh. Féach 9.3.1 le haghaidh cur síos ar chóras na mbunuimhreacha ó 1–19, e.g., *trí bhean déag*; *ceithre ghirseach déag ghaléanta*; *17 mbádóir*; *19 bhfear ocracha*; agus féach 9.3.10 le haghaidh cur síos ar chóras na mbunuimhreacha os cionn 20, e.g., *trí bhean arda is caoga*; *49 ngirseach ghaléanta*.

9.4.5 Na hUimhreacha Pearsanta – An Córas Simplithe

Is féidir córas simplithe a úsáid leis na bunuimhreacha agus leis na huimhreacha pearsanta os cionn fiche. Féach 9.3.10(c) le haghaidh cur síos ar an gCóras Simplithe sin, e.g., *fiche a cúig fear mór*; *tríocha a sé bean shaibhir*; *46 bádóir cumasach*; *56 girseach chróga*.

9.5 An Orduimhir

Is le horduimhir a chuirtear ionad ruda nó duine i sraith in iúl.

9.5.1 An Orduimhir 1

(a) Is féidir an orduimhir *céad* (*an chéad*) a úsáid le hainmfhocal uatha nó iolra. Úsáidtear an t-alt uatha nuair atá ainmfhocal uatha ar a lorg, e.g., *an chéad chaibidil*, agus an t-alt iolra nuair atá ainmfhocal iolra ar a lorg, e.g., *na chéad chaibidlí*.

(b) Bíonn séimhiú ar an orduimhir *céad* i ndiaidh an ailt, e.g., *an chéad leabhar*; *na chéad rialacha*, ach ní bhíonn séimhiú uirthi:

(i) sna cásanna a luaitear i gCaibidil 1 ina mbíonn urú i ndiaidh an ailt sa tuiseal tabharthach, e.g., *ar an gcéad duine*; *leis an gcéad cheadúnas*;

(ii) nuair a úsáidtear *céad* mar réimír in ainmfhocal firinscneach nó in ainmfhocal san iolra, e.g., *céadainm, an céadainm*; *Céad-Aire, an Céad-Aire*; *céadonóracha, na céadonóracha*; (ach *céadghairm, an chéadghairm*; *céadsearc, an chéadsearc*; de réir ghnáthrialacha an ainmfhocail bhaininscnigh); nó mar réimír i mbriathar, e.g., *céadbhlaisim, céadbhlaisfidh sé* (ach *ón uair a chéadbhlais mé é*, de réir ghnáthrialacha na mbriathra san aimsir chaite, modh táscach);

(iii) ar lorg na n-aidiachtaí sealbhacha *a* (baininscneach, tríú pearsa uatha), e.g., *a céad cheolchoirm* agus *ár, bhur, a* (tríú pearsa iolra), e.g., *ár gcéad teach*; *bhur gcéad charr*; *a gcéad mhac*.

(c) Cuireann an orduimhir *céad* séimhiú ar an ainmfhocal nó ar an aidiacht ar a lorg i ngach tuiseal, e.g., *an chéad fhear*; *an chéad bhean*; *na chéad cheithre ghloine*; *na chéad bhlianta*; *clann an chéad fhir*; *mac na chéad mhná*; *lucht na chéad bhliana*; mura *d*, *t* nó *s* a thúslitir, e.g., *na chéad daoine, an chéad saighdiúir*; *an chéad turas*; *ceadúnas an chéad tógálaí*. (Féach 9.5.4 chun tuilleadh eolais a fháil ar orduimhreacha sa tuiseal ginideach.)

(d) Úsáidtear an orduimhir *céad* i gcás 1, ach i gcás na n-orduimhreacha eile a chríochnaíonn ar 1, úsáidtear an focal *aonú*. Sa tuiseal ainmneach, cuirtear *t-* roimh *aonú* i ndiaidh an ailt, e.g., *an t-aonú lá is tríocha*.

9.5.2 Na hOrduimhreacha 1–100 – Eolas Ginearálta

(a) Is é foirm uatha an ailt a bhíonn roimh na horduimhreacha (seachas an orduimhir 1, féach 9.5.1), e.g., *an dara bean*; *an dóú teach*; *an tríú tuarascáil*; *an ceathrú bean is fiche*; *an cúigiú comhartha is seasca*.

(b) I ndiaidh na horduimhreach *dara* agus na n-orduimhreacha go léir dar críoch *-ú*, cuirtear *h* roimh ainmfhocal dar tús guta, e.g., *an dara hoíche*; *an tríú hurlár*; *an séú hóstán déag*; *an t-ochtú hurlár is tríocha*.

(c) Bíonn an t-alt roimh an gcéad uimhir san orduimhir de ghnáth, mura mbíonn aidiacht shealbhach nó *gach* roimpi, e.g., *an tríú lá* ach *gach dara bliain*; *a tríú bliain*.

(d) Úsáidtear córas a leanann comhréir na mbunuimhreacha (An Córas Seanbhunaithe) chun ionad ruda i sraith faoi bhun 100 a chur in iúl, e.g., *an dara hábhar is tríocha*; *an ceathrú cathaoir is caoga*; *an seachtú hoíche is seachtó*; *an t-ochtú madra is nócha*.

(e) Ní chuirtear séimhiú ar an bhfocal *déag* san orduimhir, e.g., *an tríú duine déag*; *an t-ochtú bosca déag*; *an naoú leabhar déag*.

NA hORDUIMHREACHA 1–100							
1ú	an chéad fhear	11ú	an t-aonú bean déag	20ú	an fichiú capall	30ú	an tríochadú bean
2ú	an dara/dóú bean	12ú	an dara/dóú bosca déag	21ú	an t-aonú capall is fiche	39ú	an naoú hoíche is tríocha
3ú	an tríú leabhar	13ú	an tríú méadar déag	22ú	an dara/dóú bean is fiche	40ú	an daicheadú/ ceathrachadú cuairteoir
4ú	an ceathrú méadar	14ú	an ceathrú bád déag	23ú	an tríú leabhar is fiche	48ú	an t-ochtú bó is daichead
5ú	an cúigiú bád	15ú	an cúigiú hábhar déag	24ú	an ceathrú méadar is fiche	57ú	an seachtú fuinneog is caoga
6ú	an séú hábhar	16ú	an séú bó déag	25ú	an cúigiú bád is fiche	66ú	an séú hábhar is seasca
7ú	an seachtú fuinneog	17ú	an seachtú fuinneog déag	26ú	an séú hábhar is fiche	75ú	an cúigiú bád is seachtó
8ú	an t-ochtú bó	18ú	an t-ochtú hoíche déag	27ú	an seachtú fuinneog is fiche	84ú	an ceathrú méadar is ochtó
9ú	an naoú hoíche	19ú	an naoú capall déag	28ú	an t-ochtú bó is fiche	93ú	an tríú leabhar is nócha
10ú	an deichiú capall			29ú	an naoú hoíche is fiche	100ú	an céadú custaiméir

Tábla 9V Na hOrduimhreacha 1–100

9.5.3 Na hOrduimhreacha 100+

(a) Úsáidtear córas atá bunaithe ar chóras na maoluimhreacha chun ionad ruda i sraith os cionn 100 a chur in iúl, e.g., *céad a ceathair – an céad is ceathrú feirmeoir; cúig chéad seasca a ceathair – an cúig chéad seasca is ceathrú heitleán; seacht míle, ceithre chéad a naoi déag – an seacht míle, ceithre chéad is naoú hóstán déag.*

(b) Cuirtear séimhiú ar an bhfocal *déag* i ndiaidh na huimhreach *míle*, e.g., *an trí mhíle dhéag is ceathrú hoileán.*

NA hORDUIMHREACHA 100+			
104ú	an céad is ceathrú feirmeoir	1007ú	an míle is seachtú bliain
116ú	an céad is séú babhta déag	7219ú	an seacht míle, dhá chéad is naoú méadar déag
131ú	an céad tríocha is aonú capall	10,000ú	an deich míliú lá
132ú	an céad tríocha is dóú hasal	223,413ú	an dá chéad fiche is trí mhíle, ceithre chéad is tríú cloigeann déag
211ú	an dá chéad is aonú bád déag	613,564ú	an sé chéad is trí mhíle dhéag, cúig chéad seasca is ceathrú bó
1,000ú	an míliú heitilt	1,000,000ú	an milliúnú huair

Tábla 9W Na hOrduimhreacha 100+

9.5.4 Na hOrduimhreacha sa Tuiseal Ginideach

(a) I gcás na horduimhreach *céad*, díochlaontar an t-ainmfhocal ina dhiaidh agus géilleann an t-alt d'uimhir agus d'inscne an ainmfhocail, e.g., *an chéad fhear, clann an chéad fhir; an chéad bhean, clann na chéad mhná; na chéad cheithre bliana, tús na chéad cheithre bliana; na chéad chúig charr, plátaí clárúcháin na chéad chúig charr; na chéad taiscéalaithe, eachtraí na chéad taiscéalaithe.*

(b) I gcás na n-orduimhreacha eile go léir, ní dhéantar díochlaonadh riamh ar an ainmfhocal, e.g., *mac an dara bean; mac an dara fear; eagraíocht tríú tír; oideachas tríú leibhéal; clúdach an cheathrú tuarascáil; deireadh an fichiú haois; tús an aonú haois is fiche.*

(c) Caillteart an *t-* roimh *aonú, ochtú, ochtódú*, etc., e.g., *an t-aonú bliain déag, tús an aonú bliain déag; an t-ochtú haois déag, tús an ochtú haois déag; an t-ochtódú cruinniú, miontuairiscí an ochtódú cruinniú.*

(d) Imríonn an t-alt ar thúslitir na horduimhreach mar a d'imreodh ar ainmfhocal firinscneach, e.g., *bróga an chúigiú girseach; seoladh an cheathrú teach is daichead*; ach ní dhéantar athrú tosaigh ar *f* ná *s*, e.g., *lucht an seachtú hoifig; bonn an fichiú himreoir; deireadh an seascadú comhdháil.*

NA hORDUIMHREACHA SA TUISEAL GINIDEACH			
1ú	marcach an chéad chapaill tús na chéad chaibidle	39ú	deireadh an naoú hoíche is tríocha
14ú	seol an cheathrú bád déag	100ú	gearán an chéadú custaiméir
20ú	torthaí an fichiú dalta	104ú	beithígh an chéad is ceathrú feirmeoir

Tábla 9X Na hOrduimhreacha sa Tuiseal Ginideach

9.5.5 Aidiachtaí leis na hOrduimhreacha

Díochlaontar an aidiacht de réir an ainmfhocail, e.g., *an chéad bhean mhór*; *an chéad fhear mór*; *seol an chéad bháid ghoirm*; *deireadh na chéad tuarascála cuimsithí*; *na chéad scoláirí maithe*; *eachtraí na chéad taiscéalaithe cáiliúla*; *an tríú fear mór is tríocha*; *cóta an daicheadú bean mhór*.

9.5.6 Na hOrduimhreacha a Scríobh ina bhFigiúirí

(a) Scríobhtar orduimhreacha ina bhfigiúirí trí *ú* a chur i ndiaidh an fhigiúir, e.g., *an 1ú*, *an 2ú*, *an 19ú*, *an 123ú*.

(b) Is ionann na rialacha a bhaineann le horduimhreacha a scríobh ina bhfigiúirí agus na rialacha a bhaineann le horduimhreacha a scríobh ina bhfocail (féach 9.5.1 go 9.5.5 roimhe seo). Tabhair faoi deara go gcuirtear *h* roimh ghuta agus nach gcuirtear séimhiú i ndiaidh 1ú toisc gur *aonú* atá i gceist (seachas *céad*).

9.6 An Codán

Cainníocht uimhriúil nach slánuimhir is ea an codán, e.g., *1/4 – ceathrú*; *2/3 – dhá thrian*; *5/6 – cúig shéú*.

9.6.1 Comhdhéanamh an Chodáin

(a) Bíonn dhá chuid sa ghnáthchodán: *an t-uimhreoir* agus *an t-ainmneoir*. Cuirtear an t-uimhreoir os cionn na líne agus an t-ainmneoir faoi bhun na líne, e.g., i gcás 6/7, is é 6 an t-uimhreoir agus is é 7 an t-ainmneoir.

(b) Baintear leas as na horduimhreacha chun an t-ainmneoir a chur in iúl seachas i gcás na bhfocal *leath* agus *trian*.

Tabhair faoi deara go n-úsáidtear an fhoirm speisialta iolra *treana* den ainmfhocal *trian* ar lorg na n-uimhreacha 3–10. Fágtar an t-ainmfhocal sin lom i ndiaidh *trí*, *ceithre*, *cúig*, *sé*, e.g., *3/3 – trí treana*; *4/3 – ceithre treana*; agus uraítear é i ndiaidh *seacht*, *ocht*, *naoi*, *deich*, e.g., 9/3 – *naoi dtreana*; *10/3 – deich dtreana*.

(c) I gcás gur uimhir idir 11–19 an t-ainmneoir, úsáidtear leagan a dhíorthaítear ón orduimhir, e.g., *4/13 – ceithre thrídéagú*; *6/15 – sé chúigdéagú*.

(d) I gcás gur uimhir os cionn 20 an t-ainmneoir, is ionann ord na bhfocal agus ord na bhfocal sna maoluimhreacha ach go gcuirtear orduimhir in ionad na maoluimhreach ag an deireadh, e.g., *1/30 –*

tríochadú; *4/97 – ceithre nócha seachtú.*

(e) Scríobhtar codáin ar roinnt bealaí éagsúla, mar a léirítear thíos. Is í rogha (i) an struchtúr is minice a úsáidtear.

(i) Is féidir leas a bhaint as dhá mhaoluimhir agus an réamhfhocal *ar* nó an réamhfhocal comhshuite *os cionn* eatarthu chun aon chodán a chur in iúl, e.g., *1/11 – a haon ar a haon déag*; *a haon os cionn a haon déag*; *7/8 – a seacht ar a hocht*; *a seacht os cionn a hocht*; *4/15 – a ceathair ar a cúig déag*; *a ceathair os cionn a cúig déag*; *33/57 – tríocha a trí ar chaoga a seacht*; *tríocha a trí os cionn caoga a seacht*; *136/82 – céad tríocha a sé ar ochtó dó*; *céad tríocha a sé os cionn ochtó dó*. Ní shéimhítear *fiche* i gcodáin, e.g., *3/24 – a trí ar fiche a ceathair*.

(ii) Más 1 an t-uimhreoir, is féidir an focal *cuid* a úsáid leis na horduimhreacha chun codáin a chur in iúl, e.g., *1/2 – leath; an leathchuid*; *1/3 – trian*; *an tríú cuid*; *1/11 – aondéagú*; *an t-aondéagú cuid*. Is gnách an leagan le *cuid* a úsáid nuair is uimhir os cionn 20 an t-ainmneoir, e.g., *1/27 – an fiche seachtú cuid*; *1/156 – an céad caoga séú cuid*. I gcás na ndeicheanna, áfach, is túisce a déarfaí *tríochadú*, etc. ná *an tríochadú cuid*.

(iii) Má tá an t-uimhreoir idir 2 agus 10, úsáidtear na bunuimhreacha agus foirm na horduimhreach (féach (b), (c) agus (d) roimhe seo) chun an codán a chur in iúl. Is gnáth-ainmfhocail iad na codáin agus leantar gnáthrialacha na mbunuimhreacha agus iad á gcomhaireamh, e.g., *7/8 – seacht n-ochtú*; *4/15 – ceithre chúigdéagú*; ach ní shéimhítear *fichiú*, e.g., *3/20 – trí fichiú*.

(iv) De rogha ar (iii) thuas, má tá an t-uimhreoir idir 2 agus 10 is féidir an t-ainmfhocal *ceann/cinn* a úsáid i dteannta an réamhfhocail *de* agus an leagain iolra den ainmneoir, e.g., *7/8 – seacht gcinn d'ochtuithe*; *4/15 – ceithre cinn de chúigdéaguithe*;

(v) Más mó ná 10 an t-uimhreoir, is féidir maoluimhreacha a úsáid mar seo a leanas: *an t-uimhreoir* (á lua mar mhaoluimhir) + *de* + *iolra an ainmneora*, e.g., *33/57 –tríocha a trí de chaoga seachtuithe*; *136/82 – céad tríocha a sé d'ochtó dóithe*. Is fearr an leagan sin a úsáid nuair is mó ná 10 an t-uimhreoir agus nuair is mó ná 20 an t-ainmneoir.

9.6.2 An tAinmneoir

(a) **An tAinmneoir 2–19**

Taispeántar sa tábla seo a leanas dhá rogha chun codáin a scríobh ar codáin iad ina bhfuil ainmneoir ó 2–19 agus an t-uimhreoir 1.

AN CODÁN	AN tAINMNEOIR	AN LEAGAN LE *cuid*	AN CODÁN	AN tAINMNEOIR	AN LEAGAN LE *cuid*
1/2	leath	an leathchuid	1/11	aondéagú	an t-aondéagú cuid
1/3	trian	an tríú cuid	1/12	dódhéagú	an dódhéagú cuid
1/4	ceathrú	an ceathrú cuid	1/13	trídéagú	an trídéagú cuid
1/5	cúigiú	an cúigiú cuid	1/14	ceathairdéagú	an ceathairdéagú cuid
1/6	séú	an séú cuid	1/15	cúigdéagú	an cúigdéagú cuid
1/7	seachtú	an seachtú cuid	1/16	sédéagú	an sédéagú cuid
1/8	ochtú	an t-ochtú cuid	1/17	seachtdéagú	an seachtdéagú cuid
1/9	naoú	an naoú cuid	1/18	ochtdéagú	an t-ochtdéagú cuid
1/10	deichiú	an deichiú cuid	1/19	naoidéagú	an naoidéagú cuid

Tábla 9Y Na Codáin – An tAinmneoir 2–19

(b) **An tAinmneoir 20+**

Tugtar samplaí sa tábla seo a leanas den tslí a ndéileáiltear le hainmneoirí os cionn 20 (seachas na deicheanna) nuair is 1 an t-uimhreoir. Is gnách an leagan le *cuid* a úsáid i gcás codáin den sórt sin. Is ionann comhréir an leagain sin agus an chomhréir a úsáidtear sna maoluimhreacha ach go gcuirtear orduimhir in ionad na maoluimhreach ag an deireadh agus go bhfágtar an mhír uimhriúil *a* ar lár.

AN CODÁN	AN LEAGAN LE *cuid*	AN CODÁN	AN LEAGAN LE *cuid*
1/21	an fiche aonú cuid	1/87	an t-ochtó seachtú cuid
1/32	an tríocha dóú cuid	1/98	an nócha ochtú cuid
1/43	an daichead tríú cuid	1/99	an nócha naoú cuid
1/54	an caoga ceathrú cuid	1/156	an céad caoga séú cuid
1/65	an seasca cúigiú cuid	1/2,987	an dá mhíle naoi gcéad ochtó seachtú cuid
1/76	an seachtó séú cuid	1/3,234,567	an trí mhilliún, dhá chéad tríocha is ceithre mhíle, cúig chéad seasca seachtú cuid

Tábla 9Z Na Codáin – An tAinmneoir 20+

Tabhair faoi deara gurb í an orduimhir a úsáidtear i gcás na ndeicheanna, e.g., *fichiú*, *céadú*, *míliú*, etc. agus nach gnách an leagan le *cuid* a úsáid leo, e.g., *1/30 – tríochadú*; *1/50 – caogadú*.

9.6.3 An tUimhreoir

(a) **An tUimhreoir 2–10**

(i) Leantar córas na mbunuimhreacha nuair is mó ná 1 an t-uimhreoir toisc gur gnáth-ainmfhocail iad na hainmneoirí (eisceacht: ní shéimhítear *fichiú*, e.g., *trí fichiú*). Tugtar samplaí sa tábla seo a leanas de chodáin nuair is uimhir idir 2 agus 10 an t-uimhreoir.

AN CODÁN		AN CODÁN		AN CODÁN	
3/2	trí leath	2/11	dhá aondéagú	4/30	ceithre thríochadú
2/3	dhá thrian	3/12	trí dhódhéagú	5/40	cúig dhaicheadú
5/4	cúig cheathrú	4/13	ceithre thrídéagú	6/50	sé chaogadú
4/7	ceithre sheachtú	7/16	seacht sédéagú	9/80	naoi n-ochtódú
8/9	ocht naoú	9/18	naoi n-ochtdéagú	9/100	naoi gcéadú
9/10	naoi ndeichiú	6/19	sé naoidéagú	3/1,000	trí mhíliú
10/3	deich dtreana	3/20	trí fichiú	5/1,000,000	cúig mhilliúnú

Tábla 9AA Na Codáin – An tUimhreoir 2–10

(ii) De rogha air sin, is féidir an t-ainmfhocal *ceann/cinn* a úsáid i dteannta an réamhfhocail *de* agus an leagain iolra den ainmneoir.

AN CODÁN	*ceann/cinn + de*	AN CODÁN	*ceann/cinn + de*
2/21	dhá cheann de fiche aonuithe	10/156	deich gcinn de chéad caoga séithe
3/32	trí cinn de thríocha dóithe	5/209	cúig cinn de dhá chéad naoithe
4/43	ceithre cinn de dhaichead tríthe	2/2,987	dhá cheann de dhá mhíle, naoi gcéad ochtó seachtuithe
5/54	cúig cinn de chaoga ceathruithe	3/3,234,567	trí cinn de thrí mhilliún, dhá chéad tríocha is ceithre mhíle, cúig chéad seasca seachtuithe

Tábla 9BB Na Codáin – An tUimhreoir 2–10 – An Leagan le *ceann/cinn* agus an Réamhfhocal *de*

(b) **Na Codáin nuair is mó ná 10 an tUimhreoir**

Nuair is mó ná 10 an t-uimhreoir úsáidtear na maoluimhreacha mar seo a leanas: *an t-uimhreoir* (á lua mar mhaoluimhir) + *de* + *iolra an ainmneora*.

AN CODÁN	AN MHAOLUIMHIR MÓIDE *de*	AN CODÁN	AN MHAOLUIMHIR MÓIDE *de*
11/2	a haon déag de leatha	19/12	a naoi déag de dhódhéaguithe
12/3	a dó dhéag de thrianta	20/19	fiche de naoidéaguithe
15/6	a cúig déag de shéithe	45/17	daichead a cúig de sheachtdéaguithe
17/8	a seacht déag d'ochtuithe	87/13	ochtó a seacht de thrídéaguithe
18/9	a hocht déag de naoithe	123/12	céad fiche a trí de dhódhéaguithe

Tábla 9CC Na Codáin – An tUimhreoir 11+

9.6.4 Uimhreoirí agus Ainmneoirí Móra

Nuair is mó ná 10 an t-uimhreoir agus nuair is mó ná 20 an t-ainmneoir, is fearr an leagan leis an maoluimhir móide an réamhfhocal *de* agus iolra an ainmneora a úsáid. Is féidir freisin leas a bhaint as dhá mhaoluimhir agus an réamhfhocal *ar* nó an réamhfhocal comhshuite *os cionn* eatarthu chun codán a chur in iúl, e.g., *61/66 – seasca a haon ar sheasca a sé; seasca a haon os cionn seasca a sé; 74/83 – seachtó a ceathair ar ochtó a trí; seachtó a ceathair os cionn ochtó a trí; 437/500,043 – ceithre chéad tríocha a seacht ar chúig chéad míle daichead a trí; ceithre chéad tríocha a seacht os cionn cúig chéad míle daichead a trí.*

AN CODÁN	AN MHAOLUIMHIR MÓIDE *de*	AN MHAOLUIMHIR MÓIDE *ar*	AN MHAOLUIMHIR MÓIDE *os cionn*
23/29	fiche a trí de fiche naoithe	fiche a trí ar fiche a naoi	fiche a trí os cionn fiche a naoi
13/30	a trí déag de thríochaduithe	a trí déag ar thríocha	a trí déag os cionn tríocha
32/81	tríocha a dó d'ochtó aonuithe	tríocha a dó ar ochtó a haon	tríocha a dó os cionn ochtó a haon
81/84	ochtó a haon d'ochtó ceathruithe	ochtó a haon ar ochtó a ceathair	ochtó a haon os cionn ochtó a ceathair

Tábla 9DD Na Codáin – Uimhreoirí agus Ainmneoirí Móra

9.7 An Uimhir Dheachúlach

(a) Is é córas na maoluimhreacha a úsáidtear i gcás uimhreacha deachúlacha, e.g., *1.7 – a haon ponc a seacht*; *22.4 – fiche a dó ponc a ceathair*; *84.22 – ochtó a ceathair ponc a dó a dó*.

(b) Ní dhéantar infhilleadh ná athrú tosaigh ar ainmfhocal atá ar lorg uimhir dheachúlach, bíodh sí i bhfoirm focal nó figiúirí, e.g., *a haon ponc a dó gram; 1.5 cileagram*; *7.4 méadar ciúbach*.

9.8 Achoimre ar na hUimhreacha

0–19	AN TUISEAL AINMNEACH	AN TUISEAL GINIDEACH	FIGIÚR
An Bhunuimhir	aon bhileog ghlan amháin dhá chupán ghlasa an dá chrann éagsúla na seacht gcinn dhearga na cúig bhád déag bheaga sé oíche Shathairn déag sé theach tábhairne dhéag	tús na haon bhileoige glaine amháin dath an dá chrann éagsúla costas na seacht gcinn dhearga bádóirí na gcúig bhád déag bheaga fuacht na n-ocht gcloigne maola	1 bhileog ghlan 2 chupán ghlasa 3 cinn dhearga
An Uimhir Phearsanta	beirt bhan mhisniúla beirt fhear chróga an bheirt scoláirí chumasacha an ceathrar feirmeoirí gnóthacha an t-ochtar aisteoirí maithe trí fheirmeoir déag Éireannacha na seacht n-oibrí dhéag ghnóthacha	ainmneacha na beirte ban mhisniúla muintir an cheathrair muintir an cheathrar feirmeoirí gnóthacha róil an ochtair róil an ochtar aisteoirí maithe cumas na dtrí fheirmeoir déag Éireannacha tuarastail na seacht n-oibrí dhéag ghnóthacha	1 oibrí cáilithe 3 fheisire shinsearacha 8 n-údar fhoilsithe 13 fheirmeoir Éireannacha 17 n-oibrí ghnóthacha
An Orduimhir	an chéad fhear cróga na chéad cheithre charr mhóra an tríú cupán tae an cúigiú hionstraim reachtúil an seachtú hábhar déag nua an t-ochtú capall déag mór	ráiteas an chéad fhir chróga buiséad na chéad dánlainne nua-aoisí blas an tríú cupán tae forálacha an chúigiú hionstraim reachtúil costas an seachtú hábhar déag nua ualach an ochtú capall déag mór	an 1ú fear cróga an 1ú dánlann nua-aoiseach an 3ú cupán tae an 5ú hionstraim reachtúil an 17ú hábhar nua an 18ú capall mór

Tábla 9EE Achoimre ar na hUimhreacha 1–19

20+	AN CÓRAS SEANBHUNAITHE	AN CÓRAS SIMPLITHE
An Bhunuimhir agus an Uimhir Phearsanta	aon chapall mór amháin is fiche trí bhean arda is ceathracha cúig fhuinneog bhriste is caoga seacht leabhar shuimiúla is seachtó naoi nduine ghnóthacha is nócha trí chéad seasca is ceithre bhuidéal fholmha 21 chapall mór 43 bhean arda 55 fhuinneog bhriste 77 leabhar shuimiúla 99 nduine ghnóthacha 364 bhuidéal fholmha	fiche a haon capall mór ceathracha a trí bean ard caoga a cúig fuinneog bhriste seachtó a seacht leabhar suimiúil nócha a naoi duine gnóthach trí chéad seasca a ceathair buidéal folamh 21 capall mór 43 bean ard 55 fuinneog bhriste 77 leabhar suimiúil 99 duine gnóthach 364 buidéal folamh
An Orduimhir	an ceathrú doras dúnta is fiche an daicheadú leabhar nua an séú hábhar suimiúil is seasca an 24ú doras dúnta an 40ú leabhar nua an 66ú hábhar suimiúil	

Tábla 9FF Achoimre ar na hUimhreacha 20+

Tabhair faoi deara:

(a) gurb é an Córas Seanbhunaithe amháin a úsáidtear le huimhreacha faoi bhun 20;

(b) go moltar, i gcás an phróis, uimhreacha pearsanta suas go *dháréag* a scríobh ina bhfocail seachas ina bhfigiúirí.

CAIBIDIL 10 | NA hATHRUITHE TOSAIGH

10.1 Ginearálta

Is é is athrú tosaigh ann athrú a dhéantar ar thús focail mar gheall ar inscne, tuiseal, aimsir nó cúinsí eile gramadaí. Áirítear ar na hathruithe tosaigh an séimhiú, an t-urú, *t* roimh ghuta, *t* roimh *s*, *h* roimh ghuta agus *d'* roimh ghuta nó roimh *fh-*. Tugtar míniú anseo ar úsáid na n-athruithe tosaigh, lena n-áirítear an séimhiú ar ainmfhocal éiginnte i ndiaidh ainmfhocal baininscneach agus an séimhiú ar ainmfhocal éiginnte i ndiaidh ainmfhocal san iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol.

An Séimhiú

Is iad seo na consain inséimhithe: *b, c, d, f, g, m, p, s* (ach amháin i gcás *sc-*, *sf-*, *sm-*, *sp-*, *st-* agus *sv-*) agus *t*.

10.2 Séimhiú ar an Ainmfhocal

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal sna cásanna seo a leanas.

10.2.1 I nDiaidh an Ailt

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh an ailt (mura *d, t* nó *s* an túschonsan)–

(a) san ainmneach uatha baininscneach, e.g., *an chathair*; *an ghloine*; *an fhuascailt*:

Tá **an bhean** ag canadh.
Ar dhún sé **an fhuinneog**?

(b) sa ghinideach uatha firinscneach, e.g., *mac an fhir*; *geata an choláiste*:

Cad a tharla do bhronntanas **an pháiste** i ndiaidh na cóisire?
Ba ghá dom imeacht roimh dheireadh **an chluiche**.

(c) sa tabharthach uatha, firinscneach agus baininscneach, i roinnt cásanna ina ngabhann réamhfhocal leis an alt de réir an Chórais Lárnaigh, e.g., *den chapall* (féach 1.4), nó de réir Chóras an tSéimhithe, e.g., *ar an chapall* (féach 1.7):

Mheallfadh sí an t-éan **den chrann**.
Tugadh maoiniú breise **don chuideachta**.

10.2.2 I nDiaidh na Míre Gairmí

Cuirtear séimhiú i ndiaidh na míre gairmí san uatha agus san iolra, firinscneach agus baininscneach, e.g., *a dhuine chóir*; *a Ghaela!*; *a chairde na páirte*:

A dhaoine uaisle, tá fáilte romhaibh anseo anocht.
Maith sibh, **a fheara**!

10.2.3 I nDiaidh Aidiachtaí Áirithe

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh na n-aidiachtaí seo a leanas–

(a) na haidiachtaí sealbhacha *mo*, *do*, *a* (firinscneach uatha), e.g., *mo mhac*; *do theach*; *a pheann*:

Is é **mo mhála** é.
Cár fhág sé **a charr**?

(b) an aidiacht rannach *uile*, e.g., *an uile fhocal*; *gach uile sheachtain*:

Bíonn an **uile chineál** duine ag freastal air.
Tá gach **uile chlár** sa tsraith feicthe aici.

(c) an aidiacht éiginnte *aon*, e.g., *aon mhála*, *aon chóta* (ach amháin má thosaíonn an t-ainmfhocal ar *d*, *t* nó *s*, e.g., *aon duine*, *aon teaghlach*):

Ní raibh **aon bhia** sa teach.
An bhfuair tú **aon bheart** sa phost?

10.2.4 I nDiaidh Uimhreacha Áirithe

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh na n-uimhreacha seo a leanas–

(a) an bhunuimhir *aon* agus an orduimhir *céad*, mura *d*, *t* nó *s* an túschonsan, e.g., *aon chailín amháin; an chéad bhróg; aon samhradh amháin; an chéad teach*:

Níl ach **aon bhealach** amháin lena dhéanamh.
Ba é sin an **chéad phictiúr** a dhíol sé riamh.

(b) *dhá*, e.g., *dhá chrann*; *an dá chóta*; ach amháin má tá an aidiacht shealbhach *a* (tríú pearsa uatha, baininscneach agus tríú pearsa iolra), *ár* nó *bhur* roimhe, e.g., *dhá chapall* ach *a dhá géag* (tríú pearsa uatha baininscneach); *ár dhá gcapall; bhur dhá dteach; a dhá mbó* (tríú pearsa iolra) (féach 8.3.3):

Ba ise an bhean a raibh **dhá mhadra** aici.
Tá an **dá thionscadal** críochnaithe anois.

(c) *trí, ceithre, cúig, sé*, e.g., *trí bhád; ceithre bhó* (ach amháin i gcás na n-ainmfhocal a bhfuil leagan iolra ar leith acu i ndiaidh na mbunuimhreacha – féach 9.3.2, agus i gcás an fhocail *cent*, e.g., *dhá cent*; *cúig cent*):

Níor sheol mé ach **cúig chárta** Nollag i mbliana.
Léigh sí **sé chaibidil** roimh an rang.

Tabhair faoi deara:

(i) gurb é an t-athrú tosaigh a ghabhann leis an uimhir dheiridh i sraith a bhíonn le cur ar an bhfocal atá faoina réir, e.g., *sé nó seacht mbád*;

(ii) má úsáidtear an Córas Simplithe os cionn fiche (féach 9.3.10–9.3.12), nach gcuirtear séimhiú ar an ainmfhocal, e.g., *fiche a trí capall*; *56 fuinneog*.

10.2.5 I nDiaidh Réamhfhocail Shimplí Áirithe

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh na réamhfhocal simplí seo a leanas–

(a) *de, do* (agus *a* as *do*, e.g., *obair a dhéanamh*), *faoi, ionsar, mar, ó, roimh, trí, um*, e.g., *de Shiobhán; do bhuachaillí; faoi bhord; ionsar Sheán, mar dhuine; ó bhéal*:

Críochnóidh sí an obair **roimh mhaidin**.
Is **de thaisme** a tharla sé.

Ciorraítear na réamhfhocail *do* agus *de* go *d'* roimh ainmfhocail dar tús guta nó *f* + *guta*, e.g., *d'athair Sheáin, d'fhoghlaimeoirí Gaeilge*; ach ní dhéantar sin i gcás *f* + *consan*, e.g., *do Fhrancaigh*:

Is **d'iníon** Úna a thug mé an leabhar.
Níor thug sí **de fhreagra** orm ach tosú ag gol.

Nóta: Ní shéimhítear *b, m* ná *p* tar éis *um*, e.g., *ordú um praghsanna a chobhsú; an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta*.

(b) *ar*, e.g., *ar bhád, ar chlé, ar dheis, ar dhaoine* (féach freisin 10.6.4(b)):

Níl a fhios aici conas cnaipe a chur **ar chóta**.
D'fhág sé a bhróga **ar charraig** in aice na farraige.

Tabhair faoi deara nach séimhítear an t-ainmfhocal i gcás abairtíní dobhriathartha ná ainmneacha briathartha lena gcuirtear staid nó suíomh in iúl, e.g., *ar ball*; *ar bord (loinge)*; *ar comhaois*; *ar comhchéim*; *ar comhscór*; *ar comhstádas*; *ar deireadh*; *ar fad*; *ar fiar*; *ar meisce*; *ar muir agus ar tír*; *ar srian*; *ar tiús*; *ar bogadh*; *ar crochadh*; *ar fáil*; *ar siúl* (sa bhrí *ag tarlú*); ach *ar fheabhas*; *ar shiúl* (sa bhrí *imithe*). Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal, áfach, má tá sé cáilithe, e.g., *ar chonradh sealadach*; *ar shaoire mháithreachais*; *ar bharr an tí*; ach amháin i gcás *ar bord loinge*; *ar ball beag*.

(c) *gan*, ar ainmfhocal nach bhfuil cáilithe mura *d*, *t*, *s* nó *f* an túschonsan, e.g., *gan chuid*; *gan chiall*; *gan mhaith*; *gan mheabhair*; *gan bhréag*; ach *gan dearmad*; *gan sagart*; *gan tine*; *gan feoirling* (eisceacht: *gan fhios*);

D'fhág na saighdiúirí an geata isteach **gan chosaint**.
Tiocfaidh na comhaltaí eile **gan mhoill**.

Ní chuirtear séimhiú ar ainmfhocal atá cáilithe, e.g., *gan pingin rua; gan carn aoiligh; gan bolgán solais; gan ciall linbh; gan brí ar bith; gan misneach a chailleadh*:

Fágadh **gan cuan mara** iad.
Dúirt siad nach ndéanfaí an próiseas a athrú **gan cúis chóir**.
D'imigh siad **gan pingin a shaothrú**.

Tabhair faoi deara nach gcuirtear séimhiú ar ainmfhocal nach bhfuil cáilithe más ainm dílis cinnte é, e.g., *d'fhág siad gan Cáit*; nó más ainm briathartha i bhfrása ainmfhoclach é, e.g., *b'fhearr duit gan pósadh; moladh dó gan corraí*:

Chríochnaigh sí an obair **gan Micheál**.
Shocraigh sí **gan géilleadh**.

(d) *idir*, nuair is é *araon* atá i gceist, e.g., *idir bheag agus mhór; idir chailíní agus bhuachaillí.* Ní shéimhítear an t-ainmfhocal a thagann i ndiaidh *agus* nó *is* i gcás gur le *d*, *t* nó *s* a thosaíonn sé, e.g., *idir shúgradh is dáiríre; idir mhná rialta agus sagairt*:

Tá **idir fhocail** agus **phictiúir** sa leabhar.
Beidh **idir dhaoine** óga agus **seanóirí** i láthair.

Tabhair faoi deara nach gcuirtear séimhiú ar ainmfhocal i ndiaidh *idir* nuair is *eatarthu* atá i gceist, e.g., *idir Corcaigh agus Gaillimh; idir breith agus baisteadh; idir tithe; idir béilí*:

Bhí an páiste ina dhúiseacht **idir meán oíche** agus **breacadh** an lae.
Thosaigh troid **idir beirt** fhear lasmuigh den siopa.

(e) *thar*, e.g., *léim sé thar gheata ard; ní raibh thar chúigear acu ann*:

Ní fiú **thar phingin** é.
Níl an leabhar sin **thar mholadh beirte**.

Tabhair faoi deara nach gcuirtear séimhiú ar ainmfhocal i ndiaidh *thar* in abairtíní áirithe ina bhfuil ainmfhocal éiginnte, e.g., *thar barr*; *thar bráid*; *thar cionn*; *thar fóir*; *thar sáile*; *thar toinn*; ná sa réamhfhocal comhshuite *thar ceann*:

Dhíbir siad í **thar tír** amach.
Chaith sé tréimhse **thar sáile** sular thosaigh sé ag obair anseo.

Nóta: Má tá sraith ainmfhocal faoi réir ag réamhfhocal simplí, ní dhéantar athrú tosaigh ach ar an ainmfhocal a thagann díreach ina dhiaidh, e.g., *Rinne siad taighde ar chonarthaí, comhaontuithe, córais agus scéimeanna*; ach amháin i gcás *idir* sa bhrí *araon*, e.g., *idir bheag agus mhór*.

10.2.6 I nDiaidh Réamhfhocal Comhshuite

Séimhítear ainmfhocal cinnte (féach 3.1.2) atá faoi réir ag réamhfhocal comhshuite nó *cois*, *dála*, *fearacht*, *timpeall*, *trasna*, e.g., *ar aghaidh dhoras an tséipéil*; *cois Bhóthar na hUaimhe*; *de bhun mhír (b)*; *fearacht Sheáin*; *le haghaidh chlár a ceathair*:

Tá tithe aici **ar fud Bhaile Átha Cliath** agus **chathair Chorcaí**.
Dúirt sé **i láthair bhean** an tí é.
Is **timpeall mhí** na Nollag a tharla sé.

Tabhair faoi deara nach séimhítear ainmfhocal cinnte i ndiaidh *chun*, e.g., *chun foirgneamh a seacht*; *chun gairdín a gcomharsan*; *chun Meiriceá*; *chun Gearóid*; *chun Parlaimint na hEorpa*.

Ní shéimhítear ainmfhocail éiginnte ach i gcorrabairt sheanbhunaithe, e.g., *tar éis bháis* (sa bhrí *tar éis bás a fháil*).

10.2.7 I nDiaidh Ainmfhocal Baininscneach

Má tá ainmfhocal (nach ainmfhocal cinnte) sa ghinideach faoi réir ag ainmfhocal baininscneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), is gnách séimhiú a chur air, e.g., *cloch shneachta*; *deoir bhainne*; *gloine bheorach*; *léine chadáis*; *tuarascáil pharlaiminte*; *bliain bhisigh*; *bliain chánach*; *bliain mheasúnachta*; *mí ghealaí*:

Chuaigh siad go dtí an **pháirc pheile**.
An seinneann tú **uirlis cheoil**?
Ar chríochnaigh tú **d'obair bhaile**?
Fan agus ól **gloine cheirtlise** linn!

Tabhair faoi deara go liostaítear in (a) go (m) na cásanna go léir nach séimhítear ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal baininscneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach). I ngach cás eile, cuirtear séimhiú ar ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal baininscneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach).

Nóta: D'fhéadfaí sampla a áireamh i gceann amháin nó níos mó de na cásanna ina dhiaidh seo, e.g., le (b) agus (e) a bhaineann an sampla *léim fia*.

(a) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal má chríochnaíonn an chéad ainmfhocal ar *d*, *n*, *t*, *l* nó *s* agus má thosaíonn an dara hainmfhocal ar *d*, *t* nó *s*, e.g., *áit dúchais*; *bean tí*; *cúis dóchais*; *maidin samhraidh*; *saighead draíochta*; *scoil samhraidh*:

Tá sí ag obair sa **tsaotharlann taighde**.
Cúisíodh an cosantóir sa **Chúirt Dúiche**.

(b) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal má thosaíonn an t-ainmfhocal sin ar *f*, e.g., *buile feirge*; *cúirt filíochta*; *deoch fuisce*; *deoir fola*; *pailin féir*; *sochaí faisnéise*:

D'eagraigh an club **oíche filíochta** mar chuid den fhéile.
Níl mórán taithí aige ar **an teicneolaíocht faisnéise**.

Tabhair faoi deara gur eisceachtaí iad *beirt* agus *dís*, agus go gcuirtear séimhiú ar ainmfhocal a thosaíonn ar *f* ina ndiaidh, e.g., *beirt fheirmeoirí; dís fhear*.

(c) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal más sa ghinideach iolra atá sé, e.g., *rásaíocht gluaisrothar*; *saithe beach*; *scoil cailíní*; *scuaine gasúr*; *sraith giorrúchán*; *táin bó*; *traein paisinéirí*:

Theastaigh uathu **scoil buachaillí** a bhunú san fhoirgneamh sin.
Bhí **scuaine gluaisteán** trí mhíle ar fhad sa tranglam tráchta.

Tabhair faoi deara gur eisceachtaí iad *beirt* agus *dís*, agus go gcuirtear séimhiú ar ainmfhocal sa ghinideach iolra ina ndiaidh, e.g., *beirt bhan; dís bhreithiúna*; agus gur eisceacht an nath *clann mhac* freisin.

(d) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal má tá brí cainníochta éiginnte leis an gcéad ainmfhocal, e.g., *breis bainne*; *díobháil céille*; *easpa tobac*; *iomarca cainte*; *roinnt cáise*:

An bhfuair sé **barraíocht bia**?
Tá **roinnt púdair** fágtha.

(e) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal más (i) duine, (ii) ainmhí, (iii) dúil bheo, nó (iv) cuid de dhuine, d'ainmhí nó de dhúil bheo, an dara hainmfhocal–

(i) *aghaidh mná*; *casóg buachalla*; *culaith garda*; *lámh cailín*; *scian búistéara*; *súil páiste*:

Cheannaigh sé **casóg fir** nua sa siopa.
Ba ghá dóibh **leaba páiste** a cheannach dá ngarmhac.

(ii) *adharc bó*; *cáis gabhair*; *coiscéim coiligh*; *cos capaill*; *cráin muice*; *eitinn bólachta*; *léim capaill*; *géimneach bó*; *stail capaill*; *ubh circe*:

Chonaic mé **cearc bradáin** san uisce taobh leis an gcora éisc.
Níor ith mé **feoil capaill** riamh.

(iii) *cill planda*; *coirt crainn*; *péist cabáiste*:

D'iarr sí ar na páistí **duilleog cuilinn** a tharraingt.
Ní mór **fréamh toir** a bhaint chun fáil réidh leis an tor.

(iv) *foinse béil*; *íde béil*; *ionga méire*; *péist goile*:

Chuir siad **clib cluaise** ar gach ainmhí.
An bhfuil an **ordóg coise** do do chrá?

Tabhair faoi deara gur eisceachtaí iad *beirt* agus *dís*, agus go gcuirtear séimhiú ar ainmfhocal is duine ina ndiaidh, e.g., *beirt bhan*; *dís bhreithiúna*; agus go gcuirtear séimhiú ar *céile* i ndiaidh ainmfhocal baininscneach, e.g., *bean chéile*; *deirfiúr chéile*.

(f) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal más páirt den dara hainmfhocal an chéad ainmfhocal, e.g., *beann píce*; *cos cathaoireach*; *cluas cupáin*; *iall bróige*:

Is éasca **lámh buicéid** a bhriseadh.
Níor thuig sé conas an **stiúir báid** a úsáid.

(g) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal más ainmfhocal teibí atá bunaithe ar aidiacht an chéad ainmfhocal, e.g., *áilleacht ceantair*; *airde balla*; *breáthacht cathrach*; *dílseacht pictiúir*; *finne maidine*; *sábháilteacht bóthair*:

Ní mór d'eolaithe **láidreacht cumaisc** a thástáil sula ndíoltar é.
Bunaíodh scéimeanna chun **sábháilteacht bia** a áirithiú.

(h) Ní shéimhítear ainmfhocal éiginnte ar lorg ainm briathartha a bhfuil an réamhfhocal *ag* roimhe, e.g., *ag sábháil comhaid*; *ag tiomáint bus*; *ag tógáil balla*:

Thosaigh sé **ag cniotáil geansaí** aréir.
Is breá le Caoimhe a bheith **ag seinm ceoil**.

Tabhair faoi deara go bhfuil líon beag eisceachtaí seanbhunaithe ann, e.g., *ag fáil bháis*; *ag gabháil fhoinn.*

(i) Ní shéimhítear ainmfhocal éiginnte ar lorg ainm briathartha nó ainmfhocal a chuireann gníomh in iúl sa chás gurb é an dara hainmfhocal an cuspóir, e.g., *athchúrsáil gloine*; *forbairt pobail*; *láimhseáil ceimiceán*; *eisiúint preasráitis*:

Tabharfar aird ar **oiliúint múinteoirí** sa scéim nua.
Tá rialacha áirithe i gceist le **hathchúrsáil páipéir**.

(j) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal i ndiaidh na bhfocal *aicme, comhairle, corparáid, cuideachta, earnáil, feidhmeannacht, foireann, gníomhaireacht, institiúid, oifig, rannóg, roinn, scéim, seirbhís*, e.g., *aicme ceannais*; *comhairle contae*; *corparáid baincéireachta*; *earnáil gnó*; *foireann bainistíochta*; *institiúid breisoideachais*; *oifig preasa*; *rannóg pearsanra*; *roinn cosanta*:

Ní foláir dóibh an **scéim marcála** a choigeartú.
Cuireann an gnólacht **seirbhís comhairleoireachta** ar fáil.

(k) Ní shéimhítear na hainmfhocail *dlí* ná *sí*, i ndiaidh ainmfhocal baininscneach, e.g., *feidhm dlí*; *bó sí*:

Cuirfidh an rialtas cóip den **ionstraim dlí** ar fáil.
Deirtear gur comhartha an mhí-áidh an **long sí** a fheiceáil.

(l) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal más ceann de na haonaid tomhais bheachta *bliain, coicís, mí* nó *seachtain* an dara hainmfhocal, e.g., *saoire míosa*; *tréimhse bliana*; *moill bliana*:

Cuireadh tús leis an **bhféile seachtaine** le hócáid i dteach an Mhéara.
Bhí **scíth coicíse** de dhíth uirthi tar éis na hoibre.

(m) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal má tá an dara hainmfhocal, atá sa ghinideach, cáilithe le hainmfhocal eile nó le haidiacht, e.g., *oíche gaoithe móire*; *bileog páipéir dúigh*; *gloine beorach fuaraithe*:

Ní raibh **deoir bainne úir** fágtha sa teach.
Cuireadh an **obair tionscadail aistriúcháin** i gcrích inné.

Eisceacht: nuair is é *beirt* nó *dís* an chéad ainmfhocal, e.g., *beirt bhan mhisniúla* nó nuair is é *beirt* an dara hainmfhocal, e.g., *páistí bheirt bhan*.

Tabhair faoi deara go gcuirtear séimhiú, faoi réir na n-eisceachtaí in (a) go (m) roimhe seo, ar gach ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal baininscneach, e.g., *tuarascáil pharlaiminte agus chomhphobail*. Má tá sraith ainmfhocal i liosta roimh ainmfhocal eile, áfach, is é an t-athrú tosaigh a ghabhann leis an ainmfhocal deiridh sa tsraith a chuirtear ar an ainmfhocal nó ar na hainmfhocail eile atá faoina réir, e.g., *leabhar nó iris cheoil*; *iris nó leabhar ceoil*.

10.2.8 I nDiaidh Ainmfhocal san Iolra a chríochnaíonn ar Chonsan Caol

Má tá ainmfhocal (nach ainmfhocal cinnte) sa ghinideach faoi réir ag ainmfhocal san iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, is gnách séimhiú a chur air, e.g., *éin chlóis*; *dualgais bhreise*; *ceadúnais ghnó*.

Bhí cruinniú aici le **hoifigigh thithíochta** as Meiriceá.
Deir sé go bhfuil na **leabhair ghramadaí** uile léite aige.
Is iad na **maoir thráchta** a eisíonn **ticéid pháirceála**.

Tabhair faoi deara go liostaítear in (a) go (f) ina dhiaidh seo na cásanna go léir nach séimhítear ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal san iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol. I ngach cás eile, cuirtear séimhiú ar ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol.

Nóta: D'fhéadfaí sampla a áireamh i gceann amháin nó níos mó de na cásanna ina dhiaidh seo, e.g., le (a), (c) agus (d) a bhaineann an sampla *dualgais dochtúirí*.

(a) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal má chríochnaíonn an chéad ainmfhocal ar *d*, *n*, *t*, *l* nó *s* agus má thosaíonn an dara hainmfhocal ar *d*, *t* nó *s*, e.g., *báid seoil*; *capaill seilge*; *turais taighde*:

D'iarr an scéalaí ar na leanaí na **focail draíochta** a rá in éineacht léi.
D'úsáidtí **pinn tobair** nuair a bhí seisean ar scoil.

(b) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal má thosaíonn sé ar *f*, e.g., *beithígh feirme*; *botháin freastail*; *buidéil fuisce*:

Tá **cláir faisnéise** nua á bhforbairt ag TG4.
Ghlac deich gcinn de **chumainn foirgníochta** páirt sa suirbhé.

(c) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal más sa ghinideach iolra atá sé, e.g., *imill bóithre*; *cnuasaigh dánta*:

Taitníonn na **leabhair pictiúr** sin leis na leanaí.
Tá **oifigigh seirbhísí** á lorg ag an gcomhairle faoi láthair.

(d) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal más (i) duine, (ii) ainmhí, (iii) dúil bheo, nó (iv) cuid de dhuine, d'ainmhí nó de dhúil bheo, an dara hainmfhocal–

(i) *duáin cailín*; *buidéil páiste*:

Tá cur síos ar na **liúntais cúramóra** ar an suíomh gréasáin.
Níor chóir **pasfhocail múinteora** a roinnt leis na daltaí riamh.

(ii) *bréagáin madra*; *sciatháin circe*:

D'fhéadfadh **adharcáin céadchosaigh** a bheith chomh fada lena chorp.
Caitheadh amach na **sliogáin bairnigh** i ndiaidh an bhéile.

(iii) *crainn beithe*; *peitil blátha*:

Itheann an panda **péacáin bambú**.
Moladh do na heolaithe **spóir beacán** a bhailiú.

(iv) *ailt méire*; *matáin coise*:

Díoltar **cliatháin bagúin** i siopa an bhúistéara.
Bhí fáinní sna **maotháin cluaise** aige.

(e) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal más páirt den dara hainmfhocal an chéad ainmfhocal, e.g., *cláir báid*; *méarchláir pianó*:

Is ar na **cabair tí** a bhíonn meáchan an dín uile.
Tá na **scáileáin gutháin** nua i bhfad níos mó ná mar a bhíodh.

(f) Ní shéimhítear an dara hainmfhocal má tá an dara hainmfhocal, atá sa ghinideach, cáilithe le hainmfhocal eile nó le haidiacht, e.g., *cláir dioplóma iarchéime*; *cláir deice báid*:

Ní mór **beartais cosanta sonraí** na cuideachta a nuashonrú.
Réiteoidh na **hoifigigh teicneolaíochta faisnéise** an fhadhb.

Eisceacht: nuair is é *beirt* an dara hainmfhocal, e.g., *gluaisteáin bheirt pheileadóirí*.

Tabhair faoi deara go gcuirtear séimhiú, faoi réir na n-eisceachtaí in (a) go (f) roimhe seo, ar gach ainmfhocal atá faoi réir ag ainmfhocal san iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, e.g., *comórtais idir-ollscoile chadhcála agus bhoghdóireachta*; *páipéir bhainc agus pharlaiminte*; *limistéir pleanála teanga Ghaeltachta*. Má tá sraith ainmfhocal i liosta roimh ainmfhocal eile, áfach, is é an t-athrú tosaigh a ghabhann leis an ainmfhocal deiridh sa tsraith a bhíonn le cur ar an ainmfhocal nó ar na hainmfhocail eile a bhíonn faoina réir, e.g., *treoracha nó leabhair ghramadaí*; *leabhair nó treoracha gramadaí*.

10.2.9 I nDiaidh Ainmfhocal atá sa Ghinideach

Ní shéimhítear ainmfhocal éiginnte atá faoi réir ag ainmfhocal atá sa tuiseal ginideach, e.g., *bord údaráis creidiúnúcháin*; *síniú an choinbhinsiúin cóipchirt*; *suíomh an chruinnithe mullaigh*; *bord coláiste gairmoideachais*; *trasna na sráide cathrach*:

Is i dteach an **tsagairt paróiste** a bhí an cruinniú.
Bhí sé ag fanacht ag doras an **tí tábhairne**.

10.2.10 Ar Ainmfhocal Cinnte i nDiaidh Ainmfhocal Eile

Cuirtear séimhiú ar ainmfhocal cinnte sa tuiseal ginideach i ndiaidh ainmfhocal eile, e.g., *Cuan Bhaile Átha Cliath*; *foireann Dhoire*; *muintir Sheáin*; *oibrithe Bhéal Feirste*; *mac fhear an tábhairne*; *obair bhean an tí*.

Tabhair faoi deara go gcuirtear séimhiú ar ainmfhocal cinnte fiú amháin nuair a thagann *d*, *t* nó *s* i ndiaidh *d*, *n*, *t*, *l* nó *s*, e.g., *foireann Dhoire*; *riail Shasana*; *doras Theach an Phiarsaigh*; *luas thraein an iarthair*:

Dúirt siad gur fhreastail siad ar Choláiste **Cholmáin**.
Tá poll i ndíon **shiopa** an bhúistéara.

Ach ní chuirtear séimhiú–

(a) ar na hainmfhocail seo a leanas:

(i) *Dé* (*Dia* sa ghinideach), e.g., *lámh Dé*; *trócaire Dé*:

Tá leabhar faoi Mhuire, Máthair **Dé**, scríofa aige.

(ii) *San* ná an t-ainm ar a lorg, e.g., *Ord San Proinsias*; *Lá San Svaitín*; *Lá San Seáin*:

Is i mBaile Átha Cliath atá paróiste **San Caitríona**.

(iii) *Dé* i laethanta na seachtaine, e.g., *oíche Dé Máirt*; *tráthnóna Dé Céadaoin*:

Sroichfidh siad an Fhrainc maidin **Dé Sathairn**.

(b) ar ainmfhocal cinnte atá ar lorg na n-ainmfhocal seo a leanas:

(i) *Féile* sa ghinideach, e.g., *Lá Fhéile Pádraig*; *Samhradh beag na Féile Michíl*:

Is ar **Lá Fhéile Bríde** a rugadh í.

(ii) *Naomh*, e.g., *cuimhneachán Naomh Peadar*; *Naomh Pól*:

Bhí siad ag imirt i gcoinne **Scoil Naomh Fionnbarra**.

(c) ar ainm briathartha a bhfuil ainmfhocal cinnte ar a lorg, e.g., *madra cosanta na monarcha*; *bean fuascailte na ceiste*; *beach cealgtha an pháiste*; *innill buailte an arbhair*; *seachtain bailithe na rátaí* (féach 3.3.1(a)).

10.2.11 I Sloinnte

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh *Mhic, Mhig, Ní, Nic, Uí* i sloinnte, e.g., *Bean Mháirtín Uí Bhroin*; *Isibéal Nig Fhloinn*; *Siobhán Ní Chonchúir*; *Úna Nic Shuibhne*; agus i ndiaidh *Mac* (*Mag*) i sloinnte áirithe, e.g., *Mac Pháidín*; *Mag Fhinn*:

Ar bhuail tú riamh le Gobnait **Ní Dhúill**?
Bhí scéal de chuid Phádraic **Uí Chonaire** á léamh aici.

Tabhair faoi deara nach ndéantar *c* ná *g* a shéimhiú ar lorg *Mhic* ná *Nic*, e.g., *teach Sheáin Mhic Cárthaigh*:

An bhfaca tú carr Phóil **Mhic Cearáin**?
Ní raibh Sorcha **Nic Gearailt** i láthair.

10.2.12 Sa Chomhfhocal

Séimhítear an dara focal i gcomhfhocal, e.g., *dea-cháil, deargbhuile, rósghairdín, sárdhuine,* ach amháin nuair a thagann *d, n, t, l* nó *s* le chéile, e.g., *antráth, catsúil, clostrácht, galltrumpa, ilsiolla, leasdeartháir, seansaighdiúir*.

Cuireadh an **dramhpháipéar** i leataobh lena athchúrsáil.
Is é **cúldoras** an tí a úsáideann siad i gcónaí.
Tá **carrchlós** díreach in aice leis an **mbunscoil**.

Nóta: Ní shéimhítear an dara focal i gcomhfhocal i ndiaidh *an-* (réimír threise) nuair a thagann *d, t* nó *s* ar a lorg, e.g., *An-duine is ea é*; *Bhí an-dea-aimsir ann an samhradh sin*; *An-drochrud a bhí sa bhean sin* (féach 2.1.7).

10.2.13 I nDiaidh na Copaile

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh na copaile sa mhodh táscach, aimsir chaite agus aimsir ghnáthchaite, agus sa mhodh coinníollach, e.g., *Ba dhuine mór é*; *Ar shagart é?*; *Níor dhochtúir é*; *Nár cheoltóir maith é?*; *Is dóigh leis gur ghadaí a bhí ann*; *Dúirt sí gurbh fhiú labhairt léi*; *Deir sé nár dhochar é*; *cér chás é (ach)*; *dá mba chailín í*; *fear dar shloinne Ó Murchú*; *má ba bhithiúnach é*; *murar bhréag é* (féach Caibidil 7):

Ba mheicneoir í nuair a bhí sí óg.
Ba mhian liom dul ann am éigin.

10.3 Séimhiú ar an Aidiacht

Cuirtear séimhiú ar an aidiacht sna cásanna seo a leanas.

10.3.1 I nDiaidh Ainmfhocail

Séimhítear túschonsan aidiachta cáilíochta–

(a) i ndiaidh ainmfhocal atá san ainmneach, sa tabharthach nó sa ghairmeach uatha baininscneach, e.g., *bean mhór*; *don bhean mhór*; *a bhean mhór*:

Ceannaíonn sé feoil **bhlasta** i gcónaí.
Fan taobh thiar den líne **bhuí**.

Tabhair faoi deara nach gcuirtear séimhiú ar fhrásaí aidiachtacha ilfhoclacha, e.g., *athnuachan saor in aisce*; *bean mór le rá*; *tuarascáil cothrom le dáta* (féach 4.3.8).

(b) i ndiaidh ainmfhocal atá sa ghinideach nó sa ghairmeach uatha firinscneach, e.g., *mac fir mhóir*; *a fhir mhóir*:

Ar bhuail tú le húinéir an chapaill **ghlais**?
Dán leis an bPiarsach is ea *A Éin* ***Bhig***.

(c) i ndiaidh ainmfhocal atá san ainmneach nó sa tabharthach iolra, má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar chonsan caol, e.g., *fir mhóra*; *do na fir mhóra* (eisceacht: *caora* san ainmneach iolra, e.g., *caoirigh beaga bána móra*, etc.):

Ní mór lipéid **shothuigthe** a chur ar earraí glantacháin.
Bhí scamaill **mhóra dhubha** sa spéir.

Tabhair faoi deara go mbristear an ceangal gramadaí le lúibíní, e.g., *gnóthais (beag nó mór)*.

(d) i gcás uimhreacha:

(i) i ndiaidh ainmfhocal a bhfuil *dá* nó *dhá* roimhe, e.g., *dhá bhó bhána*; *luach an dá bhó bhána*; *an dá leabhar déag mhóra*; *dhá fhuinneog mhóra is tríocha*; *dhá cheann mhóra is ceathracha*:

Fuair sé dhá ghadhar **fhíochmhara**.
Ní mór doirse an dá theach **bheaga** a chur faoi ghlas.

(ii) i ndiaidh ainmfhocal san uatha a bhfuil uimhir ó *trí* go *deich* roimhe, e.g., *trí (ceithre, cúig, sé) bhád mhóra*; *seacht (ocht, naoi, deich) gcapall mhóra*; *trí (ceithre, cúig, sé) fhuinneog déag mhóra*; *seacht (ocht, naoi, deich) mbád déag mhóra*; *ocht gcéad nócha is naoi mbád bheaga*; *lucht na dtrí (gceithre*, etc.*) bhád mhóra*; *ainmneacha na seacht (n-ocht*, etc.*) gcapall mhóra*:

Cheannaigh sí trí leabhar **fhada** dá laethanta saoire.
Taispeánadh deich scannán **cháiliúla** le linn na féile.

Tabhair faoi deara, má úsáidtear an Córas Simplithe os cionn fiche (féach 9.3.10–9.3.12) nach gcuirtear séimhiú ach amháin ar aidiacht a thagann i ndiaidh ainmfhocal baininscneach, e.g., *fiche a trí capall mór*; *45 fuinneog mhór*.

(iii) i ndiaidh an leagain iolra *cinn* nuair atá uimhir ó *trí* go *deich* roimhe, e.g., *trí cinn dhubha*; *cúig cinn mhóra is seasca*:

D'aimsigh sí trí cinn **fholmha** sa chuardach.

(e) sa tabharthach uatha firinscneach, má tá Córas an tSéimhithe á úsáid (féach 1.7).

10.3.2 Roimh Ainmfhocal

Nuair a thagann aidiacht roimh ainmfhocal–

(a) séimhítear an aidiacht ar lorg réamhfhocal simplí, ar lorg réamhfhocal simplí agus an ailt agus ar lorg aidiacht shealbhach ar an tslí chéanna ar a séimhítear an t-ainmfhocal, e.g., *ar thrí euro*; *don cheathrú bean*; *mo shéú hubh* (féach 9.5.1):

Déanfar é laistigh **de cheithre** mhí.
Thug siad **don chúigiú** cuairteoir é.
Ba é **a thríú** hiarracht é.

(b) cuirtear séimhiú ar an orduimhir sa tuiseal ginideach ar an tslí chéanna a gcuirtear séimhiú ar ainmfhocal firinscneach, e.g., *doras an cheathrú seomra*, ach ní shéimhítear *f*, e.g., *i dtrátha an fichiú lá* (féach 9.5.4(d))

Chuaigh bróga **an chúigiú** girseach amú.
Bhí bia **an fichiú** fear le dáileadh fós.

Tabhair faoi deara nach séimhítear–

(i) an orduimhir san ainmneach, ach amháin *céad* (féach 9.5.1(b)), e.g., *an tríú duine*; *an cúigiú bean*; ach *an chéad áit*; *na chéad chéimeanna*:

Is tusa **an ceathrú** duine a chuir an cheist sin orm.
Bhain sí **an séú** háit amach sa rás.

(ii) *cibé*, *gach* ná *pé*:

Ní foláir é a chríochnú laistigh **de cibé** tréimhse a cheadóidh an tAire.
Ba cheart **do gach** institiúid a rialacha slándála féin a urramú.
Níor fhéad sé cur síos a dhéanamh **ar pé** rud a bhí ag cur isteach air.

(iii) na haidiachtaí sealbhacha *mo* agus *do*, e.g., *ar mo mhála*; *faoi do chara*:

Rachadh sé trí **do** chroí.
Chonaic mé é ar **do** shuíomh gréasáin.

10.3.3 Ar *dhá* agus ar *dháréag*

Bíonn séimhiú ar na haidiachtaí *dhá* agus *dháréag*, e.g., *mo dhá bhróg*; *bhí dháréag i láthair*; ach amháin i ndiaidh an ailt uatha (*an, don, sa,* etc.), *aon* agus *chéad*, e.g., *an dá áit*; *gach aon dá uair an chloig*; *an chéad dá bhliain*; *an Dáréag Aspal*; *gach aon dáréag acu*; *an chéad dáréag a cháiligh*; *Cogadh an Dá Aodh*.

Chaith siad **dhá** uair an chloig ann.
Roghnaigh siad **dháréag** chun bheith páirteach sa chomórtas.
Bhí **an dá** bhronntanas oscailte aici.
Cén treoir a tugadh **don dáréag** ar an ngiúiré?

10.3.4 Ar *déag* agus ar *fichead*

Bíonn séimhiú ar *déag* i ndiaidh *dó* agus i ndiaidh ainmfhocal uatha a chríochnaíonn ar ghuta, e.g., *trí bhó dhéag*; *cúig lá dhéag*; ach amháin sna horduimhreacha (féach 9.5.2(e)). Séimhítear *fichead* i ndiaidh ainmfhocal a bhfuil iolra caol air, e.g., *trí cinn fhichead*.

Fuair sé bus uimhir a dó **dhéag**.
Mhair an cúrsa seacht mí **dhéag**.
Seacht gcinn **fhichead** de ghearrscéalta atá sa chnuasach.

10.3.5 Sa Chomhfhocal

Séimhítear an dara focal i gcomhfhocal, e.g., *beagmhaith, fíordheas*, ach amháin nuair a thagann *d, t* nó *s* i ndiaidh *d, n, t, l* nó *s*, e.g., *antrom, bándearg, caolsrónach, casdubh, fadsaolach, ildánach, ilteangach.*

Rinne siad staidéar ar ábhar **leathsheoltach** mar chuid den rang fisice.
Fuair sé íocaíocht **ollmhór** as an obair sin.
Ba léir go raibh sí **lánsásta** lena céad lá sa phost.

10.3.6 I nDiaidh na Copaile

Cuirtear séimhiú ar an aidiacht i ndiaidh na copaile sa mhodh táscach, aimsir chaite agus aimsir ghnáthchaite, agus sa mhodh coinníollach, e.g., *Ba dheas uait é*; *Ar mhaith leat é?*; *Níor bheag an gaisce é*; *Nár dhona an lá é?*; *B'fhéidir nár chneasta uaim é*; *Dá mba mhaith leat teacht, bheadh fáilte romhat*; *má ba shaibhir an fear é* (féach Caibidil 7).

Dúirt sé **gur mhór** an leas dó é.
Murarbh fhíor é, **níor cheart** a leithéid a rá.

10.4 Séimhiú ar an mBriathar

10.4.1 Séimhiú ar an mBriathar Neamhspleách

Séimhítear an briathar neamhspleách–

(a) sa mhodh táscach, aimsir chaite agus aimsir ghnáthchaite, agus sa mhodh coinníollach, e.g., *mhol mé* (*mhol tú*, etc.), *mholainn* (*mholtá*, etc.), *mholfainn*, (*mholfá*, etc.), *mholtaí*, *mholfaí*:

Shábháil sí go leor airgid.
Théidís ann gach lá.
Chuideodh sé leat dá gcuirfeá ceist air.

(b) i ndiaidh *a*, coibhneas díreach, agus i ndiaidh na gcónasc *má* agus *ó*:

Is í sin an bhean **a ghlanfaidh** an áit.
An bhfaca tú an gluaisteán **a thiomáineann** sí?
Má bhíonn sé ann tabhair leat é.
Ó chuir tú i mo cheann é níor smaoinigh mé ar rud ar bith eile.

(c) san fhochlásal dearfach atá mar ainmní ag an gcopail i leaganacha mar *Is ann a chonaic mé é*; *Is leis a bheidh mé*:

Is sa siopa sin **a cheannaíonn** sé a chuid éadaí.
Is ar líne **a chraolfar** é.

Ach, tabhair faoi deara–

(i) Taobh amuigh de bhriathra neamhrialta áirithe – *bhíothas*, *chonacthas*, *chualathas*, *chuathas*, *thángthas* – ní shéimhítear an saorbhriathar san aimsir chaite, e.g., *Buaileadh go dona iad*; *an geall a briseadh*:

Ní raibh sé sa bhaile **ó fuarthas** ciontach é.
Ba leis **a cailleadh** é.

(ii) Ní shéimhítear an briathar *abair* in aon chás:

Dúirt siad go mbeidís ann.
Cad a **déarfaidh** tú léi?
Má **deir** sí nach bhfuil suim aici ann, ná bí buartha faoi.

10.4.2 Séimhiú ar an mBriathar Spleách

Séimhítear an briathar spleách i ndiaidh na gcónasc agus na míreanna briathartha *ar*, *cár*, *dár*, *gur*, *murar*, *nár*, *ní*, *níor*, *sular*:

Ar chuir sé i bhfolach é?
Cár ghortaigh sé é féin?
Gach duine **dár chuir** tú in aithne dom.
Sílim **gur thuig** sé mé.
Murar mharaigh sé é chuaigh sé gairid dó.
Nár phós sé riamh?
Ní fhaca sé mé.
Níor fhéad mé é a dhéanamh.
Bhí mise anseo **sular tháinig** Seán.

Ach, tabhair faoi deara:

(a) go n-uraítear an briathar *faigh* sa leagan spleách san aimsir chaite, san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach i ndiaidh na míre briathartha *ní*, e.g., *Ní bhfuair tú ansin iad*; *Ní bhfaighinn aon chabhair uathu* (féach 10.8.2(b)).

(b) nach séimhítear an briathar *abair* in aon chás, e.g., *Ní déarfadh aon duine gur theip ort*.

10.5 Séimhiú ar an bhForainmneach

10.5.1 I nDiaidh an Réamhfhocail *ó*

Cuirtear séimhiú ar an bhforainmneach taispeántach *sin* i ndiaidh an réamhfhocail *ó* sa fhrása *ó shin* (*i leith*).

Bhisigh an aimsir **ó shin**.
Tharla sé tamall maith **ó shin**.

10.5.2 I nDiaidh Réamhfhocal

Ní shéimhítear na forainmnigh cheisteacha *cá*, *cad*, *cé*, etc:

Thug sé tuairisc ar **cé** a bhí i láthair.
Níor thrácht sé ar **cad** a bhí le déanamh.

An tUrú

Is iad seo na consain inuraithe: *b, c, d, f, g, p* agus *t*. Cuirtear *n-* roimh ghuta san áit a ndéanfaí urú a chur ar chonsan, ach amháin sa tuiseal tabharthach ar lorg an ailt nó an ailt i gcumasc le réamhfhocal, e.g., ar an uisce, faoin ábhar; agus i gcás *i* (féach 10.6.4). Cuirtear fleiscín idir an t-urú *n* agus guta, e.g., *líon na n-ospidéal*; ach amháin nuair is ceannlitir an guta, e.g., *meon na nAlbanach*.

10.6 Urú ar an Ainmfhocal

Cuirtear urú ar an ainmfhocal sna cásanna seo a leanas.

10.6.1 I nDiaidh an Ailt

Cuirtear urú ar an ainmfhocal i ndiaidh an ailt–

(a) sa tabharthach uatha, firinscneach agus baininscneach, i roinnt cásanna nuair a ghabhann réamhfhocal leis an alt, e.g., *ar an gcapall*; *faoin bhfoirgneamh* (féach 1.4):

Fuair sé teachtaireacht bhuíochais **ón mbrídeach**.
Chuir siad fáilte **roimh an gcuairteoir**.

Tabhair faoi deara go mbíonn urú ann i gcónaí sna frásaí *mar an gcéanna* agus *um an dtaca.*

(b) sa tuiseal ginideach iolra, firinscneach agus baininscneach, e.g., *seolta na mbád beag*; *scoil na gcailíní óga*:

Bhí **ceol na n-éan** le cloisteáil ar fud na coille.
Tá siad **ag maisiú na dtithe** roimh theacht an tsamhraidh.

10.6.2 I nDiaidh na nAidiachtaí Sealbhacha san Iolra

Cuirtear urú ar an ainmfhocal i ndiaidh na n-aidiachtaí sealbhacha san iolra, e.g., *ár n-athair*; *bhur bpáistí*; *a ngluaisteáin*:

Bhuail mé le **bhur gcairde** ag an mbainis.
Deirtear gurb iad **a gcácaí** siúd na cácaí is deise dá bhfuil ann.

Tabhair faoi deara go ndéantar urú i ndiaidh *dhá* má tá aidiacht shealbhach san uimhir iolra roimhe, e.g., *ár dhá gcapall*; *ár dhá gcúigiú cuid*; *bhur dhá dteach*; *a dhá mbó* (féach 8.3.3).

10.6.3 I nDiaidh Uimhreacha Áirithe

Cuirtear urú ar an ainmfhocal i ndiaidh na mbunuimhreacha *seacht* go *deich*, e.g., *seacht ndícheall*; *ocht gcinn*; *naoi mbliana*; *deich n-eachtra* (féach 9.3.1(i)):

Cuirfear tús le **seacht gclár** faisnéise nua Dé Luain seo chugainn.
Chonaic sé **naoi n-éan** sa spéir.

Ní dhéantar athrú tosaigh ar na hainmfhocail *euro* agus *cent*, e.g., *seacht euro*; *naoi euro*; *deich cent*.

Tabhair faoi deara:

(a) gurb é an t-athrú tosaigh a ghabhann leis an uimhir dheiridh i sraith a bhíonn le cur ar an bhfocal nó ar na focail eile atá faoina réir, e.g., *sé nó seacht mbád*;

(b) má úsáidtear an Córas Simplithe os cionn fiche (féach 9.3.10–9.3.12), nach gcuirtear urú ar an ainmfhocal, e.g., *fiche a seacht capall*; *49 fuinneog*.

10.6.4 I nDiaidh Réamhfhocail Shimplí Áirithe

Cuirtear urú ar an ainmfhocal i ndiaidh na réamhfhocal simplí seo a leanas–

(a) *i*, e.g., *i mbaile*; *i bpáirc*; *i mBaile an Fheirtéaraigh*:

Bhí sé **i bpriacal** a anama.
Is **i mBéal Átha an Ghaorthaidh** a bunaíodh Coláiste na Mumhan.

Scríobhtar *in* roimh fhocail a thosaíonn ar ghuta, e.g., *in eaglais*; *in Albain*; *in Áth Dara*; *in Éirinn*; *in aon chás*; agus sna cásanna seo a leanas:

(i) roimh *bhur*, *dhá* agus *go leor*, e.g., *an áit a bhfuil sibh in bhur gcónaí*; *in dhá áit*; *in go leor cásanna*:

Chuir mé **in bhur** gcistin é.
Tá an grúpa ceoil ar an ngearrliosta **in dhá** chomórtas.

(ii) roimh theidil leabhar, irisí nó scannán, etc., agus roimh ghiorrúcháin ar theidil eagraíochtaí, comhaontuithe, scéimeanna, etc., e.g., *in* An tOileánach; *alt in* Comhar; *in AE*; *in CAE*; *in FSS* (ach féach 3.2.2B):

Léigh mé alt suimiúil **in *Feasta*** an mhí seo caite.
Cá mhéad stát atá **in SAM**?

(iii) roimh logainmneacha iasachta nach bhfuil gaelaithe, e.g., *in Birmingham*; *in Barcelona*; *in Köln* (ach *i Londain*, *i mBostún*):

Chaith sí seachtain ag obair **in Mumbai**.
Thuirling an t-eitleán **in San Francisco** ar a sé a chlog ar maidin.

(iv) roimh bhlianta nuair a scríobhtar ina bhfigiúirí iad, e.g., *in 1998*; *in 2017*.

(b) *ar* i gcorrleagan, e.g., *ar gcúl*; *ar ndóigh*; agus i ndiaidh an réamhfhocail *go* (nuair nach *go dtí* is ciall leis), e.g., *go bhfios dom*; *go gcuimhin liom*:

Níl lámh **ar gcúl** againn.
Cath **go ndíth** ab ea é, gan aon agó.

10.6.5 I nDiaidh *cá*

Cuirtear urú ar an ainmfhocal sa fhrása seanbhunaithe *cá bhfios*.

> **Cá bhfios** dom?

10.7 Urú ar an Aidiacht

Cuirtear urú ar aidiacht a thagann roimh ainmfhocal ar an tslí chéanna ar a n-uraítear an t-ainmfhocal (féach 10.6). Is é sin le rá, go n-uraítear aidiacht i ndiaidh an ailt sa tabharthach uatha i gcásanna áirithe, e.g., *ar an gceathrú hurlár*; sa tuiseal ginideach iolra, e.g., *i rith na gcúig oíche*; i ndiaidh na n-aidiachtaí sealbhacha san iolra, e.g., *ár gcéad mhac*; agus i ndiaidh an réamhfhocail *i*, e.g., *i ngach leabhar*.

> Cá bhfuil **bhur dtríú** haiste don tionscadal?
> Rinne sí scéal mhadra **na n-ocht** gcos as.
> Moladh cruinnithe a thionól **i ngach** contae.

Tabhair faoi deara nach n-uraítear:

(a) *cibé, pé*, ná an aidiacht shealbhach *do*, e.g., *i cibé foirm*; *i pé páipéar*; *i do mhála*:

> Foilseoidh an Chomhairle an clár **i cibé** formáid is cuí léi.
> Coimeádfar é **i pé** oifig is mian leat.
> Tá dul amú **i do** thuairim ort.

(b) aidiacht ar lorg ainmfhocail, e.g., *cumann na bhfear óg*; *seolta na mbád dubh.*

10.8 Urú ar an mBriathar

Cuirtear urú ar an mbriathar sna cásanna seo a leanas.

10.8.1 San Fhochlásal Coibhneasta

Cuirtear urú ar an mbriathar san fhochlásal coibhneasta i ndiaidh–

(a) *a*, coibhneas indíreach, agus *nach*, e.g., *an bainne nach n-óltar*; *an bhean a dtagann a páistí ar scoil*; *an duine a gcáintear é*; *an duine nach gcáintear é*; *an fear nach gcuirtear cúram air*:

> Is í sin an bhean **nach dtagann** a páistí ar scoil.
> Is é sin an fear **a dtugtar** aire dó san ionad cónaithe.

(b) réamhfhocal i gcumasc le *a*, coibhneas indíreach (féach 11.6.1(c)), e.g., *an tAcht dá* (as *do+a*) *dtagraítear*; *an Bille lena* (as *le+a*) *ndéantar leasú*:

Is é sin an chuideachta **óna bhfuair** mé mo théacsleabhair.
Is é sin an t-ainm **faoina ndíolann** sé earraí ar líne.

(c) *a* (sa bhrí *an méid a*) agus *dá* (as *de+a*, *do+a*), e.g., *d'ólfadh sé a bhfeicfeadh sé*; *gach aon duine dá dtagann ann*; *gach áit dá ndéantar tagairt*:

Tá **a dteastódh** uait i mbanna ceoil acu.
Beidh gach duine **dá dtabharfar** cuireadh ann.

10.8.2 I nDiaidh Cónaisc agus Míreanna Áirithe

Cuirtear urú ar an mbriathar i ndiaidh na gcónasc agus na míreanna briathartha–

(a) *an*, *cá*, *dá* (coinníollach), *go*, *mura*, *nach*, *sula*:

An mbeidh cupán tae agat?
Cá dtéann an bóthar seo?
Dá mbeadh an t-airgead aige, chaithfeadh sé é.
Abair leis **go bhféadfaidh** sé imeacht.
Mura n-inseoidh tú an scéal, cuirfidh mé ceist ar dhuine éigin eile!
Nach n-ólann sé bainne?
Ní mór é a chríochnú **sula dtiocfaidh** sé.

Ach ní chuirtear *n-* roimh ghuta i ndiaidh na míre *an*, e.g., *An ólann tú tae?*; *An itheann tú feoil?*; *An athróidh tú é?*:

An éisteann sé le ceol agus é ag staidéar?
An osclóidh tú an oifig maidin amárach?

(b) *ní*, i gcás an leagain spleách den bhriathar *faigh* san aimsir chaite, san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach, e.g., *ní bhfuair mé (tú*, etc.*)*, *ní bhfaighidh mé (tú*, etc.*)*, *ní bhfaighinn (bhfaighfeá*, etc.*)*:

Ní bhfuair mé aon chaife ar maidin.
Mura n-iarrfaidh tú é **ní bhfaighidh** tú é.
Ní bhfaighfeá san ollmhargadh sin é.

t roimh Ghuta nó roimh *s*

Cuirtear fleiscín idir an réamhlitir *t* agus guta, e.g., *an t-ospidéal*; ach amháin nuair is ceannlitir an guta, e.g., *an tAlbanach.* Ní chuirtear fleiscín riamh idir an réamhlitir *t* agus *s*, e.g., *an tsatailít*; *an tSeapáin*.

10.9 *t* roimh Ghuta i nDiaidh an Ailt

10.9.1 Cuirtear *t-* roimh ghuta i ndiaidh an ailt–

(a) san ainmneach uatha, roimh ainmfhocal firinscneach más guta atá ina thús, e.g., *an t-asal*; *an t-eitleán*:

Cá bhfuair tú **an t-airgead**?
Bhí eagla orthu go ndéanfaí **an t-éiceachóras** a scriosadh.

Tabhair faoi deara nach gcuirtear *t-* roimh *euro*, *iomad* ná *oiread*, e.g., *an euro*, *an iomad*, *an oiread*.

(b) san ainmneach uatha, roimh *aon*, *aonú*, *ochtó*, *ochtódú*, *ochtú*, e.g., *an t-aon bhean déag*; *an t-aonú háit déag*; *an t-ochtó bliain*; *an t-ochtódú huair*:

Is tusa **an t-aon** duine ar labhair mé leis faoin scéal.
B'in é **an t-ochtú** cluiche aici i mbliana.

10.10 *t* roimh *s* i nDiaidh an Ailt

10.10.1 Cuirtear *t* roimh *s* i ndiaidh an ailt más guta nó *l*, *n* nó *r* atá ar a lorg i gcásanna áirithe i ndiaidh an ailt de réir Chaibidil 1, e.g., *an tslat*; *an tsnaidhm*; *an tsreang*; *ar an tsráid*; *faoin tsinsearacht*; *deireadh an tséasúir*; *eochair an tsiopadóra*; *cótaí an tseachtair*.

Ná bain **an tsrón** díom!
An bhfaca tú eireaball **an tsionnaigh**?

10.10.2 Ní chuirtear *t* roimh *s*–

(a) in uimhreacha, e.g., *deireadh an seachtú lá*; *agallamh an seascadú duine*, ach amháin uimhreacha pearsanta sa ghinideach, e.g., *ainmneacha an tseisir*; *torthaí an tseisear scoláirí*:

Cad a fuair tú i dteannta **an seasca** euro?
Labhair sé faoi ghéarchéim **an séú** haois déag.

(b) i ndiaidh *aon* agus na horduimhreach *céad*, e.g., *aon salann*; *aon seanmóir*; *an chéad sagart*:

An bhfuil **aon saill** sa bhia sin?
Is í seo an **chéad saoire** a bheidh againn le chéile.

h roimh Ghuta

Ní chuirtear fleiscín idir an réamhlitir *h* agus guta, e.g., *le háthas*; *go hÉirinn*; *na húlla*. Cuirtear *h* roimh ghuta sna cásanna seo a leanas.

10.11 *h* Roimh Ghuta – An tAinmfhocal

10.11.1 I nDiaidh an Ailt *na*

Cuirtear *h* roimh ainmfhocal a thosaíonn ar ghuta i ndiaidh an ailt *na*–

(a) sa ghinideach uatha baininscneach, e.g., *ainm na háite*; *lár na heitilte*:

> Foilsíodh leabhar nua faoi stair **na hUachtaránachta**.
> Bhí glacadh forleathan leis an tuairim sin faoi dheireadh **na haoise** seo caite.

(b) san ainmneach iolra agus sa tabharthach iolra, e.g., *na hainmneacha*; *sna hionaid sin*:

> Tá **na huimhreacha** go léir ar eolas aige.
> Cliceáil faoi dhó ar **na híomhánna** chun iad a mhéadú.

10.11.2 I nDiaidh Uimhreacha Áirithe

(a) Cuirtear *h* roimh ainmfhocal a thosaíonn ar ghuta i ndiaidh na n-orduimhreacha, e.g., *an dara (tríú,* etc.*) heochair*; ach amháin *céad*, e.g., *sa chéad áit*; *an chéad obráid.*

> Déanaigí **an ceathrú halt** a léamh roimh rang an lae amárach.
> Tá **an t-ochtú heagrán** den iris ar fáil anois.

(b) Cuirtear *h* roimh *uaire* i ndiaidh *trí, ceithre, cúig, sé*, e.g., *trí* (*ceithre, cúig, sé*) *huaire* (féach 9.3.2(c)).

> Theip uirthi **trí huaire** as a chéile.
> Tá sé déanta aige **sé huaire** anois.

Tabhair faoi deara nach n-úsáidtear an leagan iolra ar leith den ainmfhocal *uair* nuair is aonad 60 nóiméad atá i gceist, e.g., *Thóg sé trí uair an chloig orm an obair a chríochnú.*

10.11.3 I nDiaidh na Réamhfhocal *le* agus *go*

Cuirtear *h* roimh ainmfhocal a thosaíonn ar ghuta i ndiaidh na réamhfhocal *le* agus *go* (sa bhrí *go dtí*), e.g., *ó mhaidin go hoíche*; *le hintinn mhaith*; *le hÁine*; *go hAlasca.*

> Is ar an mbád a chuaigh sí **go hÁrainn**.
> Chuaigh siad ar stailc i bpáirt **le hoibrithe** eile.

10.11.4 I nDiaidh an Fhorainmnigh Cheistigh

Cuirtear *h* roimh ainmfhocal a thosaíonn ar ghuta i ndiaidh an fhorainmnigh cheistigh *cá*, e.g., *cá hiontas?*; *cá háit?*

> **Cá haois** í anois?
> **Cá huair** a bheidh an dráma ag tosú?

10.11.5 I Sloinnte

Cuirtear *h* roimh ainmfhocal a thosaíonn ar ghuta i ndiaidh *Ó* i sloinnte, e.g., *Seán Ó hÓgáin*; *do Chathal Ó hAodha*.

> Máirtín **Ó hÉalaí** is ainm dó.
> Dúirt Séamas **Ó hUiginn** go raibh sé sásta leis an bpróiseas.

10.11.6 I nDiaidh *Dé*

Cuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *Dé* in *Dé hAoine*.

> Gheall sí go mbeadh sí ann **Dé hAoine**.
> Ba oíche **Dé hAoine** a tharla sé.

10.11.7 I nDiaidh na hAidiachta Sealbhaí *a*

Cuirtear *h* roimh ainmfhocal a thosaíonn ar ghuta i ndiaidh *a*, aidiacht shealbhach, sa tríú pearsa uatha baininscneach, e.g., *a hathair*.

> Ar chuir sí **a hathair** in aithne duit go fóill?
> Scríobh sí leabhar álainn **faoina haistear** thart timpeall na hEorpa.

10.11.8 I nDiaidh *Ní*

Cuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *ní* (an fhoirm dhiúltach, aimsir láithreach den chopail (féach 7.2.5)):

(a) ar na hainmfhocail *áibhéil*, *ionadh*, *iontas* agus *ualach*:

> **Ní hiontas** ar bith é sin.
> **Ní hualach** do dhuine an fhoghlaim.

(b) ar an ainmfhocal sna frásaí copaile réamhfhoclacha *acmhainn do*; *áil le*; *aitheanta do*; *aithnid do*; *éadáil le*; *ealaín do*; *éigean do*; agus *eol do*:

> **Ní haithnid duit** mé.
> **Ní healaín do** lucht déanta an dlí iompú ar é a bhriseadh.

(c) ar an ainmfhocal i gcorr-sheanfhocal:

Ní haithne go haontíos.
Ní heolas go haontíos.

Tabhair faoi deara nach gcuirtear *h* roimh ainmfhocal i ndiaidh *ní* taobh amuigh de na cásanna thuasluaite, e.g., *Ní amadán é*; *Ní Eoin is ainm dom*; *Ní eolas oideachas*.

10.12 *h* roimh Ghuta – An Aidiacht agus an Dobhriathar

10.12.1 I nDiaidh *chomh, go, le*

Cuirtear *h* roimh aidiacht nó dobhriathar a thosaíonn ar ghuta i ndiaidh *chomh*, *go* agus *le*, e.g., *chomh hard le haon chapall*; *Tá sé go hálainn*.

Bhí an crann crónghiúise **chomh hard** le foirgneamh tríocha urlár.
Ní bhíonn sé anseo ach **go hannamh**.
Ní ghlacfar **le haon** iarratas tar éis 5 p.m. Dé hAoine.

10.12.2 I nDiaidh *ní*

Cuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *ní* (an fhoirm dhiúltach, aimsir láithreach den chopail (féach Caibidil 7)):

(a) ar na haidiachtaí *amháin, aon, ionann* agus *iondúil*, agus ar na dobhriathra *amhlaidh* agus *annamh*:

Ní hamháin gur saoire na geansaithe sin ach is fearr iad chomh maith.
Ní hionann an dá rud ar chor ar bith.
Ní hamhlaidh nár insíodh di.

(b) ar an aidiacht sna frásaí copaile réamhfhoclacha *eagal do/le* agus *oircheas do*:

Ní heagal duit an madra.
Ní hoircheas duit labhairt air.

10.12.3 I nDiaidh *a* agus *na*

Cuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *a* agus *na* sna huimhreacha, e.g., *ceacht a haon*; *na hocht gcinn.*

Fuair sí bus **a haon déag**.
Cár cheannaigh tú **na hocht** n-úll dhearga sin?

10.13 *h* roimh Ghuta – An Forainmneach

10.13.1 I nDiaidh *cé* agus *ní*

Cuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *cé* agus *ní* ar na forainmnigh phearsanta *é, í, ea* agus *iad*, e.g., *ní hé*; *ní hí*; *ní hea*; *ní hiad*; *cé hé?*; *cé hí?*; *cé hiad?*

Ní hé lá na báistí lá na bpáistí.
Cé hiad féin?

10.13.2 I nDiaidh *ní*

Cuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *ní* ar na forainmnigh thaispeántacha *éard, eo, in* agus *iúd*, e.g., *ní héard*; *ní heo*; *ní hin*; *ní hiúd.*

Ní heo é an rud atá le déanamh.
Ní hin é.

10.13.3 I nDiaidh *le*

Cuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *le* ar na forainmnigh phearsanta *é, í* agus *iad*, e.g., *le hé*; *le hí*; *le hiad.*

Chuaigh sé ann **le hí** a phósadh.
Rinne sé riail **le hiad** a smachtú.

10.14 *h* roimh Ghuta – An Briathar

10.14.1 I nDiaidh *ná*

Cuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *ná* sa mhodh ordaitheach, e.g., *ná himigh.*

Ná habair dada leis faoin gcóisir.
Ná hosclaígí an doras mura bhfuil a fhios agaibh cé atá ann.
Ná hóltar sa Dánlann.

d' roimh Ghuta nó roimh *fh*

10.15 *d'* roimh Ghuta nó roimh *fh* – An Briathar

Cuirtear *d'* roimh ghuta nó *fh-* san áit a mbeadh séimhiú ar chonsan san aimsir chaite agus san aimsir ghnáthchaite, modh táscach, agus sa mhodh coinníollach, e.g., *d'fhágamar*; *d'fhanadh sibh*; *d'fhreagróinn*; *d'imeoinn*; *d'ithinn*; *d'ól sé*; *an té a d'imigh*; *d'aithneofaí í*; *má d'fhág sé*; *má d'fheiceadh sé*; *má d'imríomar.*

An í sin an cheist a **d'fhreagair** sé?
Théidís abhaile láithreach nuair a **d'fhágaidís** an áit.
Ní raibh mé cinnte faoin méid a **d'íosfadh** sé.

10.16 Achoimre ar na hAthruithe Tosaigh

Mar áis tagartha, tugtar achoimre anseo ar na cásanna ina gcuirtear séimhiú ar ainmfhocail, ar aidiachtaí, ar bhriathra agus ar fhorainmnigh. Tá míniú ar an riail iomlán ar fáil faoi na crostagairtí sa cholún ar chlé.

AN SÉIMHIÚ	
Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
I ndiaidh an ailt *an* san ainmneach uatha baininscneach, sa ghinideach uatha firinscneach agus, i roinnt cásanna, sa tabharthach uatha, firinscneach agus baininscneach (10.2.1)	an bhean; hata an fhir; don chlár; sa pháirc
I ndiaidh na míre gairmí, uatha nó iolra, firinscneach nó baininscneach (10.2.2)	a bhuachaill; a dhaoine uaisle
I ndiaidh na n-aidiachtaí sealbhacha *mo*, *do* agus *a* (fir. uatha); i ndiaidh na haidiachta rannaí *uile*; agus i ndiaidh na haidiachta éiginnte *aon* (10.2.3)	mo pheann; do chat; a ghuthán; gach uile dhuine; aon bhord
I ndiaidh na n-uimhreacha *aon*, *céad; dhá*; agus *trí*, *ceithre*, *cúig*, *sé* (10.2.4)	aon chailín amháin; an chéad bhróg; dhá mhadra; trí bhád
I ndiaidh na réamhfhocal *de*, *do*, *faoi*, *ionsar*, *mar*, *ó*, *roimh*, *trí*; *um* mura *b*, *m*, *p* túslitir an ainmfhocail; agus *ar*, *gan*, *idir*, *thar* i gcásanna áirithe (10.2.5)	faoi bhord; um Cháisc; ar bhád; idir fhir agus mhná
I ndiaidh réamhfhocal comhshuite más ainmfhocal cinnte an t-ainmfhocal (10.2.6)	in aice Bhaile Átha Cliath; timpeall mhí na Nollag
I ndiaidh ainmfhocal baininscneach seachas sna cásanna a luaitear in 10.2.7(a)–(m) (10.2.7)	cloch shneachta; tuarascáil pharlaiminte
I ndiaidh ainmfhocal san iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol i ngach cás nach luaitear in 10.2.8(a)–(f) (10.2.8)	éin chlóis; ceadúnais ghnó
I ndiaidh ainmfhocal atá san uatha nó san iolra, firinscneach nó baininscneach, más ainmfhocal cinnte sa ghinideach é (10.2.10)	Cuan Bhaile Átha Cliath; doras Theach an Phiarsaigh
I sloinnte i ndiaidh *Mhic*, *Mhig*, *Ní*, *Nic*, *Nig*, *Uí*, agus i ndiaidh *Mac (Mag)* i gcásanna áirithe (10.2.11)	Úna Nic Shuibhne; Isibéal Nig Fhloinn
Más é an dara focal i gcomhfhocal é (10.2.12)	dea-cháil; deargbhuile; rósghairdín
I ndiaidh na copaile sa mhodh táscach, aimsir chaite agus aimsir ghnáthchaite, agus sa mhodh coinníollach (10.2.13)	Ba mheicneoir é; Nár cheoltóir maith é?; Ba dhóigh leis gur ghadaí é.

Tábla 10A Achoimre ar an Séimhiú

AN SÉIMHIÚ	
Cuirtear séimhiú ar an aidiacht sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
I ndiaidh ainmfhocal atá san ainmneach, tabharthach nó gairmeach uatha baininscneach; sa ghinideach nó sa ghairmeach uatha firinscneach; san ainmneach nó sa tabharthach iolra má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar chonsan caol (nó sa tabharthach uatha firinscneach má tá Córas an tSéimhithe in úsáid) nó i ndiaidh ainmfhocal san uatha má tá *dhá* nó uimhir ó *trí* go *deich* roimhe (10.3.1)	feoil bhlasta; leis an mbean cháiliúil; a ghirseach chiúin; úinéir an chapaill ghlais; a éin bhig; lipéid shothuigthe; ar na scamaill mhóra dhubha; dhá ghadhar fhíochmhara; dhá chat thanaí; trí fhuinneog mhóra
Ar an tslí chéanna ar a séimhítear ainmfhocal ar lorg réamhfhocal simplí, ar lorg réamhfhocal simplí agus an ailt, ar lorg aidiacht shealbhach, agus sa tuiseal ginideach firinscneach (10.3.2)	laistigh de cheithre mhí; sa chúigiú háit; a thríú hiarracht (*tríú pearsa fir.*); bróga an cheathrú girseach
Ar na haidiachtaí *dhá* agus *dháréag* (10.3.3)	dhá bhróg; Bhí dháréag i láthair.
Ar *déag* i ndiaidh *dó* agus ainmfhocal uatha a chríochnaíonn ar ghuta; agus ar *fichead* i ndiaidh ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol (10.3.4)	a dó dhéag; cúig bhó dhéag; trí cinn fhichead
Más é an dara focal i gcomhfhocal é (10.3.5)	beagmhaith; fíordheas; ollmhór
I ndiaidh na copaile sa mhodh táscach, aimsir chaite agus aimsir ghnáthchaite, agus sa mhodh coinníollach (10.3.6)	ba dheas; nár dhona; níor cheart
Cuirtear séimhiú ar an mbriathar sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
Ar an mbriathar neamhspleách sa mhodh táscach, aimsir chaite agus aimsir ghnáthchaite, agus sa mhodh coinníollach; i ndiaidh *a*, coibhneas díreach; i ndiaidh na gcónasc *má* agus *ó*; agus san fhochlásal dearfach atá mar ainmní ag an gcopail (10.4.1)	mhol mé; mholainn; mholfainn; an bhean a thiomáineann é; má dhéanann tú; Is ann a cheannaíonn sé leabhair.
Ar an mbriathar spleách i ndiaidh na gcónasc agus na míreanna briathartha seo a leanas: *ar*, *cár*, *dár*, *gur*, *murar*, *nár*, *ní*, *níor*, *sular* (10.4.2)	ar chuir tú; nár phós sé; níor cheannaigh mé; sular tháinig sé
Cuirtear séimhiú ar an bhforainmneach taispeántach sna cásanna seo a leanas	**Samplaí**
Ar *sin* i ndiaidh *ó* sa fhrása *ó shin* (10.5.1)	ó shin i leith

Tábla 10A Achoimre ar an Séimhiú (ar lean.)

Mar áis tagartha, tugtar achoimre anseo ar na cásanna ina gcuirtear urú ar ainmfhocail, ar aidiachtaí agus ar bhriathra.

AN tURÚ	
Cuirtear urú ar an ainmfhocal sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
I ndiaidh an ailt *an* sa tabharthach uatha, firinscneach agus baininscneach, i roinnt cásanna; sna frásaí *mar an gcéanna* agus *um an dtaca* agus sa tuiseal ginideach iolra, firinscneach agus baininscneach (10.6.1)	ar an gcapall; leis an mbean; ón mbosca; tríd an bpáirc; seolta na mbád beag
I ndiaidh *ár*, *bhur*, *a* (tríú pearsa iol.) agus i ndiaidh *dhá* má thagann sé i ndiaidh *ár*, *bhur*, *a* (tríú pearsa iol.) (10.6.2)	ár n-athair; bhur bpáistí; a gcótaí; ár dhá gcapall; bhur dhá dteach
I ndiaidh *seacht*, *ocht*, *naoi*, *deich* (10.6.3)	seacht ndícheall; ocht gcinn
I ndiaidh *i*; i ndiaidh *ar* i roinnt frásaí; agus i ndiaidh *go* i gcásanna áirithe (10.6.4)	i mbád; ar gcúl; go bhfios dom
I ndiaidh *cá* sa fhrása seanbhunaithe *cá bhfios* (10.6.5)	cá bhfios dó?
Cuirtear urú ar an aidiacht sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
Ar an tslí chéanna ar a n-uraítear ainmfhocal ar lorg réamhfhocal simplí, ar lorg réamhfhocal simplí agus an ailt, ar lorg aidiacht shealbhach agus sa tuiseal ginideach iolra (10.7)	i gceithre leabhar; ar an gcúigiú duine; a dtríú hiarracht (*tríú pearsa iol.*); scéal mhadra na n-ocht gcos
Cuirtear urú ar an mbriathar sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
San fhochlásal coibhneasta i ndiaidh *a*, coibhneas indíreach, agus *nach*, i ndiaidh réamhfhocal atá i gcumasc le *a*, coibhneas indíreach, agus i ndiaidh *a* (sa bhrí *an méid* a) agus *dá* (as *de+a*, *do+a*) (10.8.1)	an bhean a dtagann a páistí ar scoil; an bainne nach n-óltar; tá a dteastódh uait acu; an leabhar dá dtagraítear
Ar an mbriathar spleách i ndiaidh na gcónasc agus na míreanna briathartha seo a leanas: *an*, *cá*, *dá* (coinníollach), *go*, *mura*, *nach*, *sula*, agus i ndiaidh *ní* i gcás an leagain spleách den bhriathar *faigh* san aimsir chaite, san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach (10.8.2)	an mbeidh; dá mbeadh; mura ndéanfaidh; Nach n-ólann sé bainne?; ní bhfuair; ní bhfaighidh sé; ní bhfaighfeá

Tábla 10B Achoimre ar an Urú

Mar áis tagartha, tugtar achoimre anseo ar na cásanna ina gcuirtear *t* roimh ghuta ag tús ainmfhocail agus aidiachta.

***t* ROIMH GHUTA**	
Cuirtear *t* roimh ghuta ag tús ainmfhocail agus ag tús aidiachta sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
I ndiaidh an ailt *an* roimh ainmfhocal firinscneach san ainmneach uatha agus roimh *aon, aonú, ochtú, ochtódú, ochtú* (10.9.1)	an t-eitleán; an t-aon duine; an t-ochtú clár sa tsraith

Tábla 10C Achoimre ar *t* roimh Ghuta

Mar áis tagartha, tugtar achoimre anseo ar na cásanna ina gcuirtear *t* roimh *s* ag tús ainmfhocail.

t* ROIMH *s	
Cuirtear *t* roimh *s* ag tús ainmfhocail sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
I ndiaidh an ailt *an* i gcás ainmfhocal baininscneach uatha (agus ainmfhocal firinscneach uatha i gCóras an tSéimhithe) atá san ainmneach nó sa tabharthach agus a thosaíonn ar *s + guta* nó *sl-, sn-, sr-*; agus i gcás ainmfhocal firinscneach uatha sa ghinideach a thosaíonn ar *s + guta* nó *sl-, sn-, sr-* (10.10.1)	an tsúil; ar an tsráid; leis an tsreang; deireadh an tséasúir; eochair an tsiopadóra

Tábla 10D Achoimre ar *t* roimh *s*

Mar áis tagartha, tugtar achoimre anseo ar na cásanna ina gcuirtear *h* roimh ghuta ag tús ainmfhocail, aidiachta, dobhriathair, forainmnigh nó briathair.

***h* ROIMH GHUTA**	
Cuirtear *h* roimh ghuta ag tús ainmfhocail sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
I ndiaidh an ailt *na* sa ghinideach uatha baininscneach agus san ainmneach iolra agus sa tabharthach iolra (10.11.1)	ainm na háite; na heitleáin; faoi na hábhair
I ndiaidh na n-orduimhreacha (ach amháin *céad*) (10.11.2(a))	an dara háit; an ceathrú halt
I ndiaidh na mbunuimhreacha *trí, ceithre, cúig, sé* i gcás *uaire* (10.11. 2(b))	trí huaire
I ndiaidh *le* agus *go* (nuair is *go dtí* is ciall le *go*) (10.11.3)	le hintinn mhaith; go hAlasca
I ndiaidh an fhorainmnigh cheistigh *cá* (10.11.4)	Cá hiontas?
I ndiaidh *Ó* i sloinnte (10.11.5)	Seán Ó hAodha
I ndiaidh *Dé* in *Dé hAoine* (10.11.6)	Dé hAoine

Tábla 10E Achoimre ar *h* roimh Ghuta

***h* ROIMH GHUTA**	
Cuirtear *h* roimh ghuta ag tús ainmfhocail sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
I ndiaidh na haidiachta sealbhaí *a*, tríú pearsa uatha baininscneach (10.11.7)	a hathair; a húll
I ndiaidh *ní* (foirm dhiúltach, aimsir láithreach den chopail) ar na hainmfhocail *áibhéil, áil, éigean, eol, ionadh, iontas, ualach,* sna frásaí copaile réamhfhoclacha *acmhainn do, aitheanta do, aithnid do, éadáil le, ealaín do, éigean do, eol do, áil le* agus i gcorr-sheanfhocal (10.11.8)	ní háibhéil é; ní hionadh é; ní hacmhainn di; ní healaín dó; ní huair chairde í; ní heolas go haontíos
Cuirtear *h* roimh ghuta ag tús aidiachta agus dobhriathair sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
I ndiaidh *chomh, go, le* (10.12.1)	chomh hard le teach; go hálainn; le haon duine
I ndiaidh *ní* (foirm dhiúltach, aimsir láithreach den chopail) ar na haidiachtaí *amháin, aon, ionann, iondúil,* sna frásaí copaile réamhfhoclacha *eagal do/le, oircheas do,* agus ar na dobhriathra *amhlaidh, annamh* (10.12.2)	ní haon ionadh é; ní hiondúil go dtarlaíonn sé; ní hamhlaidh nár insíodh di
I ndiaidh *a, na* sna huimhreacha (10.12.3)	a hocht; na hocht gcáipéis
Cuirtear *h* roimh ghuta ag tús forainmnigh sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
I ndiaidh *cé, ní* ar na forainmnigh phearsanta *é, ea, í, iad* (10.13.1)	cé hí; ní hé
I ndiaidh *ní* ar na forainmnigh thaispeántacha *éard, eo, in, iúd* (10.13.2)	ní héard; ní hin
I ndiaidh *le* ar na forainmnigh phearsanta *é, í, iad* (10.13.3)	le hiad
Cuirtear h roimh ghuta ag tús briathair sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
I ndiaidh *ná* sa mhodh ordaitheach (10.14.1)	ná habair; ná himigh

Tábla 10E Achoimre ar *h* roimh Ghuta (ar lean.)

Mar áis tagartha, tugtar achoimre anseo ar na cásanna ina gcuirtear *d'* roimh ghuta nó *fh-* ag tús briathair.

d'* ROIMH GHUTA NÓ *fh	
Cuirtear *d'* roimh ghuta nó *fh-* ag tús briathair sna cásanna seo a leanas:	**Samplaí**
San aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite agus sa mhodh coinníollach san áit a mbeadh séimhiú ar chonsan (10.15)	d'fhreagair sé; má d'fheiceadh sé; d'imigh sí; d'aithneofaí í

Tábla 10F Achoimre ar *d'* roimh Ghuta nó *fh*

CAIBIDIL 11 | AN CLÁSAL COIBHNEASTA

11.1 Ginearálta

11.1.1 Úsáidtear cónasc ar a dtugtar *an mhír choibhneasta* (deimhneach: *a, ar*; diúltach: *nach, nár*) chun príomhchlásal agus fochlásal coibhneasta a nascadh le chéile.

11.1.2 Is roimh an mbriathar san fhochlásal a chuirtear an mhír choibhneasta. Más í an chopail atá san fhochlásal, ní úsáidtear mír choibhneasta chun an príomhchlásal agus an fochlásal a nascadh le chéile ach bíonn foirm ar leith ar an gcopail féin (féach 11.8).

11.1.3 Déantar idirdhealú idir *clásal coibhneasta díreach* agus *clásal coibhneasta indíreach* (féach 11.2 agus 11.3).

11.1.4 Tugtar *réamhtheachtaí* ar an bhfocal nó ar an bhfrása sa phríomhchlásal a thagann go díreach roimh an mír choibhneasta.

> Cá bhfuil **an madra** a fuair sí?
> Eagraíodh cóisir **dóibh siúd** a chríochnaigh inniu.

11.1.5 Is *iartheachtaí* a thugtar ar fhorainmneach (lena n-áirítear aidiacht shealbhach) lena dtagraítear siar don réamhtheachtaí i gclásail choibhneasta indíreacha.

> Tabhair sin don bhuachaill a bhfuil slaghdán **air**.
> Nach ise an bhean a mbíodh teach ósta **aici**?

11.2 An Clásal Coibhneasta Díreach

11.2.1 Clásal coibhneasta díreach a bhíonn i gceist sna cásanna seo a leanas. Ní bhíonn iartheachtaí i gclásal coibhneasta díreach–

(a) más é an réamhtheachtaí ainmní an bhriathair sa chlásal coibhneasta:

> Phóg an bhean sin Gearóid.
> → Sin í an bhean **a phóg** Gearóid.
>
> Bhuail carr úrnua an leoraí.
> → Ba charr úrnua an carr **a bhuail** an leoraí.
>
> Socróidh an fear sin an cluiche.
> → Sin é an fear **a shocróidh** an cluiche.
>
> Bíonn an bhean sin ar an teilifís.
> → Sin í an bhean **a bhíonn** ar an teilifís.

(b) más cuspóir díreach don bhriathar sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí:

Phóg Gearóid an bhean sin.
→ Sin í an bhean **a phóg** Gearóid.
Bhuail an leoraí carr úrnua.
→ Ba charr úrnua an carr **a bhuail** an leoraí.
Chum an fear an dán sin.
→ Sin é an dán **a chum** an fear.
Ceannóidh an teaghlach an teach sin.
→ Sin é an teach **a cheannóidh** an teaghlach.

Nóta: Mar is léir ó (a) agus (b) roimhe seo, is abairtí débhríocha iad na habairtí: *Sin í an bhean a phóg Gearóid*; *Ba charr úrnua an carr a bhuail an leoraí*. D'fhéadfadh sé gur ainmní nó cuspóir díreach don bhriathar sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí i ngach cás. Is fearr clásal coibhneasta indíreach a úsáid i gcásanna den sórt sin más gá débhrí a sheachaint (féach 11.3.1(a) ina dhiaidh seo). Níl an abairt *sin é an dán a chum an fear* débhríoch toisc nach bhféadfadh an réamhtheachtaí (*an dán*) a bheith ina ainmní don bhriathar.

(c) más cuspóir d'ainm briathartha (cuspóir díreach nó *a* (aidiacht shealbhach)) sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí:

Sin (é) an leabhar. Tá sé á léamh aige.
→ Sin (é) an leabhar **atá** á léamh aige.
Cheannaigh sí an gúna. Bhí mé á iarraidh.
→ Cheannaigh sí an gúna **a bhí** mé a iarraidh.

Nóta: Is féidir clásal coibhneasta díreach den sórt a úsáidtear sa dara sampla thuas a úsáid i gcás an chéad sampla freisin, e.g., *Sin (é) an leabhar a bhí sé a léamh*. Mar an gcéanna: *Sin an cineál cairr atá á thiomáint aige*; *Sin an cineál cairr atá sé a thiomáint*.

(d) más é an dobhriathar ama *uair* nó an cónasc *nuair* an réamhtheachtaí:

Inseoidh mé an scéal duit nuair **a bheidh** deis agam.
An cuimhin leat an uair **a chuamar** go dtí an Spáinn?

(e) más dobhriathar ama amhail *an tráth, an mhaidin, an dáta, an oíche, an t-am,* etc. an réamhtheachtaí:

An bhfuil a fhios agat cén tráth **a fhoilseofar** é?
An cuimhin leat an lá **a thit** an crann?

Nóta: Is féidir an clásal coibhneasta indíreach a úsáid in ionad an chlásail choibhneasta dhírigh i gcás na ndobhriathra ama sin, e.g., *An bhfuil a fhios agat cén tráth a bhfoilseofar é?*; *An cuimhin leat an lá ar thit an crann?* (féach 11.3.1(g)).

(f) más é atá sa réamhtheachtaí réamhfhocal simplí, réamhfhocal comhshuite, forainmneach réamhfhoclach nó frása dobhriathartha a thugtar chun tosaigh agus an chopail roimhe chun béim a leagan air (féach 11.8.4):

Déanfar an obair de réir a chéile.
→ Is de réir a chéile **a dhéanfar** an obair.
Shábháil mé an t-airgead sa chomhar creidmheasa.
→ Is sa chomhar creidmheasa **a shábháil** mé an t-airgead.
Bíonn sé ag labhairt thar ceann an pholaiteora.
→ Is thar ceann an pholaiteora **a bhíonn** sé ag labhairt.
Fuair mé an bronntanas uaidh.
→ Is uaidh **a fuair** mé an bronntanas.

11.3 An Clásal Coibhneasta Indíreach

11.3.1 Clásal coibhneasta indíreach a bhíonn i gceist sna cásanna seo a leanas. Déantar tagairt le hiartheachtaí sa chlásal coibhneasta indíreach don réamhtheachtaí sa phríomhchlásal. Úsáidtear clásal coibhneasta indíreach–

(a) chun débhrí a sheachaint nuair is cuspóir díreach don bhriathar sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí (féach 11.2.1(b) roimhe seo):

Phóg Gearóid an bhean sin.
→ Sin í an bhean **ar phóg** Gearóid **í**.
Buailfidh an sliotar an fear sin.
→ Sin é an fear **a mbuailfidh** an sliotar **é**.
Chaill an cailín a cóta nua.
→ Ba chóta nua an cóta **ar chaill** an cailín **é**.

(b) más cuspóir d'ainm briathartha sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí:

Cheannaigh sí an gúna. Bhí mé ag iarraidh é a fháil.
→ Cheannaigh sí an gúna **a raibh** mé ag iarraidh **é** a fháil.
Dhíol siad an chathaoir. Bhí mé ag moladh í a choimeád.
→ Dhíol siad an chathaoir **a raibh** mé ag moladh **í** a choimeád.

Nóta: Is féidir clásal coibhneasta díreach den sórt seo a leanas a úsáid i gcás (b) freisin, e.g., *Cheannaigh sí an gúna a bhí mé ag iarraidh a fháil*; *Dhíol siad an chathaoir a bhí mé ag moladh a choimeád* (féach 11.2.1(c)).

(c) nuair is cuspóir indíreach don bhriathar sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí:

Cuireadh an t-agallamh ar an mbean sin.
→ Sin í an bhean **ar cuireadh** an t-agallamh **uirthi**.

Ceannaím éadaí ón bhfear sin.
→ Sin é an fear **a gceannaím** éadaí **uaidh**.

Déantar tagairt don leabhar sa chlár.
→ Sin é an leabhar **a ndéantar** tagairt **dó** sa chlár.

Rinneadh ráiteas thar ceann an chomhlachta sin.
→ Sin é an comhlacht **a ndearnadh** ráiteas **thar a cheann**.

Cuireadh iarratas ar chead pleanála isteach i leith an fhoirgnimh.
→ Sin é an foirgneamh **ar cuireadh** iarratas ar chead pleanála isteach **ina leith**.

Tabhair faoi deara:

(i) I gcás gur réamhfhocal simplí (*as*, *de*, *do*, etc.) a cheanglaíonn an briathar leis an gcuspóir indíreach, is féidir an réamhfhocal a thabhairt chun tosaigh roimh an mír choibhneasta. Déantar cumasc ansin idir na réamhfhocail *de*, *do*, *faoi*, *i*, *le*, *ó* agus *trí* agus na míreanna coibhneasta *a* agus *ar*, faoi seach (féach 11.6.1(c)).

Cuireadh an t-agallamh ar an mbean sin.
→ Sin í an bhean **ar ar cuireadh** an t-agallamh.

Ceannaím éadaí ón bhfear sin.
→ Sin é an fear **óna gceannaím** éadaí.

Déantar tagairt don leabhar sa chlár.
→ Sin é an leabhar **dá ndéantar** tagairt sa chlár.

(ii) I gcás gur réamhfhocal comhshuite (*ar son*, *i leith*, etc.) a cheanglaíonn an briathar leis an gcuspóir indíreach, is féidir an réamhfhocal comhshuite a thabhairt chun tosaigh. (Murab ionann agus (i) thuas, i gcás gur réamhfhocal comhshuite a thugtar chun tosaigh is clásal coibhneasta díreach an clásal briathartha a thagann ina dhiaidh.)

Rinneadh an ráiteas thar ceann an chomhlachta sin.
→ Sin é an comhlacht **ar thar a cheann** a rinneadh an ráiteas.

Cuireadh iarratas ar chead pleanála isteach i leith an fhoirgnimh.
→ Sin é an foirgneamh **ar ina leith** a cuireadh iarratas ar chead pleanála isteach.

(d) nuair atá nasc ginidigh idir an réamhtheachtaí agus ainmní nó cuspóir (díreach nó indíreach) an bhriathair sa chlásal coibhneasta. Sa chás sin, aidiacht shealbhach atá san iartheachtaí:

Bhí iníon na mná sin ar an teilifís aréir.
→ Sin í an bhean **a raibh a** hiníon ar an teilifís aréir.

Ghoid an gadaí carr na mná óige.
→ Ba bhean óg an bhean **ar ghoid** an gadaí **a** carr.

Cuireadh agallamh ar mhac an fhir sin.
→ Sin é an fear **ar cuireadh** agallamh ar **a** mhac.

(e) má dhéantar tagairt don réamhtheachtaí i gclásal briathartha ar clásal briathartha é atá faoi réir ag an mbriathar sa chlásal coibhneasta:

Cheap mé nach n-inseodh an duine sin an fhírinne choíche.
→ Ba dhuine é **ar cheap** mé nach n-inseodh **sé** an fhírinne choíche.

Sílim go bhfaca mé iníon na mná sin ar an teilifís aréir.
→ Sin í an bhean **a sílim** go bhfaca mé **a** hiníon ar an teilifís aréir.

Creideann an t-oifigeach gur cuireadh iarratas ar chead pleanála isteach i leith an fhoirgnimh sin.
→ Sin é an foirgneamh **a gcreideann** an t-oifigeach gur cuireadh iarratas ar chead pleanála isteach **ina leith**.

Teastaíonn uainn fál a thógáil idir an pháirc sin agus an bóthar.
→ Sin í an pháirc **a dteastaíonn** uainn fál a thógáil idir **í** agus an bóthar.

Nóta: Féach freisin an míniú ar chlásal idiraisnéiseach in 11.4, e.g., *Ba dhuine í a cheap mé a chonaic mé cheana*.

(f) i gcás forainmnigh cheisteacha amhail *cé*, *cad* (*é*), etc. nuair a dhéantar réamhfhocal simplí, réamhfhocal comhshuite nó forainmneach réamhfhoclach a thabhairt chun tosaigh san abairt chun go dtagann sé go díreach ar lorg an fhorainmnigh cheistigh:

Cé hé + is ina aghaidh a bheidh sibh ag imirt.
→ Cé **ina aghaidh a mbeidh** sibh ag imirt?

Cad (é) + is ina thaobh a rinne tú sin.
→ Cad (é) **ina thaobh a ndearna** tú sin?

Cé hé + is leis a bhí tú ag caint.
→ Cé **leis a raibh** tú ag caint?

(g) nuair is dobhriathar ama ar nós *an tráth*, *an t-am*, etc. an réamhtheachtaí, is féidir an clásal coibhneasta indíreach a úsáid in ionad an chlásail choibhneasta dhírigh (úsáidtear an clásal coibhneasta díreach i ndiaidh *nuair* agus *uair* i gcónaí, féach 11.2.1(d)):

An bhfuil a fhios agat cén tráth **a bhfoilseofar** é?
An cuimhin leat an lá **ar thit** an crann?

Nóta: Is féidir an clásal coibhneasta díreach a úsáid in ionad an chlásail choibhneasta indírigh i gcás na ndobhriathra ama freisin, e.g., *An bhfuil a fhios agat cén tráth a fhoilseofar é?*; *An cuimhin leat an lá a thit an crann?* (féach 11.2.1(e)).

(h) más ceann de na focail *áit, bealach, caoi, cúis, dóigh, fáth, réasún, slí* nó *treo* (nó focal a bhfuil an bhrí chéanna leis) an réamhtheachtaí agus má tá sé ag feidhmiú mar dhobhriathar atá ag cáiliú an bhriathair sa chlásal coibhneasta:

Sin é an tslí **a ndearnadh** é.
Cén chaoi **a bhfuil** tú?
Cad é an dóigh **ar briseadh** é?
Sin é an chúis **ar tháinig** mé.
Cén fáth **ar imigh** siad?
Cé na háiteanna **a ndeachaigh** sibh?

Nóta: Ní mór clásal díreach a úsáid in abairtí ina bhfuil focal den sórt sin ina chuspóir díreach ag an mbriathar, mar seo a leanas: *Seo an áit is deise*; *Cad é an áit a cheannaigh sé?*; *Ar chuala tú an fáth a thug sí?*; *An maith leat an chaoi atáim a chur ar an seomra?*

(i) nuair atá *mar* ag feidhmiú mar dhobhriathar agus an bhrí *áit* leis:

Sin an leabharlann dhigiteach nua, **mar** a gcuirtear áiseanna taighde ar fáil do mhic léinn.
Gheobhaidh tú san oifig í, **mar** a mbíonn sí gach oíche.
Ceadófar achomhairc a dhéanamh, ach amháin **mar** a bhforáiltear a mhalairt.

Ach má tá *mar* in úsáid mar chónasc, is é an clásal coibhneasta díreach a leanann é, e.g., *Sin mar atá cúrsaí*.

11.4 An Clásal Idiraisnéiseach

11.4.1 Is clásal é *clásal idiraisnéiseach* ina dtugtar faisnéis faoin gclásal a thagann ina dhiaidh gan cur isteach ar mhúnla na habairte. Má bhaintear an clásal idiraisnéiseach den abairt, tá sí fós slán ó thaobh céille agus gramadaí de.

11.4.2 Briathra a úsáidtear chun tuairim nó caint a chur in iúl, e.g., *abair*, *ceap*, *maígh*, *síl*, etc., is mó a bhíonn i gclásail idiraisnéiseacha.

Nóta: Féach freisin 11.3.1(e) le haghaidh míniú ar chásanna ina ndéantar tagairt don réamhtheachtaí i gclásal briathartha atá faoi réir ag an mbriathar sa chlásal coibhneasta, e.g., *Ba dhuine é ar cheap mé nach n-inseodh sé an fhírinne choíche*.

11.4.3 Is clásal díreach an clásal idiraisnéiseach, ach féadfaidh an clásal ar a lorg a bheith díreach nó indíreach ag brath ar mhúnla na habairte.

AN CLÁSAL IDIRAISNÉISEACH	
An dara clásal ina chlásal coibhneasta díreach	**An dara clásal ina chlásal coibhneasta indíreach**
Ba dhuine í **a cheap mé** a chonaic mé cheana.	Cén fáth **a cheapann tú** a ndeachaigh siad ann?
Cad **a shíleann tú** a tharlóidh di?	Cén chaoi **is dóigh leat** ar tharla a leithéid?
Chaith sé éadaí **nár mheas mé** a chaithfeadh sé go deo.	Cén dóigh **a mheasann tú** a ndéanfar an obair sin?

Tábla 11A An Clásal Idiraisnéiseach

Nóta: Is féidir clásal díreach nó indíreach a úsáid i roinnt cásanna, e.g., *Fuair mé é in áit ar mheas mé a gheobhainn é* seachas *Fuair mé é in áit a mheas mé a bhfaighinn é.*

11.5 An Clásal Breischéime

11.5.1 Is clásal dar múnla an chopail agus breischéim aidiachta *clásal breischéime*. Má bhaintear an clásal breischéime den abairt, tá sí fós slán ó thaobh céille agus gramadaí de.

11.5.2 Is clásal díreach an clásal breischéime, ach féadfaidh an clásal ar a lorg a bheith díreach nó indíreach ag brath ar mhúnla na habairte.

AN CLÁSAL BREISCHÉIME	
An dara clásal ina chlásal coibhneasta díreach	**An dara clásal ina chlásal coibhneasta indíreach**
Sin (iad) na ceisteanna **is minice** a chuirtear.	Is í an tUachtarán an duine **is cáiliúla** ar bhuail mé léi.
Ba é an rud **ba mhó** é a theastaigh uaithi.	Cá háit **is fusa** a n-eagrófar an cheolchoirm?
Sin (é) an t-amhrán **is fearr** a thaitin liom.	Is é sin an chaoi **is gasta** a ndéanfar é.

Tábla 11B An Clásal Breischéime

Nóta: Féadfaidh clásal idiraisnéiseach agus clásal breischéime a bheith in aon abairt amháin, e.g., *Ba é an banna ceoil ba cháiliúla a shíleann sé a bhainistigh an gnólacht sin riamh.*

11.6 An Mhír Choibhneasta – Foirmeacha

11.6.1 An Mhír Choibhneasta Dheimhneach

(a) **An Clásal Coibhneasta Díreach**

(i) Más clásal coibhneasta díreach atá ann, is é *a* an fhoirm den mhír choibhneasta a úsáidtear roimh na briathra rialta agus neamhrialta i ngach aimsir (seachas i gcás aimsir láithreach an bhriathair *bí* – féach (ii) thíos). Séimhítear an briathar i ndiaidh na míre coibhneasta dírí *a* ach amháin i gcás an tsaorbhriathair, aimsir chaite (ach féach 11.7.1(b)).

Sin é an stáisiún raidió **a** chraolann cláir do leanaí.
Cén uair **a** chraolfar an clár?
D'éirigh leo stáisiún raidió **a** chraolfadh popcheol a bhunú.
Nach í sin an tsraith **a** chraoltaí gach maidin?
Is é sin an clár **a** chraol siad inné.
An í sin an bhean **a** théann go dtí na cluichí go léir?
Sin é an bus **a** rachaidh go dtí an staid pheile.
Sin í an bhean **a** rachadh go dtí an cluiche dá bhféadfadh sí.
Nach é sin an fear **a** théadh go dtí na cluichí go léir?
Sin í an bhean **a** chuaigh go dtí an staid pheile.

(ii) Déantar cumasc idir an mhír choibhneasta *a* agus an fhoirm neamhspleách láithreach den bhriathar *bí* chun na foirmeacha *atá*, *atáim*, *atáimid* a chruthú.

Sin iad na leabhair **atá** á n-iarraidh agam.
Seo iad na héadaí **atáim** a cheannach.
Sin é an ní **atáimid** chun a dhíol.

(b) **An Clásal Coibhneasta Indíreach**

(i) Más clásal coibhneasta indíreach atá ann, úsáidtear *a* roimh na briathra rialta agus neamhrialta i ngach aimsir seachas san aimsir chaite (ach féach (iii) ina dhiaidh seo). Uraítear an briathar i ndiaidh na míre coibhneasta indírí *a*.

Sin é an clár **a** gcraolann an stáisiún raidió é.
Cá háit **a** gcraolfar an clár?
Cad chuige **a** gcraolfadh an stáisiún raidió popcheol?
Is sraith í **a** gcraoltaí clár dá cuid gach maidin.
An í sin an bhean **a** dtéann a hiníon go dtí na cluichí go léir?
Sin é an fear **a** rachaidh a mhac go dtí an staid pheile.
Sin í an bhean **a** rachadh a hiníon go dtí an cluiche dá bhféadfadh sí.
Nach é sin an fear **a** dtéadh a pháistí go dtí na cluichí go léir?
Sin é an ní **a** bhfuilimid chun é a dhíol.

(ii) San aimsir chaite, is é *ar* an fhoirm den mhír choibhneasta a úsáidtear roimh na briathra rialta agus roimh na briathra neamhrialta *beir*, *clois/cluin*, *ith*, *tabhair* agus *tar*.

Sin é an clár **ar** chraol an stáisiún raidió é.
Cheannaigh mé leabhar nua **ar** mhol an léirmheastóir é.
Bhuail mé le fear **ar** chum a mhac amhráin Ghaeilge.
Sin í an bhean **ar** cheannaigh mé na héadaí uaithi.
Céard a tharla don duine **ar** rug tú greim air?
Tá an scannán **ar** chuala mé faoi ar taispeáint sa phictiúrlann.
Cá bhfuil an bhean **ar** bronnadh céim uirthi?
An raibh ionadh ar an mbean **ar** tháinig a mac abhaile ón Astráil?

(iii) San aimsir chaite, is é *a* an fhoirm den mhír choibhneasta a úsáidtear roimh na briathra neamhrialta *abair*, *bí*, *déan*, *faigh*, *feic* agus *téigh*.

Dar liom gurb é sin an fear **a** ndúradh linn é a leanúint.
Tá aithne agam ar an mbean **a** raibh a hiníon ar an teilifís.
Arbh é sin an leabhar **a** ndearnadh tagairt dó?
Sin é an múinteoir **a** bhfuair mé litir uaidh.
Nach í sin an bhean **a** bhfaca an fear í?
D'fhill mé ar an áit **a** ndeachaigh mé fadó.

(c) **Foirmeacha cumaisc**

Déantar cumasc idir na réamhfhocail *de*, *do*, *faoi*, *i*, *le*, *ó* agus *trí* agus na míreanna coibhneasta *a* agus *ar*, faoi seach, mar a leagtar amach anseo thíos (féach freisin 11.3.1(c)(i)). Tabhair faoi deara nach féidir cumasc a dhéanamh idir an réamhfhocal agus na míreanna coibhneasta diúltacha.

An Réamhfhocal	+ an mhír choibhneasta *a*	+ an mhír choibhneasta *ar*
de	dá	dár
do	dá	dár
faoi	faoina	faoinar
i	ina	inar
le	lena	lenar
ó	óna	ónar
trí	trína	trínar

Tábla 11C Foirmeacha Cumaisc – Réamhfhocail leis na Míreanna Coibhneasta *a* agus *ar*

11.6.2 An Mhír Choibhneasta Dhiúltach

(a) **An Clásal Coibhneasta Díreach agus Indíreach**

(i) I gclásail dhiúltacha dhíreacha agus indíreacha, is é *nach* an fhoirm den mhír choibhneasta a fhreagraíonn do *a* roimh na briathra rialta agus neamhrialta, ach amháin san aimsir chaite (ach féach (iii) thíos).

Is duine é **nach** nglacann comhairle.
Sin é an stáisiún **nach** gcraoladh an clár.
Sin é an clár **nach** gcraolfadh an stáisiún raidió é.
Is í sin an bhean **nach** nglacfaidh a hiníon dea-chomhairle.
Sin é an fear **nach** gceannaínn aon earraí uaidh.
An í sin an cháis **nach** n-íosfadh an fear?
Sin í an bhean **nach** dtagann a mac abhaile gach bliain.

(ii) San aimsir chaite, freagraíonn *nár* do *a* agus *ar* i gcás na mbriathra rialta agus i gcás na mbriathra neamhrialta *beir*, *clois/cluin*, *ith*, *tabhair* agus *tar*.

Ba dhuine é **nár** ghlac comhairle.
Sin é an stáisiún **nár** chraol an clár.
Sin é an clár **nár** chraol an stáisiún é.
Is í sin an bhean **nár** ghlac a hiníon dea-chomhairle.
Sin é an fear **nár** cheannaigh mé aon earraí uaidh.
Céard a tharla don duine **nár** rug tú greim air?
Tá scannán **nár** chuala mé trácht air ar siúl sa phictiúrlann anocht.
Ar chaith tú amach an bia **nár** ith an madra?
Sin an bhean **nár** thug mé leabhar di.
An bhfuil aon duine **nár** tháinig abhaile ón gceolchoirm fós?

(iii) San aimsir chaite, freagraíonn *nach* do *a* i gcás na mbriathra neamhrialta *abair, bí, déan, faigh, feic* agus *téigh.*

Is rud é **nach** ndúirt mé riamh.
An í sin an bhean **nach** raibh a hiníon i láthair?
Cad a dhéanfar faoin obair **nach** ndearnadh?
Sin é an múinteoir **nach** bhfuair mé litir uaidh.
Sin í an bhean **nach** bhfaca an dochtúir í.
Cad a rinne sibh an uair sin **nach** ndeachaigh sibh ar saoire?

11.7 An Briathar i gClásail Choibhneasta

11.7.1 An Briathar – An Clásal Coibhneasta Díreach Deimhneach

(a) Úsáidtear an fhoirm neamhspleách den bhriathar i ndiaidh na míre coibhneasta *a* i gclásail choibhneasta dhíreacha dheimhneacha.

An bhfaca tú an cóta nua **a fuair** mé?
An é sin an fear **a théadh** go dtí na cluichí go léir?

(b) Séimhítear an briathar (seachas *abair*) san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach (ach féach 11.6.1(a)(ii)).

Sin é an sliotar **a bhuaileann** sí gach maidin.
Sin é an sliotar **a bhuailfear** le linn an chluiche.

Tabhair faoi deara go séimhítear an saorbhriathar sna cásanna ina séimhítear na foirmeacha eile den bhriathar, e.g., *na héadaí a cheannaítear* (*a cheannófar*, *a cheannaítí*) seachas san aimsir chaite, e.g., *na héadaí a ceannaíodh*. Ní shéimhítear an saorbhriathar neamhspleách san aimsir chaite ach amháin i gcás *chonacthas*, *chualathas*, *chuathas* agus *thángthas*.

11.7.2 An Briathar – An Clásal Coibhneasta Indíreach Deimhneach

Úsáidtear an fhoirm spleách den bhriathar i ndiaidh na míreanna coibhneasta *ar* agus *a* i gclásail choibhneasta indíreacha dheimhneacha.

(a) Séimhítear an fhoirm spleách den bhriathar i ndiaidh na míre coibhneasta *ar* (ach amháin i gcás an tsaorbhriathair san aimsir chaite, e.g., *ar goideadh*; *ar buaileadh*).

Sin é an sliotar **ar bhuail** an bhean é.
Sin í an bhean **ar ghoid** an gadaí a carr.

(b) Uraítear an fhoirm spleách den bhriathar i ndiaidh na míre coibhneasta *a*.

Sin é an ríomhaire **a n-úsáideann** an bhean é le haghaidh na hoibre.
Sin í an bhean **a gceannóidh** an buachaill a carr.
An í sin an cailín **a ndeachaigh** a madra amú uirthi?
Cá ndeachaigh an fear **a bhfaca** mé a mhac ag dul isteach san fhoirgneamh?

11.7.3 An Briathar – An Clásal Coibhneasta Díreach agus Indíreach Diúltach

Úsáidtear an fhoirm spleách den bhriathar i ndiaidh na míreanna coibhneasta *nach* agus *nár* i gclásail choibhneasta dhíreacha agus indíreacha dhiúltacha.

(a) Uraítear an fhoirm spleách den bhriathar i ndiaidh *nach*.

Sin é an sliotar **nach mbuaileann** an bhean.
Sin é an gaothscáth **nach mbrisfidh** an buachaill.
Sin é an sliotar **nach mbuaileann** an bhean é.
Sin í an bhean **nach gceannóidh** an buachaill a carr.

(b) Séimhítear an fhoirm spleách den bhriathar i ndiaidh *nár* ach amháin i gcás an tsaorbhriathair, aimsir chaite, e.g., *nár ceannaíodh*; *nár blaiseadh*.

Sin é an sliotar **nár bhuail** an bhean.
Sin é an gaothscáth **nár bhris** an buachaill.
Sin é an sliotar **nár bhuail** an bhean é.
Sin í an bhean **nár cheannaigh** an buachaill a carr.

11.7.4 An Briathar – An Fhoirm Choibhneasta

(a) Tá foirm choibhneasta neamhspleách ar leith ar an mbriathar san aimsir láithreach, san aimsir ghnáthláithreach agus san aimsir fháistineach. Is féidir an fhoirm sin a úsáid sa chlásal coibhneasta de rogha ar na foirmeacha scartha den bhriathar, e.g., *Sin é an chéad leabhar eile a bheas á léamh agam*; *Céard a dhéanfas tú anois?*

(b) Is í an fhoirm leithleach choibhneasta neamhspleách den bhriathar *lean* a úsáidtear i gcónaí in abairtí mar *na focail seo a leanas*.

11.8 An Chopail agus an Clásal Coibhneasta

11.8.1 Seo thíos foirmeacha na copaile a úsáidtear i gclásail choibhneasta (féach freisin 7.2.3 agus 7.2.4 le haghaidh tuilleadh faisnéise).

	AN AIMSIR LÁITHREACH AGUS AN AIMSIR FHÁISTINEACH		AN AIMSIR CHAITE, AN AIMSIR GHNÁTHCHAITE AGUS AN MODH COINNÍOLLACH	
	roimh chonsan	**roimh ghuta**	**roimh chonsan nó roimh *fh- + consan***	**roimh ghuta nó roimh *fh- + guta***
Díreach Deimhneach	is		ba	ab
Indíreach Deimhneach	ar	arb	ar	arbh
Díreach agus Indíreach Diúltach	nach		nár	nárbh

Tábla 11D Foirmeacha na Copaile i gClásal Coibhneasta

11.8.2 Úsáidtear na foirmeacha a chríochnaíonn ar *-b* nó *-bh* roimh fhocal dar tús guta nó *fh-* roimh ghuta.

Ba í an bhean **ab** éirimiúla í.
Is é sin an buachaill **arb** eol dó an freagra.
Is í sin an cailín **arbh** aoibhinn léi an eolaíocht.
Níor éist sé leis an ráiteas **nárbh** fhíor é.

11.8.3 Leanann séimhiú foirmeacha na copaile san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach.

Ba í **ba** bhainisteoir orthu.
Ba é an rud **ab** fhusa a dhéanamh é.
Is í sin an bhean **ar** mhór aici do chabhair.
Níor tharla aon ní **arbh** fhiú trácht air.
Ní dhearna mé aon ní **nár** chuí liom.

11.8.4 I gcás go mbaintear leas as an gcopail chun béim a leagan ar réamhfhocal simplí, réamhfhocal comhshuite, forainmneach réamhfhoclach nó frása dobhriathartha a thugtar chun tosaigh, is clásal coibhneasta díreach an dara clásal.

Is arú inné **a tháinig** siad abhaile.
Is ón gcomhar creidmheasa **a fuair** mé an t-airgead.
Ba leis-sean **a bhí** mé ag caint.
An ar an traein **a chuaigh** tú go Sligeach?
Is chun na Fraince **a théann** sé ar saoire.
Is de réir a chéile **a dhéantar** dul chun cinn.

11.8.5 Déantar cumasc idir na foirmeacha den chopail *ar*, *arb* agus *arbh* agus na réamhfhocail *de*, *do*, *faoi*, *i*, *le*, *ó* agus *trí* mar a leagtar amach anseo thíos (féach freisin 7.3.2).

Réamhfhocal	+ *ar* na copaile	+ *arb* na copaile	+ *arbh* na copaile
de / do	dar	darb	darbh
faoi	faoinar	faoinarb	faoinarbh
i	inar	inarb	inarbh
le	lenar	lenarb	lenarbh
ó	ónar	ónarb	ónarbh
trí	trínar	trínarb	trínarbh

Tábla 11E Foirmeacha Cumaisc – Réamhfhocail leis na Míreanna *ar*, *arb* agus *arbh*

11.9 An Clásal Coibhneasta – Samplaí Breise

Coibhneas Díreach	Sampla
cad	Cad a tharla? Cad is brí leis sin?
cathain	Cathain a fuair tú an carr nua?
cá fhad, cén fhad*	Cá fhad a bhí sibh ann? Cén fhad a mhair an cheolchoirm?
cá mhéad, cé mhéad, cén méid	Cá mhéad leabhar atá agat? Cé mhéad a fuair tú mar íocaíocht? Cén méid a chosnaíonn sé?
cé	Cé a bhí leat?
cé acu, cibé acu	Cé acu mise nó tusa atá i gceist? Is cuma liom cé acu a rinne sé é nó nach ndearna. Beidh feidhm ag an socrú cibé acu atá sé sásta nó nach bhfuil.
céard	Céard atá ar siúl agat?
cá huair, cén uair	Cá huair a tháinig sí? Cén uair a chríochnóidh an scannán?
chomh + dobhriathar ama + is	Coimeádfar na sonraí sin chomh fada is a bheidh siad riachtanach. Cé chomh minic (is) a bhíonn cóisir agaibh sa teach?
conas	Conas a dhéanann tú é?
cad é mar, mar (*cónasc*)	Cad é mar a chuir tú aithne air? Déan mar is ceart é.
nuair	Cuirfidh mé scairt ort nuair a bheidh deis agam.

Tábla 11F Focail agus Nathanna a leanann Clásal Coibhneasta Díreach iad

*Leagan seanbhunaithe is ea *cén fhad*. Is ainmfhocal firinscneach é *fad* i gcónaí.

Coibhneas Indíreach	Sampla
an áit, cá háit, cén áit	Sin an áit a raibh sé. Cá háit a mbíonn na ranganna sin ar siúl? Cén áit a ndeachaigh sibh ansin?
an chaoi, cén chaoi	Ba é sin an chaoi ar chuala mé faoi. Cén chaoi ar tharla a leithéid?
an dóigh, cén dóigh	Sin an dóigh a bhfuil sé anois. Cén dóigh a ndéantar an obair?
an fáth, cén fáth	Is é sin an fáth a raibh áthas orm. Cén fáth a gcuireann tú do chuid ama amú mar sin?
cad chuige	Cad chuige a ndearna tú sin?
cad ina thaobh	Cad ina thaobh ar inis tú bréag?
an tslí, cén tslí	Ní maith liom an tslí a bhfuil sé á chur i bhfeidhm. Cén tslí a dtoghtar comhaltaí an tSeanaid?
a, ar (*sa bhrí* an méid a, an méid ar); gach a, gach ar (*sa bhrí* gach rud a, gach rud ar)	Ólann sé a dtuilleann sé. D'ól sé ar thuill sé. Faigheann sí gach a bhfuil ag teastáil. Fuair sí gach ar theastaigh uaithi.
mar (*sa bhrí* áit)	Chuaigh mé go dtí an siopa éadaí mar a ndíoltar geansaithe áille olla. Sin é teach m'aintín mar ar mhinic mo chuairt.

Tábla 11G Focail agus Nathanna a leanann Clásal Coibhneasta Indíreach iad

TÁBLA NA ROGHANNA

Ceadaítear roinnt roghanna sa Chaighdeán Oifigiúil. Mar áis tagartha, léirítear na roghanna sin sa tábla thíos.

An Chaibidil	An Rogha	An Chrostagairt
1	An Tuiseal Tabharthach	1.4.4 N.B.
	An Córas Lárnach agus Córas an tSéimhithe	1.4 agus 1.7
3	An tAlt le Giorrúcháin agus Acrainmneacha	3.2
5	*Muid* agus an fhoirm scartha den bhriathar	5.1.10
	Bí – an chéad phearsa uatha, an aimsir láithreach	Tábla 5P
	Clois/cluin	Tábla 5Q
	Déan san aimsir chaite	Tábla 5R
7	*Ba/ab*	7.2.1B(d)
	Gurbh/go mba, go mb'	7.2.2B
9	Na Maoluimhreacha 10,000+	9.2.3
	An Córas Seanbhunaithe agus an Córas Simplithe	9.3.10; 9.3.11; 9.3.12; 9.4.5 agus 9.8
	An Codán	9.6.1(e)
11	Clásal coibhneasta díreach nó indíreach tar éis dobhriathra ama	11.2.1(e) agus 11.3.1(g)
	An fhoirm choibhneasta den bhriathar	11.7.4(a)

Tábla na Roghanna

AN tINNÉACS

A

acrainm: 41–43

- **feidhm aidiachtach** 43
- **gan an t-alt** 42
- **iolra** 43
- **leis an alt** 42–43

aidiacht: 57–67

- **achoimre** 64–65
- **aidiachtaí aonsiollacha** 60–61
- **aidiacht cháilíochta** 51–53, 57–58, 67, 182
- **aidiacht rannach** 172, 197
- **aidiacht shealbhach** 1, 37, 44–45, 53, 67, 133–137, 140, 160–161, 172, 184, 188, 190, 194, 197–199, 201, 203–204, 207
- **aidiacht thaispeántach** 67
- **ainmneach** 58–59, 61–65, 155
- **an chéad díochlaonadh** 60–62, 64–65
- **an dara díochlaonadh** 63–65
- **an tríú díochlaonadh** 63–65
- **baininscneach** 57–59, 61–66
- **breischéim** 66, 114
- **coimriú** 62–63
- **consan caol** 58, 60, 62
- **consan leathan** 58, 60, 62, 149
- **Córas an tSéimhithe** 15–18, 57, 183, 200
- **dobhriathra** 59, 108, 116, 118, 120
- **firinscneach** 57–61, 63–65
- **foirmeacha neamhrialta** 66
- **gairmeach** 57, 59, 61, 182–183
- **ginideach** 57–65, 149–150, 158
- **inscne** 57–58, 147–148, 151–152
- **iolra** 58–59, 62–63, 65, 148, 158
- **mír/réimír threise** 60
- **séimhiú** 57–60, 67, 147–149, 152, 155, 182–185
- **tuiseal** 57–59, 62–65
- **uatha** 57–64, 148, 155, 182–183
- **uimhir** 147–153, 155–156, 158–159, 163, 183
- **urú** 190

ainm briathartha: 7, 11, 45–51, 54–56, 100–106, 118, 135, 137, 155–156, 158, 173–174, 177, 181, 204–205

- **an chéad réimniú** 100
- **an dara réimniú** 101
- **díochlaonadh** 102–105
- **feidhm aidiachta** 105
- **feidhm ainmfhocail** 46, 105
- **ginideach** 102–105
- **iolra** 106

ainmfhocal: 1, 3–7, 10–36, 37–56, 114, 171–182, 188–191

- **ainm dílis** 2, 37–38, 44, 174
- **ainmfhocail neamhrialta** 20, 22, 36
- **ainmneacha ceana** 25, 59
- **an ceathrú díochlaonadh** 20, 22, 24, 34–35
- **an chéad díochlaonadh** 20–21, 24–27
- **an cúigiú díochlaonadh** 20, 22, 34–35
- **an dara díochlaonadh** 20, 24, 27–29
- **an tríú díochlaonadh** 20, 22, 24, 30–32
- **baininscneach** 3, 6, 8–10, 12–18, 24, 27, 31–32, 34–35, 57–59, 132, 150, 171, 175–178, 182–183, 188, 193, 197, 199–200
- **blianta** 39
- **caolú** 22, 25, 27–28

cinnte 1, 37–48, 54, 175, 180–181, 197

coimriú 21, 23, 28, 31, 35

comhfhocal 23, 182, 197

éiginnte 37, 39–40, 45–56, 171, 175–177, 179–180

firinscneach 4, 6, 8–10, 12–18, 24–25, 31–32, 35, 42–43, 57–60, 64–65, 150–151, 154, 157, 160, 162, 171, 183–184, 188, 192, 197–200, 217

lagiolraí 20–22, 25, 27–30, 32

iolra 4, 13–15, 19–36, 152, 156–158, 160

leathnú 21, 23, 28–31, 35

malartú 21, 28, 31

séimhiú 6, 8, 10, 12, 15–19, 23, 49, 156–158, 171–182

tréaniolraí 20, 25–26, 28–35

ainmfhocal san iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol: 58, 171, 179–180, 183, 197–198

ainmneach: 6, 7, 150, 156, 158–160, 182–184, 198

ainmneach iolra 13, 21, 24–29, 59, 146, 155, 183, 193, 198, 200

ainmneach uatha 19, 21, 24–32, 34–35, 59, 61, 146, 151, 155, 171, 192, 197–198, 200

ainmneach in ionad an ghinidigh: 44–56

achoimre 54–56

aidiacht cháilíochta 51–53

aidiacht éiginnte 51–52

ainm briathartha 45–51, 54–56

ainm cláir 46, 54

ainm comhlachta 46, 54

ainm cumainn 46, 54

ainmfhocal cinnte 44–46, 48, 54

ainmfhocal éiginnte cáilithe 50–54, 56

ainmfhocal i gcáil aidiachta 38, 51–53

cáilitheoir 50–54, 56

cainníocht chinnte 49–56

cainníocht éiginnte 50, 53, 56

chun 45–48, 55

clásal coibhneasta 51–52

frásaí ilfhoclacha áirithe 49

ginideach rannaíoch 46, 54

réamhfhocal comhshuite 48, 50, 52–56

réimír threise 51

an t-alt: 1–18, 37–39, 42–46, 54, 57, 139, 148–152, 154–158, 160–162, 171, 188, 219

aibhneacha 3, 38

ainmfhocal cinnte 1, 39, 42

bailte 3

brí choincheapúil 4

brí theibí 4

dátaí 3, 39

féilte 2, 39

foirm 1, 6, 12–15

laethanta na seachtaine 2, 181

míonna na bliana 2

paidreacha 4

réigiúin 3–4

roisc chatha 4

sléibhte 3

teangacha 5

teideal duine 2

teidil oifige 1

teidil ranna rialtais 1

tinnis 5

tíortha 3–4

úsáid dháileach 4

an chopail: 113–130, 215

athruithe tosaigh 115, 124–125

clásal coibhneasta díreach 115, 122, 209

clásal coibhneasta indíreach 115, 123

cónaisc 127–128

dá 129

feidhmeanna 113–115

foirmeacha cumaisc 125–129, 216

foirmeacha simplí 115

forainmneach ceisteach 115, 125–126, 207

i ndiaidh ní 124–125, 194–196

má 128–129

modh foshuiteach 130

réamhfhocail 113–116, 118, 120, 126–127

séimhiú 116, 119, 125

an clásal coibhneasta: 203–218

an fhoirm choibhneasta 214

an fhoirm neamhspleách 210, 213

an fhoirm spleách 213–214

an mhír choibhneasta 203, 210–213

clásal breischéime 209

clásal coibhneasta díreach 115, 122, 203–206, 208–210, 212–217

clásal coibhneasta indíreach 115, 123, 204–210, 212–215, 218

clásal idiraisnéiseach 208–209

dobhriathar 204–205, 208, 217

fochlásal 190, 203

foirmeacha cumaisc 211, 216

iartheachtaí 203, 205, 207

príomhchlásal 203, 205

réamhfhocail 205–207, 211, 216

réamhtheachtaí 203–208

athruithe tosaigh: 115, 124–125, 133–134, 171–202

achoimre 197–202

B

briathar: 69–106, 213–214

aidiacht bhriathartha 67, 106

ainm briathartha 100–106

an chéad réimniú 69, 71–82, 100

an dara réimniú 69, 83–87, 101

an mhír dhiúltach 70

an modh foshuiteach 69–70, 88

coimriú 69, 76, 85, 87

fréamhacha aonsiollacha 69

fréamhacha ilsiollacha 69, 74–76, 85–87

má agus nuair 70

muid 70–71

ná 196

neamhrialta 88–99, 186, 210–212

neamhspleách 70, 72, 91, 93–95, 99, 186, 198, 210, 213–214

séimhiú 72, 186–187, 198, 210, 213–214

spleách 70, 72, 88, 91, 93–95, 99, 187, 191, 198–199, 213–214

urú 190–191, 199, 213

C

consan caol: 3, 23, 28–31, 34, 73, 179–180, 197

aidiacht 58

ainmneach iolra 21, 25, 27, 171, 183, 198

ginideach uatha 21, 24–25, 28, 60

consan inséimhithe: 6, 12, 171

consan inuraithe: 15, 188

cuspóireach: 6, 13, 19, 24, 58–59

D

de chuid: 40–41

dobhriathar: 107–111, 116, 120, 124–125, 195

aidiacht 59, 109

ainmfhocal 108

airde an chompáis 111

dobhriathar áite 107, 110

dobhriathar ama 2, 107, 109, 204, 208, 217

dobhriathar a úsáid go haidiachtach 108

dobhriathar breischéime 108

dobhriathar cainníochta 107

dobhriathar ceisteach 107

dobhriathar minicíochta 107, 109

dobhriathar modha 107, 109

dobhriathar treise 108

dobhriathar treo 107, 110

i gcúrsaí tomhais 108

F

fleiscín: 1, 23, 133, 138, 188, 192–193

forainmneach: 131–140

aidiacht shealbhach 67, 133–138, 140, 172, 184, 188, 190, 194, 198–199, 203–204, 207

arna 137

cuspóir ainm bhriathartha 118, 135

dhá 134

firinscneach uatha 42–43, 140

foirm threise 133

forainmneach ceisteach 107, 115, 125–126, 131, 139–140, 187, 194, 200, 207

forainmneach pearsanta 124, 126, 131–132, 140, 196, 201

forainmneach réamhfhoclach 52, 54, 114, 116, 118, 120, 138, 140, 205, 207, 216

forainmneach réamhthagrach 46, 55

forainmneach taispeántach 39, 67, 116, 118, 120, 140, 196, 198, 201

i gcumasc 125–126, 139–140

réamhfhocal 132, 135–137

thú 131

G

gach: 37, 44, 161, 184, 218

gairmeach: 38, 57–59, 64–65

an mhír ghairmeach 19, 172

gairmeach iolra 27

gairmeach uatha 25, 32, 61, 182–183

ginideach: 3, 11–12, 15, 19–22, 24–56, 58–67, 102–105, 149–151, 154–160, 162–163, 171, 175–176, 178–181, 183, 193, 207

baininscneach 57, 61–65, 104–105, 150, 155, 175, 177, 193

cáilitheoir 50–54, 56

chun 11, 45–48, 55, 175

firinscneach 57, 60–61, 63–65, 102, 104, 150, 183–184

lagiolraí 20–21, 25, 27–30, 32, 59

tréaniolraí 20, 25–26, 28–37, 59

giorrúchán: 41–43, 189

feidhm aidiachtach 43

gan an t-alt 42

iolra 43

leis an alt 42–43

L

logainmneacha: 3–4, 38, 189

aibhneacha 3, 38

bailte 3, 38

Éire 3, 35, 38

réigiúin 3–4

sléibhte 3, 38

tíortha 3–4

lúibíní: 183

R

réamhfhocal: 40–41, 45, 91, 107, 113–114, 116, 118, 120, 132, 135, 148, 152, 164, 167, 171, 173, 175, 177, 189, 190, 193, 205–207, 216

fochlásal réamhfhoclach 40, 52

i gcumasc 7, 14, 126–127, 136–137, 188, 191, 206, 211, 216

réamhfhocal comhshuite 11, 48, 50, 52–56, 155–156, 158, 164, 167, 175, 205–207

séimhiú 184, 187, 197–198

urú 199

S

séimhiú i ndiaidh ainmfhocal baininscneach: 171, 175–178, 183

séimhiú i ndiaidh ainmfhocal san iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol: 171, 179–180, 183, 197–198

sloinnte: 181, 194, 197, 200

T

tabharthach: 6–10, 14–19, 24, 28, 57–59, 64–65, 155–156, 160, 171, 182–183, 188, 190, 193, 197–200, 219

an Córas Lárnach 8–10, 15, 171, 219

Córas an tSéimhithe 15–18, 57–58, 64, 171, 183, 198, 200, 219

tabharthach rannaíoch 46, 50, 54

U

uimhir: 141–170

achoimre 169–170

aidiacht 147–152, 155–156, 158–161, 163

an t-alt 148–152, 154–158, 160–162

bunuimhir 141, 144–154, 157–161, 164, 166, 169–170, 172–173, 188, 200

codán 141, 163–168, 219

córas seanbhunaithe 141, 152–153, 161, 170, 219

córas simplithe 141, 152–153, 160, 170, 173, 183, 189, 219

déag 145–147, 149–150, 161–162, 185, 198

deicheanna 142–143, 146, 151–152, 164–166

figiúirí 142, 151–153, 159, 163, 168, 170, 189

ginideach 149–151, 154–159, 162–163

leaganacha iolra 146–150, 152, 173, 193

maoluimhir 141–144, 152, 162–165, 167–168

orduimhir 141, 160–166, 169–170, 172, 184–185, 192–193, 200

séimhiú 145, 147–149, 152, 155–156, 158, 160, 162

uimhir dheachúlach 141, 168

uimhir phearsanta 141, 154–160, 169–170, 192

urú 145–146, 150, 160, 163

ATHRUITHE COIGEARTAITHE AR AN gCÉAD CHLÓ

Rinneadh na hathruithe coigeartaithe seo a leanas ar an gCéad Chló:

An tagairt	An téacs mar a bhí	An téacs leasaithe
1.1.5(e)	(Níor athraíodh an téacs mar a bhí ach cuireadh abairt leis.)	Má tá réamhfhocal á úsáid roimh lá áirithe, déantar an t-alt a chumasc leis an réamhfhocal, e.g., *Ní mór na hiarratais a bheith faighte faoin Aoine, an 16 Bealtaine.*
2.2.3(b)(iv)	e.g., *a Cheann Comhairle, a Choimisinéir Teanga, a Choimisinéir um Chearta.*	e.g., *a Cheann Comhairle, a Oifigeach Ealaíon, a Cheann Scoile.*
2.4.2(c)	(ach amháin san eisceacht *cosaint, cosanta*)	(ach amháin sna heisceachtaí *cogaint, coganta*; *cosaint, cosanta*; *seachaint, seachanta*)
3.3.1(b)(i)	(Níor athraíodh an téacs mar a bhí ach cuireadh sampla nua leis.)	*d'ainneoin an chéim ar gcúl*
6.1.1	Ní úsáidtear an dobhriathar mar cháiliú ar ainmfhocal ná forainmneach.	Scriosadh an abairt seo.
Tábla 7N	**Cár** thug tú an madra? **Cárbh** as Caesar?	**Cár** thairbhe duit é? **Cárbh** aois é?
8.5.4	**Cárb** as tú?	**Cárb** as thú?
9.3.1(f)	féach 9.3.2(e)).	féach 9.3.2(e)), seachas i ndiaidh *euro*.
9.3.1(h)	e.g., *trí bhád*; *cúig fhuinneog.*	e.g., *trí bhád*; ach ní shéimhítear an focal *cent*, e.g., *trí cent.*
9.3.1(i)	e.g., *ocht euro*; *naoi euro.*	e.g., *ocht euro*; *naoi euro*, ná *cent*, e.g., *ocht cent*; *deich cent.*
9.3.2	(Níor athraíodh an téacs mar a bhí ach cuireadh abairt leis.)	Cé nach leagan iolra é *fichid*, áirítear an leagan sin san aicme seo.

An tagairt	An téacs mar a bhí	An téacs leasaithe
9.3.4(b)	Cuirtear an aidiacht san uimhir iolra i ndiaidh an leagain iolra. Séimhítear an aidiacht i ndiaidh na leaganacha iolra *cinn* agus *fichid* ach ní chuirtear séimhiú ar an aidiacht sa chás go gcríochnaíonn an leagan iolra sin ar ghuta.	Cuirtear an aidiacht san uimhir iolra i ndiaidh an leagain iolra ach ní chuirtear séimhiú ar an aidiacht sa chás go gcríochnaíonn an leagan iolra sin ar ghuta. Séimhítear an aidiacht i ndiaidh *cinn* agus *fichid*.
10.2.4(c)	féach 9.3.2):	féach 9.3.2, agus i gcás an fhocail *cent*, e.g., *dhá cent*; *cúig cent*):
10.2.5(b)	...*ar bhád, ar dhaoine*..	...*ar bhád, ar chlé, ar dheis, ar dhaoine*..
10.4.2(a)	go n-uraítear an briathar *faigh* sa leagan spleách san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite, san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach…	go n-uraítear an briathar *faigh* sa leagan spleách san aimsir chaite, san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach…
10.6.3	ar an ainmfhocal *euro*, e.g., *seacht euro*; *naoi euro*.	ar na hainmfhocail *euro* agus *cent*, e.g., *seacht euro*; *naoi euro*; *deich cent*.